# Naíonáin Shinsearacha

Ceacht 1: Cuimhnímid
Ceacht 2: An Carghas: Séasúr aiféala
Ceacht 3: Bealtaine (Muire)

## Ceacht 1: Cuimhnímid

Ba chóir tabhairt faoin gceacht seachtaine seo go luath i mí na Samhna.

**ÓN GCURACLAM** *Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

**AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ**

**Rúndiamhair Dé**

- Chruthaigh Dia sinn le go mbeimis in ann ár saol a roinnt leis ar neamh, ár bhfíorbhaile

**An Bheatha Shíoraí**

- Tá Dia ag iarraidh go mbeidh gach duine sona agus ina theannta ar neamh go deo na ndeor
- Nuair a fhaighimid bás téimid abhaile chun Dé

**LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ**

**Urnaí**

- Guí ar son na marbh

**Urnaí: Paidreacha Breise**

- Guí ar son na marbh/ar a son siúd atá tinn nó i mbaol báis

## SULA DTOSAÍONN TÚ

An tseachtain seo cabhraímid leis na páistí cuimhneamh agus guí orthu siúd a fuair bás. Bí ag déileáil leis an ábhar seo le cúram agus cothromaíocht. Nílimid ag iarraidh a bheith róchosanta faoi réaltacht an bháis; agus ag an am céanna caithfimid a bheith ar an airdeall maidir le taithí páistí éagsúla ar chaillteanas agus bás b'fhéidir le déanaí. Cé go dtarraingítear aird ar réaltacht an chaillteanais agus an bháis, tá sé mar aidhm againn a dhéanamh soiléir go bhfuil na daoine a fuair bás imithe abhaile le Dia. Beidh tú níos eolaí mar mhúinteoir ranga ar eispéiris na bpáistí faoi do chúram agus b'fhéidir go mbeidh ort an t-ábhar a sholáthraítear anseo a chur in oiriúint do pháistí i do rang.

An tseachtain seo tugaimid cuireadh do na páistí cuimhneamh ar dhuine a raibh aithne acu air/uirthi agus a fuair bás.

# Féachaimis ...

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Guímis inniu ar son na ndaoine a bhfuil aithne againn orthu agus a fuair bás. Déanaimid é sin ar bhealach speisialta i rith mí na Samhna, nuair a fheicimid na duilleoga, na bláthanna agus na caora ag fáil bháis. Le chéile, guímis ar son na ndaoine a fuair bás agus deirimid: 'Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh. Áiméan.'
**P:** Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh. Áiméan.

**M:** Guímis ar son na seanmháithreacha agus na seanathaireacha go léir a fuair bás. Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh. Áiméan.
**P:** Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh. Áiméan.

**M:** Guímis ar son gach duine a bhíodh ina gcónaí linn agus a fuair bás. Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh. Áiméan.
**P:** Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh. Áiméan.

**M:** Guímis ar son ár gcomharsana go léir a fuair bás. Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh. Áiméan.
**P:** Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh. Áiméan.

**M:** Ar son na ndaoine a bhfuil aithne againn orthu agus a fuair bás, guímis le chéile: 'Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna. Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh.'
**P:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna. Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh.
**Gach duine:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Mar a mhíníonn tú do na páistí go gciallaíonn an focal 'síoraí' 'go deo', is féidir leat a mhíniú dóibh go bhfuil Dia ag iarraidh ar gach duine a fuair bás maireachtáil leis go deo ar neamh, ár bhfíor bhaile.



# Foghlaimímis ...

## SCÉAL

### 'Ag Tabhairt Uncail Tomás chun Chuimhne'

Tosaigh trí a fhiafraí de na páistí an bhfuil a fhios acu cad is reilig ann. Mínigh dóibh gur áit í reilig ina dtéimid chun cuimhne a dhéanamh agus guí ar son daoine a fuair bás. Tá daoine a fuair bás curtha ansin, sa reilig. Fiafraigh ar thug páiste ar bith cuairt ar reilig riamh. Ansin léigh an scéal, 'Ag Tabhairt Uncail Tomás chun Chuimhne'.

**'Ag Tabhairt Uncail Tomás chun Chuimhne'**



Shiúil Jamie agus a athair suas an cnoc i dtreo na reilige. Bhí a gcótaí cnaipeáilte acu, agus bhí hataí agus lámhainní orthu araon. Lá fuar Samhna a bhí ann.

Agus iad ag siúl chuir Jamie ceist ar Dhaid, 'Cén fáth go bhfuilimid ag dul go dtí an reilig, Daid?'

'Táimid chun cuairt a thabhairt ar uaigh Uncail Tomás,' arsa Daidí. 'Tugaim cuairt ar a uaigh i rith mí na Samhna.'

'Agus cé dó na bláthanna?' arsa Jamie, agus é ag díriú aire ar na bláthanna a bhí ag Daid ina láimh.

'Cuirfimid ar an uaigh iad,' arsa Daid. 'Is dócha go gcuirimid ann iad mar chomhartha go ndéanaimid cuimhneamh i gcónaí ar Uncail Tomás.'

'Airím Uncail Tomás uaim,' arsa Jamie.

'Tá a fhios agam,' arsa Daid, 'Airím uaim é freisin. Sin é an fáth go bhfuilimid ag dul go dtí an reilig, ionas gur féidir linn cuimhneamh air agus paidir a rá ar a shon.'



'Cad é an cuimhneamh is fearr atá agat faoi Uncail Tomás?' arsa Jamie.

'Is cuimhin liom go leor rudaí,' a d'fhreagair Daid. 'Ach go háirithe is cuimhin liom na rudaí go léir a rinneamar le chéile nuair a bhí an bheirt againn chomh hóg leatsa. Mo dheartháir a bhí ann, tá's agat? Is cuimhin liom na laethanta nuair a chuamar go dtí an pháirc, an t-am a chuamar go dtí an trá, agus na huaireanta nuair a thugamar cuairt ar ár ngaolta faoin tuath agus sinn ag iarraidh na ba a bheith mar pheataí againn!'

'Ó sea!' arsa Jamie. 'Sin an pictiúr atá agat sa bhaile, nach ea? An ceann ina bhfuil tú féin, uncail Tomás agus na ba ann?'



Gháir Daid. 'Sin é an ceann! Bhí spraoi againn an lá sin.'

Shiúil Jamie agus a Dhaid go cúramach tríd an bhféar fada chuig uaigh Uncail Tomás. Dhún Daid a shúile.

Dhún Jamie a shúile freisin, agus dúirt sé na focail a mhúin a mhúinteoir dó, 'Suaimhneas síoraí tabhair dó, a Thiarna. Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dó.'

D'oscail Jamie a shúile. Chuir Daid na bláthanna ar an uaigh. 'An féidir linn teacht go dtí an reilig arís?' arsa Jamie.

'Cinnte,' a d'fhreagair Daid. 'Agus an chéad uair eile a théimid go dtí an séipéal, is féidir leat coinneal a lasadh ar son Uncail Tomás. Nach mbeidh sé sin go maith?'

'Ar fheabhas,' arsa Jamie, agus chas an bheirt acu thart, agus thosaigh siad ag siúl abhaile.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cén fáth go raibh Daid ag iarraidh dul chuig an reilig?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad iad na bealaí éagsúla inar chuimhnigh Daid agus Jamie ar Uncail Tomás? An ndearna tú aon cheann de na rudaí seo riamh le cuimhneamh a dhéanamh ar dhaoine a raibh aithne agat orthu agus a fuair bás?
- Cad iad na cuimhní a bhí ag Daid ar Uncail Tomás nuair a bhí siad mar bhuachaillí óga? An bhfuil cuimhní agat ar dhuine a raibh aithne agat orthu agus a fuair bás?
- N'fheadar ... an gceapann tú gur féidir leis na daoine atá ina gcónaí le Dia ar neamh éisteacht linn agus muid ag guí ar a son agus ag caint leo? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

I rith mhí na Samhna cuimhnímid ar bhealach speisialta orthu siúd a fuair bás, agus guímid ar a son.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 58: An tseachtain seo bhí na páistí ag caint faoi na daoine a bhfuil aithne acu orthu agus a fuair bás, agus na rudaí is féidir leo a dhéanamh chun cuimhneamh orthu. Ar an leathanach seo dathaíonn na páistí na rudaí is féidir leo a dhéanamh chun cuimhneamh orthu. Scríobhann siad na focail chun an phaidir ar son siúd a fuair bás a chríochnú.

### Sa Bhaile

Lch. 59: Tugtar cuireadh do theaghlaigh comhrá a dhéanamh le chéile faoi dhuine a raibh aithne acu orthu agus a fuair bás. Tarraingíonn na páistí pictiúr nó greamaíonn siad grianghraf den duine, ba mhaith leo cuimhneamh orthu, ar an leathanach.

# Seirbhís Urnaí

## Ceacht: Cuimhnímid

*Iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh:** Can amhrán/iomann oiriúnach.

**M:** Ar dtús, lasaimis ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia in éineacht linn.

*Las an coinneal*

**M:** I rith mhí na Samhna, cuimhnímid agus guímid ar son daoine a fuair bás. Nuair a fhaigheann daoine bás téann siad abhaile chun na flaithis le bheith in éineacht le Dia. Guímis ar son na ndaoine sin anois.

**Gach duine:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna.
Tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh.

**M:** Tá súil againn go mbeidh suaimhneas síoraí ag na daoine, a raibh aithne againn orthu, agus a fuair bás, sa bhaile le Dia. Éistimis lena n-ainmneacha anois.

*Léigh ó liosta na n-ainmneacha a rinne tú ó Leabhar na bPáistí. Is féidir 'Ceol Machnamhach' a sheinm fad is atá an liosta á léamh.*

**M:** bhí gach ceann de na daoine seo speisialta agus tábhachtach dúinn. Is féidir linn cuimhneamh orthu agus sinn ag guí ar a son. Cad iad na bealaí eile, gur féidir linn cuimhneamh ar dhaoine a fuair bás?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*



**M:** A Thiarna Ghrámhair, go raibh maith agat as na daoine speisialta go léir a thug tú dúinn, agus atá anois tar éis bháis. Tá a fhios againn go bhfuil siad imithe abhaile ar neamh leatsa. Beannaigh iad, agus beannaigh sinn freisin, go dtí go mbeimid go léir le chéile arís.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh**
Can iomann nó amhrán oiriúnach.

# Ceacht 2: An Carghas: Séasúr aifeála

Ba chóir tabhairt faoin gceacht seachtaine seo i rith na seachtaine ina cheiliúrtar Céadaoin an Luaithrigh.

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Tráth den bhliain atá sa Charghas chun ár naghaidh a thabhairt ar Dhia agus a bheith ag súil leis an gCáisc
- Ar Chéadaoin an Luaithrigh cuirtear luaithreach i bhfoirm croise ar an gclár éadain

### MÓRÁLTACHT CHRÍOSTAÍ

**Dínit an Duine**

- Táim in ann grá a léiriú, roinnt le daoine eile, buíochas a ghlacadh, agus aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**

- Táim in ann a bheith cneasta, ionraic agus cineálta
- Táim in ann 'tá brón orm a rá' nuair a ghortaím daoine eile

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tréimhse atá sa Charghas chun machnamh a dhéanamh ar chuid de na rudaí is tábhachtaí inár saol, cosúil le grá Dé do gach duine againn. Is tráth é freisin chun machnamh a dhéanamh ar an bhfíric nár fhreagraíomar i gcónaí do ghrá Dé, nó do ghrá daoine eile, chomh maith agus is féidir linn nó ba chóir dúinn a dhéanamh.

I Naíonáin Shóisearacha/B1, thugamar an Carghas isteach mar am chun a bheith ag roinnt lena chéile. I mbliana feicfidh na páistí an Carghas mar am chun 'tá brón orm' a rá. De réir mar a théann an tsraith *I nGrá Dé* ar aghaidh, féachfaidh siad ar ghnéanna eile den Charghas, mar shampla mar am chun troscadh a dhéanamh. Tríd an bhéim a chur ar na nithe seo a bhaineann leis an gCarghas - tréimhse troscaidh, déirce agus aithrí - tá súil againn go bhféachfaidh na páistí ar an séasúr ní mar am chun rud éigin a 'thabhairt suas', agus mar thréimhse le freagairt go hiomlán le grá Dé ina saol.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Píosa beag dronuilleogach páipéir do gach páiste. Is féidir leat iad seo a dhéanamh trí phíosa páipéir A4 a ghearradh i gceithre phíosa.


# Féachaimis …

## SCÉAL

### 'Droch Lá ag Aingeal'

Inis do na páistí gur mhaith leat scéal a insint dóibh faoi chailín darb ainm di Aingeal, agus faoi mar a raibh sé deacair uirthi grá a roinnt le daoine eile. Léigh 'Droch Lá ag Aingeal'.

**'Droch Lá ag Aingeal'**




Bhí giúmar dona ar Aingeal. Maidin Luain a bhí ann, agus bhí sí déanach don scoil. 'Bí ag ithe! Bí ag ithe!' arsa a máthair, ag brú roinnt tósta ina treo. 'Beidh tú déanach!'

Bhí Séamas, deartháir beag Aingeal, ag imirt ag an gcuntar lena charr, agus bhuail sé isteach i láimh Aingil é. 'Ó!' a bhéic sí. 'A Mham! Bhuail Séamas a charr isteach i mo lámh!'

'Á, a Aingil, ná tabhair aire dó,' arsa a máthair. 'Brostaigh ort, tá go leor bricfeasta agat. Tá sé in am dul!'

Bhí Aingeal gearánach mar a shleamhnaigh sí ón stól sa chistin agus mar a shiúil sí i dtreo an dorais. 'Cén fáth go bhfuil an locht ormsa?' ar sise, faoina hanáil. 'Is eisean a chuir isteach ormsa.'

Tharraing Aingeal an doras taobh thiar di (beagáinín ró-chrua, i ndairíre) agus shiúil síos cosán an ghairdín agus i dtreo na scoile. Bhí an t-ádh léi gur chónaigh sí gar don scoil, ach bhí a fhios aici anois go raibh sí déanach. Ní raibh páiste ar bith sa chlós, agus bhí Eilís,




an maor tráchta scoile, imithe cheana féin.

Nuair a tháinig Aingeal go dtí doras an tseomra ranga, bhí *Paidir na Maidine* ráite ag na páistí cheana féin, agus bhí siad tosaithe le bheith ag dathú. 'Dia dhuit ar maidin a Aingil,' arsa a múinteoir, Bean Uí Coinn. 'Déanach ar maidin?'

'Tá,' arsa Aingeal, agus shuigh sí síos go tapa. D'oscail sí a mála scoile agus is ansin a chuimhnigh sí gur fhág sí a cás lena pinn luaidhe sa bhaile. Thóg sí amach as a mála scoile é mar theastaigh ó Shéamas a criáin a úsáid. 'Níl an lá seo go maith,' arsa Aingeal, faoina hanáil.


Is ansin díreach, a thóg Siobhán, a shuigh in aice le hAingeal, a criáin amach as a mála. 'Wow!' arsa na cailíní eile ag an mbord. 'Tá do



criáin nua go deas, a Shiobháin!' arsa Sorcha. 'Cá bhfuair tú iad?'

Bhí Aingeal ar buile anois! B'iad

• • •



san na criáin a bhí uaithi! Thaispeáin sí do Shiobhán iad nuair a chuaigh siad go dtí an t-ionad siopadóireachta le chéile. 'Mo Dhaidí a cheannaigh dom iad,' arsa Siobhán, 'toisc go mbím go deas i gcónaí le mo dheartháir beag.'

Níor éirigh go ró-mhaith le hAingeal an lá sin fad is a bhí sí ag dathú agus ag comhaireamh. Nuair a tháinig am sosa, bhí sí an-fheargach ar fad. Dhún sí a cóta, agus amach léi sa chlós lena rang. 'Tar anseo,' arsa Siobhán. 'Ba mhaith liom an bréagan nua a cheannaigh mo Dhaid dom a thaispeáint duit freisin!' Lig Aingeal cnead aisti arís. 'A Bhean Uí Coinn?' ar sise, 'An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas?'

'Tá cead agat,' arsa Bean Uí Coinn, 'Ach déan deifir, a Aingil. Tá tú mall an mhaidin ar fad!'

Chuaigh Aingeal ar ais isteach sa seomra ranga. Ach sula ndeachaigh sí go dtí an leithreas, chonaic sí an paicéad le criáin Shiobháin ar a deasc. 'Mo Dhaidí a cheannaigh dom iad!' ar sise, ag déanamh aithrise ar ghuth Shiobháin. Díreach ansin, bhí smaoineamh ag Aingeal. Bhreathnaigh sí timpeall. Ní raibh aon duine eile sa seomra ranga. Shiúil sí go tapa anonn go dtí deasc Shiobháin, rug sí ar na criáin, agus sháigh sí síos taobh thiar den radaitheoir iad. 'Há!' ar sise. 'Feicimid anois cé atá cliste!'

Tar éis an tsosa, thóg Bean Uí Coinn a rang ar ais sa seomra scoile. 'Anois a chailíní!' ar sise. 'Tógaigí amach bhur ...'

'ÁÁÁÁ!' a screadaigh Siobhán.

'A thiarcais!' arsa Bean Uí Coinn. 'Cad atá cearr a Shiobháin?'

'Tá mo criáin imithe!' a d'fhreagair Siobhán, agus í ag cuardach ar a dícheall.

'Ní féidir iad a bheith imithe,' a dúirt Bean Uí Coinn. 'A chailíní, cabhraígí le Siobhán teacht orthu!'

Chuardaigh gach duine, Aingeal ina measc, ach níor aimsíodh na criáin. Gháir Aingeal. 'Há!' a shíl sí léi féin. 'Múinfidh sé sin ceacht duit!'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le: 'Cén fáth go raibh droch lá ag Aingeal?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- An cuimhin leat am nuair a bhí droch-lá agat, mar a bhí ag Aingeal? Cad a tharla? Inis dúinn faoi.
- Cén fáth go raibh Aingeal trína chéile nuair a chonaic sí criáin nua Shauna? Cén focal a d'úsáidfeá le cur síos a dhéanamh ar conas a mhothaigh sí? Ar theastaigh rud éigin uait riamh a bhí ag duine eile? Inis dúinn faoi.
- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an méid a rinne Aingeal an lá sin? An gceapann tú go ndearna sí rudaí cosúil le sin gach lá? Cén fáth, dar leat, a rinne sí an méid a rinne sí an lá sin?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Tá a fhios againn go bhfuil Dia in éineacht linn an t-am ar fad. Bhí Dia in éineacht le hAingeal nuair a mhothaigh sí go dona an mhaidin sin. Bíonn Dia linn is cuma conas a mhothaímid, agus bíonn grá ag Dia dúinn is cuma conas a mhothaímid. Le chéile, abraimis dán a d'fhoghlaimíomar níos luaithe i mbliana. Is féidir libh, 'Tá Dia liom' a rá i ndiaidh gach líne. (*Sos*)

**M:** Agus mé i mo shuí faoi chrann
**P:** Tá Dia liom.

**M:** Agus mé ag foghlaim dáin
**P:** Tá Dia liom.

**M:** Agus mé ag siúl abhaile
**P:** Tá Dia liom.

**M:** Agus mé ag dreapadh balla
**P:** Tá Dia liom.

**M:** Agus mé amuigh ag spraoi
**P:** Tá Dia liom.

**M:** Ó mhaidin go hoíche
**P:** Tá Dia liom.

**M:** A Dhia ghrámhair,
Go raibh maith agat as a bheith linn i gcónaí,
is cuma muid a bheith sásta, brónach, uaigneach nó corraithe.
Cuidigh linn do ghrá a roinnt le daoine eile.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*


# Foghlaimímis …

## SCÉAL

### 'Droch Lá ag Aingeal' - Críoch a hAon

Tosaigh trí athghabháil a dhéanamh ar scéal Aingil. Iarr ar na páistí cad a cheapann siad a tharla nuair nach raibh na páistí in ann na criáin a aimsiú. Ansin inis dóibh gur féidir leis an scéal a chríochnú i ndhá shlí. Ansin léigh 'Droch Lá ag Aingeal' - Críoch a hAon.

**'Droch Lá ag Aingeal' - Críoch a hAon**



Bhí Siobhán ag gol go géar goirt. 'Bronntanas … ó … mo … Dhaid,' arsa Siobhán trí ghol, 'ó … mo … Dhaidí …!'

Bhí brón ar Aingeal anois. Thosaigh sí ag smaoineamh nár chóir di na criáin a chur i bhfolach ar chor ar bith. Ach ní fhéadfadh sí aon rud a rá anois. Bheadh Bean Uí Coinn an-fheargach ar fad, agus bheadh Siobhán ar buille dá mbeadh a fhios aici.

Mar sin, shuigh Aingeal an lá ar fad sa seomra ranga, ag breathnú ar Shiobhán ag gol go géar. 'Beidh tú ceart go leor,' arsa Bean Uí Coinn. 'Roinnfidh Sorcha a criáin leat.'

'Ach mo Dhaidí a cheannaigh mo chinn dom!' arsa Siobhán.

Bhí brón ar Aingeal. Thuig sí go raibh rud éigin mícheart déanta aici.

I ndiaidh am scoile, chrom Aingeal a ceann agus shiúil sí abhaile léi féin. Ghlaoigh sí an clog ag doras an tí agus d'oscail a máthair é. Bhí Séamas in aice lena máthair. 'Cén sort lá a bhí agat, Aingeal?' ar sí.

'Uafásach!' arsa Aingeal, agus chaith sí a mála ar an dtalamh.

D'iompaigh sí timpeall agus sheas sí ar cheann de bhréagáin Shéamais, ag gortú a chos. 'A Shéamais!' a scread sí in ard a gutha, 'Is tusa an dearthair is cráite sa domhan ar fad!'

Thosaigh Séamas ag caoineadh. 'A Aingil!' arsa Mamaí, 'Cad atá cearr?'

Ach níor fhreagair Aingeal. D'imigh sí thuas staighre, go dtí a seomra, agus phlab sí an doras taobh thiar di féin.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le: 'Conas a mhothaigh Siobhán i rith an lae?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Conas a mhothaigh Aingeal an lá ar fad? Cén fáth gur mhothaigh sí mar sin?
- Cén fáth nár inis Aingeal do Shiobhán cá raibh a criáin? An bhfuil sé éasca i gcónaí an fhírinne a insint? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé?
- N'fheadar … an gceapann sibh go mbeadh sé níos fearr dá n-inseodh Aingeal an fhírinne? Cén fáth nó cén fáth nach mbeadh sé?

## SCÉAL


### 'Droch Lá ag Aingeal' – Críoch a Dó

Inis do na páistí anois gur mhaith leat 'críoch a dó' den scéal a léamh dóibh. Téigh ar ais ar an gcéad chuid den scéal. Ansin léigh 'Droch Lá ag Aingeal' - Críoch a Dó.

**'Droch Lá ag Aingeal' – Críoch a Dó**

Bhí Siobhán ag gol go géar goirt. 'Bronntanas … ó … mo … Dhaid,' arsa Siobhán trí ghol, 'ó … mo … Dhaidí …!'

Bhí brón ar Aingeal anois. Thosaigh sí ag smaoineamh nár chóir di na criáin a chur i bhfolach ar chor ar bith. 'A Shiobháin,' ar sise, go bog. 'Beidh sé ceart go leor. Tá a fhios agam cá bhfuil siad.' Go mall, shiúil Aingeal anonn go dtí an radaitheoir, agus



chuir sí a lámh síos taobh thiar de. Bhí Bean Uí Coinn, Siobhán agus an rang ar fad ag faire nuair a tharraing Aingeal na criáin amach.

…

• • •

'Seo dhuit,' ar sise, ag tabhairt na criáin ar ais do Shiobhán.

'Cad a tharla, a Aingil?' arsa Bean Uí Coinn.

'Bhí giúmar dona orm,' a d'fhreagair Aingeal. 'Bhí mé déanach don scoil; bhí mo dheartháir ag cur isteach orm; chuir mo mháthair an milleán orm, agus ansin rinne mé dearmad ar mo chriáin agus nuair a chonaic mé na cinn nua a bhí ag Siobhán bhí éad orm agus mar sin chuir mé na criáin nua i bhfolach.'

Ní dúirt aon duine rud ar bith ar feadh nóiméid. Ansin labhair Bean Uí Coinn. 'Cad atá le rá agat le Siobhán anois?' ar sise.

D'fhéach Aingeal ar Shiobhán. 'Tá brón orm i ndáiríre,' a dúirt sí go ciúin.

'Tá sé ceart go leor,' arsa Siobhán, agus í ag triomú a deora.

'A Aingil,' a dúirt Bean Uí Coinn. 'Níor cheart an mhéid a rinne tú. Ghortaigh tú Siobhán.'

'Tá a fhios agam,' arsa Aingeal. 'Tá brón orm.'

'Tá an ceart agat anois,' arsa Bean Uí Coinn. 'Sin deireadh leis an scéal. Croith lámha le chéile anois a chailíní, agus bígí cairdiúil le chéile.'



D'fhéach Aingeal ar Shiobhán. Shín sí a lámh amach. Thóg Siobhán a lámh agus í ag gáire.

As sin amach, bhí lá níos fearr ag Aingeal. Bhí sí ag súgradh lena cairde sa chlós, agus lig Siobhán di a criáin nua a úsáid tar éis am lóin. I ndiaidh am scoile, shiúil Aingeal abhaile agus ghlaoigh sí an clog ag doras an tí agus d'oscail a máthair é. Bhí Séamas in aice lena máthair. 'Cén sort lá a bhí agat, Aingeal?' ar sí.

'Bhí sé ceart go leor ar deireadh,' a d'fhreagair Aingeal.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cén rud difriúil a rinne Aingeal an uair seo?' Ansin déan tochailt níos doimhne agus na ceisteanna seo á n-úsáid nó ceisteanna den chineál céanna:

- An gceapann tú go raibh an ceart ag Aingeal a rá le Siobhán cad a rinne sí? Cén fáth nó cén fáth nach raibh an ceart aici?
- Cad a dúirt Aingeal le Siobhán? An cuimhin leat am nuair a d'inis tú do dhuine eile go raibh brón ort as rud a rinne tú a bhí mícheart? Inis dúinn faoi.
- N'fheadar ... an bhfuil sé éasca i gcónaí a rá go bhfuil brón ort? Cén fáth nó cén fáth nach bhfuil sé éasca?

## AG COMHRÁ

### Maidir le 'tá brón orm' a rá le Dia

Déan comhrá leis na páistí faoi bhrón a admháil ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Nuair a ghortaímid daoine eile, is féidir linn a rá leo go bhfuil brón orainn, díreach mar a rinne Aingeal, ach an bhfuil aon duine eile ann nach mór dúinn brón a rá leo?
- Más clann Dé sinn go léir, agus má tá Dia cosúil le hathair nó máthair grámhar dúinn go léir, conas a cheapann tú go bhfuil Dia ag iarraidh orainn caitheamh lena chéile? Nuair nach dtaispeánaimid grá dá chéile ar an mbealach seo, cad is féidir linn a rá le Dia?
- Bíonn grá ag Dia do gach duine againn, i gcónaí. N'fheadar ... cad a déarfadh Dia dá ndéarfaimis go raibh brón orainn faoi na hamanna nár thaispeánamar grá do dhaoine eile?

Mínigh do na páistí go ndéanaimid tréimhse speisialta a cheiliúradh gach bliain a dtugtar an Carghas air. Tréimhse is ea an Carghas nuair a dhéanaimid iarracht ar bhealach an-speisialta a rá go bhfuil brón orainn maidir leis na daoine a ghortaíomar. Tréimhse atá ann chun casadh ar ais chuig Dia agus ullmhú don Cháisc. Iarr ar na páistí, más cuimhin leo, cad a tharlaíonn ag an gCáisc.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 60: An tseachtain seo d'fhoghlaim na páistí gur tréimhse atá sa Charghas chun 'tá brón orm' a rá leo siúd a ghortaíomar. Ar an leathanach seo ciorclaíonn na páistí agus dathaíonn siad na pictiúir de na ndaoine ar cóir dóibh 'tá brón orm' a rá.

### Sa Bhaile

Lch. 51: Dathaíonn na páistí na focail ar an leathanach seo chun an abairt, 'Tá brón orm, a Dhia' a chur le chéile. Tugtar cuireadh do thuismitheoirí agus do theaghlaigh comhrá a dhéanamh faoi amanna nuair a dúirt siad 'tá brón orm' do dhuine eile agus iarrtar orthu paidir shimplí dóláis a rá.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Bíonn amanna ann nuair nach ndéanaimid nó nuair nach ndeirimid an rud ceart. Is féidir linn daoine eile a ghortú nuair a deirimid nó nuair a dhéanaimid an rud mícheart. Is tréimhse é an Carghas nuair is féidir linn maithiúnas a iarraidh ó na daoine a ghortaíomar. Is féidir linn 'tá brón orm' a rá le Dia freisin, toisc nach raibh grá againn do dhaoine eile mar a theastaíonn ó Dhia orainn.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### 'Slabhra Aithrí' don Cháisc

Mínigh do na páistí atá agat, go rabhamar ag caint, an tseachtain seo, faoi leithscéal a ghabháil leis na daoine atá gortaithe againn. Ansin déan comhrá leo ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna. B'fhéidir gur mhaith leat cuireadh a thabhairt do na páistí freagairt os ard, nó b'fhéidir go dtabharfá roinnt ama dóibh chun machnamh ciúin a dhéanamh ar na freagraí.

- An raibh am ann riamh nuair a ghortaigh tú duine eile, faoi mar a ghortaigh Aingeal, Siobhán?
- An ndúirt tú leis an duine sin go raibh brón ort, mar a rinne Aingeal ar deireadh?
- An bhfuil aon duine ann a shíleann tú gur gá duit 'tá brón orm' a rá leo?

Ansin tabhair píosa páipéir do gach páiste. Fiafraigh de na páistí pictiúr a tharraingt de am nuair a bhí orthu 'tá brón orm' a rá. B'fhéidir gur mhaith leat am a roinnt leo nuair a raibh ort 'tá brón orm' a rá.



Inis do na páistí nach gá dóibh a rá le duine ar bith eile an méid a bhfuil tarraingthe acu. De réir mar a chríochnaíonn gach páiste a bpictiúr, ceangail an dá chríoch le chéile (trí stáplaí a úsáid, mar shampla), chun slabhra aithrí a dhéanamh. Déan cinnte de go bhfuil pictiúir na bpáistí ar an taobh istigh, i dtreo is nach féidir le duine ar bith iad a fheiceáil.

# Seirbhís Urnaí

## Ceacht: An Carghas

*Más féidir, iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Tosaíonn an Carghas an tseachtain seo. I rith an Charghais déanaimid ár ndícheall, ar bhealach an-speisialta, leithscéal a ghabháil dóibh siúd atá gortaithe againn. Déanaimis smaoineamh ar an méid sin anois. Chun tús a dhéanamh bímis socair agus ciúin.

*Can amhrán/iomann oiriúnach*

**M:** Anois ó táimid socair agus ciúin, dúnaimis ár súile. (*Sos*)

A Thiarna Ghrámhair, cabhraigh linn cuimhneamh ar na hamanna nuair nach raibh grá againn do dhaoine eile. Cabhraigh linn maithiúnas a bheith againn, agus tosú arís. (*Sos*)

Ag baint úsáid as do ghuth inmheánach, déan machnamh ar gach ceann de na ceisteanna seo, agus inis na freagraí le Dia. Ag smaoineamh siar ar do lá inniu:

- An ndearna tú mar a d'iarr do mhúinteoirí agus do mhuintir ort? (*Sos*)
- An raibh tú cineálta le do dheartháireacha, do dheirfiúracha nó cairde? (*Sos*)
- Ar roinn tú le daoine eile? (*Sos*)
- Ar inis tú an fhírinne i gcónaí? (*Sos*)
- An bhfuair tú aon rud ar iasacht agus gan é a sheoladh ar ais? (*Sos*)

An bhfuil aon rud eile ba mhaith leat a rá le Dia anois? Má tá, is féidir leat é a insint le Dia anois. (*Sos*)

Tá Dia i gcónaí linn. Tá grá ag Dia dúinn i gcónaí. Tugann Dia maithiúnas dúinn i gcónaí. (*Sos*)



Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.

**M:** I rith na seachtainí atá romhainn, déanaimis iarracht speisialta a bheith cineálta agus grámhar le daoine eile, díreach mar is mian le Dia go mbeimis. Nuair nach ndéanaimid amhlaidh, cuimhnímis ar leithscéal a ghabháil don duine atá gortaithe againn, agus maithiúnas a iarraidh ar Dhia. Fanfaidh ár 'Slabhra Aithrí' sa spás urnaí i rith an Charghais. Cuirfidh sé i gcuimhne dúinn maithiúnas a iarraidh ó éinne atá gortaithe againn.

A Dhia ár nAthair,
Go raibh maith agat as grá a thabhairt dúinn i gcónaí.
Uaireanta, ní bhíonn grá againn do dhaoine eile mar ba chóir.
Cabhraigh linn maithiúnas a bheith againn, agus iarracht eile a dhéanamh.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh**
Can amhrán/iomann oiriúnach

# Ceacht 3: Muire (Bealtaine)

Ba chóir tabhairt faoin gceacht seachtaine seo le linn an chéad tseachtain i mí Bealtaine.

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### AN CREIDEAMH CRÍOSTAÍ

**Rúndiamhair Dé**

- Roghnaigh Dia Muire le bheith ina máthair ag Íosa

**Rúndiamhair na hEaglaise**

- Is í Muire máthair Íosa, máthair Dé, agus ár máthair freisin

### LIOTÚIRGE AGUS URNAÍ

**Urnaí: Paidreacha Breise**

- Guí do Mhuire

**An Bhliain Liotúirgeach**

- I rith Mí na Bealtaine cuimhnímid ar Mhuire. Altóir Mhuire
- Cé go dtugaimid adhradh, do Dhia an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh, amháin, guímid freisin chuig Muire, Máthair Íosa agus ár Máthair agus na Naoimh eile agus iarraimid orthu guí ar ár son

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tugaimid ómós do Mhuire toisc gur roghnaigh Dia í le bheith ina máthair d'Íosa. Thug sí aire dó nuair a bhí sé ina leanbh agus de réir mar a d'fhás sé óna óige isteach ina dhuine fásta. Chuaigh sí leis i rith a shaol poiblí agus bhí sí ann nuair a d'éag sé. Nuair a sheas Muire ag bun na croise leis an aspal Eoin, dúirt Íosa léi, 'is eisean do mhac' agus dúirt sé le hEoin, 'is ise do mháthair'. Tá a fhios againn gur máthair dúinn freisin í Muire.

An tseachtain seo cuirimid béim ar an bhfíric leis na páistí gurb í Muire, máthair Íosa, ár máthair freisin, agus spreagaimid iad chun labhairt le Muire mar mháthair. Tugaimid deis do na páistí altóir Bhealtaine a dhéanamh agus guí chuig Muire.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Nithe éagsúla chun bláthanna d'altóir Bhealtaine a dhéanamh

# Féachaimis …

## PAIDIR

### 'S é do bheatha, a Mhuire

*Comhartha na Croise*

**M:** Guímid chuig Muire go háirithe i rith mhí na Bealtaine. Le chéile, guímis *'S é do bheatha, a Mhuire*.

**P:** 'S é do bheatha, a Mhuire …
(*Ardaigh an lámh dheas agus sín amach ar dheis í*)

**P:** Atá lán de ghrásta …
(*Ardaigh an lámh chlé agus sín amach ar chlé í*)

**P:** Tá an Tiarna leat …
(*Tabhair an dá lámh isteach, agus déan iad a fhilleadh thar an gcroí*)

**P:** Is beannaithe thú idir mhná …
(*Scuab an lámh dheas os do chomhair, clé go deas, ag pointeáil do na daoine go léir sa rang*)

**P:** Agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa.
(*Lig ort go bhfuil leanbh á luascadh i do bhaclainn agat*)

A Naomh Mhuire,
(*Ardaigh an lámh dheas chun síneadh amach ar dheis – faoi mar a rinneadh do 'S é do bheatha, a Mhuire'*)

A Mháthair Dé …
(*Ardaigh an lámh chlé chun síneadh amach ar chlé – faoi mar a rinneadh do 'Atá lán de ghrásta'*)

Guigh orainn, na peacaigh …
Iarraimid ar Mhuire guí ar ár son i gcónaí …
(*Cuir na lámha le chéile ag guí*)

Anois …
(*An dá lámh ag pointeáil i dtreo na talún*)

Agus ar uair ár mbáis …
(*Pointeáil chuig caol na láimhe/uaireadóir*)

Áiméan
(*Na lámha le chéile ag guí*)

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis …

## AG COMHRÁ

### Faoi Mhuire

Is féidir linn labhairt le Muire agus rud ar bith a theastaíonn uainn a insint di. Déan comhrá faoi seo agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- 'Ba í Muire máthair Íosa', ach is í ár máthair freisin í. Mar sin is féidir linn labhairt léi mar a labhraímid lenár máthaireacha, nó leis na daoine a thugann aire dúinn. Cad na rudaí a labhraíonn tú le do mhamaí nó le do dhaidí futhu?
- Cuimhnigh gur féidir leat labhairt le Muire faoi gach ceann de na rudaí seo freisin. Is féidir leat a rá léi nuair atá tú sásta nó brónach, nuair a bhíonn tú uaigneach nó ar bís. Is féidir leat a insint do Mhuire freisin faoi na rudaí a theastaíonn uait. Is féidir leat labhairt le Muire trí ghuí le chéile ag úsáid na bhfocal atá ar eolas againn go léir. An cuimhin libh na focail a úsáidimid agus muid ag guí le chéile chuig Muire? Is féidir leat guí chuig Muire agus do ghuth istigh, nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil, á úsáid agat.

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### Altóir na Bealtaine


Inis do na páistí, chomh maith le bheith ag guí chuig Muire ar bhealach speisialta i rith mhí na Bealtaine, agus ag canadh amhráin cosúil le 'Ave Maria', is féidir linn ár spás urnaí a mhaisiú ar bhealach ar leith. Ansin tabhair isteach an ghníomhaíocht idirghníomhach seo, ina roghnaíonn siad ó raon rudaí, nithe a chuirfidís ar altóir na Bealtaine.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Bláthanna don Spás Urnaí/Altóir na Bealtaine

Tarraing aird na bpáistí chuig an spás urnaí sa seomra ranga, ag cur in iúl dóibh go bhfuil sé folamh i láthair na huaire. Iarr cabhair ar na páistí chun cinneadh a dhéanamh faoi cad ba chóir dul isteach sa spás urnaí do mhí na Bealtaine. Tabhair an comhrá thuas chun chuimhne agus bain úsáid as na hábhair atá ar fáil i do sheomra ranga féin.

Mínigh do na páistí go gcuireann go leor daoine bláthanna sa spás urnaí i rith na Bealtaine. Comh maith le fíor-bhláthanna a chur sa spás urnaí, is féidir leis na páistí bláthanna a dhéanamh don spás urnaí freisin. Tá go leor bealaí ann chun é sin a dhéanamh. Seo dhá smaoineamh, ach b'fhéidir go bhfuil smaointe eile agat féin:



- Bláthanna le páipéar síoda/nó crèpe
  Déan fótachóip den teimpléad (thíos) ionas go mbeidh bláth ag gach páiste. Stróic píosaí de pháipéar síoda/páipéar crêpe agus lig don páistí iad a ghreamú ar an mbláth agus gliú á úsáid acu.



- Bláthanna le plátaí páipéir
  Gearr codanna as plátaí páipéir roimh ré. Déanfaidh siad seo 'Peitil'. Dáil na plátaí páipéir ar na páistí. Iarr orthu ciorcal a tharraingt i lár an phláta agus é a dhathú. Ansin, tabhair cuireadh dóibh na peitil a dhathú ar bhealach ar bith is mian leo.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Ba dhuine an-speisialta í Muire toisc gur roghnaigh Dia í, thar aon bhean eile, le bheith ina máthair dá mhac, Íosa. Cuimhnímid ar Mhuire, ar bhealach speisialta, i rith mí na Bealtaine.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 62: An tseachtain seo bhí na páistí ag caint agus ag foghlaim faoi conas altóir na Bealtaine a thógáil. Ar an leathanach seo tarraingíonn siad agus dathaíonn siad na míreanna a chuirfidís ar altóir na Bealtaine.

### Sa Bhaile

Lch. 63: Le chéile, léann na páistí agus a dteaghlaigh abairtí faoi Mhuire, agus déanann siad comhrá faoi na bealaí éagsúla inar féidir leo onóir a thabhairt do Mhuire i rith mhí na Bealtaine. Tugtar cuireadh dóibh an phaidir *'S é do Bheatha, a Mhuire* a rá le chéile.

# Seirbhís Urnaí

## Ceacht: Muire

*Más féidir, iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr ar na páistí a gcathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh:** Can iomann/amhrán oiriúnach.

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

I rith mhí na Bealtaine, déanaimis cuimhneamh ar bhealach an-speisialta ar Mhuire. Cé atá in ann a insint dúinn cuid de na rudaí atá ar eolas acu faoi Mhuire?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** Tá na scéalta go léir faoi Mhuire léite againn ón mBíobla. Leabhar an-speisialta atá sa Bhíobla. Is sa Bhíobla a léimid scéalta faoi Dhia agus faoi ghrá Dé don na daoine go léir ar fud an domhain. Éistimis anois le scéal faoi Mhuire ón mBíobla.

Lá amháin, go luath tar éis breith Íosa, thóg Muire agus Iósaef Íosa go dtí an teampall. Theastaigh uathu dul ann chun buíochas a ghabhail le Dia as. Fad is a bhí siad ann, bhuail Muire agus Iósaef le seanduine darb ainm Simeon. Fear maith naofa ba ea Simeon. Bhí sé ag súil go bhfeicfeadh sé, lá amháin, an bronntanas is mó go dtabharfadh Dia don domhan. Bhí sé ag fanacht agus ag fanacht ar an mbronntanas seo. Ní raibh sé cinnte cén sórt bronntanas a bheadh ann, ach bhí a fhios aige gur bronntanas an-speisialta a bheadh ann.

An lá a chonaic Simeon Muire, Iósaef agus Íosa, bhí a fhios aige go raibh an feitheamh thart. D'fhéach Simeon ar Íosa agus bhí a fhios aige gurb é seo an méid lena raibh sé ag fanacht - bronntanas mór Dé. Thóg Simeon Íosa ina bhaclainn agus thug buíochas do Dhia. Ansin, bheannaigh sé Íosa, Muire agus Iósaef.

Bhí bean sa teampall an lá sin. Anna ab ainm di. Bean speisialta ab ea Anna. Chónaigh sí sa teampall, agus ghuigh sí chun Dé gach lá. Theastaigh uaithi freisin go bhfeicfeadh sí, lá éigin, an bronntanas speisialta a bhí ag Dia don domhan. Bhí Anna ag fanacht agus ag fanacht ar an mbronntanas. Ní raibh sí cinnte cén sórt bronntanas a bheadh ann, ach bhí a fhios aici gur bronntanas an-speisialta a bheadh ann.

Nuair a chonaic Anna Íosa, thosaigh sí ag gabháil buíochas le Dia. Bhí a fhios aici gurb é seo an méid lena raibh sí ag fanacht - bronntanas mór Dé. D'inis Anna le gach duine sa teampall faoi Íosa.

Bhí ionadh ar Mhuire agus ar Iósaef nuair a chuala siad an méid a dúirt Simeon agus Anna faoi Íosa. D'fhág siad an teampall agus chuaigh ar ais abhaile go Nazarat. Thug siad cúram maith d'Íosa, agus d'fhás sé láidir agus ciallmhar.

**M:** Bhí grá mór ag Muire d'Íosa. Roinn sí grá Dé leis in go leor bealaí: chothaigh sí é, thug sí barróga dó, thug sí cúram dó, d'imir sí leis, rinne sí cleasanna air, d'éist sí leis agus d'inis sí scéalta dó. Tá grá ag Muire dúinn freisin, díreach cosúil le máthair. Bíonn sí ag éisteacht linn ag am ar bith gur mhaith linn labhairt léi.

Comhartha atá sna bláthanna a rinneamar an tseachtain seo go mba mhaith linn buíochas a ghabháil le Muire toisc gur aontaigh sí le bheith ina Máthair d'Íosa. Cuirimis na bláthanna inár spás urnaí i rith mhí na Bealtaine – mí speisialta in onóir Mhuire.

*Iarr ar na páistí a gcuid bláthanna a chur sa spás urnaí ina n-aonar nó i ngrúpaí, mar is cuí.*

**M:** N'fheadar ... an bhfuil aon bhealaí eile inar féidir linn cuimhneamh ar Mhuire i rith mhí na Bealtaine?


*Fáiltigh aon mholtaí a bhíonn ag na páistí. I measc roinnt smaointe a d'fhéadfadh a bheith acu ná cuairt a thabhairt ar dhealbh Mhuire in aice/istigh sa séipéal áitiúil. B'fhéidir go lasfadh siad coinneal sa séipéal le cabhair ó dhuine fásta. D'fhéadfadh na páistí paidir do Mhuire a rá freisin le duine sa teaghlach.*


**M:** Cuirimis críoch agus *'S é do bheatha, a Mhuire* a rá le chéile.

**Gach duine:**
'S é do bheatha, a Mhuire,
Atá lán de ghrásta,
Tá an Tiarna leat.
Is beannaithe thú idir mhná,
Agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa.
A Naomh Mhuire, a mháthair Dé,
Guigh orainn, na peacaigh,
Anois agus ar uair ár mbáis. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh**
Can iomann/amhrán oiriúnach





# Paidreacha

**Comhartha na Croise**
In ainm an Athar, agus an Mhic,
agus an Spioraid Naoimh.
Áiméan.

**Glóir don Athair**
Glóir don Athair,
Agus don Mhac,
Agus don Spiorad Naomh.
Mar a bhí ó thús,
Mar atá anois,
Mar a bheas go brách,
Le saol na saol. Áiméan.

**Paidir na Maidine**
A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

**Paidir na hOíche**
A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú dom.
I ndorchadas na hoíche cosain mé
Solas na maidine go bhfeice mé. Áiméan.

**Altú roimh Bhia**
Beannacht ó Dhia orainne atá ag suí chun boird le chéile.
Beannacht ar an mbia a ithimid inniu.
Beannacht ar na lámha a d'ullmhaigh dúinn é.
Beannacht a Dhia dílis orainn féin. Áiméan.

**Altú tar éis Bia**
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug bia dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug cairde dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia, mar is tú a thug gach rud dúinn.
Go raibh maith agat, a Dhia. Áiméan.

**Paidir chuig an Aingeal Coimhdeachta**
A Aingil dhil Dé, cuir mé faoi do smacht,
mar d'ordaigh Mac grámhar Dé ina reacht.
Seas le mo thaobh gach am den lá.
Soilsigh is cosain is seol mé slán. Áiméan.

**An Phaidir**
Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

**'S é do Bheatha, a Mhuire**
'S é do bheatha, a Mhuire,
Atá lán de ghrásta,
Tá an Tiarna leat.
Is beannaithe thú idir mhná,
Agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa.
A Naomh Mhuire, a mháthair Dé,
Guigh orainn, na peacaigh,
Anois agus ar uair ár mbáis. Áiméan.

# Téama 1: An Domhan

Ceacht 1: Tá Dia linn.
Ceacht 2: Chruthaigh Dia an domhan.
Ceacht 3: Go raibh maith agat, a Dhia, as an domhan.
Ceacht 4: Iarrann Dia orainn aire a thabhairt don domhan.

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Dé**

- Is é Dia ár nAthair grámhar agus ár gCruthaitheoir
- Tá Dia linn i gcónaí
- Tugann Dia aire dúinn, go háirithe nuair atáimid tinn, brónach, uaigneach, feargach nó díomách
- Is é Dia mo chara

**Cruthú an Domhain**

- Chruthaigh Dia gach a bhfuil ann: an domhan, na daoine, na réaltaí, na hainmhithe, na héin, na plandaí agus na crainn
- Tugann Dia aire don chruthú ar fad

### Briathar Dé

**An Bíobla**

- Is sa Bhíobla a léimid faoi Dhia agus an cruthú
- Is leabhar luachmhar é an Bíobla toisc gurb é Briathar Dé é

**Plean grámhar Dé don Slánú**

- Salm 63:8. Tá Dia liom i gcónaí
- Gein 1-2:3. An scéal faoi chruthú an domhain
- Gein 1:26-7. Cruthaithe in íomhá Dé
- Salm 66:5. Is rud iontach é Cruthú an Domhain
- Salm 104. Moladh le Dia an Cruthaitheoir
- Salm 139:7-14. Moladh agus buíochas

### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí Fhoirmeálta**

- *Paidir na Maidine*

### Mórálta cht Chríostaí

**Dínit an Duine**

- Tá grá ag Dia dúinn ar fad
- Glaodh orm chun grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile
- Táim in ann grá a léiriú, roinnt le daoine eile, buíochas a ghlacadh, agus aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**

- Táim in ann meas a bheith agam ar an gcruthú ar fad agus aire a thabhairt dó

**OCG i gcomhthéacs Críostaí**

- Is bronntanas ó Dhia é mo chorp

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ón mBonnchéim:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**

*b. Cúram Dé don chruthú.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi
na nithe seo maidir le Críostaithe:

- Gur chruthaigh Dia gach rud - Geineasas 1 agus 2.
- Gur cás le Dia an Chruinne, daoine agus ainmhithe.

### Cuspóir Foghlama 3

**An Mhoráltacht**

*b. Meas ar dhaoine eile.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- An fiúntas a bhaineann le comhoibriú, le roinnt, le cuidiú a thabhairt do dhaoine eile, le macántacht a aithint.

*c. Meas ar Dhia.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Meas a fhorbairt ar Dhia agus ar an tábhacht a bhaineann leis an chéad dá Aithne: grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile - Matha 22:37-40.

# Ceacht 1: Tá Dia linn

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Uaireanta is féidir le páistí smaoineamh ar Dhia mar fhear aosta sna scamaill, ag faire orainn ó i bhfad. Cuireann an sraith *I nGrá Dé* Dia in aithne do na páistí mar Dhia grámhar a thugann aire dóibh le grá gan staonadh agus atá i gcónaí i láthair leo. Deir *Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí* linn gur 'is é is Beith do Dhia an Grá' (ChEC, 221) (1 Eoin 4: 8, 16). Deirtear linn i nGníomhartha na nAspal gur i nDia 'a mhairimid agus a ghluaisimid agus atáimid' (Gníomhartha 17:28). Tá ár ndomhan i nDia. Tá Dia i ngach áit. Táimid timpeallaithe ag Dia. An tseachtain seo, cabhraímid leis na páistí a fhios a bheith acu go bhfuil Dia i ngach áit, ag tabhairt grá dóibh i gcónaí, agus i ngach áit. Ní thugaimid aire i gcónaí don réaltacht seo. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach láithreacht agus grá Dé a chur i gcuimhne na bpáistí. Cuirimid cuid de na meabhrúcháin seo in aithne na bpáistí mar chuid den cheacht seo.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Grianghraf ranga don spás urnaí sa seomra ranga
- Salm 139 (thíos), fótachóipeáilte don spás urnaí sa seomra ranga.



# Féachaimis …

## SCÉAL


### 'Tosú Nua Eile'

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoin difríocht atá ann idir tosú i Naíonáin Shóisearacha/ B1 agus ag tosú i Naíonáin Shinsearacha/B2 ag úsáid na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Anuraidh bhí sibh i Naíonáin Shóisearacha/ B1. An cuimhin libh conas a mhothaigh sibh ag teacht ar scoil don chéad uair? An raibh sibh neirbhíseach? Cén fáth? An raibh sibh ar bís? Céard faoi?
- N'fheadar … conas a cheapann sibh a bhraitheann na Naíonáin Shóisearacha/B1 faoi thosú ar scoil an tseachtain seo?
- Conas a mhothaíonn sibh ag teacht ar scoil i mbliana? Cad atá difriúil ón bhliain seo caite? Cad atá mar an gcéanna? An bhfuil sé níos éasca nó níos deacra? Cén fáth?

Ansin léigh an scéal 'Tosú Nua Eile'.

**'Tosú Nua Eile'**



Ba é an chéad lá ag Éimhín ar ais ar scoil. Bhí greim docht aige ar lámh Mhamaí agus iad ag siúl. Tháinig faitíos air le gach coiscéim.

'Ní dóigh liom go bhfuil mé go maith,' arsa Éimhín.

'Ó?' d'fhreagair Mamaí. 'Céard atá ort?'

'Níl a fhios agam … tá rud éigin … cearr liom,' arsa Éimhín. 'Níl mo bholg … i gceart.'

'An bhfuil an cuma ann go bhfuil féileacáin i do bholg agat?' arsa Mamaí.

'Sea!' arsa Éimhín. 'Sin díreach mar atá sé … tá an cuma ann go bhfuil féileacáin istigh ann!'

Lean Mamaí ag siúl. 'Níl sa mhéid sin ach comhartha ann go bhfuil tú neirbhíseach,' arsa Mamaí, go réidh. 'Beidh tú ceart go leor nuair a thiocfaidh tú go dtí an scoil.'

'Níl a fhios agam,' arsa Éimhín, 'measaim go mbeidh orm fanacht sa bhaile inniu.' Stop Mamaí ag siúl agus chrom sí síos.

'Á, a Éimhín!' a d'fhreagair sí, 'is é seo do chéad lá ar ais! Nach dteastaíonn uait bualadh le do chairde arís? Agus bualadh le do mhúinteoir? Agus do sheomra ranga a fheiceáil arís? Agus úsáid a bhaint as do leabhair nua?'

'Ní theastaíonn uaim,' a dúirt Éimhín. 'Nach féidir liom fanacht sa bhaile leatsa agus leis an leanbh?'

Bhí Éimhín ag éirí níos buartha anois. Bhí na féileacáin ina bholg ag éirí níos corraithe agus níos corraithe. D'fhéadfadh gach rud a bheith difriúil ón bhliain seo caite! B'fhéidir nach mbeadh fonn ar aon cheann de na buachaillí agus cailíní eile a bheith ag imirt leis! An



mbeadh sé in ann teacht ar a sheomra ranga? An mbeadh áit ann dá chóta?

Díreach ar an nóiméad sin, bhí smaoineamh ag Mamaí. Chrom sí síos go talamh agus roghnaigh sí cloch bheag chruinn liath. 'Seo duit,' ar sise, 'is duitse í seo!'


'Cloch bheag chruinn?' arsa Éimhín, agus ionadh air. 'Cad chuige í?'

'Is duitse í!' a d'fhreagair Mamaí. 'Cuir i do phóca í agus coinneáil ann í. Agus aon uair i rith an lae nuair a mhothaíonn tú brónach nó uaigneach nó buartha, cuir do lámh isteach i do phóca agus mothaigh an chloch bheag chruinn. Cuirfidh sé i gcuimhne duit go bhfuil grá agam duit, agus go bhfuil mé ag smaoineamh fút chomh maith.'

Ghlac Éimhín an chloch. Cloch bheag chruinn a bhí ann. Mhothaigh sí go deas. Thug sé barróg do Mhamaí.

Chuir Éimhín an chloch bheag ina phóca, ach choinnigh sé a lámh uirthi. Chuimil sé í lena mhéar agus nuair a shroich siad geataí na scoile thug Mamaí póg dó.

Nuair a ghlaoigh an clog, bhraith Éimhín na féileacáin ina bholg arís. Chuimil sé an chloch bheag agus chuimhnigh sé ar a mháthair, agus ar an méid a dúirt sí agus bhraith sé níos fearr.




• • •

Laistigh den seomra ranga, thosaigh Éimhín ag mothú neirbhíseach. Cá mbeadh sé ina shuí i mbliana? Cé a suífeadh in aice leis? Chuir sé a lámh ar an chloch bheag arís agus chuimil sé í. Ansin shiúil sé anonn go dtí an bord - áit a raibh Róise ina suí. 'An féidir liom suí anseo?' a dúirt sé.

'Cinnte! Dia dhuit Éimhín!' arsa Róise.

Bhí spraoi ag Éimhín ar a chéad lá ar ais ar scoil. Chan sé amhráin, d'imir sé cluichí agus bhuail sé lena chairde arís. Aon uair a bhraith sé buartha, chuir sé a lámh ar an chloch bheag chruinn agus tháinig biseach air.

Níorbh fhada go raibh an lá caite, agus go raibh sé in am dul abhaile.



Theastaigh ó Éimhín an nuacht faoina chéad lá i Naíonáin Mhóra a insint do Mhamaí agus don leanbh, Eilís.

Nuair a ghlaoigh an clog, rith Éimhín amach chun bualadh le Mamaí. Thug Mamaí barróg mhór dó. 'Conas a d'éirigh leat?' ar sise.

'Thar barr!' arsa Éimhín, agus bhuail sé a phóca go bog.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cén fáth go raibh imní ar Éimhín?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna.

- An bhféadfá a insint dúinn faoi thréimhse nuair a mhothaigh tú neirbhíseach cosúil le hÉimhín? Ar mhothaigh tú mar a bheadh féileacáin i do bholg?
- Cé a chuidíonn leat mothú níos fearr nuair a bhíonn tú brónach, neirbhíseach nó neamhchinnte? Inis dúinn faoin duine sin.
- An gceapann tú gur smaoineamh maith a bhí ann nuair a thug Mam an chloch bheag do Éimhín? Cén fáth? An bhfuil aon rud ann a chuireann na daoine a bhfuil grá dóibh i gcuimhne duit? B'fhéidir gur grianghraf nó bronntanas a thug siad duit atá i gceist.

## PAIDIR

**M:** Beannaímid muid féin trí *Chomhartha na Croise* a ghearradh orainn féin.
**Gach duine:** In ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh. Áiméan.

**M:** Ar ár gcéad seachtain ar ais ar scoil, gabhaimid buíochas le Dia as na daoine go léir a léirigh grá dúinn i rith an tsamhraidh. Guímis le chéile, 'Go mbeannaí Dia iad'.
**P:** Go mbeannaí Dia iad.

**M:** Smaoinímid ar mháthaireacha agus ar athaireacha, agus ar na daoine a thugann aire dúinn. Go mbeannaí Dia iad.
**P:** Go mbeannaí Dia iad.

**M:** Smaoinímid ar sheanmháthaireacha agus ar sheanathaireacha. Go mbeannaí Dia iad.
**P:** Go mbeannaí Dia iad.

**M:** Smaoinímid ar aintíní, uncailí agus col ceathracha. Go mbeannaí Dia iad.
**P:** Go mbeannaí Dia iad.

**M:** Smaoinímid ar chomharsana agus ar chairde. Go mbeannaí Dia iad.
**P:** Go mbeannaí Dia iad.

**M:** Smaoinímid ar dheartháireacha agus deirfiúracha. Go mbeannaí Dia iad.
**P:** Go mbeannaí Dia iad.

**M:** Smaoinímid ar fheighlithe leanaí. Go mbeannaí Dia iad.
**P:** Go mbeannaí Dia iad.

**M:** An bhfuil éinne eile ann ar mhaith leat smaoineamh orthu inniu?

*Lig do na páistí a gcuid paidreacha a ofráil. Nuair a ainmníonn páiste éinne, tabhair cuireadh do na páistí go léir a rá: 'Go mbeannaí Dia iad'.*

**M:** A Dhia ghrámhair,
Go raibh maith agat as na daoine go léir a thug aire dúinn i rith an tsamhraidh.
Cuidigh linn grá a thabhairt duit agus do ghrá a roinnt le daoine eile i mbliana.
Áiméan

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Tá Dia i ngach áit'

Tosaigh tríd an scéal 'Tosú Nua Eile' a thabhairt chun chuimhne. Ansin déan comhrá faoi na bealaí inar thaispeáin an chloch bheag do Éimhín go raibh grá ag Mam dó agus go raibh sí ag smaoineamh air, cé nach raibh sí in éineacht leis. Inis do na páistí go bhfuil duine éigin eile ann a bhfuil grá aige dúinn, a thugann aire dúinn agus a smaoiníonn orainn an t-am ar fad. Féach an féidir leo buille faoi thuairim a thabhairt faoi cé atá i gceist.

Taispeáin an Bíobla do na páistí agus fiafraigh díobh an méid atá ar eolas acu faoi. Féach cé mhéad scéalta ón mBíobla is féidir leo a ainmniú.

Inis dóibh go gcloisfidh siad níos mó scéalta ón mBíobla i mbliana. Ansin inis do na páistí go bhfuil go leor dánta sa Bhíobla freisin. Scríobh Dáiví go leor díobh seo, agus bhí grá mór aige do Dhia.



Scríobh Dáiví na dánta seo ionas go mbeadh a fhios ag gach duine go bhfuil Dia i gcónaí linn. Sailm a thugtar ar na dánta seo. Ansin léigh an salm, 'Tá Dia i ngach áit', thíos.

**'Tá Dia i ngach Áit'**
(*Curtha in oiriúint ó Salm 139*)

A Dhia, is eol duit gach rud fúm, gach rud a dhéanaim,
gach céim a ghlacaim, gach plean a dhéanaim, gach focal a labhraím.
Níl aon bhealach ann chun éalú uait, aon áit chun dul i bhfolach uait.
Nuair atá áthas orm tá tú liom,
nuair atá brón orm tá tú liom,
Dá mbeinn in ann eitilt, fiú go dtí an taobh eile den domhan, bheifeá ann chun cabhrú liom.
Dá mbeinn amuigh i ndorchadas na hoíche bheifeá ann chun cabhrú liom.
Bhí tú ann nuair a bhí mé i mo leanbh agus chabhraigh tú liom fás.
Tá tú i ngach áit sa saol seo.
Coinnigh gar dom.
Coinnigh mé slán ón gcontúirt agus cabhraigh liom tú a ghráú agus do ghrá a roinnt le daoine eile.

Tar éis duit an salm a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le 'Cé leis a bhfuil Dáiví ag caint sa salm?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Deir Dáiví go bhfuil gach rud ar eolas ag Dia faoi … an bhfuil gach rud ar eolas ag Dia faoi gach duine ar domhan? An bhfuil chuile rud a bhaineann leatsa ar eolas ag Dia? Cad a insíonn sé sin duit faoi Dhia?
- Deir Dáiví freisin go bhfuil Dia leis i ngach áit … an gceapann tú go bhféadfaimis dul i bhfolach ó Dhia? Bainimis triail as.

Roghnaigh triúr páiste le dul i bhfolach in áiteanna éagsúla den seomra ranga. Fiafraigh de na páistí eile an féidir le Dia gach duine de na páistí atá i bhfolach a fheiceáil. Mínigh do na páistí is cuma cá dtéimid, gur féidir le Dia sinn a fheiceáil i gcónaí. Is féidir le Dia muid a chloisteáil i gcónaí, agus tá Dia linn i gcónaí. Feiceann Dia sinn nuair atáimid lenár dteaghlaigh sa bhaile. Éisteann Dia sinn nuair a deirimid 'le do thoil' agus 'go raibh maith agat', agus tá a fhios ag Dia nuair atáimid ag smaoineamh air. Deir Dáiví go bhféadfadh sé eitilt go dtí an taobh eile den domhan agus bheadh Dia fós ann chun cabhrú leis!

## DÁN

### 'Tá Dia liom'

Cuir i gcuimhne na bpáistí gur scríobh Dáiví go leor dánta faoi Dhia. Is féidir linne dánta faoi Dhia a chumadh freisin. Cuir an dán seo in aithne na bpáistí. Is féidir leo cantaireacht a dhéanamh ar an líne 'Tá Dia liom' (*ag stopadh go gairid idir gach focal)* iad féin, agus is féidir leatsa na línte eile a léamh.



**Tá Dia liom**

Tá Dia liom
agus mé i mo shuí faoi chrann.

Tá Dia liom
agus mé ag foghlaim dáin.

Tá Dia liom
agus mé ag siúl abhaile.

Tá Dia liom
agus mé ag dreapadh balla.

Tá Dia liom
agus mé amuigh ag spraoi.

Tá Dia liom
ó mhaidin go hoíche.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 2: An tseachtain seo chuala na páistí gur scríobh Dáiví go leor sailm ag moladh Dé. Ar an leathanach seo dathaíonn siad pictiúr de Dháiví agus scríobhann siad na focail 'Tá tú liom'.

### Sa Bhaile

Lch. 3: Tugtar cuireadh do theaghlaigh an dán, 'Tá Dia liom' a léamh lena gcuid páistí, agus *Comhartha na Croise* a ghearradh ar a chéile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá Dia linn, i gcónaí agus i ngach áit. Tá aithne ag Dia orainn agus tá grá ag Dia dúinn. Bhí sé seo ar eolas ag Dáiví, Rí. Scríobh sé go leor dánta, a dtugtar sailm orthu, chun cabhrú le daoine eile é seo a thuiscint.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Spás Urnaí sa Seomra Ranga

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi Éimhín ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad a chuidigh le hÉimhín cuimhneamh go raibh grá ag a mháthair dó i gcónaí nuair a bhí sé sa seomra ranga?
- Cé eile, dar leat, a bhí le hÉimhín ar a chéad lá ar ais ar scoil? N'fheadar ... an raibh Dia le hÉimhín freisin?
- An bhfuil bealach ann go bhféadfaimis cuimhneamh go bhfuil Dia linn inár seomra ranga i gcónaí? Cad a d'fhéadfaimis a bheith inár seomra ranga againn a chuirfeadh i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn?

Ansin cuir na páistí in aithne don chleachtadh spás urnaí a bheith sa seomra ranga. Ba chóir go mbeadh taithí acu ar seo ó chlár na bliana seo caite. Tabhair cuireadh do na páistí míreanna a mholadh le cur isteach sa spás urnaí a chuirfeadh Dia i gcuimhne dóibh. Glac le gach freagra cuí. Ansin taispeáin na hearraí dóibh a roghnaigh tú chun tús a chur le spás urnaí na bliana.

Téigh tríd gach rud luaite thíos, agus tabhair cuireadh do na páistí gach a bhfuil ar eolas acu fúthu a insint duit ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- **Éadach glas:** Cén dath atá ar an éadach seo? Cad a chuireann an dath sin i gcuimhne duit? (*féar, duilleoga, srl.*)
- **Bíobla:** Cén fáth go mbeadh an Bíobla sa spás urnaí?
- **Coinneal:** Cathain a lasaimid í seo? Cad a chuireann sí i gcuimhne dúinn?
- **Cros/cros chéasta:** An bhfuil a fhios ag éinne cad é seo? Cad atá ar eolas agaibh faoi Íosa?
- **Uisce coisricthe:** An bhfuil a fhios ag éinne cad é seo? Cén chaoi a bhfuil sé seo difriúil ó ghnáthuisce? Cén fáth go mbeannaímid rudaí le huisce coisricthe?
- **Salm 139** (Ar fáil thíos)**:** An cuimhin le duine ar bith cad as a dtagann an salm seo? Cén fáth, dar libh, gur cóir go mbeadh sé seo inár spás urnaí?
- **Grianghraf ranga:** Cén fáth go gcuirfimis é seo inár spás urnaí?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Éistimis arís leis an salm a d'fhoghlaimíomar an tseachtain seo.

A Dhia, is eol duit gach rud fúm, gach rud a dhéanaim,
gach céim a ghlacaim, gach plean a dhéanaim,
gach focal a labhraím.
Níl aon bhealach ann chun éalú uait, aon áit chun dul i bhfolach uait.
Nuair atá áthas orm tá tú liom,
nuair atá brón orm tá tú liom,
Dá mbeinn in ann eitilt, fiú go dtí an taobh eile den domhan, bheifeá ann chun cabhrú liom.
Dá mbeinn amuigh i ndorchadas na hoíche bheifeá ann chun cabhrú liom.
Bhí tú ann nuair a bhí mé i mo leanbh agus chabhraigh tú liom fás.
Tá tú i ngach áit sa saol seo.
Coinnigh gar dom.
Coinnigh mé slán ón gcontúirt agus cabhraigh liom tú a gráú agus do ghrá a roinnt le daoine eile.

Inniu táimid chun spás urnaí a dhéanamh inár seomra ranga. Cuideoidh an spás urnaí seo linn cuimhneamh go bhfuil Dia linn. Fiú munar féidir linn Dia a fheiceáil, tá Dia anseo.

*Glaoigh ar na páistí atá ag ullmhú an spáis urnaí teacht in airde, agus na míreanna éagsúla a chur ann.*

**M:** A Dhia ghrámhair,
Go gcuirfidh an spás urnaí seo tusa i gcuimhne dúinn, agus an grá atá agat dúinn.
Cuidigh linn an grá sin a roinnt leis na daoine go léir inár rang.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Chruthaigh Dia an domhan

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Domhnach Cásca 2013, dúirt an Pápa Proinsias, 'Lig dúinn a bheith ... mar bhealaí trínar féidir le Dia uisce a chur ar an talamh, an Cruthú go léir a chosaint agus ligean don cheartas agus don tsíocháin borradh agus fás.' Tabhair faoi deara an bhéim atá aige orainn mar 'bealaí' trína n-oibríonn Dia. Tagann cúram Dé don Chruthú trínn. Tá freagracht ag an duine daonna, atá cruthaithe in íomhá agus i gcosúlacht Dé féin, a bheith ina mhaoir ar Chruthú Dé (ChEC, 373). Tá orainn comhoibriú le spiorad Dé, ag maireachtáil ar bhealaí a chuireann chun cinn inbhuanaitheacht agus meas don domhan timpeall orainn. Tugann Dia aire don Chruthú trínn - níl aon bhealach eile ann.

An tseachtain seo tarraingímid aird na bpáistí ar ionadh agus áilleacht an domhain ina mhaireann siad, ag súil buíochas agus iontas a mhúscailt iontu. Trí scéal an chruthaithe a insint dóibh arís, atá cloiste acu cheana i Naíonáin Shóisearacha/B1, tá muinín againn go bhfásfaidh na páistí i bhfreagracht chun aire a thabhairt don Chruthú.

# Féachaimis ...

## DÁN

### 'Go raibh maith agat, a Dhia, as an Samhradh'

Cuir an dán thíos in aithne na bpáistí. Is féidir leo gach líne a athrá i do dhiaidh. Úsáid na gníomhartha más maith leat. Tá seans ann gur bhuail na páistí leis an dán seo anuraidh.



**Go raibh maith agat, a Dhia, as an Samhradh**

Go raibh maith agat, a Dhia, as an Samhradh *(Lámha le chéile, ag guí)*
Agus an ghrian ag taitneamh gach lá *(Géaga i dtreo na spéire)*
Agus na laethanta ag éirí níos faide *(Géaga íslithe go mall)*
Agus sinn ag spraoi ar an trá *(Léim)*

Go raibh maith agat, a Dhia, as an Samhradh *(Lámha le chéile, ag guí)*
As an muir, an gaineamh, an ghrian *(Déan tonnta leis na lámha/géaga)*
As na picnicí le cairde *(Samhlaigh bheith ag ithe)*
Agus, go háirithe, asam féin! *(Dírigh an dá lámh chugat féin)*

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Is tréimhse iontach é an samhradh le bheith amuigh faoin spéir. Is féidir linn teas na gréine a mhothú ar ár gcraiceann, is féidir linn bláthanna áille a fheiceáil ag fás, agus bíonn sé geal go dtí go mbíonn sé déanach sa tráthnóna. Gabhaimid buíochas le Dia inniu as an spraoi a bhíonn againn amuigh faoin aer sa samhradh.

**M:** As an fharraige gur féidir linn snámh inti, guímis 'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** As na cnoic gur féidir linn iad a dhreapadh, guímis 'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** As na gairdíní gur féidir linn spraoi iontu, guímis 'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** As na páirceanna gur féidir linn spraoi iontu, guímis 'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** As na hainmhithe a thugaimid cúram dóibh, guímis 'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** Deirimid ár ndán faoin samhradh le chéile. (Abair an dán atá ar fáil thuas)

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Scéal an Chruthaithe' – Cuid I

Tosaigh trí a iarraidh ar na páistí a bheith an-chiúin, a lámha a chur thar a súile agus a súile a dhúnadh go docht. Bíodh ciúnas ann ar feadh nóiméid. Ansin iarr ar na páistí a súile a oscailt agus a rá leat cad a bhí le feiceáil acu (dada, duibhe, dorchadas ...).

Mínigh gur seo mar a bhí cúrsaí sular chruthaigh Dia an domhan agus gach rud ann. Ní raibh aon rud ann: gan solas, gan daoine, gan fuaimeanna, gan rud ar bith. Fiafraigh de na páistí cá bhfuil an scéal faoi chruthú an domhain le fáil. Cuir an Bíobla i gcuimhne dóibh - an leabhar naofa ina léimid scéalta faoi Dhia agus faoi ghrá Dé do na daoine go léir ar domhan. Ansin léigh 'Scéal an Chruthaithe' - Cuid I.

**'Scéal an Chruthaithe' – Cuid I**

*Adapted from Genesis 1:1-23*



I dtús báire, ní raibh rud ar bith ann. Ní raibh aon spéir ann, aon ghrian, aon ghealach agus réalta ar bith ann. Ní raibh ann ach uisce ag gluaiseacht timpeall i spás dorcha folamh. Níor theastaigh ó Dhia go mbeadh rudaí mar seo.

Mar sin, scar Dia an solas ón dorchadas. 'Bíodh solas ann!' Ar seisean. Agus bhí an solas ann. Thug Dia 'lá' ar an solas agus 'oíche' ar an dorchadas.

Ansin dúirt Dia, 'scarfaidh mé na huiscí'. Mar sin, chruthaigh Dia an spéir ghorm. Scar an spéir an t-uisce sna scamaill bhána thuas ón uisce ar an talamh thíos.

Ina dhiaidh sin dúirt Dia, 'Bíodh talamh tirim ann'. Agus tharla sé. Bhí talamh tirim glas le feiceáil ag teacht ó bhun na farraige. Thug Dia 'talamh' ar an talamh tirim agus 'muir' ar na huiscí a bailíodh le chéile.

Ansin dúirt Dia, 'Lig do gach cineál planda a bheith ag fás ar an dtalamh.' Agus tharla sé. Chruthaigh Dia torthaí buí agus torthaí glasa. Bhí glasraí ann a d'fhás sa talamh agus torthaí ann a d'fhás ar chrainn. Bhí plandaí ann le duilleoga glasa agus plandaí eile ann le duilleoga dearga. Bhí caora ag roinnt plandaí agus ní raibh caora ag roinnt eile. Bhí gach cineál planda ann go bhféadfá a shamhlú!

Ina dhiaidh sin dúirt Dia, 'Bíodh na huiscí lán le gach cineál créatúr. Agus bíodh éin álainn ag eitilt san aer os cionn an domhain.'

Mar sin, chruthaigh Dia créatúir iontacha chun cónaí san uisce. Bhí cinn mhóra agus cinn bheaga ann, cinn tanaí agus cinn raimhre ann. Bhí go leor cosa ag roinnt créatúir farraige agus roinnt eile nach raibh aon chosa ar chor ar bith acu. Bhí sliogáin chrua ag cuid acu agus cuid eile a raibh craiceann mín acu.

Chruthaigh Dia gach cineál éan freisin chun eitilt trasna na spéire. Bhí gach dath gur féidir leat a shamhlú ar na héin.

Bhí áthas ar Dhia faoin méid a bhí cruthaithe aige. Bhí sé go maith.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cén fáth ar chuir Dia an ghrian agus an ghealach sa spéir?' Ansin tochail níos doimhne agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... cén fáth ar theastaigh ó Dhia an domhan a chruthú ar chor ar bith? Cén fáth nár fhág Dia cúrsaí mar a bhí siad, gan solas, gan ainmhithe agus gan plandaí?
- As na rudaí go léir sa scéal seo a chruthaigh Dia, cé acu is fearr leat? Cén fáth?
- N'fheadar ... an bhfuil aon duine eile ann a d'fhéadfadh na rudaí go léir a chruthaigh Dia a dhéanamh? Cad a insíonn sé sin dúinn faoi Dhia?

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Scéal an Chruthaithe' – Cuid II

Tosaigh trí a iarraidh ar na páistí cuimhneamh ar an méid a chuala siad go dtí seo faoi scéal an Chruthaithe. Cuidigh leo ainm a thabhairt ar chuid de na rudaí a chruthaigh Dia. Ansin iarr ar na páistí buille faoi thuairim a thabhairt ar cad a chruthaigh Dia ina dhiaidh sin: chruthaigh Dia daoine. Léigh 'Scéal an Chruthaithe' - Cuid II.

**'Scéal an Chruthaithe' – Cuid II**



(*Curtha in oiriúint ó Gheineasas 1:27-28*)

Bhí a fhios ag Dia go raibh na rudaí go léir a chruthaigh sé go maith. Ach bhí a fhios ag Dia freisin, go raibh rud éigin eile ag teastáil ón domhan; rud éigin speisialta. Bhí rud éigin an-mhaith ag teastáil ón domhan.

Mar sin, chruthaigh Dia daoine. Dúirt Dia leis na daoine aire a thabhairt do na héin agus do na hainmhithe, agus dúirt Dia leo chomh maith, aire a thabhairt dá chéile. Chruthaigh Dia daoine ar a dheilbh féin: bheidís maith, fial agus grámhar. Bheidís in ann smaoineamh agus in ann rudaí a chruthú, agus bheidís in ann grá a thabhairt dá chéile. Mar sin, chruthaigh Dia daoine a d'fhéadfadh gach ceann de na rudaí seo a dhéanamh. Ní fhéadfadh le haon ní eile a chruthaigh Dia, na rudaí seo go léir a dhéanamh agus a d'fhéadfadh le daoine a dhéanamh.

Nuair a chonaic Dia an méid seo go léir, bhí a fhios aige nach amháin go raibh sé go maith. Bhí daoine speisialta. Bhí siad an-mhaith.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cé chaoi a bhí ar na daoine?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... cén fáth ar cheap Dia go raibh daoine an-mhaith? Cad iad na cineálacha rudaí is féidir le daoine a dhéanamh nach féidir le haon chréatúr eile a dhéanamh?
- Chruthaigh Dia daoine le bheith maith agus flaithiúil agus grámhar. Conas a thaispeánann tú go bhfuil na tréithe seo agat?
- Chruthaigh Dia gach duine ar bhealach difriúil. Táimid go léir ag breathnú difriúil agus táimid go léir difriúil ... cén chaoi a bhfuil tú difriúil ón duine atá ina s(h)uí in aice leat?



## DÁN

### 'Mo Chorp'

Tosaigh tríd an dara cuid de 'Scéal an Chruthaithe '- Chruthaigh Dia daoine, a thabhairt chun chuimhne. Inis do na páistí gur bronntanas ó Dhia atá inár gcoirp. Is féidir linn go leor rudaí iontacha a dhéanamh lenár gcoirp. Ansin léigh an dán 'Mo Chorp' do na páistí. Is féidir leo gach líne a athrá i do dhiaidh. Bain úsáid as gníomhartha de réir mar is cuí.

**Mo Chorp**
Seo atá agam ...

Dhá shúil bheaga le breathnú thart.
Dhá chluas bheaga le héisteacht i gceart.

Srón beag amháin chun milseacht a bholadh.
Béal beag amháin a chuidíonn liom ithe.

Dhá láimh bheaga le teagmháil a mhothú,
Leis na rudaí go léir atá ar fáil sa chruthú!

Go raibh maith agat, a Dhia, as mise a chruthú.
Canaimis le chéile, go hard, 'Aililiú!'



Tar éis duit an dán a léamh, déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- 'Dhá shúil bheaga le breathnú thart': féach timpeall inár seomra ranga. Cad é an rud is fearr leat breathnú air?
- 'Dhá chluas bheaga le héisteacht i gceart': beimid go léir ciúin ar feadh nóiméid. Cad iad na fuaimeanna a chloiseann tú?
- 'Srón beag amháin chun milseacht a bholadh': cad é an boladh is deise gur féidir leat smaoineamh air? Cad iad na bolaithe nach bhfuil go deas?
- 'Béal beag amháin a chuidíonn liom ithe': dá mbeadh do rogha rud agat don dinnéar inniu, cad a bheadh ann?
- 'Dhá láimh bheaga le teagmháil a mhothú': an bhfeiceann tú aon rud inár seomra ranga atá bog le teagmháil? An bhfeiceann tú aon rud nach cóir duit a theagmháil?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 4: An tseachtain seo labhair na páistí faoi na rudaí difriúla go léir a chruthaigh Dia. Ar an leathanach seo críochnaíonn siad pictiúir siméadracha de chuid de na rudaí sin.

### Sa Bhaile

Lch. 5: Le cabhair óna dteaghlaigh, iarrtar ar na páistí ainm rud amháin a scríobh gur féidir leo a fheiceáil, a chloisteáil, a bholadh, a bhlaiseadh agus a mhothú.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Ar dtús, ní raibh aon rud ann: gan ainmhithe, gan phlandaí agus gan daoine. Níor theastaigh ó Dhia go mbeadh rudaí amhlaidh, mar sin chruthaigh Dia an domhan agus gach atá ann. Chruthaigh Dia daoine le go mbeidís maith agus flaithiúil agus grámhar, díreach cosúil leis féin.

## PAIDIR

Mínigh do na páistí gur féidir leo buíochas a ghabháil le Dia as an domhan, ach is féidir leo a rá le Dia freisin cé chomh iontach agus a cheapann siad atá an domhan. Tá roinnt focal speisialta ann chun é seo a rá le Dia: 'glóir duit.' Tá sé seo cosúil le 'm'anam!' a rá le Dia.

Tá a fhios ag na páistí cheana féin gur féidir leo guí a dhéanamh chuig Dia mar 'Athair, Mac agus Spiorad Naomh'. Anois is féidir leo 'Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh' a rá. Déan é seo a chleachtadh leis na páistí mar ullmhúchán don phaidir thíos. Leanfar ar aghaidh leis an phaidir seo de réir mar a théann an téama ar aghaidh.

*Comhartha na Croise*

**M:** Tá cónaí orainn i ndomhan iontach atá lán de héisc, plandaí, ainmhithe agus daoine difriúla. Chruthaigh Dia gach ceann de na rudaí seo. Le chéile, tugaimis glóir do Dhia ag guí, 'Glóir don Athair, agus don Mhac agus don Spiorad Naomh'.
**P:** Glóir don Athair, agus don Mhac agus don Spiorad Naomh.

**M:** Maidir leis an domhan iontach, tugaimis glóir do Dhia.
**P:** Glóir don Athair, agus don Mhac agus don Spiorad Naomh.

**M:** Maidir leis an ghrian agus an ghealach, na réaltaí agus an spéir, tugaimis glóir do Dhia.
**P:** Glóir don Athair, agus don Mhac agus don Spiorad Naomh.

**M:** Maidir leis an talamh agus an fharraige, tugaimis glóir do Dhia.
**P:** Glóir don Athair, agus don Mhac agus don Spiorad Naomh.

**M:** Maidir leis na héisc agus na hainmhithe, tugaimis glóir do Dhia.
**P:** Glóir don Athair, agus don Mhac agus don Spiorad Naomh.

**M:** Maidir leis na daoine go léir ar domhan, tugaimis glóir do Dhia.
**P:** Glóir don Athair, agus don Mhac agus don Spiorad Naomh.

**M:** A Dhia ghrámhair,
Go raibh maith agat as bronntanas an domhain.
Cuidigh linn aire a thabhairt dó. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Go raibh maith agat, a Dhia, as an domhan

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Bhí na hIosraeilítigh an-eolach ar láithreacht agus ar ghníomhaíocht Dé ina saol. Chonaic siad iad féin mar phobal tofa Dé, agus chreid siad go raibh Dia leo i gcoinne a naimhde. Chreid siad gur chruthaigh Dia an domhan mar bhronntanas dóibh. Chuir siad é seo in iúl ar go leor bealaí. Sampla amháin de seo is ea na sailm sa tSean-Tiomna. Tá aon chéad caoga salm ann agus is bailiúchán amhrán, dánta agus paidreacha atá iontu. Na hIosraeilítigh a scríobh na sailm agus a ghuigh iad ar dtús agus ansin ghuigh na Críostaithe iad. Úsáidtear na sailm go forleathan inniu ag Giúdaigh agus ag Críostaithe araon. Tugann na sailm guth don eagna agus don mhearbhall, don áthas agus don bhrón, don mhuinín agus don eagla, don fhearg agus don fhrustrachas in eispéireas an duine, i gcoinne cúlra de chreideamh domhain daoine i nDia. Úsáidtear iad go pearsanta agus in éineacht le daoine eile. Mar shampla, tar éis an chéad léacht ag an Aifreann, bainimid úsáid as ceann de na sailm i gcónaí. Insíonn *Caiticiosma na hEaglaise Caitlicí* dúinn gur 'sárshaothar na hurnaí sa Sean-Tiomna is ea na Sailm' (ChEC, 2596).

An tseachtain seo ba mhaith linn aird na bpáistí a chasadh ar ionadh an domhain mórthimpeall orthu agus buíochas a mhúscailt iontu. Trí Salm 104 cuirimid bealach amháin ar fáil dóibh le buíochas a gabháil le Dia.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Luaschártaí déanta as an dteimpléad (thíos).

# Féachaimis …

## GNÍOMHAÍOCHT

### Cluiche buille faoi thuairim

Roghnaigh páiste amháin agus iarr air/uirthi luaschárta a roghnú. Mínigh gur féidir leis an bpáiste seo pictiúr a fheiceáil de cheann de na rudaí a chruthaigh Dia. Caithfidh na páistí eile buille faoi thuairim a thabhairt maidir le cad atá ann. Tabhair leid don rang agus ansin cúpla seans (b'fhéidir deich) chun buille faoi thuairim a thabhairt maidir le cad atá sa phictiúr.



## PAIDIR

### Glóir don Athair

*Comhartha na Croise*

**M:** An tseachtain seo, leanfaimid leis an phaidir 'Glóir don Athair', áit a deirimid 'glóir!' le Dia as na rudaí iontacha go léir atá cruthaithe aige.

**Gach duine:** Glóir don Athair agus don Mhac agus don Spiorad Naomh (*lámha le chéile ag guí*)
Mar a bhí ó thús (*Cas agus sín an lámh chlé ar chlé*)
Mar atá anois (*Sín na lámha i dtreo an urláir*)
Mar a bheas go brách (*Cas agus sín an lámh dheas ar dheis*)
Le saol na saol. (*Ardaigh an dá lámh agus déan ciorcal leis na lámha*)
Áiméan. (*Lámha le chéile ag guí*)

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Bhí grá ag Dáiví don chruthú'

Tosaigh tríd an mBíobla a thaispeáint do na páistí arís. Ansin féach cé atá in ann an t-ainm a thugaimid do na dánta a thagann ón mBíobla a ainmniú. Léigh Salm 139 (thíos). Inis do na páistí go bhfuil níos mó ná salm amháin ann sa Bhíobla.

Go deimhin, tá níos mó ná céad salm sa Bhíobla! Cuir an duine in aithne lena mbaineann formhór na sailm agus an scéal 'Bhí grá ag Dáiví don chruthú' á léamh agat.


**'Bhí grá ag Dáiví don chruthú'**



Bhí gasúr ann fadó darbh ainm Dáiví. Bhí sé ina chónaí lena thuismitheoirí agus a seacht deartháireacha. Ba é Dáiví an mac ba óige, agus aoire a bhí ann. Chaith sé go leor ama amuigh ar an gcnoc ag tabhairt aire do chaoirigh. Bhí sé ann go luath ar maidin agus chonaic sé an ghrian ag éirí. Bhí sé ann go déanach san oíche agus chonaic sé an ghrian ag dul faoi. I rith an tréimhse seo ar fad ba iad a chaoirigh na cairde a bhí aige.



Thaitin le Dáiví a bheith ag tabhairt aire do na caoirigh. Bhí sé an-tábhachtach dó go raibh a chuid caoirigh sábháilte. Chosain sé iad ó na madraí allta agus ó na dealga a d'fhás ar an gcnoc. Bhí aithne aige ar a chuid caoirigh go léir, agus d'aithin na caoirigh a ghuth nuair a ghlaoigh sé orthu. Chaith Dáiví go leor ama lasmuigh ag tabhairt aire dá chaoirigh. Thaitin sé leis a bheith lasmuigh faoin aer, agus mhéadaigh a ghrá don domhan ar fad a chruthaigh Dia.



Thaitin le Dáiví a bheith ag faire ar na héin sa spéir. D'fhéadfadh sé iad a fheiceáil ag bailiú craobhóga agus píosaí de dhuilleoga chun a neadacha a dhéanamh. 'Nach iontach é Dia,' a cheap Dáiví, 'a thugann brainsí móra do na crainn, ionas gur féidir leis na héin cónaí iontu.'

Bhí Dáiví buíoch freisin go raibh uisce úr ann chun a chuid caoirigh a ól. 'Nach iontach é Dia,' ar sé, 'a chuireann sruthanna uisce ar fud na tíre.'

Bhí go leor cnoic arda sa tír ina raibh cónaí ar Dháiví. D'fhéadfadh sé a fheiceáil go raibh na cnoic seo úsáideach freisin. D'fhéadfadh le gabhair agus le hainmhithe fiáine eile dídean a fháil faoi charraig, ón ngaoth agus ón mbáisteach. 'Nach iontach é Dia!' a cheap Dáiví. 'Smaoinigh sé ar gach rud!' Bhí a fhios ag Dáiví go raibh cúram ag Dia do gach rud a chruthaigh sé. Ghuigh Dáiví gach lá, ag gabháil buíochais le Dia as na rudaí iontacha ar fad ar fud an domhain.



Nuair a bhí Dáiví fós ina fhear óg, bhí sé roghnaithe ag Dia chun a bheith ina rí ar Iosrael, an tír ina raibh cónaí air. Ach ní dhearna Dáiví dearmad riamh ar na laethanta a chaith sé ar an gcnoc ag tabhairt aire do na caoirigh. Agus ní dhearna sé dearmad riamh ar an méad grá a bhí aige don domhan a chruthaigh Dia. Scríobh Dáiví go leor sailm chun buíochas a ghabháil le Dia as na rudaí iontacha a chruthaigh sé ar fud an domhain.

Tar éis duit an scéal a léamh, taispeáin póstaer Dháiví do na páistí (Póstaer 1). Ansin seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le: 'Cén fáth, dar leat, ar thaitin le Dáiví a bheith amuigh faoin aer?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... an raibh Dáiví ina aoire maith? Cén fáth, dar leat? An bhfuil aithne agat ar aon duine a thugann aire do chaoirigh, díreach mar a rinne Dáiví?
- An bhféadfá a insint dúinn faoi thréimhse nuair a chonaic tú rud éigin a chruthaigh Dia agus shíl tú, 'Dia ár sábháil! Tá sé sin go hiontach!'? An cuimhin leat na focail speisialta a úsáidimid chun 'Dia ár sábháil!' a rá le Dia?
- Cén fáth, dar leat, a roghnaigh Dia Dáiví chun bheith ina Rí ar Iosrael? Cén cineál duine ba ea Dáiví, dar leat?



## SALM

### 'A Thiarna, is rómhór tú go dearfa!'

**'A Thiarna, is rómhór tú go dearfa!'**
Tabhair isteach Salm 104 mar salm eile a scríobh Dáiví. Tabhair cuireadh do na páistí an freagra a athrá i do dhiaidh: 'A Thiarna, is rómhór tú go dearfa!' Úsáid gníomhartha nuair atá siad oiriúnach.

**A Thiarna, is rómhór tú go dearfa!**
(Curtha in oiriúint ó Salm 104)

**M:** A Dhia, tá grá agam duit le mo chroí go léir.
**P:** A Thiarna, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Chruthaigh tú an domhan agus gach rud ann.
**P:** A Thiarna, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Tugann tú uisce do na hainmhithe le hól.
**P:** A Thiarna, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Tugann tú neadacha do na héin chun cónaí iontu.
**P:** A Thiarna, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Seolann tú do bháisteach chun uisce a thabhairt don talamh.
**P:** A Thiarna, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Tugann tú foscadh d'ainmhithe agus coimeádann tú sábháilte iad.
**P:** A Thiarna, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Chruthaigh tú an ghealach, na réaltaí agus an ghrian.
**P:** A Thiarna, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Tá an fharraige lán d'ainmhithe a chruthaigh tú.
**P:** A Thiarna, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Tugann tú bia dúinn ón talamh le n-ithe.
**P:** A Thiarna, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Tabharfaidh mé glóir duit i gcónaí.
**P:** A Thiarna, is rómhór tú go dearfa!

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 6: An tseachtain seo labhair na páistí faoi cé chomh iontach is atá an domhan. Ar an leathanach seo tarraingíonn siad an cuid is fearr leo de Chruthú Dé.

### Sa Bhaile

Lch. 7: Le cabhair óna dteaghlaigh, iarrtar ar na páistí chun leagan níos giorra den scéal, 'Bhí grá ag Dáiví don chruthú' a léamh.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Fadó, fadó, bhí fear ann darbh ainm Dáiví. Ba bhreá le Dáiví a bheith amuigh faoin aer, agus thug sé glóir do Dhia as na rudaí iontacha go léir a chruthaigh sé. Scríobh Dáiví sailm ag tabhairt moladh do Dhia. Is féidir linn na sailm seo a léamh ón mBíobla.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Úsáid a bhaint as an 'nGuth Inmheánach' chun Urnaí

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoina gcuid guthanna: cén úsáid a bhaineann siad as a gcuid guthanna (*ag canadh, ag caint, ag béicíl, ag guí* …)? Ansin mínigh dóibh go bhfuil cineálacha éagsúla guthanna againn go léir gur féidir linn a úsáid, agus go bhfuilimid chun cleachtadh a dhéanamh ar na guthanna seo go léir inniu.

1. Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoina nguthanna 'amuigh' - an guth a d'úsáidfidís lasmuigh chun ainm charad a ghlaoch. Cén cineál guth é sin? Cén fáth go bhfuil sé amhlaidh? Roghnaigh páiste amháin le seasamh i gcúinne den seomra ranga agus páiste eile le seasamh sa chúinne os comhair sin. Tabhair cuireadh do na páistí glaoch ar a chéile ag úsáid a gcuid guthanna 'amuigh'.
2. Ansin, tabhair cuireadh do na páistí a gcuid guthanna 'faoi dhíon' a úsáid - an ceann a úsáideann siad sa seomra ranga – chun labhairt leis an duine in aice leo. An bhfuil sé seo chomh hard leis an nguth 'amuigh'? Cén fáth nach bhfuil? Iarr ar na páistí heileo a rá leis na daltaí atá ina suí in aice leo ag úsáid a nguthanna 'faoi dhíon'. Inis dóibh gur úsáid Dáiví a ghuth 'faoi dhíon' chun guí a dhéanamh le Dia.
3. Ansin, fiafraigh de na páistí cén guth a bheadh in úsáid acu má bhí siad ag iarraidh rún a insint don duine in aice leo, nó rud nár theastaigh uathu go gcloisfeadh éinne eile. Cad atá difriúil faoin nguth seo? Tabhair cuireadh do na páistí na hainmneacha de na daoine ina dteaghlach a rá i gcogar leis an bpáiste atá in aice leo. Inis dóibh gur úsáid Dáiví an guth seo chun labhairt le Dia freisin.
4. Ar deireadh, iarr ar na páistí buille faoi thuairim a thabhairt faoi cén cineál guth eile atá againn. Cuir i gcuimhne dóibh go bhfuil 'guth inmheánach' acu: an guth nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil, seachas iad féin agus Dia. Iarr ar na páistí a nguthanna inmheánacha a úsáid chun 'heileo' a rá le Dia. Tabhair faoi deara nár chuala aon duine eile an méid a dúradh - an páiste agus Dia amháin. Bíonn Dia ag éisteacht linn i gcónaí. Éisteann Dia lenár bpaidreacha i gcónaí. D'úsáid Dáiví a ghuth inmheánach freisin chun labhairt le Dia.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu táimid chun ár nguthanna inmheánacha a úsáid chun buíochas a ghabháil le Dia as an domhan iontach ina gcónaímid. Chun labhairt le Dia lenár nguthanna inmheánacha agus chun a bhfuil á rá ag Dia a chloisteáil, is gá dúinn a bheith socair agus ciúin. Is féidir le hamhrán cuidiú linn é sin a dhéanamh.

*Can/seinn amhrán oiriúnach.*

**M:** Anois ó tá ár gcoirp socair agus ciúin, dúnaimis ár súile. (*Sos*)

Anois, agus do ghuth inmheánach á úsáid agat, inis le Dia faoin chuid is fearr leat den domhan a chruthaigh sé. (*Sos*)

Abair 'go raibh maith agat' le Dia faoi. (*Sos*)

Éist leis an méid atá le rá ag Dia leat inniu. (*Sos*)

Nuair a bheidh tú críochnaithe ag caint le Dia, is féidir leat tosú ag oscailt do shúile arís.

**M:** Anois, agus ár nguthanna faoi dhíon á n-úsáid againn, guímis an 'Glóir don Athair …' le chéile.

**Gach duine:** Glóir don Athair agus don Mhac agus don Spiorad Naomh (*lámha le chéile ag guí*)
Mar a bhí ó thús (*Cas agus sín an lámh chlé ar chlé*)
Mar atá anois (*Sín na lámha i dtreo an urláir*)
Mar a bheas go brách (*Cas agus sín an lámh dheas ar dheis*)
Le saol na saol. (*Ardaigh an dá lámh agus déan ciorcal leis na lámha*)
Áiméan. (*Lámha le chéile ag guí*)

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 4: Iarrann Dia orainn aire a thabhairt don domhan

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá fócas na seachtaine seo ar an bhfreagracht atá orainn aire a thabhairt do Chruthú Dé. Insíonn an imlitir *Caritas in Vertitate* ón bPápa Beinidict XVI dúinn gur 'bronntanas ó Dhia é an timpeallacht do gach duine, agus nuair a bhainimid úsáid as go mbíonn freagracht orainn i leith na mbocht, i leith na nglúnta atá le teacht agus i leith na daonnachta go hiomlán'(48). Tá Cruthú Dé ar iasacht againn agus ní mór dúinn é a chur ar aghaidh chuig ár leanaí agus chuig leanaí ár leanaí. Éilíonn ár gcreideamh Críostaí orainn a bheith mar mhaoir ar Chruthú Dé (Féach Gein. 1:26, 28). Glaoitear orainn ár bplainéad a chosaint. Ionas go dtarlóidh sé seo, ní mór dúinn urraim a chothú a chabhróidh linn a bheith i ndlúthpháirtíocht leis an gCruthú ar fad, ní hamháin maidir leis an gcine daonna amháin ach le foirmeacha na beatha go léir. Tugann dlúthpháirtíocht den tsórt sin dúshlán do gach duine oibriú ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe.

An tseachtain seo cuirimid i gcuimhne na leanaí go bhfuil freagracht orthu freisin aire a thabhairt don Chruthú.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Pleananna is gá a dhéanamh chun na páistí a thabhairt ar shiúlóid dúlra.

# Féachaimis …

## GNÍOMHAÍOCHT

### Siúlóid Dúlra

Inis do na páistí gur mhaith leat iad a thógáil ar shiúlóid chun na codanna iontacha go léir de Chruthú Dé a fheiceáil. Nuair a fhilleann tú ó do shiúlóid, déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad é an rud ab fhearr a chonaic tú ar an tsiúlóid? Cén fáth ar thaitin sé leat?
- An bhfaca tú crainn ar bith? Cén chaoi a raibh siad? An dtiocfaidh athrú orthu níos déanaí sa bhliain? Conas?
- An bhfaca tú aon ainmhithe ar an tsiúlóid? An dóigh leat go raibh ainmhithe gar duit nach bhfaca tú? An féidir leat iad a ainmniú?



## PAIDIR

### Paidir na Maidine

**M:** An tseachtain seo guímis *Paidir na Maidine* le chéile. Sa phaidir seo iarraimid ar Dhia cuidiú linn grá a thaispeáint dá chéile, agus don domhan mór, gach lá.

*Comhartha na Croise*

**Gach duine:** A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Scéal an Chruthaithe' – Cuid II

Tosaigh tríd an mBíobla a thaispeáint do na páistí, ag cur i gcuimhne dóibh gurb é an leabhar naofa é, ina léimid scéalta faoi Dhia agus grá Dé do na daoine go léir ar domhan. Cuidigh leo cuimhneamh ar an gcéad scéal sa Bhíobla, ag ainmniú cuid de na rudaí a chruthaigh Dia. Déan naisc idir seo agus, nuair is féidir, na rudaí a chonaic na páistí ar an tsiúlóid dúlra. Ansin tabhair chun cuimhne 'Scéal an Chruthaithe' – Cuid II.

**'Scéal an Chruthaithe' – Cuid II**

(*Curtha in oiriúint ó Gheineasas 1:27-28*)



Bhí a fhios ag Dia go raibh na rudaí go léir a chruthaigh sé go maith. Ach bhí a fhios ag Dia freisin, go raibh rud éigin eile ag teastáil ón domhan; rud éigin speisialta. Bhí rud éigin an-mhaith ag teastáil ón domhan.

Mar sin, chruthaigh Dia daoine. Dúirt Dia leis na daoine aire a thabhairt do na héin agus do na hainmhithe, agus dúirt Dia leo chomh maith, aire a thabhairt dá chéile. Chruthaigh Dia daoine ar a dheilbh féin: bheidís maith, fial agus grámhar. Bheidís in ann smaoineamh agus in ann rudaí a chruthú, agus bheidís in ann grá a thabhairt dá chéile. Mar sin, chruthaigh Dia daoine a d'fhéadfadh gach ceann de na rudaí seo a dhéanamh. Ní fhéadfadh le haon ní eile a chruthaigh Dia, na rudaí seo go léir a dhéanamh agus a d'fhéadfadh le daoine a dhéanamh.

Nuair a chonaic Dia an méid seo go léir, bhí a fhios aige nach amháin go raibh sé go maith. Bhí daoine speisialta. Bhí siad an-mhaith.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cén chaoi a bhí ar na daoine?', ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Chuir Dia ar dhaoine faire agus aire a thabhairt do na héisc, na héin agus na hainmhithe. An bhfaca tú riamh duine ar bith ag an obair seo? Ar thug tú aire riamh d'ainmhí tú féin? Inis dúinn faoi.
- Dúirt Dia le daoine freisin aire a thabhairt dá chéile. An cuimhin leat am nuair a bhí duine éigin ag faire ort agus ag tabhairt aire duit? Inis dúinn faoi.
- N'fheadar ... an gceapann tú go ndéanann daoine jab maith chun aire a thabhairt do chruthú Dé? Cén fáth nó cén fáth nach ndéanann?



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Nuair a léimid scéal an Chruthaithe, foghlaimímid gur chruthaigh Dia daoine chun aire a thabhairt don domhan. Is iomaí bealach inar féidir linn aire a thabhairt don domhan a chruthaigh Dia.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 8: An tseachtain seo cuireadh i gcuimhne na bpáistí gur chruthaigh Dia daoine chun aire a thabhairt don domhan. Ar an leathanach seo cuireann siad ciorcal agus dathaíonn siad na daoine atá ag tabhairt aire don domhan.

### Sa Bhaile

Lch. 9: Iarrtar ar theaghlaigh comhrá a dhéanamh le chéile faoi na bealaí ina bhféadfaidís aire a thabhairt don domhan. Iarrtar orthu ansin rud amháin a aithint gur féidir leo a dhéanamh le chéile. Tugtar cuireadh do theaghlaigh freisin *Paidir na Maidine* a ghuí le chéile.



# Seirbhís Urnaí

## Téama 1: An Domhan

*Más féidir, iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr orthu a gcuid cathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.

**M:** Cuirimid tús lenár nguí ag baint úsáid as ainm Dé.

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Guímid *Paidir na Maidine* le chéile. Cuireann an phaidir seo i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn i gcónaí.

**Gach Duine:** A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

**M:** Fadó, fadó bhí fear ann agus bhí a fhios aige go raibh Dia leis i gcónaí. Aoire a bhí sa bhfear seo agus chaith sé go leor ama ag tabhairt aire dá chuid caoirigh. An féidir le duine ar bith cuimhneamh ar a ainm?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** An féidir le duine ar bith pictiúr de Dháiví a fheiceáil?

*Lig do na páistí pointeáil i dtreo an phóstaeir.*

**M:** Scríobh Dáiví go leor dánta. Sailm a thugtar ar na dánta seo. Éistimid le chéile, leis an salm ar a dtugtar 'Tá Dia I ngach Áit'. Cé a chuimhníonn ar ainm an leabhair inar féidir linn teacht ar an salm seo?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** A Dhia, tá gach rud fúm ar eolas agat, gach rud a dhéanaim, gach céim a thógaim, gach plean



dhéanaim, gach focal a labhraím.
Níl aon bhealach chun éalú uait, aon áit chun dul i bhfolach uait.
Nuair atá áthas orm, tá tú liom, nuair atá brón orm, tá tú liom.
Dá mbeadh ar mo chumas eitilt, fiú go dtí an taobh eile den domhan bheifeá ann chun cabhrú liom.
Dá mbeinn amuigh i ndorchadas na hoíche bheifeá ann chun cabhrú liom.
Bhí tú ann nuair a bhí mé i mo leanbh agus chabhraigh tú liom fás.
Tá tú i ngach áit sa domhan seo.
Coinnigh gar dom agus coinneáil slán mé ón gcontúirt.
Cuidigh liom grá a bheith agam duit agus do ghrá a roinnt le daoine eile.

**M:** Bhí a fhios ag Dáiví gur chruthaigh Dia gach rud a bhí le feiceáil aige. Chonaiceamar roinnt de na rudaí a chruthaigh Dia nuair a chuamar ar shiúlóid dúlra le gairid. Cé atá in ann cuid de na rudaí a chruthaigh Dia a ainmniú?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** Dia a chruthaigh gach ceann de na rudaí seo, agus bhí siad go léir an- mhaith. Ach de na rudaí go léir a chruthaigh Dia, chruthaigh sé rud amháin a bhí thar a bheith speisialta, níos speisialta ná aon rud eile. An féidir libh é sin a ainmniú?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** Chruthaigh Dia daoine chun cúram agus aire

a bheith acu don domhan. An féidir le duine ar bith cuimhneamh ar roinnt de na rudaí a dúramar gur féidir linn a dhéanamh chun aire a thabhairt do chruthú Dé?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** Nuair a thugaimid cúram don domhan a chruthaigh Dia, tá toil Dé á leanúint againn. Deirimid le chéile, an phaidir *Glóir don Athair*, chun moladh agus buíochas a ghabháil le Dia as gach a chruthaigh sé.

**Gach Duine:** Glóir don Athair agus don Mhac agus don Spiorad Naomh (*lámha le chéile ag guí*)
Mar a bhí ó thús (*cas agus sín an lámh chlé ar chlé*)
Mar atá anois (*leathnaigh na lámha i dtreo an urláir*)
Mar a bheas go brách (*cas agus sín an lámh dheis ar dheis*)
Le saol na saol (*ardaigh an dá lámh agus rianaigh ciorcal leis na lámha*).
Áiméan. (*lámha le chéile ag guí*)




*Comhartha na Croise*





**Amhrán Deiridh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.

# Tá Dia i nGach Áit

*Curtha in oiriúint ó Salm 139*

**A Dhia, tá gach rud fúm ar eolas agat,
gach rud a dhéanaim,
gach céim a thógaim, gach plean
dhéanaim, gach focal a labhraím.
Níl aon bhealach chun éalú uait, aon
áit chun dul i bhfolach uait.
Nuair atá áthas orm, tá tú liom,
nuair atá brón orm, tá tú liom.
Dá mbeadh ar mo chumas eitilt, fiú go
dtí an taobh eile den domhan
bheifeá ann chun cabhrú liom.
Dá mbeinn amuigh i ndorchadas na
hoíche
bheifeá ann chun cabhrú liom.
Bhí tú ann nuair a bhí mé i mo leanbh
agus chabhraigh tú liom fás.
Tá tú i ngach áit sa domhan seo.
Coinnigh gar dom
agus coinneáil slán mé ón gcontúirt.
Cuidigh liom grá a bheith agam duit
agus do ghrá a roinnt le daoine eile.**

# Téama 2: Bainimid le Chéile

Ceacht 1: Is ball den teaghlach mé
Ceacht 2: Is cuid den phobal é an teaghlach
Ceacht 3: Is cuid den aon teaghlach daonna amháin sinn
Ceacht 4: Guímid chun Dé

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Dé**

- Tá grá ag Dia do chuile theaghlach agus tugann sé aire dóibh

**Rúndiamhair na hEaglaise**

- Tá Dia i ngach baile agus i ngach teaghlach
- Is ionann saol an pharóiste agus pobal ag tabhairt aire dá chéile, ag comhroinnt lena chéile agus ag guí le chéile
- Cabhraíonn ár gclann linn le bheith inár gcairde ag Íosa
- Cabhraíonn an sagart/an múinteoir linn le bheith inár gcairde ag Íosa

### Briathar Dé

**Scrioptúr Naofa: Saol Poiblí Íosa**

- Lúc 11: 1-4; Mth 6:9-13. An Phaidir

### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí**

- Nuair a bhíonn daoine ag guí bíonn siad ag caint agus ag éisteacht le Dia, cuireann siad aithne níos fearr ar Dhia agus tugann siad grá dó
- Cloiseann Dia ár n-urnaí i gcónaí

**Urnaí: Urnaí Fhoirmeálta**

- An Phaidir

### Móráltacht Chríostaí

**Dínit an Duine**

- Glaodh orm chun grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile
- Thug Dia daoine dom (m.sh. clann) chun aire a thabhairt dom agus chun a thaispeáint dom conas grá a léiriú
- Taispeánann Íosa dom conas grá a léiriú agus conas aire a thabhairt do dhaoine eile
- Táim in ann grá a léiriú, roinnt le daoine eile, buíochas a ghlacadh, agus aire a thabhairt dom féin agus do dhaoine eile

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**

- Táim in ann mo chuid buanna a úsáid ar mhaithe le daoine eile
- Táim in ann cabhrú le daoine atá bocht agus ocrach

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ón mBonnchéim:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**

*d. Ministreacht Íosa.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi na nithe seo:

- Paidir an Tiarna - Lúcás 11:1-4.

### Cuspóir Foghlama 2

**An Eaglais Chríostaí**

*a. Muintearas.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí a thuiscint:

- Go mbaineann saol an phobail Chríostaí le bheith cásmhar, le bheith ag roinnt agus le bheith ag urnaí le chéile.
- Go dtig linn foghlaim ó bheatha na ndaoine a thaispeánann dúinn an dóigh le bheith muinteartha, le bheith ag roinnt agus le bheith cásmhar ar a chéile.

*b. Adhradh agus urnaí.*

- Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí a thuiscint:
- Gurb ionann urnaí agus comhrá a dhéanamh le Dia le buíochas agus moladh a thabhairt dó, le leithscéal a gabháil agus le cuidiú a iarraidh.

### Cuspóir Foghlama 3

**An Mhoráltacht**

*b. Meas ar dhaoine eile.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Iniúchadh a dhéanamh ar dhearcthaí agus ar iompar i leith daoine eile.

# Ceacht 1: Is ball den teaghlach mé

## SULA DTOSAÍONN TÚ

An phríomháit chónaithe, don chuid is mó clann, ná an teaghlach. De ghnáth, is i dteaghlaigh a chuirtear aithne air agus a thugtar grá do pháistí ar a son féin. Is iníon duine éigin iad nó mac, deartháir nó deirfiúr, neacht nó nia, col ceathrar nó garpháiste iad. Is é a dteaghlach an phríomháit ina dtugtar grá agus cúram do pháistí. Is ann a fhoghlaimíonn siad faoi chomhroinnt ar dtús agus conas caitheamh le daoine eile le meas. Tá tábhacht faoi leith ag baint le bheith mar bhall de theaghlach toisc go dtugann sé muinín do dhaoine go bhfuil siad slán sábháilte ar an domhan.

An tseachtain seo dírímid aird na bpáistí ar na bealaí ina mbaineann siad le grúpaí éagsúla, agus gurb é an teaghlach an grúpa is tábhachtaí. Cabhraímid leo a bheith feasach ar an gcaoi a roinntear grá Dé leo trína dteaghlach.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Teimpléad den chrann ginealaigh (thíos) fótachóipeáilte do gach páiste.
- Teimpléad den chárta beannachta (thíos) fótachóipeáilte do gach páiste.



# Féachaimis …

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, guímis ar son na ndaoine go léir a bhaineann lenár scoil. Ba mhaith liom tosú le buíochas a ghabháil le Dia as (*ainmnigh duine i bpobal na scoile*): 'Go raibh maith agat, a Dhia, as (*abair ainm an duine*)'. Cé eile ar mhaith leo buíochas a ghabháil le Dia as duine a bhaineann lenár bpobal scoile?

*Lig do na páistí freagairt.*

**M:** A Dhia ghrámhair,
Beannaigh na páistí go léir a bhaineann lenár rang.
Beannaigh na múinteoirí, na CRSanna agus daoine eile go léir a bhaineann lenár scoil.
Beannaigh na teaghlaigh lena mbainimid, agus na cairde atá againn.
Coinnigh slán sábháilte sinn uile.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis ...

## SCÉAL

### 'Iarrann Alanna'

Tosaigh trí mheabhrú a dhéanamh ar na rudaí go léir a dúirt na páistí a bhí go maith faoi bheith i do rang. Ansin tabhair isteach an scéal 'Iarrann Alanna', ag míniú go mbaineann sé le cailín darb ainm Alanna a bhaineann le teaghlach Uí Mhurchú.

**'Iarrann Alanna'**



Shiúil Alanna amach doras na scoile agus d'fhéach sé timpeall an chlóis dá hathair. Thaitin sé le hAlanna nuair a bhailigh Daid ón scoil í. Ba chomhartha é go raibh sé críochnaithe leis an obair go luath, agus go bhféadfadh sé a bheith ag imirt léi don chuid eile den lá.

'Alanna!' a scairt Daid.

Is ansin a bhí sé! 'Dia dhuit Daid!' a d'fhreagair Alanna, ag siúl ina threo. 'An bhfuil do obair críochnaithe agat?'

'Tá cinnte!' d'fhreagair Daid. 'Cén sort lá a bhí agat inniu?'

'Bhí sé maith go leor,' arsa Alanna, agus í ag siúl chuig carr Dhaid.

'Maith go leor?' ar seisean.

'Bhuel,' arsa Alanna, 'bhí cluiche á imirt againn inniu, agus ní raibh a fhios agam, cad ba cheart agam a rá nuair a chuir Bean Uí Duagáin ceist orm.'

'Ó, an ea?' arsa Daidí. 'Cén ceist a chuir sí ort?'



Chuaigh Alanna isteach sa suíochán chúl agus shocraigh sí í féin isteach ann.

'Bhuel?' arsa Daid arís, agus an carr á tosú aige. 'Cén ceist a chuir sí ort?'

'Bhíomar ag caint faoin mhuintearas,' a dúirt Alanna. 'Agus faoin tslí ina mbaineann duine le grúpaí éagsúla. Mar shampla, bainimse leis an mbord 'Sioráf' agus baineann Beth leis an mbord 'Leon', an dtuigeann tú?'

'Á tuigim anois cad atá i gceist agat,' arsa Daidí, ag gáire.

'Agus ansin bhíomar ag caint faoi conas a mbainimid go léir i dteaghlaigh éagsúla agus ...' stop Alanna.

D'fhan Daid, ag feitheamh uirthi leanúint ar aghaidh.

'Bhí mé ag smaoineamh ... níl a fhios agam i gceart conas a bhainim mar ball den teaghlach againne,' a dúirt sí.

'Á tuigim anois,' arsa Daid, go mall. 'Sin ceist mhór,' ar sé, 'Ach is ceist chrua í chomh maith! Níl ionadh orm nach raibh freagra na ceiste agat. An bhfuil a fhios agat cad a cheapaim?'

Chroith Alanna a ceann.

'Sílim go mbaineann tú lenár dteaghlach toisc méid an ghrá atá agam agus ag Mamaí duit,' a thosaigh sé. 'Bhí grá againn duit ón am a rugadh



tú ... cé go ndearna tú raic uafásach ón tosach!'

Thosaigh Alanna ag gáire.

'Bhí grá againn duit nuair a thosaigh tú ag siúl, agus bhí orainn rudaí a bhogadh as an tslí ar eagla go ndéanfá dochar duit féin!' arsa Daid. 'Agus nuair a thosaigh tú ag labhairt, thaitin sé go mór linn nuair a déarfá: "Dada" agus "Mama". Ansin thosaigh tú chun tú féin a bheathú – agus praiseach ceart a rinne tú ar dtús! Ach fiú amháin ansin, bhí grá againn duit!'

Gháir Alanna go mór. 'Agus céard faoi anois?'

'Agus tá grá againn anois duit!' a d'fhreagairDaid. 'Fiú amháin nuair a bhíonn tú ag beiceadh agus ag screadaíl, agus fiú amháin nuair nach ndéanann tú an méid a iarrtar ort, agus fiú nuair a thagann tú isteach inár leaba te le do chosa fuara!'

Rinne Alanna gáire eile. 'Ach an mbainim in éineacht leat agus le Mam?' ar sí.

'Baineann tú cinnte!' a d'fhreagair Daid. 'Cé eile a dhúiseodh go luath mé maidin Shathairn? Cé eile a chabhródh liom péisteanna a fháil sa ghairdín? Agus cé eile a chabhródh liom bronntanas do Mhamaí a cheannach? Baineann tú linn cinnte! Is ball speisialta den teaghlach tú!,' arsa Daid.

Gháir Alanna arís. Shéid sí póg chuig Daid

• • •

• • •

agus rug sé ina láimh í.

'Agus an bhfuil an méid seo ar eolas agat?' ar sise. 'Cad atá i gceist agat?' arsa Daid, ag tiomáint isteach gar don teach.

Gháir Alanna. 'Cé eile a chuirfeadh ceisteanna crua ort?'



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le 'Cad a d'iarr Alanna ar Dhaidí?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad iad na rudaí nach mbeadh ag Daid muna raibh Alanna mar bhall den teaghlach? N'fheadar ... an mbeadh Alanna in easpa na rudaí sin freisin? Cad iad na rudaí is fearr faoi bheith mar bhall i do theaghlach?
- Cé a thugann aire duit i do theaghlach cosúil le hathair Alanna? Inis dúinn faoin duine sin.
- Conas a thaispeánann tú do na daoine i do theaghlach go bhfuil grá agat dóibh?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Bí ar an eolas faoi na cineálacha éagsúla teaghlach ina mhaireann na leanaí i do rang. D'fhéadfadh roinnt leanaí a bheith ina gcónaí leis an mbeirt tuismitheoir, agus d'fhéadfadh leanaí eile a bheith ina gcónaí le tuismitheoir aonair, i dteaghlaigh chumaisc nó le caomhnóirí cosúil le seantuismitheoirí. Is gá duit a bheith cúramach i gcásanna ina bhfuil tuismitheoirí marbh, scartha nó ina gcónaí thar lear. Abair leis na páistí go bhfuil grá ag Dia agus go dtugann sé aire do chineálacha éagsúla teaghlach.

### Crann Ginealaigh

Tabhair cóipeanna den teimpléad 'Mo Chrann Ginealaigh' (thíos) do na páistí. Is féidir leis na páistí pictiúir de bhaill dá dteaghlach a tharraingt ar an gcrann. B'fhéidir gur mhaith leat a mhíniú dóibh go dtéann baill óige an teaghlaigh ag an bun an chrainn agus go dtéann na baill is sine gar don bharr. Nuair is cuí, is féidir le páistí ainmneacha na ndaoine ar a gcrann ginealaigh a sholáthar. Tabhair cuireadh do pháistí éagsúla a gcrainn ginealaigh a thaispeáint don rang agus a insint faoin teaghlach lena mbaineann siad.



# LEABHAR NA BPÁISTÍ

## Ar Scoil

An tseachtain seo labhair na páistí faoi na daoine éagsúla a thugann aire dóibh. Ar an leathanach seo dathaíonn siad na gníomhaíochtaí is maith leo a dhéanamh le chéile.

## Sa Bhaile

Tarraingíonn nó greamaíonn páistí pictiúr dá dteaghlach isteach sa fráma ar an leathanach seo. Tugtar cuireadh do thuismitheoirí/ chaomhnóirí comhrá a dhéanamh lena bpáiste faoi na rudaí is breá leo futhu.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Baineann páistí le go leor grúpaí, ar scoil agus lasmuigh di. An grúpa is tábhachtaí lena mbainimid ná ár dteaghlach. Déanann teaghlaigh go leor rudaí chun a thaispeáint go dtugann siad grá agus cúram dá chéile.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Cártaí Beannachta




Cuir i gcuimhne na bpáistí go mbaineann gach duine acu le teaghlach. Abair leo arís go bhfuil gach teaghlach difriúil agus go bhfuil grá ag Dia do gach cineál teaghlach. Ansin déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat:

- Cad é an rud is fearr faoi bheith i do bhall de do theaghlach?
- Conas is féidir leat a thaispeáint do do theaghlach gur mhaith leat a bheith leo?

Inis do na páistí gur bealach amháin atá ann chun a thaispeáint gur maith an rud é a bheith ina dteaghlaigh ná chun bronntanas a thabhairt. D'fhéadfaidís barróg, póg, nó fiú cárta a thabhairt. Ansin déan na cártaí beannachta a dháileadh ar na páistí. Inis dóibh gur féidir leo gach ceann de na rudaí is maith leo a bhaineann lena dteaghlach a scríobh nó a tharraingt ar an taobh istigh.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** An tseachtain seo bhíomar ag smaoineamh agus ag caint faoi na teaghlaigh lena mbainimid. Tá gach ceann dár dteaghlaigh difriúil. Is breá le Dia gach teaghlach agus tugann sé aire do gach ceann acu. Tá Dia i ngach teach agus i ngach teaghlach. Bainimis úsáid as ár nguthanna inmheánacha inniu chun a iarraidh ar Dhia ár dteaghlaigh a bheannú.

Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá)*

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Anois, le do ghuth istigh, ainmnigh gach ceann de na daoine atá mar bhaill de do theaghlach. (*Sos*)

Iarr ar Dhia iad a bheannú. (*Sos*)

Smaoinigh ar an rud is fearr leat a dhéanann le do theaghlach. (*Sos*)

Gabh buíochas le Dia as a bheith in ann é sin a dhéanamh le do theaghlach. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

A Dhia ghrámhair,
Beannaigh ár dtithe agus ár dteaghlaigh go léir.
Cuidigh linn grá a thaispeáint dá chéile.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Is cuid den phobal é an teaghlach

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá an seanfhocal traidisiúnta Afracach, 'Tógann sé sráidbhaile chun leanbh a thógáil' i gcroílár an cheachta seo. Sa phobal i gcoitinne, is féidir le páistí eolas a fháil faoi dhaoine a tháirgeann a gcuid ama go fial chun cúnamh agus seirbhísí éagsúla a sholáthar ar mhaithe le folláine daoine eile. Tá sé tábhachtach cabhrú le páistí a thabhairt faoi deara conas a thagann a bpobal áitiúil le chéile chun teagmháil a dhéanamh le muintir an phobail ar bhealaí atá tacúil agus cabhrach. Go minic ní glacaimid an t-am chun obair an phobail a fheiceáil a chuireann ar a chumas na foirne peile áitiúla, Coiste na mBailte Slachtmhara, Cumann Naomh Uinseann de Pól, agus eagraíochtaí eile a gcuspóirí a bhaint amach. Sa cheacht seo déanaimid iarracht na páistí a spreagadh le bheith feasach agus buíoch as an méid a dhéanann baill dá bpobal. Cuidímid leo féachaint ar na daoine fásta a chuireann lena bpobail mar eiseamláirí.

An tseachtain seo tabharfar cúnamh do na páistí baill a bpobal 'a fheiceáil' a dhéanann go leor chun cabhrú le fás an phobail. Agus an cuidiú a thugann daoine eile ar eolas acu, tabharfar cuireadh dóibh smaoineamh ar na bealaí inar féidir leo cabhrú lena bpobail.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Pictiúir ó do cheantar áitiúil: foirgneamh na scoile, foirgneamh an tséipéil, siopa áitiúil, leabharlann, páirc CLG, stáisiún na ngardaí/bpóilíní, srl. Is féidir leat iad seo a chur i láthair i dtaispeántas sleamhnán, nó iad a phriontáil. Beidh na pictiúir seo úsáideach i réimsí curaclaim eile freisin.

# Féachaimis ...

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** A mhéid agus is féidir, ba chóir go léireodh an ceacht seo an pobal ina bhfuil na páistí i do rang ina gcónaí. Mar sin beidh ort béim a leagan ar chodanna éagsúla den cheacht, iad a oiriúnú, a leasú agus cur leo de réir mar a éilíonn do chomhthéacs áitiúil.

## AG COMHRÁ

### Faoin áit ina bhfuilimid inár gcónaí – Cuid I

Fiafraigh de na páistí cá gcónaíonn siad, ina n-aonair nó i ngrúpaí, ag úsáid ráitis cosúil le: 'Lámha suas cé atá ina chónaí i (*ainmnigh eastát tithíochta/baile fearainn, srl*.)' Ansin déan comhrá leis na páistí faoin áit ina gcónaíonn siad ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad é an rud is fearr faoi bheith i do chónaí i ...?
- Cén áit is fearr leat dul/rud le déanamh sa phobal seo?
- N'fheadar ... cén chuma a bheadh ar do phobal áitiúil muna dtiocfadh baill den phobal le chéile riamh? Cad a tharlódh dá mbeadh gach duine ina theach féin an t-am ar fad? An mbeadh sé go hiontach cónaí i bpobal mar sin? Cén fáth?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Guímis inniu ar son na ndaoine go léir a bhaineann lenár bpobal. Cé a iarraimid ar Dhia a bheannú?

*Tabhair cuireadh do na páistí cuid de na daoine a bhaineann le do phobal a ainmniú - iad siúd atá ag obair i siopaí áitiúla, an sagart, an garda (póilín), an bearbóir, an t-altra, an dochtúir, feighlí na scoile, fear an phoist, rúnaí na scoile, srl. Tar éis gach duine a bheith ainmnithe, tabhair cuireadh do na páistí go léir a athrá, 'Go mbeannaí Dia (ainm)'.*

**M:** A Dhia ghrámhair, beannaigh na daoine a bhaineann lenár bpobal. Beannaigh iad agus coinnigh slán sinn go léir.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis …

## SCÉAL

### 'Lá an Chluiche i mBaile Uí Bheoláin'

Tosaigh trí a iarraidh ar na páistí na rudaí is fearr leo faoi bheith ina gcónaí ina bpobal a thabhairt chun cuimhne. Má bhíonn sé mar chuid den chomhrá, lig do na páistí díriú ar chlubanna spóirt áitiúla. Ansin léigh an scéal, 'Lá an Chluiche i mBaile Uí Bheoláin', thíos.

**'Lá an Chluiche i mBaile Uí Bheoláin'**



Bhí áthas ar Rónán agus a theaghlach a bheith ag an gcluiche. Sheas siad in aice leis an dtaobhlíne, agus an bhratach a rinne Rónán ar scoil á iompar aige. An lá roimhe sin d'fhógair an príomhoide, Bean Uí Fhéich, ar an idirchum gur cóir go mbeadh gach duine ag an gclub in am. D'fhéach Rónán fad is a bhí na daoine ag teacht isteach.


'Dia dhuit a Bhean Uí Ruanaidh!' ar seisean, nuair a chonaic sé a mhúinteoir ag siúl thairis.

'Dia dhuit Rónán!' a d'fhreagair Bean Uí Ruanaidh. 'Feicim go bhfuil tú réidh chun tacaíocht a thabhairt do do dheartháir.'

Gháir Rónán. 'Go raibh maith agat as cuidiú linn na bratacha a dhéanamh.'

'Tá fáilte romhat - tá an scoil ar fad taobh thiar den bhfoireann. Go deimhin, i mo thuairimse, d'fhéadfadh an scoil ar fad a bheith anseo. Baile Uí Bheoláin abú, nach ceart sin?'

Shiúil Breandán, an siopadóir áitiúil, in



aice le Bean Uí Ruanaidh. 'Maith thú, a mhúinteoir!' ar seisean. 'Is féidir leat a bheith i gceannas na gárthála!'

Bhí mála i ngach lámh á iompar ag Breandán agus bhí siad lán go barr le deochanna. 'Anois,' ar seisean, agus na malaí á gcur aige ar an mbord a bhí ag an taobhlíne, 'tabharfaidh siadsan beagán fuinnimh do na buachaillí ag leath-am.'

'Nach an-mhaith atá tú, a Bhreandáin. Go raibh míle maith agat!' arsa Mamaí.

Ansin shiúil an garda Méabh anonn go dtí an bord. 'Ceart go leor!' ar sí, 'Tá an carrchlós lán agus mar sin dhún mé an geata. Feicfidh mé chuige go mbeidh na gluaisteáin go léir sábháilte go dtí deireadh an chluiche. An bhfuil tú réidh le tosú?'

'Measaim go bhfuilimid,' arsa Mamaí.

Thaispeáin Daid ordóga in uachtar do Mhamaí, agus thug sise nod do Eimear. Thóg



Eimear an micreafón ina láimh.

'A dhaoine uaisle, a bhuachaillí agus a chailíní …' a thosaigh sí. 'Tugaigí gártha molta do fhoireann iománaíochta Scoil Náisiúnta Uí Bheoláin!'

Lig an slua gártha molta astu agus an fhoireann ag teacht isteach ar an bpáirc. Lean Eimear ag caint leis an micreafón. 'Sula gcuirimid fáilte roimh ár gcomharsana ó Bhaile Beag, ba mhaith linn buíochas a ghabháil



le gach duine a chabhraigh linn chun rudaí a ullmhú don chluiche: gabhaimid buíochas le hOscar a ghearr an féar, le coiste na mBailte Slachtmhara a chuir na bláthanna timpeall na páirce, agus leis na gasóga a rinne na stiallbhratacha.'

Thug gach duine bualadh bos - na páistí ar an bhfoireann ina measc. 'Agus anois,' a lean Eimear, 'cuirimis fáilte roimh an bhfoireann ó Scoil Náisiúnta an Bhaile Bhig!' Lean an slua ag bualadh bos fad is a chuaigh captaen fhoireann an Bhaile Bhig anonn go dtí lár na páirce, a chamán ina láimh aige.

D'fhéach Rónán timpeall na páirce. Bhí an ceart ag Bean Uí Ruanaidh - bhí beagnach gach duine óna scoil ann! Chonaic sé an príomhoide, Bean Uí Fhéich, an t-Athair PJ, an feighlí, Oscar agus an rúnaí, Róis. Bhí an baile ar fad ann chun tacaíocht a thabhairt don bhfoireann.

D'fhéach siad go léir nuair a thóg an réiteoir an liathróid aníos agus chaith sé isteach san aer é. Bhí an cluiche tosaithe!

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cén fáth ar thóg Breandán deochanna do na himreoirí leis?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... cén fáth go raibh an oiread sin daoine ó Phobal Baile Uí Bheoláin ag an gcluiche? Cén chuma a bheadh ar an gcluiche má d'fhan gach duine sa bhaile?
- Bhí an tAthair PJ ag an gcluiche i mBaile Uí Bheoláin. An bhfuil ainm an tsagairt inár paróiste ar eolas ag éinne? Cá bhfaca tú é? Cén fáth ar tháinig an tAthair PJ chuig an chluiche, meas tú?
- An féidir leat cur síos a dhéanamh ar thréimhse eile nuair a tháinig go leor daoine ó do phobal le chéile? Cad a thaitin nó nár thaitin leat faoi?

## AG COMHRÁ

### Faoin áit ina bhfuilimid inár gcónaí – Cuid II

Tosaigh trí mheabhrú a dhéanamh ar na daoine go léir a tháinig chun tacú le foireann iomána Bhaile Uí Bheoláin ag an gcluiche tábhachtach. Pléigh an ról a bhí ag gach duine. Cuir béim ar an bhfíric gur bhain gach duine úsáid as na bronntanais agus na buanna a thug Dia dóibh chun tacú leis an bhfoireann. Ansin déan comhrá faoin bhaile fearainn/sráidbhaile/bhaile/chathair lena mbaineann na páistí. Má bhíonn pictiúir agat, déan comhrá fúthu seo, ag díriú ar gach ceann de na daoine a chuireann leis an gceantar áitiúil. Luaigh go mbíonn cúram i gceist le bheith mar chuid den phobal áitiúil a chabhraíonn le chéile.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 12: An tseachtain seo labhair na páistí faoin bpobal ina gcónaíonn siad. Ar an leathanach seo tarraingíonn siad pictiúr de cuid de na rudaí is féidir leo a fheiceáil san áit sin.

### Sa Bhaile

Lch. 13: Déanann na teaghlaigh comhrá le chéile faoi na bealaí éagsúla inar féidir leo aire a thabhairt don phobal ina gcónaíonn siad. Aithníonn siad bealach amháin freisin inar féidir leo aire a thabhairt dá bpobal áitiúil.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Chomh maith le bheith mar bhall de theaghlach, bainimid uile le pobal. Ba mhaith le Dia go mairfimid le daoine eile i bpobal. Tá pobail áitiúla lán de dhaoine a roinneann na bronntanais agus na buanna a thug Dia dóibh le daoine eile. Tugann Dia bronntanais dúinn uile ar féidir linn a roinnt lenár bpobail áitiúla.

## AG COMHRÁ

### Maidir lenár mBuanna agus ár mBronntanais a roinnt

Fiafraigh de na páistí cad iad na bronntanais nó na buanna a bheadh le roinnt acu dá mba an rud é go raibh siad ag an gcluiche. Ansin iarr orthu rud amháin a roghnú a d'fhéadfaidís a dhéanamh chun na bronntanais a thug Dia dóibh a roinnt chun an pobal áitiúil, lena mbaineann siad, a fheabhsú. Mar shampla:

- Ag bailiú aon bhruscar a fheiceann siad/gan bruscar a chaitheamh
- Ag gáire/ag rá heileo/a bheith cairdiúil leis an daoine a mbuaileann siad leo
- Cárta a dhéanamh do dhuine a bhfuil aithne acu orthu atá tinn
- Cuidiú leis an múinteoir rudaí a chur ar ais/a chur ar leataobh
- Beathú na n-éan a bhfuil cónaí orthu sa cheantar

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu táimid chun ár nguthanna inmheánacha a úsáid chun buíochas a ghabháil le Dia as na daoine go léir inár bpobal áitiúil a bhfuil grá agus cúram acu dúinn. Tosaímid agus ár gcoirp a chiúnú.

*Can/seinn píosa ceoil oiriúnach.*

**M:** Anois ó tá ár gcoirp ciúin agus socair, dúnaimis ár súile. (*Sos*)

Smaoinigh ar do cheantar áitiúil. (*Sos*)

Samhlaigh (*ainmnigh áiteanna áirithe sa phobal áitiúil - an séipéal, siopaí, an club CLG, srl.*)

Ag baint úsáid as do ghuth istigh, abair 'go raibh maith agat' le Dia as an bpobal ina chónaíonn tú. (*Sos*)

Smaoinigh ar dhuine amháin as do phobal a rinne rud éigin chun cabhrú leat. Abair ainm an duine sin. Iarr ar Dhia iad a bheannú.

Anois smaoinigh ar am nuair a roinn tú do bhronntanais nó do bhuanna le daoine i do phobal áitiúil. B'fhéidir gur imir tú le páistí eile sa clós súgartha. B'fhéidir go raibh tú cineálta le duine ar bhuail tú leis/léi. (*Sos*)

Iarr ar Dhia cabhrú leat do bhronntanais agus do bhuanna a roinnt le daoine eile. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.

A Dhia ghrámhair,
Beannaigh gach duine atá mar chuid dár bpobal.
Ar bhealach speisialta, beannaigh ár dteaghlaigh, ár sagairt agus ár múinteoirí, a chuidíonn linn aithne a bheith ort agus ar do ghrá.
Cuidigh linn ár mbronntanais a roinnt ionas gur féidir linn ár bpobal áitiúil a fheabhsú.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Is cuid den aon teaghlach daonna amháin sinn

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Baineann gach duine ar domhan leis an aon teaghlach amháin a dtugaimid an cine daonna air. Creideann Críostaithe gurb é an rud a cheanglaíonn na daoine seo go léir le chéile ná gur chruthaigh Dia iad uile agus go bhfuil grá ag Dia dóibh. Táimid uile cruthaithe in íomhá Dé (féach Gein 1:27) agus tugann Dia cúram dúinn go léir cosúil le máthair ag beathú a linbh (féach Is 49:15) nó athair ag lorg a mhac atá caillte (féach Lúc 15: 11-32).

An tseachtain seo, ba mhaith linn cuidiú leis na páistí a fheiceáil go bhfuil siad páirteach leis an teaghlach daonna amháin seo agus go bhfuil freagracht orthu aire a thabhairt do gach duine sa teaghlach seo, díreach mar atá freagracht orthu aire a thabhairt do na daoine a bhaineann lena dteaghlaigh féin. Cuirimid scéal na Máthar Treasa os a gcomhair mar shampla de dhuine, spreagtha ag scéal Íosa, a thug aire dóibh siúd a mheastar a bheith ar an gcéim is lú suntasaí i dteaghlach Dé. Tá súil againn gur féidir linn iad a spreagadh chun cabhrú leo siúd atá ar an ngann chuid, mar a rinne sí.

# Féachaimis …

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Guímis inniu ar son teaghlaigh ar fud an domhain.
Tá na teaghlaigh seo go léir mar chuid de theaghlach mór amháin, - teaghlach Dé. Guímis le chéile, 'Go mbeannaí Dia iad uile'.
**P:** Go mbeannaí Dia iad uile.

**M:** Smaoinímid ar theaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i dtíortha teo agus teaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i dtíortha fuara. Go mbeannaí Dia iad uile.
**P:** Go mbeannaí Dia iad uile.

**M:** Smaoinímid ar theaghlaigh a bhfuil go leor acu agus teaghlaigh atá i ngátar. Go mbeannaí Dia iad uile.
**P:** Go mbeannaí Dia iad uile.

**M:** Smaoinímid ar theaghlaigh a bhfuil go leor leanaí acu agus teaghlaigh nach bhfuil aon leanaí acu. Go mbeannaí Dia iad uile.
**P:** Go mbeannaí Dia iad uile.

**M:** Smaoinímid ar theaghlaigh atá tinn agus ar theaghlaigh atá sláintiúil. Go mbeannaí Dia iad uile.
**P:** Go mbeannaí Dia iad uile.

**M:** Smaoinímid ar theaghlaigh a bhfuil tithe acu agus ar theaghlaigh nach bhfuil tithe acu. Go mbeannaí Dia iad uile.
**P:** Go mbeannaí Dia iad uile.

**M:** Críochnaímid agus *Paidir na hOíche* a rá le chéile.
Sa phaidir seo, gabhaimid buíochas le Dia as na daoine go léir a thugann sé dúinn.

**Gach duine:** A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú dom.
I ndorchadas na hoíche cosain mé
Solas na maidine go bhfeice mé. Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis …

## SCÉAL

### 'An Mháthair Treasa'


Inis do na páistí gur mhaith leat scéal a insint dóibh faoi bhean mhaith fhlaithiúil arbh ainm di Treasa. Rinne sí iarracht grá a roinnt leis na daoine go léir ar bhuail sí leo gach lá. Léigh an scéal, 'An Mháthair Treasa', thíos.

**'An Mháthair Treasa'**



Bhí bean ann le déanaí agus 'An Mháthair Treasa' a tugadh uirthi. Ach creid nó ná creid é ní máthair a bhí inti ar chor ar bith! Ní raibh páiste ar bith dá cuid féin aici. Ach chaith Treasa a saol ar fad ina máthair do dhuine ar bith a bhí i gcruachás.

Chónaigh Treasa i gcathair ar a dtugtar Calcúta. Cathair mhór ghnóthach atá inti le go leor daoine. Cuid de na daoine a bhí ina gcónaí i gCalcúta bhí siad saibhir agus bhí neart earraí acu. Ach thug Treasa faoi deara go raibh a lán daoine ann a bhí bocht. Ní raibh uisce glan le hól ag cuid acu, ní raibh leigheas le tógáil ag cuid eile nuair a bhí siad tinn agus ní raibh áit chónaithe ag cuid eile fós. Chuir na nithe seo go léir brón ar Threasa. Chuimhnigh sí go leor faoi dhaoine a bhí bocht agus ghuigh sí ar a son. Theastaigh uaithi cabhrú leo.



Chaith Treasa go leor ama ag caint agus ag éisteacht le Dia. Léigh sí an Bíobla freisin, agus bhí a fhios aici gur chruthaigh Dia daoine chun aire a thabhairt don domhan agus dá chéile. Bhí a fhios aici go raibh dualgas ar gach duine ar an saol seo aire a thabhairt do dhaoine eile, go háirithe do dhaoine a bhí bocht. Mar sin, rinne Teresa cinneadh. Bheartaigh sí dul chun cónaí leis na daoine ba bhoichte i gcathair Calcúta. Theastaigh uaithi a thaispeáint dóibh go raibh grá aici dóibh agus go raibh grá ag Dia dóibh. Chuirfeadh sé seo áthas uirthi.

Rinne go leor de chairde Treasa iarracht stop a chur léi. Shíl siad go mbeadh an obair seo ró-chrua agus go mbeadh sí uaigneach dul ag obair i gCalcúta léi féin. Go deimhin, shíl go leor acu go raibh sí ag dul as a meabhair! Ach bhí beart de réir a briathar déanta aici. Ghuigh sí le Dia, ag iarraidh cabhair uaidh a ghrá a roinnt le gach duine ar bhuail sí leis/léi.

Nuair a chuaigh Treasa go Calcúta chónaigh sí le daoine a bhí an-bhocht. Ar an chéad lá a raibh sí ann, chonaic sí nach raibh na páistí bochta in ann léamh nó in ann a n-ainmneacha a scríobh toisc nár fhreastail siad riamh ar scoil. Mar sin, d'oscail Treasa scoil dóibh. Theastaigh



uaithi go mbeadh áit shábháilte acu chun freastal uirthi gach lá, agus go mbeadh áit fhoghlama acu chomh maith. Tar éis bheith ag obair sa scoil, thabharfadh Treasa cuairt ar thithe na ndaoine a bhí tinn. Nífeadh sí iad, thabharfadh sí éadaí glanna agus leigheas dóibh, agus bheadh sí ag caint leo. Go leor de na daoine seo, ní raibh aon duine eile ann chun aire nó grá a thabhairt dóibh. Toisc gur thug Treasa grá dóibh, bhí a fhios acu go raibh grá ag Dia dóibh chomh maith.

Níorbh fhada gur chuala mná eile faoin dea-obair a bhí á dhéanamh ag Treasa agus shíl siad gur duine



cineálta a bhí inti. Theastaigh uathu grá a thaispeaint do dhaoine eile chomh maith. Ghlaoigh Treasa a 'Siúracha' ar na mná seo agus ghlaoigh siadsan 'Máthair' uirthi. Le chéile, thóg siad níos mó scoileanna agus ospidéil, ní hamháin i gCalcúta, ach ar fud an domhain chomh maith. Nuair a fuair an Máthair Treasa bás, lean na Siúracha lena cuid oibre, fiú go dtí an lá atá inniu ann.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cad a rinne an Mháthair Treasa chun cabhrú le daoine a bhí tinn?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... cén fáth, dar leat, a chuaigh an Mháthair Treasa chun cónaí leis na daoine ba bhoichte i gcathair Calcúta? An gceapann tú gur rud éasca nó rud deacair le déanamh a bhí ann? Cén fáth?
- Conas a mhothaigh na daoine nuair a chonaic siad an Mháthair Treasa ag teacht chun cabhrú leo?
- Cén fáth, dar leat, gur tháinig daoine eile chun cabhrú le Máthair Treasa chun aire a thabhairt do na daoine a bhí tinn agus bocht?

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### Is féidir linn grá a roinnt

Tosaigh trí Phóstaer 2: 'An Mháthair Treasa' a thaispeáint do na páistí. Iarr orthu cuimhneamh ar an gcaoi ar roinn an Mháthair Treasa grá le daoine i gCalcúta. Déan comhrá leis na páistí faoi conas is féidir leo grá a roinnt ar scoil, sa bhaile srl.



## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 14: An tseachtain seo d'fhoghlaim na páistí go bhfuil daoine go léir mar chuid d'aon teaghlach daonna amháin ar domhan, atá cruthaithe go grámhar ag Dia. Ar an leathanach seo tarraingíonn siad pictiúr dá dteaghlaigh agus dá gcairde chomh maith le pictiúir de dhaoine eile.

### Sa Bhaile

Lch. 15: Tugtar cuireadh do theaghlaigh an scéal 'An Mháthair Treasa' a léamh lena bpáistí. Tugtar cuireadh dóibh freisin comhrá a dhéanamh faoin gcaoi inar féidir leo féin agus a bpáistí a bheith cineálta le daoine eile, go háirithe leo siúd atá i gcruachás.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá gach teaghlach ar domhan mar chuid den teaghlach daonna amháin. Díreach mar a léirímid grá do na daoine inár dteaghlach féin, is féidir linn grá a roinnt le teaghlach níos leithne – an teaghlach daonna. Roinn an Mháthair Treasa grá le daoine a bhí bocht agus daoine a bhí tinn. Thaispeáin sí go raibh grá ag Dia dóibh.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Tréimhse i gCiorcal

Tabhair cuireadh do na páistí suí i gciorcal, agus tóg do 'ghléas cainte' leat. B'fhéidir gur mhaith leat tosú trí roinnt gníomhaíochtaí tosaigh a dhéanamh ar nós 'cuir/pas aoibh gháire timpeall an chiorcail', 'coinnigh lámha le chéile' nó 'cuir/pas fáisceadh mín timpeall an chiorcail'. Ansin abair leis na páistí gur mhaith leat rud éigin eile a chur timpeall an chiorcail - focail chineálta faoina chéile. Tabhair cuireadh do gach páiste rud éigin cineálta a rá faoin duine ina shuí in aice leo. Lean ort timpeall an chiorcail agus cuir tú féin san áireamh. Ag an deireadh, cuir i gcuimhne na bpáistí nuair a deirimid rudaí cineálta faoina chéile gur bealach amháin atá ann chun grá a roinnt le daoine eile.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** An tseachtain seo bhíomar ag foghlaim faoin Mháthair Treasa, agus faoi mar a roinn sí grá le daoine eile, go háirithe leo siúd a bhí bocht nó a bhí tinn. Tá daoine cosúil leis an Mháthair Treasa agus na naoimh an- gar do Dhia. Is féidir linn a iarraidh orthu guí ar ár son, agus cabhrú linn a bheith maith agus flaithiúil agus grámhar, díreach mar a bhí siadsan. Le chéile, iarraimís orthu 'Guigh orainn'.
**P:** Guigh orainn.

**M:** A Mháthair Treasa ...
**P:** Guigh orainn.

**M:** Naomh Pádraig ...
**P:** Guigh orainn.

**M:** Naomh Proinsias ...
**P:** Guigh orainn.

*Cuir ainmneacha aon naomh eile atá ar eolas ag na páistí leis an liosta seo, cosúil le héarlamh na scoile/ an tséipéil.*

**M:** A Dhia ghrámhair,
Cuidigh linn foghlaim ó shaol na Máthar Treasa agus ó fhir agus mná naofa eile.
Cuidigh linn do ghrá a roinnt leis na daoine go léir i do theaghlach.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Ceacht 4: Guímid chun Dé

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Fear urnaí ab ea Íosa. Ghuigh sé i gcónaí; bhí sé mar chuid dá shaol. Ghuigh sé le daoine eile agus ina aonar. Bhí caidreamh pearsanta aige le Dia, agus ghlaoigh sé 'Abba' air (Mc 14:36). Is focal Aramaic é seo do 'daidí' agus ba mhinic a d'úsáid leanbh an focal seo dá athair. Bhí tionchar mór ag seo go léir ar na haspail agus d'iarr siad ar Íosa: 'A Thiarna, múin dúinne guí' (Lúc 11:1). Agus mar sin mhúin sé *An Phaidir* dóibh. 'Is í Paidir an Tiarna an phaidir is foirfe dá bhfuil ...' (ChEC, 2763).

An tseachtain seo, cuirimid na páistí in aithne don *Phaidir* mar an phaidir a mhúin Íosa dá chairde, agus an phaidir a ghuíonn cairde Íosa fós inniu.

# Féachaimis ...


## AG COMHRÁ

### Faoi Urnaí




Déan comhrá leis na páistí faoi Íosa ag guí sa bhaile ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... cén fáth, dar leat, ar mhúin Muire agus Iósaef d'Íosa conas guí a dhéanamh?
- An gceapann tú gur labhair Íosa le Dia fós nuair a d'fhás sé? Cén fáth, dar leat, a rinne sé é sin? Cathain a ghuigh sé, meas tú?



Ansin déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... cén fáth, dar leat, a ghuíonn Evan agus a máthair le chéile?
- An ndúirt tú paidir riamh roimh dul a luí? Cén phaidir a dúirt/deir tú? An ndeir tú é leat féin nó le duine éigin eile?



Mínigh nuair a bhíonn daoine ag guí go labhraíonn siad agus go n-éisteann siad le Dia, agus sa tslí sin cuireann siad aithne ar Dhia agus aithne níos fearr ar dhaoine eile. Ansin déan comhrá ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... an gceapann tú go n-éisteann Dia le paidreacha gach éinne, ar fud an domhain? Cad a insíonn sé sin dúinn faoi Dhia?
- An gcaithfimid ár gcuid paidreacha a rá os ard chun go gcloisfeadh Dia iad? Cén guth eile a d'fhéadfaimis a úsáid?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Éisteann Dia lenár gcuid paidreacha i gcónaí. Cad as a ghabhaimid buíochas le Dia inniu?

*Lig do na páistí guí le buíochas as rud éigin nó duine éigin. Mar shampla, 'Go raibh maith agat a Dhia as mo chairde'.*

**M:** An bhfuil duine ar bith ann ar mhaith leat guí ar a son? An bhfuil aon duine tinn nó brónach a bhfuil aithne agat orthu? Iarraimis ar Dhia iad a bheannú.

*Lig do na páistí guí ar son duine a bhfuil aithne acu orthu. Mar shampla, 'Go mbeannaí Dia mo sheanathair atá tinn'.*

**M:** A Dhia ghrámhair, beannaigh sinn uile. Beannaigh ár dtithe agus beannaigh ár dteaghlaigh. Cuidigh linn guí chugat. Áiméan

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Guíonn Íosa'

Tosaigh trí a iarraidh ar na páistí ainm an leabhair ónar féidir linn foghlaim faoi Dhia agus Íosa a sholáthar. Tabhair cuireadh dóibh cuid de na scéalta ón mBíobla atá ar eolas acu a lua. Ansin taispeáin Bíobla do na páistí. Inis dóibh gur féidir linn níos mó a fhoghlaim faoi conas agus cathain a ghuigh Íosa ón mBíobla. Ansin léigh an scéal 'Guíonn Íosa'.

**'Guíonn Íosa'**



Nuair a d'fhás Íosa, thosaigh sé ag múineadh na ndaoine faoi Dhia. Dúirt sé leo gur chruthaigh Dia iad, agus gur thug Dia grá dóibh. Bhí an-suim ag na daoine ina chuid cainte. Ach ní raibh Íosa ag múineadh i seomra ranga – mhúin sé amuigh faoin aer, i dtithe na ndaoine, faoin tuath, sa bhaile. D'inis sé scéalta dóibh, scéalta faoi Dhia agus faoi ghrá Dé do na daoine uile ar domhan. Tháinig a lán daoine le bualadh agus le caint le hÍosa. Leigheas sé daoine a bhí tinn.

Chaith Íosa a lán ama ag guí chun Dé, a athair ar Neamh. Uaireanta, ghuigh sé ina aonar agus uaireanta eile, ghuigh sé in éineacht le daoine eile. Uaireanta, ghuigh sé os ard agus uaireanta eile, ghuigh sé go ciúin, ag úsaid a ghutha bhig taobh istigh. Mhínigh Íosa dá chairde go bhféadfaidís guí chun Dé am ar bith agus áit ar bith, agus go bhféadfaidís labhairt le Dia faoi rud ar bith.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cá háit ar mhúin Íosa na daoine?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- N'fheadar … cén fáth go raibh Íosa ag iarraidh an daoine a mhúineadh? Cad a mhúin sé dóibh?
- Uaireanta ghuigh Íosa leis féin, agus uaireanta eile ghuigh sé le daoine eile. An féidir leat cuimhneamh ar am nuair a ghuigh tú leat féin? An cuimhin leat am nuair a ghuigh tú le daoine eile? Cé leis ar ghuigh tú? Cathain? Inis dúinn faoi.
- N'fheadar … cén ábhar cainte a bhí ag Íosa nuair a labhair sé le Dia? Cad a cheapann tú a dúirt Dia an tAthair le hÍosa?



# AN SCRIOPTÚR NAOFA

## ‘Múineann Íosa dá chairde conas guí’

Tosaigh tríd an scéal ‘Guíonn Íosa’ a thabhairt chun cinn. Ansin tabhair isteach an scéal ‘Múineann Íosa dá chairde conas guí’.

**‘Múineann Íosa dá chairde conas guí’**



Lá amháin, d’imigh Íosa go háit chiúin chun guí. Labhair a chairde le chéile faoin méid ama a chaith sé ag guí.

‘Caitheann Íosa a lán ama ag guí,’ a dúirt duine acu. ‘Cá bhfios dó cad ba cheart a rá?’

‘Cuirfimid ceist air!’ arsa duine eile. ‘Nuair a thagann sé ar ais, iarrfaimid air sinn a mhúineadh conas guí.’

Nuair a d’fhill Íosa, dúirt a chairde, ‘A Íosa, múin dúinn conas guí. Inis dúinn cad ba cheart dúinn a rá.’

Dúirt Íosa leo, ‘Nuair a ghuíonn sibh, guígí mar seo: Ár nAthair atá ar neamh, go naofar d’ainm, go dtaga do ríocht, go ndéantar do thoil ar an talamh mar a dhéantar ar neamh. Ár n-arán laethúil, tabhair dúinn inniu, agus maith dúinn ár bhfiacha, mar a mhaithimidne dar bhféichiúna féin; agus ná lig sinn i gcathú, ach saor sinn ó olc.’

Tar éis duit an scéal a léamh, taispeáin an póstaer ina bhfuil Íosa ag múineadh *An Phaidir*. Seiceáil le haghaidh tuisceana ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le ‘Cad a d’iarr cairde Íosa air a dhéanamh?’ Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Ar chuala tú riamh focail urnaí Íosa roimhe seo? Cá háit? Cé a dúirt *An Phaidir*?
- N’fheadar … cén fáth go ndúirt Íosa lena chairde ‘Athair’ a ghlaoch ar Dhia? An féidir linne ‘ár nAthair’ a ghlaoch ar Dhia freisin? Cén chaoi a bhfuil Dia cosúil le hathair dúinn uile?
- N’fheadar … an nguíonn cairde Íosa an phaidir seo fós inniu? Cathain? Cén fáth? An bhfuil a fhios agat cad a thugann siad air?

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Ghuigh Íosa go minic - uaireanta leis féin agus uaireanta eile le daoine eile. Mhúin Íosa conas guí dá chairde freisin. Deir cairde Íosa ar fud an domhain an phaidir seo inniu. Tugtar *An Phaidir* air.

## PAIDIR

**M:** Guímis inniu an chéad chuid den phaidir a mhúin Íosa dá chairde. Deirimid an phaidir seo toisc gur cairde Íosa muid freisin. Is féidir linn é a rá anseo sa seomra ranga, nó sa bhaile lenár dteaghlaigh, nó ag an Aifreann, nuair a bhailímid le chéile le daoine eile. Ar dtús, dúirt Íosa gur chóir dúinn 'Athair' a ghlaoch ar Dhia, mar sin deirimid le chéile: 'Ár nAthair.'
**P:** Ár nAthair.

**M:** Ansin dúirt Íosa dúinn go bhfuil Dia ina chónaí ar neamh le Muire agus leis na naoimh, agus mar sin deirimid, 'atá ar neamh'. Abair an méid sin go léir le chéile: 'Ár nAthair, atá ar neamh.'
**P:** Ár nAthair, atá ar neamh.

**M:** Ansin, insíonn Íosa dúinn go bhfuil Dia agus ainm Dé naofa. Mar sin mhúin Íosa dúinn a rá, 'Go naofar d'ainm'.
**P:** Go naofar d'ainm.

**M:** Guímis an méid sin go léir le chéile. 'Ár nAthair, atá ar neamh, go naofar d'ainm.'
**P:** Ár nAthair, atá ar neamh, go naofar d'ainm.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 16: An tseachtain seo chuala na páistí gur mhúin Íosa dá chairde conas guí. Ar an leathanach seo dathaíonn siad pictiúr d'Íosa agus tarraingíonn siad cuid dá chairde ina seasamh in aice leis. Scríobhann siad na focail seo freisin: 'Ár nAthair, atá ar neamh, go naofar d'ainm'.

### Sa Bhaile

Lch. 17: Tugtar teaghlaigh isteach ar *An Phaidir* – an urnaí a mhúin Íosa dá chairde, agus an urnaí a deir cairde Íosa fós inniu. Tugtar cuireadh dóibh *An Phaidir* a ghuí le chéile.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: Bainimid le Chéile

*Más féidir, iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr orthu a gcuid cathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.

**M:** Cuirimid tús lenár nguí ag baint úsáid as ainm Dé.

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Le tamall beag anuas, bhíomar ag caint faoi na teaghlaigh a mbainimid leo agus na háiteanna ina mbaineann na teaghlaigh sin. Cuirimid tús inniu lenár seirbhís urnaí lena rá amach os ard ainm an teaghlaigh a mbainimid leis agus cá bhfuil cónaí ar an teaghlach sin. Tosóidh mise.

*Abair*, "Is de chlann (m.sh. Uí Dhálaigh) mise agus tá cónaí orainn i (m.sh. Luimneach)."

*Cabhraigh le gach páiste i do rang an t-eolas seo fúthu féin a roinnt. D'fhéadfadh le páistí áirithe i do rang sloinne difriúla a bheith acu ó na daoine eile ina dteaghlaigh.*

**M:** Cé go mbainimid go léir le teaghlaigh éagsúla a gcónaíonn in áiteanna éagsúla, is den aon teaghlach daonna amháin sinn go léir. Tá gach duine sa teaghlach daonna cruthaithe ag Dia agus tá grá ag Dia dóibh go léir. Ach, de na daoine go léir a bhí páirteach i dteaghlach Dé, bhí duine amháin ann a bhí níos speisialta ná aon duine eile. An bhfuil a fhios ag éinne cé atá i gceist agam?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** Cad atá le foghlaim againn ó Íosa?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** Mhúin Íosa go leor dúinn faoi Dhia agus faoi conas maireachtáil mar bhall den chine daonna. D'éist daoine cosúil leis an Máthair Treasa le hÍosa agus rinne siad iarracht maireachtáil ar an mbealach a mhúin sé dúinn. Mhúin Íosa dúinn



conas guí chun Dé. Nuair a ghuímid, táimid ag labhairt agus ag éisteacht le Dia. Cabhraíonn sé seo linn aithne a chur ar Dhia agus grá níos fearr a thabhairt dó. Is féidir linn freisin, guí chuig Íosa. Caithimid roinnt ama inniu ag caint le hÍosa.

Abair i mo dhiaidh: Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá*)

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

**M:** Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Samhlaigh duit féin go bhfuil tú ar ais in aimsir Íosa. Samhlaigh go bhfuil tú lasmuigh ar lá te grianmhar. Breathnaigh thart timpeall ... tá tú faoin tuath. Féach ar na cnoic agus ar na crainn. Féach ar na héin san aer.
(Sos)

Agus tú ag breathnú thart, feiceann tú Íosa. Tá sé leis féin, ina shuí ar bharr cnoic. Is cosúil go bhfuil sé ag guí.
(Sos)

Breathnaíonn Íosa suas. Feiceann sé tú, agus déanann sé gáire leat. Iarrann sé ort teacht chuige. Téigh chuig Íosa anois.
(Sos)

Labhair le hÍosa ag baint úsáid as do ghuth istigh. Abair leis conas tá tú ag mothú inniu.
(Sos)

An bhfuil aon duine ann gur mian leat guí ar a son? Inis le hÍosa cé atá i gceist agat.
(Sos)

An bhfuil aon rud ann gur mian leat buíochas a ghabháil leis as? Inis faoi sin le hÍosa freisin.
(Sos)

Éist leis an méid a bhfuil le rá ag Íosa leat.
(Sos)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

**M:** Mhúin Íosa lena chuid cairde 'Ár nAthair' a ghlaoch ar Dhia.
Guímis le chéile faoi mar a mhúin Íosa dúinn a dhéanamh.


**Gach Duine:** Ár nAthair atá ar Neamh, go naofar d'ainm.

**M:** A Dhia ár nAthair ar Neamh, beannaigh sinn agus gach a bhfuil cónaí orthu anseo i ______________. Beannaigh na daoine go léir sa teaghlach daonna, na daoine go léir a chruthaigh tú, agus a bhfuil grá agat dóibh. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.

# Mo Chrann Ginealaigh



Is le mo

theaghlach mé

# Téama 3: An Aidbhint agus An Nollaig

Ceacht 1: Solas na hAidbhinte.
Ceacht 2: 'Tá go maith' a deir Muire.
Ceacht 3: Breith Íosa.
Ceacht 4: Bronntanais don leanbh.

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Dé**
- Thug Dia Íosa mar bhronntanas dúinn
- Roghnaigh Dia Muire le bheith ina máthair ag Íosa

**Rúndiamhair Íosa Críost**
- Is é Íosa Solas an tSaoil
- Rugadh Íosa ar Lá Nollag
- Rugadh Íosa i mBeithil agus d'fhás sé suas i Nazarat
- Rugadh Íosa i stábla umhal, i dteaghlach a bhí beo bocht

**Rúndiamhair na hEaglaise**
- Is í Muire máthair Íosa, máthair Dé, agus ár máthair freisin

### Briathar Dé

**Scrioptúr Naofa: Breith agus Óige Íosa**
- Eoin 8:12. Íosa, solas an tsaoil
- Lúc 1:26-38. Teachtaireacht an Aingil
- Lúc 2:1-20; Mth 1:18-25. Breith Íosa
- Mth 2:1-3, 7-12. An Triúr Saoithe

### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí: Urnaí Fhoirmeálta**
- 'S é do bheatha, a Mhuire

**An Bhliain Liotúirgeach**
- Tráth den bhliain atá san Aidbhint chun ullmhú do bhreithlá Íosa um Nollaig. Fleasc na hAidbhinte
- Tráth den bhliain atá san Nollaig nuair a dhéanann Críostaithe ceiliúradh ar bhreith Íosa Críost, solas an tsaoil

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ón mBonnchéim:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**
*c. Breith Íosa.*
Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi ar
na himeachtaí seo:
- Teachtaireacht Ghaibriéil, Aingeal, do Mhuire - Lúcás 1:26-38.
- An turas go Beithil - Lúcás 2:4-5.
- Breith Íosa - Lúcás 2:6-7.
- Na hAoirí, na Saoithe agus Héaród - Lúcás 2:8-20; Matha 2:1-12.

# Ceacht 1: Solas na hAidbhinte

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tugtar 'Aidbhint' ar na seachtainí roimh an Nollaig. Tagann an téarma ó fhocal Laidine (*adventus*) a chiallaíonn 'teacht'. Táimid ag ullmhú chun cuimhneamh a dhéanamh ar theacht Dé ar domhan tríd an leanbh Íosa. Bhí Dia i láthair ar domhan leis na céadta bliain agus tá sé linn inniu – ag tabhairt grá do gach duine agus ag iarraidh tarraingt gar dúinn, le bheith cairdiúil linn (féach *Dei Verbum*, 2). Cé go n-athraíonn rudaí i saol na bpáistí - éiríonn siad níos sine, bogann siad ranganna, bíonn spéiseanna nua acu – ní athraíonn an Nollaig riamh. Tagann sé, bliain i ndiaidh bliana, beag beann ar cad a tharlaíonn i saol daoine. Cuireann sé mian Dé i gcuimhne dúinn a bheith gar do gach duine, i saol agus trí shaol Íosa Críost.

An tseachtain seo tosóidh na páistí ag ullmhú don Nollaig trí fhleasc Aidbhinte a dhéanamh. Tugadh isteach ar an Aidbhint iad mar chuid de *I nGrá Dé* do Naíonáin Shóisearacha/B1, agus chomhairigh siad laethanta na hAidbhinte ag baint úsáid as féilire Aidbhinte.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Coinnle agus lasáin
- Ábhair chun fleasc Aidbhinte a dhéanamh



# Féachaimis …

## SCÉAL

### ‘Maidin Gheimhridh’

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoin aimsir. Fiafraigh díobh conas a d’athraigh an aimsir ó bhí siad ar laethanta saoire an tsamhraidh. Mínigh go bhfuil an aimsir ag athrú mar táimid ag bogadh isteach i séasúr ar a dtugaimid an ‘Geimhreadh’ air. Ansin léigh an scéal ‘Maidin Gheimhridh’.

**‘Maidin Gheimhridh’**




Dhúisigh Yi Lan maidin gheimhridh amháin. Bhí a seomra chomh dorcha sin nach bhféadfadh sí aon rud a fheiceáil. Bhí a fhios aici go raibh a srón an-fhuar, agus go raibh an t-aer sa seomra an-fhuar freisin. Theastaigh uaithi dul síos faoi na clúdaigh – áit a raibh sé te agus cluthar, ach díreach ansin ghlaoigh Mam uirthi: ‘Yi Lan, tá sé in am don bhricfeasta. Bí ag éirí anois!’

D’fhan Yi Lan ar feadh nóiméid sular tharraing sí an duivé ar ais. Chomh luath agus a leag sí a cosa ar an urlár thosaigh sí ag crith. Ansin shiúil sí trasna an urláir chun teacht ar a geansaí agus a slipéir. Ó nach deas a bhí siad!



Shiúil Yi Lan thar an fhuinneog ar a bealach go dtí an doras agus stop sí le breathnú amach. Ní fhéadfadh sí a fheiceáil i bhfad toisc go raibh sé dorcha fós. D’fhan an ghrian ina codladh níos mó ná Yi Lan na laethanta seo! Chuir Yi Lan a haghaidh suas go dtí an ghloine fhuar agus is ar éigin a bhí sí in ann an crann ag bun na sráide a fheiceáil. Bhí an crann lom toisc gur thit na duilleoga uaidh. Ní raibh éan ar bith ag canadh. Ní raibh aon duine ag siúl ar na sráideanna ach oiread. Bhí siad go léir istigh sna tithe.

Nuair a shiúil sí isteach sa chistin, d’oibrigh an tóstaer agus bhí an tósta te le feiceáil. Bhí



a deartháir, Xiao Long, ina shuí ag an mbord cheana féin, agus gránach le bainne te á ithe aige.

‘Dia dhuit ar maidin!’ arsa Mam, agus an tósta á cur ar phláta aici. ‘Tá áthas orm gur chuir tú do gheansaí ort … Tá sé an-fhuar inniu!

‘Tá a fhios agam!’ arsa Yi Lan. ‘Agus tá sé dorcha freisin!’

Chuir Mam an tósta ar phláta agus shiúil sí anonn go Yi Lan. ‘Cabhróidh sé seo leat roimh dhul ar scoil!’ ar sise. ‘Subh nó marmaláid?’

‘Subh!’ arsa Yi Lan. ‘Agus im, le do thoil!’

Tar éis an bhricfeasta, ghléas Yi Lan í féin. Chuir sí a héide, a riteoga agus a bróga uirthi.



Ansin, chuir sí a cóta uirthi freisin, á zipeáil go barr. Chuir sí a caipín olla agus a lámhainní uirthi agus cheangail Mam a scairf thart ar a muineál.

Bhí sé dorcha fós, fad is a bhí siad ag siúl ar scoil. Bhí greim ar lámha Mhamaí ag Yi Lan agus ag Xiao Long. Chonaic siad scata éan ina suí ar fál lena gcleití sínte amach. ‘Ní mór dúinn cuimhneamh, blúiríní ón dtósta a thabhairt dóibh amárach,’ arsa Mam. ‘Ní bheidh go leor acu le hithe na laethanta seo.’

Díreach nuair a tháinig siad go dtí geataí na scoile, bhraith Yi Lan rud éigin fliuch ar bharr a

• • •

srón. D'fhéach sí in airde. Bhí calóga sneachta ag tosú ag titim! Ní fhaca Yi Lan sneachta roimhe seo. 'Féach Mam!' a scairt sí. 'Tá sé ag cur sneachta!'

Bhí sceitimíní áthais ar na páistí an lá sin. Nuair a tháinig am lóin, thug na páistí faoi deara go raibh an sneachta socraithe ar an gclós. Dúirt Bean Uí Áinle leo go raibh cead acu dul lasmuigh, chomh fada agus a bhí siad gléasta i gceart. Rinne na páistí fear sneachta agus chuir siad hata agus scairf air. 'Is fearr liom an geimhreadh thar thréimhse eile den bhliain!' arsa Yi Lan. Agus d'aontaigh gach éinne léi.



Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le: 'Cad a bhí ag Yi Lan don bhricfeasta?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cad iad na rudaí a rinne Yi Lan an lá sin nach bhféadfadh sí a dhéanamh dá mba an rud é go raibh an t-earrach nó an samhradh ann?
- An fearr leat nuair a bhíonn sé dorcha lasmuigh nó nuair a bhíonn sé geal lasmuigh? Cén fáth? Cad iad na cineálacha rudaí gur féidir leat a dhéanamh nuair a bhíonn sé geal um thráthnóna nach féidir leat a dhéanamh nuair a bhíonn sé dorcha?
- Ar imir tú sa sneachta riamh? Cén saghas rudaí a rinne tú? Cé leis/léi ar imir tú?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu guímís le Dia ag úsáid ár nguthanna istigh.

Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá)*

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Inniu táimid chun smaoineamh ar ghrá Dé sa gheimhreadh. Bíonn grá ag Dia dúinn i gcónaí, nuair a bhíonn an ghrian ag taitneamh, nuair a bhíonn sé ag cur báistí, nuair a bhíonn an ghaoth ag séideadh agus nuair a bhíonn sé fuar agus dorcha.

Smaoinigh ... Tá Dia in éineacht leat anois. (*Sos*)

Ag baint úsáid as do ghuth istigh nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil,
abair le Dia cad is fearr leat faoin gheimhreadh. (*Sos*)

Iarr ar Dhia tú féin agus do theaghlach a choinneáil slán sábháilte le linn an gheimhridh. (*Sos*)

Cuimhnigh go mbeidh Dia in éineacht leat i rith an gheimhridh ar fad. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.

**M:** A Dhia ghrámhair, beannaigh sinn go léir i rith an gheimhridh seo.
Coinnigh sinn te, sábháilte agus sona.
Beannaigh ar bhealach speisialta iad siúd nach bhfuil tithe teo le codladh iontu nó bia le hithe acu.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## AG COMHRÁ

### Faoi Sholas agus Dorchadas

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi sholas agus dorchadas ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An raibh tú riamh amuigh san oíche nuair a bhíonn sé an-dorcha? Conas a mhothaigh tú? An raibh eagla ort? Cén fáth?
- An raibh tú riamh istigh nuair a mhúch na soilse? Cén fáth ar mhúch na soilse? An raibh sé scanrúil? Cad a rinne tú?
- An bhfuil aon rud gur féidir leat a thabhairt leat nuair a chaithfidh tú dul amach sa dorchadas? Cad is féidir leis cabhrú leat chun an bealach a thaispeáint duit nuair nach féidir leat féachaint go soiléir?

Ansin déan an seomra ranga chomh dorcha agus is féidir leat trí na dallóga a tharraingt anuas, na soilse a mhúchadh agus aon scáileáin ríomhaire a lagú. Iarr ar na páistí cabhrú leat chun é seo a dhéanamh agus iad a bheith páirteach i gcinneadh conas an seomra a dhéanamh chomh dorcha agus is féidir leat. Ansin las an coinneal. Fiafraigh de na páistí cén difríocht a dhéanann solas na coinnle: an bhfeiceann siad rudaí níos soiléire? An mbraitheann siad níos sábháilte? Cén fáth?

Nuair a lasfaidh tú na soilse arís, déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Tá sé i bhfad níos dorcha lasmuigh anois toisc go bhfuil an geimhreadh ann. Nuair a bhíonn sé dorcha lasmuigh is féidir linn a bheith ag mothú scanraithe nó neirbhíseach. Is féidir le solas ó choinneal nó ó thóirse cabhrú linn mothú níos fearr. Dúirt Íosa go raibh sé cosúil le solas: cad a cheap tú a bhí i gceist aige leis sin?
- Ach ní dúirt Íosa go bhféadfadh sé seomra a lasadh cosúil le coinneal. Dúirt Íosa go bhféadfadh sé an domhan ar fad a shoilsiú! Conas a d'fhéadfadh Íosa, dar leat, a bheith ina sholas do na daoine go léir ar domhan?
- Go gairid déanfaimid breith Íosa a cheiliúradh. An bhfuil éinne ann a bhfuil ainm an lae sin ar eolas aige/aici? Titeann Lá Nollag gar don lá is dorcha den bhliain iomlán, ach bíonn go leor againn an-sásta ar an lá sin. Ar Lá Nollag, déanaimid ceiliúradh ar bhreith Íosa, solas an domhain. An bhfuil tú ag tnúth go mór le Lá Nollag? Cén fáth?

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tá gach ceann de ghnéithe bláthfhleasc na hAidbhinte siombalach:

- Is é corcra/vialait dath an aithrí. Cuireann sé glaoch Eoin Baiste i gcuimhne dúinn chun aithrí a dhéanamh mar ullmhúchán do theacht Íosa.
- Déantar an coinneal bándearg a lasadh ar an tríú Domhnach den Aidbhint. Go traidisiúnta tugtar *Gaudete* nó Domhnach Lúchaireach ar an Domhnach seo. Déanaimid lúcháir toisc go bhfuilimid níos mó ná leath bealaigh tríd an Aidbhint.
- Is siombail é, na coinnle i gciorcal, an grá atá ag Dia dúinn, grá leanúnach nach bhfuil tús nó deireadh leis.
- Cuireann duilleoga síorghlasa timpeall na gcoinnle i gcuimhne dúinn go bhfuil grá Dé go síoraí.

### Fleasc na hAidbhinte

Mínigh do na páistí nuair a thagann an geimhreadh go mbíonn a fhios againn go bhfuilimid ag druidim leis an Nollaig. Déan comhrá leis na páistí faoi na rudaí a tharla ar an gcéad Nollaig: rugadh aon Mhac Dé, Íosa. Cuir i gcuimhne do na páistí go dtugaimid 'Aidbhint' ar an dtréimhse speisialta a chaithimid ag fáil réidh chun lá breithe Íosa a cheiliúradh, agus féach an féidir leo cuimhneamh ar fhéilire na hAidbhinte mar bhealach chun laethanta na hAidbhinte a chomhaireamh

(úsáideadh é seo i Naíonáin Shóisearacha/B1).

Ansin taispeáin pictiúr de Fhleasc na hAidbhinte do na páistí. Mínigh gur féidir leis cabhrú linn na laethanta a chomhaireamh go dtí go ndéanaimid ceiliúradh ar bhreith Íosa: lasaimid coinneal gach seachtain ar feadh na gceithre seachtaine roimh na Nollag. Ar an mbealach sin éiríonn an fhleasc níos gile agus níos gile, cé go mbíonn na laethanta ag éirí níos dorcha agus níos dorcha. Nuair a bhíonn na ceithre choinnle go léir ar lasadh, ciallaíonn sé go bhfuil Lá Nollag an-ghar dúinn!

Mínigh dóibh go bhfuil an rang chun Bláthfhleasc na hAidbhinte a dhéanamh. Déan comhrá faoi na heilimintí éagsúla den fhleasc: ceithre choinneal – trí chinn corcra agus ceann amháin bándearg - agus roinnt duilleoga glasa. Tá roinnt bhealach ann inar féidir Fleasc na hAidbhinte a dhéanamh. Tugtar breac-chuntas ar chuid de na bealaí seo thíos. Cibé acu a roghnaíonn tú, lig do na páistí a bheith gníomhach agus an fhleasc á ullmhú agat.



**Rogha a hAon**

Chun bláthfhleasc Aidbhinte a dhéanamh le coinnle réadacha, beidh trí choinneal corcra agus coinneal bándearg amháin ag teastáil uait. Is féidir leat

iad seo a chur i ngaineamh i mbosca brioscaí, i bpota plandaí ceirmeacha, nó i rud éigin cosúil leo seo. Cuir duilleoga síorghlasa/cuileann isteach sa ghaineamh leis na coinnle agus déan an bosca stáin a mhaisiú ag úsáid ribín.



**Rogha a Dó**

Déan bláthfhleasc Aidbhinte 'neamh-dhóite' trí bhileoga de cárta daite (trí chinn corcra agus ceann bándearg amháin) a úsáid in ionad coinnle réadacha. Greamaigh na 'coinnle' le pláta páipéir. Is féidir leat iad a 'shoilsiú' gach seachtain trí pháipéar crèpe buí a chur ar barr. Iarr ar gach páiste rian a láimhe a dhéanamh ar chárta/pháipéar glas. Nuair a ghearrtar iad seo amach is féidir iad a chur ar an bpláta páipéir ionas go mbeidís cosúil le duilleoga timpeall na fleisce.



**Rogha a Trí**

Cruthaigh taispeántas bláthfhleasc Aidbhinte ar an mballa taobh thiar de do spás urnaí trí cheithre phíosa de pháipéar daite a ghearradh amach: trí chinn corcra agus ceann bándearg amháin. Mar a luadh thuas, is féidir leat iad seo a 'lasadh' gach seachtain trí pháipéar crèpe buí a ghreamú ar an mbarr. Arís, chun na duilleoga síorghlasa a dhéanamh, tabhair bileog de pháipéar/chárta glas do gach páiste, agus iarr orthu rian a lámha a dhéanamh, iad a ghearradh amach agus a chur leis an dtaispeántas.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 18: An tseachtain seo bhíomar ag comhrá faoi na hathruithe go léir a tharlaíonn sa domhan nádúrtha i rith an gheimhridh. Ar an leathanach seo ciorclaíonn agus dathaíonn na páistí na míreanna éagsúla a bhaineann siad úsáid astu sa gheimhreadh.

### Sa Bhaile

Lch. 19: Bíonn teaghlaigh ag comhrá le chéile faoi chomharthaí an gheimhridh gur féidir leo a fheiceáil. Cuirtear i gcuimhne dóibh go ndéanfaidh an ceiliúradh de bhreith Íosa ar Lá Nollag laethanta an gheimhridh a shoilsiú. Iarrtar ar na páistí chun na coinnle ar Fhleasc na hAidbhinte a dhathú agus chun an chéad choinneal air a lasadh an tseachtain seo.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tarlaíonn go leor athruithe sa domhan nádúrtha i rith an gheimhridh - éiríonn sé níos fuaire, bíonn sneachta ann uaireanta, agus is cosúil go mbíonn plandaí agus ainmhithe ina gcodladh. Ach, cuireann teacht an gheimhridh i gcuimhne dúinn go bhfuilimid ag druidim níos cóngaraí don Nollaig - an lá a ndéanaimid breith Íosa a cheiliúradh. Is féidir le Fleasc na hAidbhinte cabhrú linn na seachtainí go dtí an Nollaig a chomhaireamh.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

*Tarraing aird na bpáistí chuig Fleasc na hAidbhinte.*

**M:** Agus muid ag comhaireamh na seachtainí go dtí go ndéanaimid Lá breithe Íosa a cheiliúradh ar Lá Nollag, lasaimid an chéad choinneal ar Fhleasc na hAidbhinte.

*Tabhair cuireadh do pháiste amháin an chéad choinneal (corcra) ar Fhleasc na hAidbhinte a 'lasadh'.*

**M:** A Dhia ghrámhair,
Go gcuirfidh na coinnle ar Fhleasc na hAidbhinte seo i gcuimhne dúinn go bhfuilimid ag fanacht le breith do mhac, Íosa, a cheiliúradh.
I ndorchadas an gheimhridh, go dtabharfaidh na coinnle seo solas inár saol dúinn.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# Ceacht 2: 'Tá go maith' a deir Muire

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Ní bheadh aon Nollaig nó aon ionchollú ann gan Muire. Bhí sí lárnach i bplean Dé. Tar éis di 'tá go maith' a rá bhí gach rud indéanta. Nuair a tháinig an t-Aingeal Gaibriéil chuici, bhí eagla agus mearbhall uirthi. Níor thuig sí a raibh Dia ag iarraidh uirthi. Ní raibh aon chiall leis: 'conas a tharlódh sé seo?' a d'fhiafraigh sí. Ach roghnaigh Muire go saor freagra a thabhairt ar Dhia trí 'tá go maith' a rá leis. In ainneoin a neamhchinnteachta, bhí dóthain muiníne aici as Dia aontú lena iarratas. Nuair a dúirt sí 'tá go maith' thug sí cead do Dhia oibriú tríthi agus a mhac Íosa a chur ar domhan. Leis na cianta, d'aithin daoine gur bean naofa beannaithe ba ea Muire i gcomparáid le mná eile. De réir a chéile chreid siad gur rugadh Muire saor ó pheaca an tsinsir agus cuireadh é seo mar chuid de theagasc na hEaglaise Caitlicí. Ceiliúrtar Giniúint gan Smál na Maighdine Beannaithe Muire ar an 8ú Nollaig toisc gur rugadh Muire saor ó pheaca an tsinsir.

An tseachtain seo cuirfear Teachtaireacht an Aingil i gcuimhne na bpáistí agus foghlaimeoidh siad *'S é do bheatha, a Mhuire*.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- An teimpléad de Mhuire (thíos) fótachóipeáilte do gach páiste.

# Féachaimis ...

## DRÁMA

### Dea-Scéal a Fhógairt

Iarr ar na páistí smaoineamh ar feadh nóiméid ar an méid a déarfaidís dá mbeadh orthu fógra a dhéanamh - aon fhógra ar mhaith leo a dhéanamh - chuig an scoil ar fad. Tabhair cuireadh dóibh a gcuid smaointe a roinnt leis an duine in aice leo. Ina dhiaidh sin, roghnaigh roinnt leanaí chun a gcuid fógraí a roinnt leis an rang ar fad. Úsáid cuid de na smaointe seo a leanas chun cur le tábhacht fógraí na bpáistí:

- Tabhair cuireadh do na páistí seasamh os comhair an ranga nó, más féidir, seasamh ar bhosca de réir mar is cuí. Smaoinigh ar na bealaí eile a d'fhéadfaidís aird daoine a fháil (*m.sh. clog a bhualadh; scairt 'Éist!'; na soilse a mhúchadh/ lasadh; guth ar leith a úsáid*)
- Tabhair 'micreafón' do na páistí le húsáid - is leor cás peann luaidhe nó marcóir tiubh a úsáid mar phrapa
- Spreag na páistí lena nguthanna is drámatúla a úsáid chun a gcuid fógraí a dhéanamh

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Sa lá atá inniu ann glacaimis nóiméad chun buíochas a ghabháil le Dia as na
nithe maithe a chualamar a bheith fógartha. Le chéile guímis, 'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** As cuirí chuig cóisirí guímis, 'Go raibh maith agat, a Dhia '.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** As bronntanais iontasacha guímis, 'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** As am breise le himirt guímis, 'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** As cuairteanna ó theaghlaigh agus ó chairde guímis, 'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** As laethanta speisialta sosa, guímis, 'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** A Dhia ghrámhair,
Tá a fhios againn go mbíonn tú linn i gcónaí.
De réir mar a théann an Aidbhint ar aghaidh,
cuidigh linn fás i ngrá duitse
agus do dhaoine eile.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Fógra an Aingil'

Tosaigh trí chuid de na fógraí a rinne na páistí, maidir leis an ngníomhaíocht drámaíochta, a thabhairt chun cuimhne. Ansin taispeáin Póstaer 4 nó dealbh de Mhuire do na páistí.

Inis do na páistí gur chuala Muire fógra tábhachtach - an fógra is tábhachtaí dar rinneadh riamh! Chuir Dia aingeal chun an fógra seo a thabhairt do Mhuire. Féach an féidir leis na páistí cuimhneamh ar an méid a bhí san fhógra seo. Ansin léigh an scéal 'Fógra an Aingil'. Cuir i gcuimhne na bpáistí gur leabhar speisialta atá sa Bhíobla ina léimid scéalta faoi Dhia.

**'Fógra an Aingil'**

(*Curtha in oiriúint ó Lúcas 1:26-32, 38*)



Chuir Dia an tAingeal Gaibriéil go Nazarat, baile beag sa Ghailíl. Bhí teachtaireacht ag an aingeal do bhean óg. Muire ab ainm don bhean óg agus bhí sí chun fear darbh ainm Iósaef a phósadh.

Tháinig an t-aingeal chuici agus dúirt sé , 'Síocháin leat! Tá an Tiarna leat. Is beannaithe thú!'

Bhí eagla ar Mhuire. Níor thuig sí teachtaireacht an aingil.

Dúirt an t-aingeal, 'Ná bíodh eagla ort, a Mhuire. Tá an Tiarna leat. Roghnaigh Dia tú go speisialta. Beidh báibín agat. Tabhair an t-ainm Íosa air. Beidh sé speisialta. Déarfaidh daoine gur Mac Dé é.

'Tá go maith', a dúirt Muire. D'imigh an t-aingeal.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cén fógra a rinne an t-Aingeal Gaibriéil?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a mhothaigh Muire nuair a thuig sí go raibh an t-aingeal ag labhairt léi? Conas a mhothaigh sí nuair a chuala sí fógra an aingil?
- N'fheadar ... cad a cheap tú a rinne Muire nuair a d'fhág an t-aingeal í? Cé a cheap tú a dúirt sí faoi fhógra an aingil leis/léi?
- Cén fáth, dar leat, a roghnaigh Dia Muire i measc na ndaoine go léir ar domhan, le bheith ina máthair dá mhac? Cad a insíonn sé seo dúinn faoi Mhuire?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tugtar 'Teachtaireacht an Aingil' ar chuairt an Aingil Gaibriéil ar Mhuire. Ceiliúraimid Teachtaireacht an Aingil ar an 25ú Márta - díreach naoi mí roimh Lá Nollag. Is féidir leat an focal seo a mhíniú do na páistí má cheapann tú go bhfuil sé oiriúnach é a dhéanamh.

# URNAÍ LE GLUAISEACHT

## 'S é do bheatha, a Mhuire

Inis do na páistí gur féidir linn cuimhneamh ar na focail a dúirt an t-aingeal le Muire trí phaidir speisialta a rá. Tugtar *'S é do bheatha, a Mhuire* ar an bpaidir seo. Déan comhrá faoi gach líne den chéad chuid den phaidir ag úsáid na mínithe thíos, agus múin do na páistí conas an phaidir a ghuí ag baint úsáid as na gníomhartha.

### 'S é do bheatha, a Mhuire ...

'Heileo' is ciall le "'S é do bheatha". Mar sin cuirimid tús lenár nguí trí heileo a rá le Muire.

(*Ardaigh an lámh dheas go hard agus sín amach ar dheis í*)

### Atá lán de ghrásta ...

Ciallaíonn 'lán de ghrásta' 'lán de ghrá Dé'. Tá a fhios againn gur bean ghrámhar ba ea Muire. Toisc go raibh a fhios aici go raibh grá chomh mór sin ag Dia di, thug sí aire d'Íosa ón nóiméad a rugadh é go dtí an lá a fuair sé bás. Roinn Muire grá Dé le gach duine ar bhuail sí leo i rith a saoil ar fad.

(*Ardaigh an lámh chlé go hard agus sín amach ar chlé í*)

### Tá an Tiarna leat ...

Seo iad na focail bheachta a dúirt an t-aingeal le Muire. Tá a fhios againn go raibh grá ag Muire do Dhia. Labhair sí le Dia agus d'éist sí le Dia.

(*Tabhair an dá lámh isteach agus déan iad a fhilleadh thar an gcroí*)

### Is beannaithe thú idir mhná ...

Dúirt an t-aingeal le Muire gur as na mná go léir a mhair ar an domhan riamh, ba í an ceann is beannaithe (naofa).

(*Scuab an lámh dheas os do chomhair, clé go deas, ag pointeáil do na daoine go léir sa rang*)

### Agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa ...

Dúirt an t-aingeal le Muire go mbeadh sí ina máthair d'Íosa, aon-mhac Dé. Toisc gur mac Dé é, bhí Íosa níos beannaithe ná aon duine eile a rugadh riamh.

(*Lig ort go bhfuil leanbh á luascadh i do bhaclainn agat*)



## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 20: An tseachtain seo chuala na páistí faoi mar a tháinig an t-Aingeal Gaibriéil chun a fhógairt do Mhuire go mbeadh sí ina máthair d'Íosa. Ar an leathanach seo, críochnaíonn na páistí lúbra chun cabhrú leis an Aingeal Gaibriéil an bealach chuig Muire a aimsiú.

### Sa Bhaile

Lch. 21: Iarrtar ar theaghlaigh comhrá le chéile faoi bhealaí éagsúla inar féidir leo onóir a thabhairt do Mhuire ina dtithe. Scríobhann na páistí na focail ó *'S é do bheatha, a Mhuire* atá in easnamh, agus tugtar cuireadh do theaghlaigh an phaidir a ghuí le chéile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

As na mná go léir ar domhan, roghnaigh Dia Muire le bheith ina máthair dá h-aon Mhac, Íosa. Insíonn sé seo dúinn gur duine an-speisialta ba ea Muire, duine a bhí 'beannaithe idir mhná'. Chuir Dia an t-Aingeal Gaibriéil go Nazarat chun an dea-scéal seo a fhógairt do Mhuire.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Muire

Iarr ar na páistí cuimhneamh ar an bhfreagra a thug Muire don aingeal: dúirt sí 'tá go maith' le bheith ina máthair d'aon Mhac Dé, Íosa. Déan comhrá leis na páistí faoi na bealaí ina dtugaimid ómós do Mhuire ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An tseachtain seo d'fhoghlaimíomar paidir chuig Muire – cé is cuimhin leo an t-ainm atá ar an bpaidir? Cad a deirimid faoi Mhuire sa phaidir sin?
- An bhfaca tú dealbh nó pictiúr de Mhuire riamh? Cá háit? Cén chosúlacht atá air?
- N'fheadar … cén fáth a ndeirimid paidreacha chuig Muire, agus go mbíonn pictiúir agus dealbha di inár dtithe, scoileanna agus séipéil?

Ansin tabhair cóip den teimpléad (thíos) do gach páiste. Tabhair cuireadh dóibh an pictiúr de Mhuire a dhathú. Faoin bpictiúr, is féidir leo an abairt a chríochnú, 'S é do bheatha, a Mhuire,atá lán de ghrásta'. Tabhair cuireadh dóibh an pictiúr a thabhairt abhaile leo agus é a chur in áit éigin feiceálach (*ar an gcuisneoir, in aice lena leaba, srl.*) ionas gur féidir leo cuimhneamh an phaidir a rá lena dteaghlach nuair atá siad ag ullmhú chun breithlá Íosa a cheiliúradh.




## PAIDIR

### 'S é do bheatha, a Mhuire

*Comhartha na Croise*

**M:** Agus muid ag comhaireamh na seachtainí go dtí go ndéanaimid lá breithe Íosa a cheiliúradh ar Lá Nollag, lasaimid an an dara coinneal ar fhleasc na hAidbhinte.

*Tabhair cuireadh do pháiste amháin an dara coinneal (corcra) a 'lasadh' ar fhleasc na hAidbhinte. Ansin seinn/can píosa ceoil oiriúnach, más féidir.*

Dúirt Muire 'tá go maith' maidir le bheith ina máthair d'Íosa. Anois is féidir linn ómós a thabhairt do Mhuire agus buíochas a ghabháil léi tríd an chéad chuid de *'S é do bheatha, a Mhuire,* a rá.

**P:** 'S é do bheatha, a Mhuire …
(*Ardaigh an lámh dheas agus sín amach ar dheis í*)

**P:** Atá lán de ghrásta …
(*Ardaigh an lámh chlé agus sín amach ar chlé í*)

**P:** Tá an Tiarna leat …
(*Tabhair an dá lámh isteach, agus déan iad a fhilleadh thar an gcroí*)

**P:** Is beannaithe thú idir mhná …
(*Scuab an lámh dheas os do chomhair, clé go deas, ag pointeáil do na daoine go léir sa rang*)

**P:** Agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa.
(*Lig ort go bhfuil leanbh á luascadh i do bhaclainn agat*)

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Breith Íosa

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tugaimid bronntanais ar chúiseanna éagsúla. Tá bronntanais in ann caidreamh a dhearbhú, a dhoimhniú nó a dheisiú. Go bunúsach siombail de chairdeas agus de ghrá atá i mbronntanas.

Tá grá buan síoraí ag Dia don chine daonna. Ach thar na cianta sular rugadh Íosa, d'éirigh easaontas idir an cine daonna agus Dia, agus bhí an caidreamh eatarthu briste. Mar sin chuir Dia a aon-mhac Íosa, ar domhan chun an caidreamh idir an chine daonna agus Dia a dheisiú. Léiríonn Íosa grá agus gean neamhshrianta Dé don chine daonna. Bronntanas Dé é Íosa don chine daonna. Agus mar aon le bronntanas ar bith, bhí saorchead ag an gcine daonna glacadh leis nó diúltú d'Íosa. Gach bliain, cuireann an Nollaig i gcuimhne dúinn, mian Dé chun an caidreamh linn a dheisiú.

An tseachtain seo díreoidh na páistí ar scéal bhreith Íosa agus smaoineoidh siad conas agus cá háit is féidir leo bronntanas a ngrá féin a roinnt le daoine eile.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Maidir leis an nGníomhaíocht Ealaíne:
  - » Bosca ciúb stoc/bosca lasáin nó a leithéid de bhosca do gach páiste. Clúdaigh an taobh amuigh de na boscaí ag úsáid greamáin mhóra bhána/lipéid seoltaí roimh ré
  - » Crépe (páipéar síprise)/páipéar síoda (tissue) don taobh istigh de na boscaí
  - » Ribín chun na bronntanais a cheangal
- Don urnaí:
  - » Mainséar agus figiúirí d'Íosa, Muire agus Iósaef
  - » Mála tadhaill

# Féachaimis ...

## DÁN

### 'An Bronntanas'

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh leis na páistí faoi na bronntanais a bhfuil súil acu a fháil ar Lá Nollag. Inis dóibh nach féidir cuid de na bronntanais is fearr a fheiceáil, a chloisteáil, a bholadh, a bhlaiseadh nó a theagmháil. Ansin léigh an dán 'An Bronntanas'.

**An Bronntanas**
Bhí an buachaill beag bocht go brónach leis féin,
Gan bronntanas le cur faoin gcrann – mo léan!
'Oibríonn mo Mham is mo Dhaid ar mo shon,
Ach bronntanas le tabhairt dóibh – níl sé agam.'

Ach, ar a leaba beag bídeach, i rith na hoíche
Fuair sé páipéar geal agus píosa fada snáithe.
Cheangail sé beartán gan aon rud istigh,
Agus síos staighre leis go ciúin is go lách.
An mhaidin dár gcionn in aice an chrainn
Bhí Mam agus Daid i lár scéil chaoin.

'Fuaireamar coinneal is hata, leabhair agus léine,
Ach an bronntanas uaitse, rinne tú féin é.
Agus do bheartán geal bídeach le snáithe thart timpeall,
Bhí sé plódaithe le grá – le grá thar cuimse.'



Tar éis duit an dán a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le 'Cén bronntanas a thug an buachaill dá thuismitheoirí?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth go raibh an buachaill ag iarraidh bronntanas a thabhairt dá thuismitheoirí? An raibh siad in ann an bronntanas a fheiceáil? An raibh siad in ann é a thadhaill? Cad a chonaic a thuismitheoirí taobh istigh den bhosca folamh? Ar thaitin sé leo? Cén fáth?
- An cuimhin leat am nuair a thug tú bronntanas do dhuine éigin? Cén fáth gur theastaigh uait bronntanas a thabhairt don duine sin? Cad a dúirt siad nuair a fuair siad é?
- Cé dó/di ba mhaith leat bronntanas a thabhairt a bheadh 'plódaithe le grá'? Cén fáth?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Tá a fhios againn go bhfuil grá mór ag Dia dúinn. Inniu táimid chun bronntanas an ghrá a thabhairt do Dhia. Tosaímid agus ár gcoirp a bheith ciúin agus socair.

Can/seinn píosa ceoil oiriúnach.

Anois ó tá ár gcoirp ciúin agus socair, cuirimis ár lámha le chéile cosúil le cupán. (*Taispeáin do na páistí conas a lámha a chupú*)

Dún do shúile anois, agus líon do lámha le grá. (*Sos*)

Cuir do ghrá go léir istigh ann. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, oscail do shúile, agus ardaigh do lámha in airde os cionn do chinn. Seol do ghrá go léir chuig Dia.

De réir mar a thógann tú do lámha anuas arís, cuimhnigh go bhfuil grá ag Dia duit. Agus gur féidir leat bronntanas an ghrá a sheoladh ar ais chuig Dia am ar bith is mian leat.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## URNAÍ LE GLUAISEACHT

### 'S é do bheatha, a Mhuire

Iarr ainm na paidre ar na páistí a d'fhoghlaim siad an tseachtain seo caite, agus cabhraigh leo na focail agus na gníomhartha a thabhairt chun cuimhne:

'S é do bheatha, a Mhuire …
(*Ardaigh an lámh dheas agus sín amach ar dheis í*)

Atá lán de ghrásta …
(*Ardaigh an lámh chlé agus sín amach ar chlé í*)

Tá an Tiarna leat …
(*Tabhair an dá lámh isteach, agus déan iad a fhilleadh thar an gcroí*)

Is beannaithe thú idir mhná …
(*Scuab an lámh dheas os do chomhair, clé go deas, ag pointeáil do na daoine go léir sa rang*)

Agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa.
(*Lig ort go bhfuil leanbh á luascadh i do bhaclainn agat*)

Ansin múin an dara cuid den phaidir do na páistí. Déan comhrá faoi gach ceann de na línte thíos agus cuidigh leo an phaidir a rá agus na gníomhartha á n-úsáid acu:

A Naomh Mhuire,
Ba í Muire an duine ba naofa de na mná go léir.
(*Ardaigh an lámh dheas chun síneadh amach ar dheis – faoi mar a rinneadh do 'S é do bheatha, a Mhuire'*)

A Mháthair Dé …
(*Ardaigh an lámh chlé chun síneadh amach ar chlé – faoi mar a rinneadh do 'Atá lán de ghrásta'*)

Guigh orainn, na peacaigh …
Iarraimid ar Mhuire guí ar ár son i gcónaí …
(*Cuir na lámha le chéile ag guí*)

Anois …
(*An dá lámh ag pointeáil i dtreo na talún*)

Agus ar uair ár mbáis …
Nuair a fhaighimid bás téimid abhaile chuig Dia. Ba mhaith le Dia go mbeadh gach éinne go sona sásta leis go deo ar neamh.
(*Pointeáil chuig caol na láimhe/uaireadóir*)

Áiméan
(*Na lámha le chéile ag guí*)



## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Rugadh Íosa'

Cuidigh leis na páistí cuimhneamh ar an dteachtaireacht a thug an t-Aingeal Gaibriéil chuig Muire. Roghnaigh Dia í le bheith mar mháthair a Mhic, Íosa. Ansin léigh an scéal 'Rugadh Íosa' thíos. Mínigh go dtagann an scéal seo ón mBíobla.

**'Rugadh Íosa'**

(*Curtha in oiriúint ó Lúcás 2:1, 3-7*)



Ag an am sin, bhí an tImpire Augustus i gceannas ar an áit ina raibh Muire agus Iósaef ina gcónaí. Theastaigh ó Augustus na daoine ar fad sa tír a chomhaireamh agus dúirt sé le gach duine dul ar ais abhaile go dtí a dteaghlaigh. Bhí ar Iósaef dul ó Nazarat ar ais go Beithil mar is ann a bhí a mhuintir. Chuaigh Muire in éineacht leis.

Bhí Muire ag súil le leanbh. Thriail siad áit chodlata shábháilte a fháil ach bhí na tithe ósta ar fad lán. Chonaic óstóir cneasta nach raibh aon áit chodlata acu agus thug sé cead do Mhuire agus d'Iósaef fanacht i stábla, in éineacht leis na hainmhithe.

Is ansin a rugadh Íosa. Chuir Muire éadach thart timpeall air agus chuir sí ina luí i mainséar é.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna a chur cosúil le: 'Cár chodail an leanbh Íosa?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cén fáth, dar leat, a raibh na tithe ósta i mBeithil lán? Conas a bhraith Muire agus Iósaef nuair a fuair siad amach nach raibh aon spás ann dóibh?
- Smaoinigh ar feadh nóiméid faoin duine a dúirt go bhféadfadh le Muire agus Iósaef fanacht ina stábla, leis na hainmhithe ... cén fáth, dar leat, ar lig sé leo é sin a dhéanamh?
- Conas a mhothaigh Muire agus Iósaef nuair a rugadh Íosa? Cad a dúirt siad, dar leat, dá chéile? Cad a dúirt siad le Dia?

## AG COMHRÁ

### Faoi Íosa mar Bhronntanas Dé

Tosaigh tríd an dán 'An Bronntanas' a thabhairt chun cuimhne na bpáistí. Ansin déan comhrá ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth ar roghnaigh Dia Muire agus Iósaef chun aire a thabhairt d'Íosa?
- Níor bhronntanas do Mhuire agus Iósaef amháin ba ea Íosa. Ba bhronntanas don domhan ar fad é. Bronntanas do na daoine go léir a bhí beo ansin agus do dhaoine atá beo anois, ba ea é. Cén fáth, dar leat, a thug Dia Íosa mar bhronntanas dúinn?
- As na bronntanais go léir a thug Dia dúinn riamh, is é Íosa an ceann is mó. Díreach cosúil leis an mbuachaill beag sa dán 'An Bronntanas', ba é an grá bronntanas Dé dúinn. Cad a cheapann tú a d'fhéadfaimis a dhéanamh nó a rá Lá Nollag, chun buíochas a ghabháil le Dia as an mbronntanas seo?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 22: An tseachtain seo chuala na páistí faoi bhreith Íosa. Ar an leathanach seo ceanglaíonn siad na poncanna sula dtarraingíonn siad pictiúr d'Íosa, Muire agus Iósaef sa stábla i mBeithil.

### Sa Bhaile

Lch. 23: Tugtar cuireadh do theaghlaigh an dán 'An Bronntanas' a léamh lena bpáistí agus chun comhrá a dhéanamh faoi na rudaí go léir a thugann a bpáistí dóibh nach féidir a chur i mbosca faoin gcrann.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Rugadh Íosa i stábla i mBeithil toisc nach raibh aon áit eile le dul ag a thuismitheoirí, a bhí bocht. Ach is é an bronntanas is mó a thug Dia riamh don domhan. Ba é Íosa bronntanas an ghrá a thug Dia dúinn, a bhfuil grá aige dúinn i gcónaí.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Bronntanas an Ghrá

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh faoin gcaoi ar thug Dia bronntanas Íosa dúinn, bronntanas an ghrá. Ansin tabhair an dán 'An Bronntanas' i gcuimhne na bpáistí. Sa dán seo, thug an buachaill bronntanas an ghrá dá thuismitheoirí. Inis dóibh gur féidir leo bronntanas ghrá a dhéanamh dá dteaghlaigh freisin. Dáil na boscaí lasáin ar na páistí agus tabhair cuireadh dóibh iad a mhaisiú. Lig do na páistí páipéar síprise nó páipéar síoda a roghnú chun cur isteach sa bhosca, agus abair leo a ngrá a chur istigh ann freisin! Ansin dún an bosca agus ceangail roinnt ribín timpeall air. Agus é sin á dhéanamh acu, iarr ar gach páiste a insint duit faoin duine a dtabharfaidh siad bronntanas a ghrá dóibh.



## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Cuidíonn ár bhfleasc Aidbhinte linn na seachtainí a chomhaireamh go dtí go ndéanaimid lá breithe Íosa a cheiliúradh ar Lá Nollag. Táimid ag éirí níos gaire agus níos gaire don lá! An tseachtain seo chualamar an scéal faoi mar a rugadh Íosa i stábla i mBeithil. Cuirimis mainséar sa spás urnaí chun é sin a chur i gcuimhne dúinn.

*Roghnaigh páiste chun mainséar na Nollag a chur – gan figiúirí ann - isteach sa spás urnaí.*

Cuirimis figiúirí áirithe isteach sa mhainséar. Cé ba mhaith leo teacht in airde anseo agus rud éigin a thógáil as an mála tadhaill?

*Lig do pháistí éagsúla figiúr ón mhainséar a roghnú as an mála tadhaill. Déan comhrá faoi gach figiúr sula gcuirfidh tú isteach sa spás urnaí é. Nuair a thógtar an leanbh Íosa as an mála tadhaill, abair leis na páistí nach dtéann sé isteach sa mhainséar go dtí go mbíonn Lá Nollag ann, agus cuir é in áit éigin feiceálach ionas gur féidir leis na páistí é a fheiceáil.*

**M:** Anois, déanaimis an choinneal bhándearg ar fhleasc na hAidbhinte a lasadh. Táimid ag lasadh an choinneal bhándearg seo mar chomhartha go bhfuilimid ag éirí an-ghar don Nollaig ... táimid níos mó ná leath bealaigh ann!

*Tabhair cuireadh do pháiste amháin an tríú coinneal (bándearg) a 'lasadh' ar Bhláthfhleasc na hAidbhinte.*

**M:** A Dhia ghrámhair,
Go raibh maith agat as an dtréimhse speisialta seo, a dtugaimid Aidbhint uirthi, nuair a ullmhaímid chun Íosa a cheiliúradh, bronntanas an ghrá uait don domhan.

Cuidigh linn do ghrá a roinnt lena chéile agus muidne ag ullmhú do Lá Nollag.

**M:** Cuirimis críoch leis an urnaí anois agus *'S é do bheatha, a Mhuire* a rá le chéile.

'S é do bheatha, a Mhuire ...
(*Ardaigh an lámh dheas agus sín amach ar dheis í*)

Atá lán de ghrásta ...
(*Ardaigh an lámh chlé agus sín amach ar chlé í*)

Tá an Tiarna leat ...
(*Tabhair an dá lámh isteach, agus déan iad a fhilleadh thar an gcroí*)

Is beannaithe thú idir mhná ...
(*Scuab an lámh dheas os do chomhair, clé go deas, ag pointeáil do na daoine go léir sa rang*)

Agus is beannaithe toradh do bhroinne, Íosa.
(*Lig ort go bhfuil leanbh á luascadh i do bhaclainn agat*)

A Naomh Mhuire,
Ba í Muire an duine ba naofa de na mná go léir.
(*Ardaigh an lámh dheas chun síneadh amach ar dheis – faoi mar a rinneadh do 'S é do bheatha, a Mhuire'*)

A Mháthair Dé ...
(*Ardaigh an lámh chlé chun síneadh amach ar chlé – faoi mar a rinneadh do 'Atá lán de ghrásta'*)

Guigh orainn, na peacaigh ...
Iarraimid ar Mhuire guí ar ár son i gcónaí ...
(*Cuir na lámha le chéile ag guí*)

Anois ...
(*An dá lámh ag pointeáil i dtreo na talún*)

Agus ar uair ár mbáis ...
Nuair a fhaighimid bás téimid abhaile chuig Dia. Ba mhaith le Dia go mbeadh gach éinne go sona sásta leis go deo ar neamh.
(*Pointeáil chuig caol na láimhe/uaireadóir*)

Áiméan
(*Na lámha le chéile ag guí*)

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 4: Bronntanais don leanbh

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Ba iad na chéad chuairteoirí chuig an stábla inar rugadh Íosa ná aoirí bochta agus na saoithe. In ainneoin na ndifríochtaí a bhí eatarthu, thuig siad go léir go raibh ciall faoi leith ag baint le breith Íosa. I measc na dtoscaí umhala - breith linbh i stábla – d'aithin siad láithreacht Dé. D'aithin siad Dia agus rinne sé seo difríocht mhór ina saoil. D'imigh na haoirí leo go lúcháireach, ag canadh gártha molta chuig Dia. Bhí lúcháir nua ina saoil acu. Bhí rud éigin speisialta feicthe acu.

Bhí na saoithe ag cuardach Dé go gníomhach. Lean siad an réalta i bhfad. Nuair a tháinig siad ar Íosa sa stábla, chrom siad síos os a chomhair amach. Bhí a rí nua aimsithe acu. D'aithin siad duine níos tábhachtaí ná iad féin, agus mar sin thug siad bronntanais - ór, túis agus miorr dó. Bhí na saoithe umhal i láthair an linbh Íosa mar chonaic siad gur leanbh diaga a bhí ann.

An tseachtain seo casfaidh na páistí ar na chéad chuairteoirí chun an leanbh Íosa a fheiceáil: na haoirí agus na saoithe. Tá súil againn, nuair a bheidh siad réidh agus ar a mbealach féin, go ndéanfaidh siadsan a mbealach chuig Íosa um Nollaig.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Do gach páiste don Ghníomhaíocht Ealaíne:
  - » Cóip den teimpléad (thíos)
  - » Píosa cárta dubh/páipéar siúcra, ábhair dathúcháin, gliú, siosúr agus tuí nó ábhair chun tuí a dhéanamh, mar atá riachtanach.
- Don urnaí ag deireadh an téama:
  - » Na figiúirí de na haoirí agus na saoithe ó mhainséar na Nollag

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### Bronntanais don Leanbh

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh faoi na rudaí a tharlaíonn nuair a thagann leanaí ar an saol agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- An cuimhin leat cathain a chonaic tú leanbh nua don chéad uair? Cérbh é an leanbh sin? Cad air a smaoinigh tú nuair a chonaic tú é/í?
- Ar thug tú bronntanas don leanbh leat? Cad a thóg tú leat? Cén fáth? Cad a bhí uait go mbeadh ar eolas ag an leanbh?
- N'fheadar ... dá mbeifeá ann, cén bronntanas a dtabharfá don leanbh Íosa? Cén fáth?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, samhlaigh go bhfuil tú féin i mBeithil nuair a rugadh Íosa. Tosóimid agus ár gcoirp a bheith socair agus ciúin.

*Can/seinn píosa ceoil oiriúnach.*

**M:** Anois ó tá ár gcoirp socair agus ciúin, dúnaimis ár súile. Samhlaigh go bhfuil tú féin i mBeithil ar ais nuair a rugadh Íosa. (*Sos*)

Dúirt duine éigin leat gur rugadh leanbh i stábla. Socraíonn tú dul agus é a fheiceáil duit féin. (*Sos*)

An dtabharfaidh tú bronntanas leat? (*Sos*)

Tóg leat é.

Siúl trí na sráideanna cúnga go dtí go bhfeiceann tú an stábla. Tá solas ag teacht uaidh. (*Sos*)
Siúlann tú isteach agus féachann tú thart. (*Sos*)

Cad a fheiceann tú? Cad is féidir leat a chloisteáil? (*Sos*)

Siúl anonn chuig Muire agus Iósaef. Cad ba mhaith leat a rá leo? Cad ba mhaith leat a thabhairt dóibh? (*Sos*)

Féach ar an leanbh Íosa. Cad a deir tú leis? (*Sos*)

Cuimhnigh, gur féidir leat filleadh ar an stábla i mBeithil am ar bith is mian leat. Ach anois, nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Na hAoirí agus na hAingil'

Tosaigh trí mheabhrú a dhéanamh ar na bronntanais a cheap na páistí a bheadh oiriúnach don leanbh Íosa. Ansin léigh an scéal, 'Na hAoirí agus na hAingil' thíos. Cuir i gcuimhne na bpáistí go dtagann an scéal seo ón mBíobla. Leabhar naofa is ea an Bíobla ina léimid scéalta faoi Dhia.

**'Na hAoirí agus na hAingil'**

(*Curtha in oiriúint ó Lúcás 2:8-18, 20*)



Bhí aoirí amuigh ar shliabh, ag tabhairt aire dá gcaoirigh. An oíche a rugadh Íosa, tháinig aingeal chucu. Ghealaigh an spéir. Bhí eagla ar na haoirí ach dúirt an t-aingeal, 'Ná bíodh eagla oraibh. Tá dea-scéala agam daoibh.' 'I mBeithil inniu, rugadh Mac Dé. Tá sé ina luí i mainséar.'

Go tobann, bhí cór aingeal le feiceáil. Chan siad: 'Glóir do Dhia sna harda agus ar talamh, síocháin!' Nuair a d'imigh na haingil uathu, dúirt na haoirí, 'Rachaimid go Beithil go bhfeicfimid an báibín.'

Bhrostaigh siad go Beithil agus chonaic siad Muire agus Iósaef, agus an leanbh Íosa ina luí sa mhainséar, díreach mar a dúirt an t-aingeal leo. D'inis na haoirí do Mhuire agus d'Iósaef go ndúirt an t-aingeal gur rugadh Mac Dé. Bhí ionadh ar gach duine a chuala iad. D'fhill na haoirí ar an sliabh, ag moladh Dé.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cé a d'inis do na haoirí gur rugadh Íosa?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a mhothaigh na haoirí nuair a chonaic siad na haingil? An féidir leat a rá linn faoi am eile nuair a thug aingeal teachtaireacht ó Dhia?
- N'fheadar ... cén fáth ar chuir Dia aingeal chun an fógra seo a thabhairt do na haoirí? Cén fáth ar theastaigh ó Dhia go rachadh na haoirí go dtí an stábla?
- An gceapann tú gur thug na haoirí bronntanas don leanbh Íosa? Cad a thug siad, dar leat?

# AN SCRIOPTÚR NAOFA

## 'Bronntanais don Bháibín'

Cuidigh leis na páistí a mheabhrú gurb iad na chéad chuairteoirí a roinn an dea-scéal gur rugadh Mac Dé, ná na haoirí. Ansin inis do na páistí gur tháinig cuairteoirí eile chuig an stábla freisin. Léigh an scéal 'Bronntanais don Bháibín' thíos. Tagann an scéal seo ón mBíobla freisin.

**'Bronntanais don Bháibín'**
(*Bunaithe ar Mhatha 2:1-2, 9-11*)



Nuair a rugadh Íosa, chuir Dia réalta speisialta sa spéir. Bhí saoithe ina gcónaí i bhfad, i bhfad ar shiúl ach chonaic siad an réalta speisialta seo. Bhí a fhios acu gur chuir Dia sa spéir é mar chomhartha. Lean na saoithe an réalta. Ghluais an réalta os a gcomhair go dtí gur stop sé os cionn an stábla ina raibh Muire, Iósaef agus Íosa. Chuaigh na saoithe isteach sa stábla. Nuair a chonaic siad Íosa agus Muire, chrom siad a gceann. Bhí a fhios acu gurbh é seo Mac Dé. Thug siad bronntanais dó – ór, túis agus miorr.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le: 'Conas a fuair na saoithe a mbealach chuig an stábla?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth, dar leat, ar shocraigh na saoithe an réalta a leanúint? Cad a bhí á lorg acu?
- An gceapann tú go raibh súil ag na saoithe teacht ar an rí nua i stábla? Cá raibh siad ag súil go mbeadh sé?
- N'fheadar ... cén fáth ar thug na saoithe bronntanais leo don leanbh Íosa? An gceapann tú gur thóg siad bronntanais maithe leo? Cén fáth?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Tabhair faoi deara an tábhacht a bhaineann le hór, túis agus miorr: ba iad seo na cineálacha bronntanais a thabharfaí do rí. Tá luach mór ar ór, is cumhrán é túis, agus is ola ungtha í miorr. Ach tá na bronntanais seo siombalach freisin nuair a fheictear iad i bhfianaise an linbh ar tugadh dó iad. Is siombail í an t-ór de ríogacht ar talamh, siombail diaga í an túis, agus siombal an bháis is ea miorr, comhartha fáidhiúil ar an gcaoi a dtiocfadh deireadh le saol Íosa.

# LEABHAR NA BPÁISTÍ

## Ar Scoil

Lch. 24: An tseachtain seo chuala na páistí an scéal faoi conas a thug aingil an dea-scéal faoi bhreith Íosa chuig na haoirí. Ar an leathanach seo tarraingíonn siad iad sin aingil.

## Sa Bhaile

Lch. 25: Ciorclaíonn agus dathaíonn na páistí na daoine a thug cuairt ar Íosa sa stábla agus déanann siad comhrá lena dteaghlaigh faoi na bronntanais a bheadh oiriúnach don leanbh Íosa.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Ba iad aoirí bochta agus saoithe na chéad chuairteoirí ar an stábla. Bhí an dá ghrúpa ag iarraidh Mac Dé, Íosa a fheiceáil. Bhí a fhios acu gur bronntanas Dé don domhan ba ea Íosa - an bronntanas is mó a tugadh riamh.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Radharc na Nollag

Tosaigh trí phóstaer Radharc na Nollag (Póstaer 5) a thaispeáint do na páistí. Inis dóibh gur mhaith leat cabhrú leo bronntanas cosúil leis an bPóstaer a dhéanamh dá gcuid teaghlaigh, ionas go mbeidh siad in ann an scéal a insint faoi Bhreith Íosa dóibh. Dáil amach an teimpléad (thíos) agus tabhair cuireadh do na páistí na carachtair a dhathú agus a ghearradh amach. Greamaigh iad ar bhileog de chárta dubh. Cuidigh leis na páistí réalta mhór a tharraingt ar bharr an leathanaigh ag úsáid cailc bhuí. Is féidir leat roinnt réaltaí beaga a tharraingt freisin más mian leat. Is féidir le tuí a bheith greamaithe le bun an pháipéir nó is féidir leat páipéar/olann donn a úsáid mar tuí.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: An Aidbhint agus an Nollaig

*Más féidir, iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr orthu a gcuid cathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.

**M:** Cuirimid tús lenár nguí ag baint úsáid as ainm Dé.

*Comhartha na Croise*

**M:** Le seachtainí anuas bhíomar ag ullmhú chun breithlá Íosa a cheiliúradh ar Lá Nollag. Am spreagúil atá sa tréimhse seo. Chabhraigh fleasc na hAidbhinte linn na seachtainí a chomhaireamh go dtí an Nollaig. Anois, tá sé in am againn an choinneal dheireanach air a lasadh. Cuimhnímid gurb é Íosa solas an domhain.

*Iarr ar pháiste amháin an ceathrú coinneal (corcra) ar fhleasc na hAidbhinte a lasadh. Ansin seinn píosa ceoil atá oiriúnach don séasúr.*

**M:** Séasúr speisialta atá sa Nollaig. Is ansin a cheiliúraimid gur thug Dia bronntanas a Mhac Íosa dúinn. Roghnaigh Dia Muire chun a bheith ina máthair d'Íosa. Chuidigh Iósaef le Muire aire a thabhairt d'Íosa. Éistimid leis an scéal faoi bhreith Íosa. Tagann an scéal seo ón mBíobla.

Ag an am sin, ba é an t-Impire Agust an fear a raibh cumhacht aige ar an áit ina raibh cónaí ar Iósaef. Theastaigh ó Agust na daoine go léir ina ríocht a chomhaireamh, mar sin d'ordaigh sé do gach duine dul ar ais go dtí an áit inar rugadh iad. Chuaigh Iósaef ó bhaile Nazarat go dtí Beithil. B'shin an áit as a dtáinig a chlann. Chuaigh Muire in éineacht le Iósaef agus fad is a bhí siad i mBeithil bhí sé in am don leanbh teacht ar an saol.

Chuardaigh Muire agus Iósaef Beithil chun áit shábháilte a fháil chun codladh inti, ach bhí na tithe ósta go léir lán. Mar sin, bhí orthu fanacht i measc na n-ainmhithe i stábla. Is ansin a rug Muire a céadghin mic, agus chuir sí i gcrios ceangail é, agus shín i mainséar é.

Agus bhí aoirí sa taobh tíre céanna, amuigh faoin spéir, ag faireacháin oíche i mbun a dtréada. Agus sheas aingeal an Tiarna láimh leo, agus shoilsigh glóir an Tiarna ina dtimpeall, agus bhí uamhan agus eagla mhór orthu. Agus dúirt an t-aingeal leo: "Ná bíodh eagla oraibh: óir féach, tá dea-scéala agam daoibh a chuirfidh áthas mór ar an bpobal uile: rugadh Slánaitheoir daoibh inniu – is é Críost an Tiarna é – i gcathair Dháiví. Agus is comhartha daoibh é seo: gheobhaidh sibh naíonán i gcrios ceangail agus é ina luí i mainséar." Agus bhí go tobann, maraon leis an aingeal, cuallacht de shlua na bhflaitheas ag moladh Dé agus ag rá:

"Glóir do Dhia in uachtar neimhe, agus síocháin ar talamh don mhuintir ar a bhfuil a ghnaoi!"

Agus nuair a d'imigh na haingil uathu sna flaithis, dúirt na haoirí le chéile: "Téimis anonn go Beithil, agus feicimis an ní seo a tharla a d'inis an Tiarna dúinn." Agus d'imigh go deifreach, agus fuair siad Muire agus Iósaef, agus an naíonán sa mhainséar. (Lúcás 2:8-16)

Ag an am sin, chuir Dia réalta speisialta sa spéir. Chonaic Triúr Saoithe a bhí ina gcónaí i bhfad ó Bheithil an réalta. Bhí a fhios acu gur comhartha ó Dhia a bhí sa réalta.


Lean an Triúr Saoithe an réalta. Chuaigh sé ar aghaidh go dtí gur stop sé os cionn an áit ina raibh Muire, Iósaef agus Íosa.

Chuaigh an Triúr Saoithe isteach sa stábla, agus nuair a chonaic siad Íosa lena mháthair Muire, d'ísligh siad os a chomhair. Bhí a fhios acu gur Mac Dé a bhí ann, bronntanas ó Dhia dóibh agus don domhan. Thug siad a gcuid bronntanais amach - óir, agus túis agus miorr, agus thug siad dó iad.

**M:** Anois tá ár mainséar lán. Má théann tú go dtí séipéal i rith na Nollag, feicfidh tú mainséar ann freisin. B'fhéidir go bhfuil mainséar agaibh sa bhaile freisin. Rinneamar pictiúir den stábla i mBeithil mar bhronntanais dóibh siúd sa bhaile. Taispeánfaidh na bronntanais seo go raibh tú ag smaoineamh ar do chlann agus go bhfuil grá agat dóibh. Bronntanas ó Dhia dúinn a bhí in Íosa. Cuireann Íosa i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia i gcónaí linn agus go bhfuil grá aige dúinn i gcónaí.

*Comhartha na Croise*


**Amhrán Deiridh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.





'S é do bheatha, a Mhuire
Atá lán de Ghrásta











# Téama 4: An Teaghlach Naofa

## Ceacht 1: Buaileann Simeon agus Anna le hÍosa
## Ceacht 2: D'fhás Íosa suas i Nazarat

**ÓN GCURACLAM** *Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Dé**
- Tá grá ag Dia do chuile theaghlach agus tugann sé aire dóibh

**Rúndiamhair na hEaglaise**
- Is iad Íosa, Muire agus Iósaef Teaghlach Naofa Nazarat

**Rúndiamhair Íosa Críost**
- Rugadh Íosa i mBeithil agus d'fhás sé suas i Nazarat

**Rúndiamhair na hEaglaise**
- Is iad Íosa, Muire agus Iósaef Teaghlach Naofa Nazarat

### Briathar Dé

**An Bíobla**
- D'éist Íosa leis na scrioptúir nuair a bhí sé ina pháiste
- Foghlaimímid faoi Íosa sa Bhíobla
- Is é Íosa Aon Mhac Dé, an duine is tábhachtaí sa Bhíobla

**Scrioptúr Naofa: Breith agus Óige Íosa**
- Lúc 2:22-40. Toirbhirt an Linbh Íosa sa Teampall

### Liotúirge agus Urnaí

**Paidreacha Breise**
- Guí chun an Teaghlach Naofa

# Ceacht 1: Buaileann Simeon agus Anna le hÍosa

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Giúdaigh ba ea an Teaghlach Naofa agus, de réir dlí na nGiúdach, chuaigh siad go dtí an teampall chun buíochas a ghabháil le Dia as breith Íosa. Agus iad sa teampall bhuail siad le beirt, Simeon agus Anna. Bhí siad beirt sean. Dúirt Dia le Simeon nach bhfaigheadh sé bás sula bhfaca sé an Meisias. Nuair a tugadh Íosa go dtí an teampall, d'aithin Simeon é mar an Meisias. A shaol ar fad bhí sé ag fanacht go dtiocfadh an Meisias, chun a mhuintir a shábháil, agus anois bhí sé feicithe aige - d'fhéadfadh sé bás a fháil anois go síochánta. Thug Anna, fáidh, adhradh do Dhia sa teampall. Theastaigh uaithi an Meisias a fheiceáil freisin agus nuair a chonaic sí Íosa, thug sí moladh do Dhia. Bhí áthas uirthi an leanbh seo a fheiceáil. D'aithin sí é mar an té a raibh siad ag fanacht leis.

An tseachtain seo cloisfidh na páistí agus cumfaidh siad dráma faoi scéal Simeon agus Anna a d'aithin Íosa sa teampall.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Píosa páipéir agus ábhair dathúcháin do gach páiste



# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Cuimhní na Nollag

Déan comhrá leis na páistí agus na ceisteanna seo, nó a leithéid de cheisteanna, á n-úsáid agat:

- Smaoinigh ar am nuair a bhí tú ag fanacht le rud éigin a tharlú. Cad air a raibh tú ag fanacht? An raibh tú ag fanacht i bhfad? Nuair a tháinig sé faoi dheireadh conas a mhothaigh tú?
- Le déanaí, bhíomar ag fanacht le Lá Nollag. An cuimhin libh an t-ainm atá ar an dtréimhse roimh na Nollag nuair a bhímid ag fanacht? Cad leis a raibh tú ag fanacht faoin Nollaig? Conas a rinneamar comhaireamh ar an am fad is a bhíomar ag fanacht?
- Cad ba mhó a thaitin leat faoi Lá Nollag a cheiliúradh? Inis dúinn faoi chuid de na rudaí a rinne tú.
- Cad a bhfuil tú ag tnúth leis anois os rud é go bhfuil an Nollaig thart?

Ansin iarr ar gach páiste pictiúr a tharraingt agus a dhathú faoin chuimhne Nollag is fearr leo ar phíosa páipéir. Tabhair cuireadh do pháistí áirithe a bpictiúr a thaispeáint don rang agus a insint faoina gcuimhní Nollag.



## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** A Dhia ghrámhair,
Gabhaimid buíochas leat as ár gcuimhní Nollag go léir.
Beannaigh ár dtithe, ár dteaghlaigh, agus gach duine a
cheiliúir an Nollaig linn.
**P:** Áiméan.

**M:** An tseachtain seo, cuimhnímis ar an *bPaidir chuig an*
*Aingeal Coimhdeachta*. Cuimhnigh gur thug Dia aingeal coimhdeachta
do gach duine againn chun sinn a chosaint.
Bíonn ár n-aingeal coimhdeachta in éineacht linn ar laethanta speisialta,
cosúil le Lá Nollag, agus ar ghnáthlaethanta freisin.

**Gach duine:** A Aingil dhil Dé, cuir mé faoi do smacht,
Mar d'ordaigh Mac grámhar Dé ina reacht.
Seas le mo thaobh gach am den lá.
Soilsigh is cosain is seol mé slán. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Buaileann Simeon agus Anna le hÍosa'

Tosaigh trí Phóstaer 5 (breith Íosa) a thaispeáint do na páistí. Iarr orthu Scéal na Nollag a insint duit trí na 'C-Ceisteanna' thíos a úsáid:

- Cé atá sa phictiúr?
- Cá bhfuil siad?
- Cén fáth go bhfuil siad ann?
- Cad a tharla?
- Cathain a tharla sé seo?

Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad a tharla, meas tú, nuair a d'fhág na haoirí agus na saoithe an stábla? Ar fhan Muire agus Iósaef ann? Cá ndeachaigh siad, meas tú?
- An bhféadfá a insint dúinn faoi am nuair a tháinig duine abhaile le leanbh nua? Cad a tharla? Ar tháinig éinne chun an leanbh a fheiceáil? Cé? Cén fáth?
- N'fheadar … an gceapann tú go raibh duine ar bith ag iarraidh bualadh le hÍosa nuair a tháinig sé abhaile go Nazarat? Cé? Cén fáth?

Inis do na páistí go raibh daoine áirithe ann a raibh an-sceitimíní orthu chun bualadh le hÍosa. Ansin léigh an scéal 'Buaileann Simeon agus Anna le hÍosa'. Inis dóibh gur scéal ón mBíobla atá ann.



**'Buaileann Simeon agus Anna le hÍosa'**
(*Curtha in oiriúint ó Lúcás 2:22, 25-40*)



Cúpla lá tar éis a rugadh é, thug Muire agus Iósaef an leanbh Íosa go dtí an teampall. Théadh a lán daoine go dtí an teampall le guí agus le héisteacht le scéalta ón mBíobla. Theastaigh ó Mhuire agus Iósaef 'go raibh maith agat' a rá le Dia. Ag an teampall, bhuail siad le seanfhear darbh ainm Simeon. Fear naofa lách ab ea Simeon. Bhí súil ag Simeon go bhfeicfeadh sé, lá éigin, bronntanas Dé don domhan uile. Bhí sé ag fanacht, ag fanacht. Ní raibh a fhios aige cad a bheadh ann ach bhí sé cinnte de gur rud iontach ar fad a bheadh ann.

Nuair a chonaic Simeon Muire, Iósaef agus an leanbh Íosa sa teampall an lá sin, bhí a fhios aige gurbh é Íosa an bronntanas speisialta sin ó Dhia. D'fhéach sé ar Íosa, d'ardaigh sé ina lámha é agus ghabh sé buíochas le Dia. Ansin, bheannaigh sé Muire, Iósaef agus Íosa.

Bhí seanbhean sa teampall an lá céanna. Anna ab ainm di. Ghuigh sí chun Dé gach lá. Bhí súil aici freisin go bhfeicfeadh sí, lá éigin, bronntanas Dé don domhan uile. Bhí sí ag fanacht, ag fanacht. Ní raibh a fhios aici cad a bheadh ann ach bhí sí cinnte de gur rud iontach ar fad a bheadh ann.

Nuair a chonaic sí an leanbh Íosa, ghabh sí buíochas le Dia. Bhí a fhios aici gurbh é Íosa an bronntanas speisialta sin ó Dhia. Labhair sí le gach duine a bhí sa teampall faoi Íosa.

Bhí ionadh ar Mhuire agus ar Iósaef go raibh aithne ag Simeon agus Anna ar Íosa cheana féin. Chuaigh siad abhaile go Nazarat. Thug siad aire mhaith d'Íosa agus d'fhás sé suas ina bhuachaill caoin, cliste.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cad a rinne Simeon nuair a chonaic sé Íosa?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a mhothaigh Simeon agus Anna nuair a chonaic siad Íosa, meas tú? Cén fáth ar mhothaigh siad é seo?
- N'fheadar … cad a dúirt Anna leis an daoine sa teampall faoi Íosa?
- Chuaigh Iósaef agus Muire go dtí an teampall chun buíochas a ghabháil le Dia as Íosa. An dtéann duine ar bith sa rang seo chuig áit speisialta chun guí a dhéanamh le Dia? Inis dúinn faoi.

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### Ag aithris an scéil

Roinn na páistí i gceithre ghrúpa, gach grúpa ag rólimirt ceann de na ceithre charachtar: Simeon, Anna, Iósaef agus Muire. Tabhair cuireadh do na páistí atá ag rólimirt Muire agus Iósaef seasamh ar thaobh amháin den seomra agus iad siúd atá ag rólimirt Anna agus Simeon chun seasamh ar an dtaobh eile den seomra. Ansin léigh tríd an scéal thíos agus spreag na páistí chun mím a dhéanamh ar na gníomhartha a bhaineann lena gcarachtar, mar shampla:

**Cúpla lá tar éis a rugadh é, thug Muire agus Iósaef an leanbh Íosa go dtí an teampall. Theastaigh uathu 'go raibh maith agat' a rá le Dia as Íosa.**
*Glacann páistí atá ag rólimirt Muire agus Iósaef cúpla céim ar aghaidh, i dtreo lár an tseomra. Ligean na paistí atá ag rólimirt Muire orthu go bhfuil leanbh ina mbaclainn acu.*

**Ag an teampall, bhuail siad le seanfhear darbh ainm Simeon.**
*Glacann na páistí atá ag rólimirt Simeon cúpla céim chun tosaigh chun bualadh leo siúd atá ag rólimirt Iósaef agus Muire. Spreag na páistí chun a bheith cromtha nó ligean orthu go bhfuil bata siúil acu chun béim a chur ar aois Simeon.*

**Fear naofa lách ab ea Simeon.**
*Cuireann na páistí atá ag rólimirt Simeon a lámha le chéile ag guí.*

**Bhí súil ag Simeon go bhfeicfeadh sé, lá éigin, bronntanas Dé don domhan uile. Bhí sé ag fanacht, ag fanacht. Ní raibh a fhios aige cad a bheadh ann ach bhí sé cinnte de gur rud iontach ar fad a bheadh ann.**
*Buaileann na páistí atá ag rólimirt Simeon a gcosa go héadrom, féachann siad ar a uaireadóirí, srl.*

**Nuair a chonaic Simeon Muire, Iósaef agus an leanbh Íosa sa teampall an lá sin, bhí a fhios aige gurbh é Íosa an bronntanas speisialta sin ó Dhia.**
*Breathnaíonn na páistí atá ag rólimirt Simeon ar Íosa agus ionadh/iontas/ sceitimíní orthu.*

**D'fhéach Simeon ar Íosa, d'ardaigh sé ina lámha é agus gabh sé buíochas le Dia. Ansin, bheannaigh sé Muire, Iósaef agus Íosa.**
*Ligean na leanaí atá ag rólimirt Simeon orthu go dtógann siad an leanbh Íosa ina mbaclainn agus féachann siad in airde i dtreo na spéire.*

**Bhí seanbhean sa teampall an lá céanna. Anna ab ainm di.**
*Glacann na páistí atá ag rólimirt Anna cúpla céim chun tosaigh chun bualadh leo siúd atá ag rólimirt Iósaef agus Muire.*

**Bean speisialta ab ea Anna. Mhair sí sa teampall agus ghuigh sí chun Dé gach lá.**
*Cuireann na páistí atá ag rólimirt Anna a lámha le chéile ag guí.*

**Bhí súil aici freisin go bhfeicfeadh sí, lá éigin, bronntanas Dé don domhan uile. Bhí sí ag fanacht, ag fanacht. Ní raibh a fhios aici cad a bheadh ann ach bhí sí cinnte de gur rud iontach ar fad a bheadh ann.**
*Breathnaíonn na páistí atá ag rólimirt Anna suas i dtreo na spéire, a lámha fós ag guí.*

**Nuair a chonaic sí an leanbh Íosa, ghabh sí buíochas le Dia.**
*Ardaíonn na páistí atá ag rólimirt Anna a ngéaga agus pointeálann siad i dtreo na spéire.*

**Bhí a fhios aici gurbh é Íosa an bronntanas speisialta sin ó Dhia. Labhair sí le gach duine a bhí sa teampall faoi Íosa.**
*Casann na páistí a bhíonn ag rólimirt Anna agus ligeann siad orthu go bhfuil siad ag comhrá lena chéile.*

**Bhí ionadh ar Mhuire agus ar Iósaef go raibh aithne ag Simeon agus Anna ar Íosa cheana féin.**
*Ligean na páistí atá ag rólimirt Muire agus Iósaef go bhfuil iontas/uafás/ionadh/sceitimíní orthu. Ligean siad orthu go bhfuil siad ag comhrá lena chéile.*

**D'fhág siad an teampall agus chuaigh siad abhaile go Nazarat. Thug siad aire mhaith d'Íosa agus d'fhás sé suas ina bhuachaill caoin, cliste.**
*Glacann na páistí atá ag rólimirt Muire agus Iósaef cúpla céim ar ais, go dtí an áit inar thosaigh siad. Ligean na páistí atá ag rólimirt Muire go bhfuil an leanbh á luascadh ina mbaclainn acu.*

# LEABHAR NA BPÁISTÍ

## Ar Scoil

Lch. 26: An tseachtain seo d'fhoghlaim na páistí faoi conas a thóg Muire agus Iósaef Íosa go dtí an teampall. Ar an leathanach seo freagraíonn siad fíor nó bréagach do roinnt abairtí faoi cad tharla nuair a bhí siad ann.

## Sa Bhaile

Lch. 27: Bíonn teaghlaigh ag comhrá faoi na bealaí ina raibh Íosa mar an gcéanna le gach leanbh eile, agus na bealaí ina raibh sé difriúil. Scríobhann na páistí na focail a dúirt Simeon faoi Íosa. Iarrtar orthu guí le chéile ar son gach leanbh nuabheirthe nó teaghlaigh atá ag súil le leanbh nua.



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Nuair a bhí Íosa fós ina leanbh, thóg Muire agus Iósaef é go dtí an teampall chun buíochas a ghabháil le Dia. Is ansin a bhuail siad le seanfhear darb ainm Simeon agus le seanbhean darb ainm Anna. Bhí ag Simeon agus Anna ag fanacht agus ag fanacht chun an bronntanas is mó a thabharfadh Dia don domhan a fheiceáil. Nuair a chonaic siad Íosa, bhí a fhios acu gurbh eisean an bronntanas a bhí i gceist.

## AG COMHRÁ

### Faoi Íosa

Déan comhrá leis na páistí faoi Íosa ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad iad na bealaí ina raibh Íosa cosúil le gach leanbh eile? Cad é faoi Íosa a rinne é difriúil le haon leanbh eile a rugadh riamh?
- An cuimhin leat aon rud a rinne Íosa nuair a d'fhás sé suas chun a thaispeáint go raibh sé speisialta?
- N'fheadar … cén fáth, dar leat, ar chuir Dia a mhac féin, Íosa, le maireachtáil linn? Cad a theastaigh ó Dhia go múinfeadh Íosa dúinn?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu guímís le Dia ag úsáid ár nguthanna istigh.

Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá*)

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Samhlaigh go bhfuil tú féin ar ais in aimsir Íosa. (*Sos*)

Samhlaigh tú féin sa teampall ar an lá a thug Iósaef agus Muire Íosa ann. (*Sos*)

Tá a lán daoine sa teampall. Feiceann tú Simeon agus Anna. (*Sos*)

Féach mar a shiúlann Simeon go Iósaef agus Muire agus mar a thosaíonn sé ag caint leo. Cad atá á rá aige, meas tú? (*Sos*)

Ansin, téann Anna chun bualadh leis an leanbh Íosa. Tá áthas uirthi. Bí ag faire agus í ag gabháil buíochais le Dia as. (*Sos*)

Ba mhaith leatsa freisin bualadh leis an leanbh Íosa. Samhlaigh tú féin ag siúl anonn chuig Iósaef agus Muire agus ag féachaint ar an leanbh Íosa. Cad ba mhaith leat a rá le Muire faoi? (*Sos*)

Cuimhnigh gur féidir leat labhairt le Muire nó le hÍosa am ar bith is mian leat. Bíonn siad ag éisteacht i gcónaí. Tá siad i gcónaí leat. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh oscail do shúile.

Críochnóimid agus an *Phaidir chuig an Aingeal Coimhdeachta* a rá le chéile.

**Gach duine:** A Aingil dhil Dé, cuir mé faoi do smacht,
Mar d'ordaigh Mac grámhar Dé ina reacht.
Seas le mo thaobh gach am den lá.
Soilsigh is cosain is seol mé slán. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: D'fhás Íosa suas i Nazarat

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Rugadh Íosa i mBeithil ach d'fhás sé aníos i Nazarat, sráidbhaile beag i dtuaisceart na Palaistíne, i gcúige na Gailíle. D'fhás sé agus d'fhorbair sé, cosúil le gach leanbh eile. D'fhoghlaim sé conas labhairt, siúl, léamh, scríobh, guí. D'fhoghlaim sé ó Mhuire agus ó Iósaef, óna múinteoirí, óna gcomharsana agus ó na leanaí níos sine ná é sa chomharsanacht. Mhúin Muire agus Iósaef dó conas guí, sa bhaile agus sa teampall. D'fhoghlaim sé ceird na siúinéireachta ó Iósaef. D'fhreastail sé ar scoil sa sionagóg áitiúil, áit a d'fhoghlaim sé sleachta fada ó na scrioptúir Ghiúdacha de ghlan mheabhair (An Sean-Tiomna).

An tseachtain seo foghlaimeoidh na páistí faoi shaol Íosa agus é ina bhuachaill, ag féachaint go háirithe ar an gcaoi a ndearna sé guí sa bhaile agus sa teampall. Cuireann an ceacht seo leis an obair a rinne na páistí ar an ábhar seo i Naíonáin Shóisearacha/B1.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- An teimpléad den chárta urnaí (thíos) fótachóipeáilte do gach páiste

# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ


### Faoi Thithe




Tosaigh trí phictiúr de theach Yi Lang agus Xiao Long a thaispeáint do na páistí (ar líne). Ansin déan comhrá faoi ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- An bhfuil an teach ina gcónaíonn tú féin agus do theaghlach cosúil le teach Yi Lang agus Xiao Long? Cén chaoi ina bhfuil siad mar an gcéanna? Cén chaoi ina bhfuil siad difriúil?
- Cad iad na cineálacha eile tithe ina gcónaíonn daoine iontu?
- Cad a thagann isteach i d'intinn nuair a smaoiníonn tú ar do theach? Cé a thagann isteach i d'intinn nuair a smaoiníonn tú ar do theach?

Ansin tabhair isteach an pictiúr de theach Íosa le hÍosa, Muire agus Iósaef ina seasamh taobh amuigh de (féach lch. 28 de leabhar na bpáistí).



Inis do na páistí go dtugtar 'An Teaghlach Naofa' ar Íosa, Muire agus Iósaef toisc go raibh siad an-gar do Dhia. Go deimhin, bhí siad níos gaire do Dhia ná aon teaghlach eile a bhí beo riamh nó a bheidh beo amach anseo, toisc gurb é Íosa mac Dé. Roghnaigh Dia Muire le bheith ina máthair d'Íosa. Thug Iósaef, fear céile Mhuire, aire do Mhuire agus d'Íosa. Déan comhrá faoin ábhar seo ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An cuimhin le duine ar bith ainm an bhaile ina raibh cónaí ag Íosa ann? Cé a thug aire d'Íosa nuair a bhí sé ag fás aníos?
- Cad a cheapann tú faoi theach an Teaghlaigh Naofa? Ar mhaith leat cónaí ann?
- An bhfuil teach Íosa cosúil le teach Evan? Cad atá difriúil? Cad atá mar an gcéanna?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Tá daoine ar fud an domhain ina gcónaí i gcineálacha éagsúla tithe. Tá Dia i ngach teach agus teaghlach, is cuma cén chuma atá air nó cé atá ina chónaí ann. Tá grá ag Dia do gach teaghlach agus tugann sé aire dóibh uile. Guímis inniu ar son gach teaghlach trí 'Go mbeannaí Dia iad' a rá.
**P:** Go mbeannaí Dia iad.

**M:** Smaoinímid ar theaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i dtithe. Go mbeannaí Dia iad.
**P:** Go mbeannaí Dia iad.

**M:** Smaoinímid ar theaghlaigh nach bhfuil tithe ar bith acu. Go mbeannaí Dia iad.
**P:** Go mbeannaí Dia iad.

**M:** Smaoinímid ar theaghlaigh a bhfuil cónaí orthu in árasáin. Go mbeannaí Dia iad.
**P:** Go mbeannaí Dia iad.

**M:** Smaoinímid ar theaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i leantóirí. Go mbeannaí Dia iad.
**P:** Go mbeannaí Dia iad.

**M:** A Dhia ghrámhair,
Beannaigh teaghlaigh ar fud an domhain.
Beannaigh a dtithe, agus coinnigh iad go léir sábháilte.
**P:** Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## DÁN

### 'Bhí Íosa ina chónaí i Nazarat'

Cuir an dán seo in aithne do na páistí agus spreag iad chun na línte a athrá i do dhiaidh. Cum do ghníomhartha féin de réir mar is cuí.

**Bhí Íosa ina chónaí i Nazarat**
I dteaichín beag i Nazarat
Bhí cónaí ar Íosa óg.
Bhí Muire agus Iósaef leis,
Agus thug siad grá mór dó.

Thug Muire aire mhaith dó
Agus mhúin sí dó conas guí.
Bhí saol sona sásta aige
I measc a chaointeaghlaigh.



## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 28: An tseachtain seo d'fhoghlaim na páistí go raibh Íosa, Muire agus Iósaef ina gcónaí i Nazarat. Ar an leathanach seo, tarraingíonn siad pictiúr dá dteaghlach agus scríobhann siad faoin áit ina gcónaíonn siad.

### Sa Bhaile

Lch. 29: Tugtar cuireadh do theaghlaigh an dán 'Bhí Íosa ina chónaí i Nazarat' a léamh lena bpáistí, agus an *Phaidir chuig an Aingeal Coimhdeachta* a rá le chéile.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Is iad Íosa, Muire agus Iósaef Teaghlach Naofa Nazarat. Mhúin Muire agus Iósaef go leor rudaí d'Íosa, conas guí ina measc.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Cártaí Urnaí


Tosaigh trí aird na bpáistí a tharraingt ar an pictiúr den Teaghlach Naofa ina sheasamh taobh amuigh dá dteach (lch. 28). Iarr ar na páistí smaoineamh ar rud amháin atá ar eolas acu faoin dTeaghlach Naofa agus chun é sin a insint don duine in aice leo. Tar éis nóiméid, spreag na páistí a gcuid freagraí a roinnt leis an gcuid eile den rang.

Dírigh ar fhreagra a thagraíonn don fhíric gur ghuigh an Teaghlach Naofa le chéile. Ansin déan comhrá ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An bhfuil aon duine i do theaghlach ar mhaith leo paidir a rá leat? Cé hé/hí? Cén phaidir a d'fhéadfá a rá leo?
- Cé i do theaghlach ar mhaith leo scéal a chloisteáil ón mBíobla? Cén scéal a d'iniseofá leo?
- An dtéann duine ar bith i do theaghlach go dtí an séipéal? An raibh tú riamh in éineacht leo? Cad a rinne sibh ann?

Cuir i gcuimhne na bpáistí gur teaghlach an-speisialta ba ea an Teaghlach Naofa, ach go mbeannaíonn Dia gach teach agus teaghlach. Is féidir linn a iarraidh ar Dhia ár dtithe agus ár dteaghlaigh a bheannú.

Ansin dáil amach an teimpléad den chárta urnaí (thíos) do gach páiste. Séard atá ann ná 'A Dhia, beannaigh mo theach agus mo theaghlach'. Tabhair cuireadh do na páistí é seo a dhathú agus é a thabhairt abhaile leo. Déan comhrá faoin áit sa teach ar mhaith leo é a thaispeáint (mar shampla, ar dhoras an chuisneora). Spreag iad na focail a ghuí gach uair a fheiceann siad é.



# Seirbhís Urnaí

Téama 4: An Teaghlach Naofa

*Más féidir, iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr orthu a gcuid cathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.

**M:** Cuirimid tús lenár nguí ag baint úsáid as ainm Dé.

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Éistimid le scéal faoi Theaghlach Naofa Nazarat. Tagann an scéal seo ón mBíobla.

Lá amháin, go luath tar éis breith Íosa, thóg Muire agus Iósaef é go dtí an teampall. Theastaigh uathu dul ann chun buíochas a ghabháil le Dia as Íosa. Nuair a bhí siad ann, bhuail seanduine darb ainm Simeon le Muire agus Iósaef. Fear maith naofa a bhí i Simeon. Agus bhí foilsiú faighte ón Spiorad Naomh aige nach bhfeicfeadh sé an bás nó go bhfeicfeadh sé Meisias an Tiarna. Bhí sé ag fanacht agus ag fanacht ar an mbronntanas seo. Ní raibh sé fiú cinnte cad a bheadh le feiceáil aige, ach bhí a fhios aige, gur bronntanas an-speisialta a bheadh ann.

An lá sin, nuair a chonaic Simeon Muire, Iósaef agus Íosa, bhí a fhios aige go raibh a fheitheamh thart. D'fhéach Simeon ar Íosa agus bhí a fhios aige láithreach go raibh slánú Dé feicthe aige. Thóg Simeon Íosa ina ucht agus ghlac sé buíochas le Dia. Ansin bheannaigh sé Íosa, Muire agus Iósaef.Bhí bean sa teampall an lá sin. Anna ab ainm di. Bean speisialta a bhí in Anna. Chónaigh sí sa teampall, agus ghuigh sí gach lá chuig Dia. Bhí súil aici freisin go bhfeicfeadh sí an bronntanas ba mhó a dtabharfadh Dia don domhan. Bhí Anna ag fanacht agus ag fanacht ar an mbronntanas seo. Ní raibh sí fiú cinnte cad a bheadh le feiceáil aici, ach bhí a fhios aici, gur bronntanas an-speisialta a bheadh ann.

Nuair a chonaic Anna Íosa, thosaigh sí ag gabháil buíochas le Dia freisin. Bhí a fhios aici láithreach go raibh slánú Dé feicthe aici. Labhair Anna faoi Íosa le gach duine sa teampall.

Bhí ionadh ar Mhuire agus ar Iósaef nuair a chuala siad an méid a bhí ar eolas ag Simeon agus Anna faoi Íosa. D'fhág siad an teampall agus chuaigh siad ar ais go dtí a dteach i Nazarat. Thug siad aire mhaith d'Íosa, agus d'fhás sé agus neartaigh sé lán d'eagna.

**M:** Ba é Íosa an bronntanas is mó a bhronn Dia ar an domhan. Thuig Simeon agus Anna é seo láithreach. Is féidir linn labhairt le hÍosa ag am ar bith. Agus teastaíonn ó Íosa labhairt linn freisin. Anois, ag baint úsáid as ár nguth taobh istigh dúinn, guímid.

*Dún do shúile. (Sos)*

Chónaigh Íosa le Muire agus Iósaef. Ag baint úsáid as do ghuth taobh istigh, inis le hÍosa cá bhfuil cónaí ort. *(Sos)*

Guigh Íosa, Muire agus Iósaef le chéile. Inis le hÍosa cé ar mhaith leat guí leis. *(Sos)*

D'imir Íosa, Muire agus Iósaef le chéile. Chuidigh Íosa le Iósaef rudaí a dhéanamh. Cad is maith leat a dhéanamh le do theaghlach? Inis le hÍosa. *(Sos)*

Ansin, nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

**M:** A Íosa, a Mhuire agus Iósaef, bí linn. Treoraigh, cosain agus cabhraigh linn, i ngach a dhéanaimid agus a deirimid. A Íosa, a Mhuire agus Iósaef, bí linn.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.

A Dhia,
beannaigh
mo theach
agus mo
theaghlach

A Dhia,
beannaigh
mo theach
agus mo
theaghlach

A Dhia,
beannaigh
mo theach
agus mo
theaghlach

A Dhia,
beannaigh
mo theach
agus mo
theaghlach

# Téama 5: Naomh Bríd agus an tEarrach

## Ceacht 1: Naomh Bríd
## Ceacht 2: Tugann Dia aire dúinn san earrach

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Cruthú an Domhain**

- Tugann Dia aire don chruthú ar fad

**Rúndiamhair na hEaglaise**

- Na Naoimh: Is iad seo cairde speisialta Dé atá mar chuid de theaghlach na hEaglaise ar neamh: Naomh Pádraig, Naomh Bríd, Naomh Colmcille

### Liotúirge agus Urnaí

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Cé go dtugaimid adhradh, do Dhia an tAthair, an Mac agus an Spiorad Naomh, amháin, guímid freisin chuig Muire, Máthair Íosa agus ár Máthair agus na Naoimh eile agus iarraimid orthu guí ar ár son

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ón mBonnchéim:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**

*b. Cúram Dé don chruthú.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi
na nithe seo maidir le Críostaithe:

- Gur Dia a chruthaigh gach rud - Geineasas 1 agus 2.
- Gur rud maith é an cruthú.
- Gur cás le Dia an Chruinne, daoine agus ainmhithe.

### Cuspóir Foghlama 2

**An Eaglais Chríostaí**

1. *Muintearas.*

   Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí a thuiscint:

- Go dtig linn foghlaim ó bheatha na ndaoine a thaispeánann dúinn an dóigh le bheith muinteartha, le bheith ag roinnt agus le bheith cásmhar ar a chéile.

# Ceacht 1: Naomh Bríd

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Creidtear gur rugadh Naomh Bríd gar do Fochaird i gContae Lú timpeall na bliana 454 AD. Ó aois an-óg bhí sí ar an eolas faoi na riachtanais a bhí ag daoine eile agus theastaigh uaithi cabhrú leo. Tá go leor finscéalta faoina cineáltas ar fáil fós sa lá atá inniu ann. Is é an ghné seo de shaol Naomh Bríd a ndírímid air in *I nGrá Dé* do na Naíonáin Shinsearacha/B2. Inseofar scéalta eile faoi Bhríd de réir mar a théann an tsraith ar aghaidh.

Tugann daoine cuairt ar Thobar agus ar Scrín Naomh Bríd gar do Fochaird sa lá atá inniu ann. Leanann na Siúracha Brigiteacha, cuallacht reiligiúnach a bunaíodh i gCill Dara i 1807, le hobair Naomh Bríd. Chomh maith lena misean in Éirinn, leanann na siúracha orthu ag ministreacht i Stáit Aontaithe Mheiriceá, san Astráil, sa Nua-Shéalainn agus sa Ríocht Aontaithe.

An tseachtain seo ba mhaith linn go mbeadh na páistí spreagtha ag cineáltas Naomh Bríd, agus chun a bheith spreagtha chun gníomhú ar an mbealach céanna.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- An teimpléad (thíos) fótachóipeáilte do gach páiste

# Féachaimis ...

## DÁN

### 'Cineáltas'

Tosaigh trí a insint do na páistí faoi ghníomh cineáltais a chonaic tú uair amháin. Mar shampla, b'fhéidir gur scaoil bean a sparán ar an gcosán, lá. Níor thug sí faoi deara go raibh sé tar éis titim agus choinnigh sí uirthi ag siúl i dtreo a carr. Ansin, phioc páiste an sparán aníos, lean sé/sí an bhean agus thug an sparán ar ais chuici. Ansin déan comhrá leis na páistí faoi chineáltas ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An cuimhin leat am le déanaí nuair a bhí duine éigin cineálta leat? Inis dúinn faoi. Cad a rinne an duine sin? Cén fáth go ndearna siad é? Conas a bhraith tú ag an am?
- An raibh am ann nuair a bhí tú cineálta le duine eile? Inis dúinn faoi sin freisin: cad a rinne tú? Cén fáth go ndearna tú é? Conas a mhothaigh tú ina dhiaidh sin?
- An bhfuil sé deacair riamh a bheith cineálta? Cén fáth? An mbíonn sé deacair a bheith cineálta le daoine áirithe? Cén fáth?

Ansin léigh an dán 'Cineáltas'. Is féidir leis na páistí gach líne a athrá i do dhiaidh. Úsáid na gníomhartha molta mar is cuí.

**Cineáltas**
Lámha cineálta (*Croith na lámha*)
Cosa cineálta (*Gread na cosa*)
Focail chineálta (*Pointeáil don bhéal*)
Nach deas a bheith sásta. (*Ordóga in airde*)

Intinn chineálta (*Pointeáil don cheann*)
Croí cineálta (*Lámha thar do chroí*)
Cluasa cineálta (*Lámha thar na cluasa*)
Beagnach lán de ghrásta! (*Ordóga in airde*)

Is maith liom (*Nod*)
Nuair atá tú (*Pointeáil chuig duine eile*)
Cineálta (*Ordóga in airde*)
Liomsa. (*Pointeáil duit féin*)

Agus beidh mé (*Pointeáil duit féin*)
Cineálta (*Ordóga in airde*)
Chugat (*Pointeáil chuig duine eile*)
Fosta. (*Nod*)

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Nuair atáimid cineálta le daoine eile, roinnimid grá Dé leo. Guímid inniu ar son daoine atá cineálta linn.

Dún do shúile ar feadh nóiméid. (*Sos*)

Smaoinigh ar rud éigin cineálta a rinne duine éigin duit. (*Sos*)

Smaoinigh ar an duine a rinne é. B'fhéidir gurbh é do mhamaí nó do dhaidí, a bhí ann, nó b'fhéidir gur cara leat a bhí i gceist. (*Sos*)

Anois le do ghuth istigh iarr ar Dhia an duine sin a bheannú. (*Sos*)

Oscail do shúile anois. Le chéile iarraimid ar Dhia na daoine sin atá cineálta linn a bheannú.

**M:** Maidir leis na daoine a roinneann a gcuid rudaí linn, guímid, 'Go mbeannaí Dia iad'.
**P:** Go mbeannaí Dia iad.

**M:** Maidir lenár múinteoirí a chuidíonn linn foghlaim, guímid, 'Go mbeannaí Dia iad'.
**P:** Go mbeannaí Dia iad.

**M:** Maidir lenár gcairde a chuireann áthas orainn, guímid, 'Go mbeannaí Dia iad'.
**P:** Go mbeannaí Dia iad.

**M:** Maidir lenár dteaghlaigh a thugann aire dúinn, guímid, 'Go mbeannaí Dia iad'.
**P:** Go mbeannaí Dia iad.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## SCÉAL

### ‘Naomh Bríd’

Tosaigh tríd an dán ‘Cineáltas’ a rá leis na páistí. Ansin inis do na páistí go bhfuil scéal ar eolas agat faoi bhean a bhí an-chineálta. Mhair an bhean seo fadó, fadó ó shin ach cuimhnímid fós uirthi ar bhealach speisialta ar an 1ú Feabhra gach bliain. Bríd ab ainm di agus is naomh í. Fiafraigh de na páistí cad atá ar eolas acu faoi na naoimh. Ansin léigh an scéal ‘Naomh Bríd’.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR** In *I nGrá Dé* do na Naíonáin Shóisearacha/B1, d’fhoghlaim na páistí gur daoine iad na naoimh a dhéanann iarracht a bheith go maith, flaithiúil agus grámhar, díreach mar a bhí ar intinn ag Dia dóibh. Cairde speisialta Dé is ea na naoimh, a bhfuil cónaí orthu le Dia ar neamh. In *I nGrá Dé* do na Naíonáin Shóisearacha/B1, d’fhoghlaim na páistí faoi Naomh Proinsias agus Naomh Pádraig.

**‘Naomh Bríd’**



Fadó, fadó, bhí bean ann darbh ainm Bríd. Rugadh Bríd in Éirinn, i gContae Lú. Ba dhuine deas cineálta í. Ach go háirithe bhí grá aici do na bochtáin. Theastaigh uaithi grá a roinnt le gach duine, ach go háirithe leis na bochtáin.

Lá amháin, chuaigh Bríd ar thuras fada. Tar éis tamaillín stop sí, ar thaobh an bhóthair, chun sos a ghlacadh. Bhí bean shaibhir ag dul thart ag an am agus chonaic sí Bríd. Chuala an bhean faoi Bhríd agus theastaigh uaithi rud éigin a thabhairt di. D’iarr sí ar a seirbhísigh rith chuig a úllord agus ciseán de úlla blasta a fháil do Bhríd.

‘Ó, go raibh maith agat!’ a dúirt Bríd. ‘Is duine cineálta tú. Ní bheidh ocras orm anois agus mé ag taisteal.’

Ní raibh an bhean shaibhir imithe, nuair a tháinig grúpa bochtáin i láthair. Chonaic siad an ciseán úll a bhí ag Bríd.

‘Tabhair dúinn úll,’ arsa duine de na bochtáin.

‘Níor itheamar le fada agus tá ocras orainn.’



Bhí trua ag Bríd dóibh. Bhí cuma tuirseach ocrach orthu. ‘Seo,’ arsa Bríd leo agus thug sí na húlla dóibh. ‘Tóg ar fad iad. Is mó atá siad ag teastáil uaibhse ná uaimse. Is ceart go mbeadh na húlla agaibh.’ Chuala an bhean shaibhir an méid a dúirt Bríd. ‘Fan nóiméad!’ a scairt sí. ‘Thug mé na húlla sin duit, ní dóibh siúd!’

D’fhéach Bríd ar an bhean agus dúirt: ‘An méid atá agam – is leo sin é.’ Mhínigh Bríd don bhean go ndearna sí an méid a theastaigh Dia uaithi. Is mian le Dia go mbeimis cineálta agus flaithiúil le gach duine, agus ach go háirithe leo siúd atá i ngátar.

Bhí na daoine an-bhuíoch le Bríd. Thuig siad láithreach gur duine an-speisialta a bhí inti.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: ‘Cén fáth ar thug an bhean saibhir úlla do Bhríd?’ Ansin tochail níos doimhne agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth, dar leat, ar thug Bríd na húlla do na daoine a bhí ag gabháil thart?
- Conas a mhothaigh an bhean saibhir nuair a chonaic sí Bríd ag thabhairt na húlla do na bochtáin? Cén fáth, dar leat, ar bhraith sí mar seo? N’fheadar … cén fáth, dar leat, nár roinn sí leis na daoine bochta í féin?
- Níos luaithe i mbliana, d’fhoghlaimíomar faoi bhean eile a bhí ag iarraidh cabhrú le daoine bochta. Inis dúinn cad is cuimhneamh libh faoin Mháthair Treasa. Cén chaoi a raibh sí cosúil le Naomh Bríd?

Ansin cuidigh leis na páistí an phaidir seo chuig Naomh Bríd a fhoghlaim. Mínigh dóibh gur féidir linn a iarraidh ar Naomh Bríd cabhrú linn a bheith cineálta agus grámhar, cosúil léi féin.

A Naomh Bríd, a Mhuire na nGael,
Scar orainn do bhrat;
A Naomh Bríd, a chroí na féile,
Stiúir sinn ar an mbóthar ceart.

## AG COMHRÁ

### Faoin Earrach

Cuir i gcuimhne na bpáistí arís go gcuimhnímid ar Naomh Bríd ar bhealach speisialta ar an 1ú Feabhra gach bliain. Inis do na páistí gur lá speisialta é an 1ú Feabhra freisin, toisc gurb é an chéad lá den earrach é. Déan comhrá leis na páistí faoin earrach ag úsáid na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- An cuimhin libh cad a tharla do na duilleoga ar na crainn san fhómhar? An bhfuil a fhios agaibh cad a tharlóidh dóibh san earrach?
- I rith an tsamhraidh, bhí go leor bláthanna ag fás amuigh faoin aer. An bhfuil bláthanna ag fás i láthair na huaire? Cén fáth? Cad a tharlaíonn dóibh san earrach, meas tú?
- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an aimsir i láthair na huaire? An gceapann tú go n-éireoidh sé níos teo nó níos fuaire as seo amach? Cén fáth? Cad cineál aimsire is fearr leat: te nó fuar? Cén fáth?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 30: An tseachtain seo d'fhoghlaim na páistí faoi Naomh Bríd. Ar an leathanach seo roghnaíonn siad ó liosta focal agus marcálann siad na focail a bhaineann le Naomh Bríd (mar shampla, trí iad a dhathú nó trí bhéim a chur orthu). Is féidir leo an pictiúr a dhathú freisin.

### Sa Bhaile

Lch. 31: Tugtar cuireadh do theaghlaigh an scéal faoi Naomh Bríd a léamh lena bpáistí. Tugtar cuireadh dóibh freisin comhrá a dhéanamh faoi na bealaí ina bhféadfadh na páistí cineáltas a léiriú, mar a rinne Naomh Bríd. Iarrtar orthu guí chuig Naomh Bríd le chéile.



# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá clú ar Naomh Bríd ar fud na hÉireann mar bhean a bhí cineálta agus flaithiúil. Chabhraigh sí leo siúd a bhí bocht agus tinn, mar thuig sí go bhfuil grá speisialta ag Dia do na daoine seo.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### 'Is féidir liom a bheith cineálta, cosúil le Naomh Bríd, trí ... '

Fiafraigh de na páistí cad iad na focail a d'úsáidfidís chun cur síos a dhéanamh ar Naomh Bríd. Nuair a luann siad an focal 'cineálta' déan an dán 'Cineáltas' a rá le chéile. Fiafraigh de na páistí ar mhaith leo a bheith cineálta cosúil le Naomh Bríd. Ansin iarr orthu smaoineamh ar bhealach amháin ina bhféadfaidís é sin a dhéanamh. D'fhéadfadh sé seo a bheith trí chabhrú sa bhaile, trí roinnt ar scoil, nó trí a bheith cairdiúil le daoine ina gceantar áitiúil. Ansin dáil an teimpléad (thíos) ar gach páiste, agus iarr orthu pictiúr a tharraingt de na bealaí inar féidir leo a bheith cineálta. Ansin, tabhair cuireadh do pháistí áirithe a bpictiúir a thaispeáint don rang agus chun a insint conas is féidir leo a bheith cineálta cosúil le Naomh Bríd.




## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Bhí Naomh Bríd an-ghar do Dhia. Bhí sí cineálta le daoine, go háirithe leo siúd a raibh cúnamh ag teastáil uathu. Tá cónaí ar Naomh Bríd anois le Dia ar neamh. Is féidir linn a iarraidh ar naoimh cosúil le Naomh Bríd guí ar ár son, agus chun cabhrú linn a bheith maith agus flaithiúil agus grámhar, díreach mar a bhí siad. Le chéile, guímis 'Guigh orainn' i ndiaidh ainm gach naomh.

**M:** Naomh Bríd ...
**P:** Guigh orainn.

**M:** Naomh Proinsias ...
**P:** Guigh orainn.

**M:** Naomh Pádraig ...
**P:** Guigh orainn.

(*Cuir ainmneacha aon naomh a bheadh ar eolas ag na páistí leis an liosta seo, mar shampla éarlamh na scoile/an tséipéil*)

**M:** A Dhia ghrámhair,
Cuidigh linn a bheith cineálta cosúil leis na naoimh, ionas go mbeimid gar duitse freisin. Áiméan.

Guímis le chéile:

**Gach duine:** A Naomh Bríd, a Mhuire na nGael,
Scar orainn do bhrat;
A Naomh Bríd, a chroí na féile,
Stiúir sinn ar an mbóthar ceart.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Tugann Dia aire dúinn san earrach

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Labhraíonn an t-earrach linn faoi bheatha nua. Bíonn comharthaí an earraigh le feiceáil de réir a chéile ar fud na háite: bláthanna, duilleoga, uain, éin óga, laethanta ag dul i bhfad agus an aimsir níos séimhe. Insíonn an bheatha nua seo san earrach dúinn go bhfuil cumhacht chruthaitheach Dé i láthair, go bhfuil sé leanúnach agus gníomhach ar domhan. Déanann Dia an domhan a athchruthú go leanúnach agus é a athchruthú go hálainn.

An tseachtain seo féachaimid ar chuid de na rudaí áille atá ar domhan san earrach, agus déanaimid iarracht dearcadh iontais na bpáistí a mhúscailt in ionadh chruthú Dé. Cuidímid leo freisin a bheith níos eolaí faoi láithreacht leanúnach Dé sa chruthú.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Cóip den teimpléad (thíos) do gach páiste - is fearr méid A3 a úsáid
- Páipéar crêpe bán agus/nó bándearg
- Gliú
- Coimeádán plaisteach soiléir amháin cosúil le gloine plaisteach agus lipéad do gach páiste
- Biolar, pónaire, nó síolta eile a fhásann go tapa
- Olann chadáis



# Féachaimis …

## PAIDIR

### Paidir na Maidine agus Paidir na hOíche

*Comhartha na Croise*

**M:** Tá an t-earrach ann. Tá an domhan nádúrtha ag dúiseacht arís. Tá na héin ag canadh, tá na bláthanna ag tosú faoi bhláth, agus tá bachlóga ag teacht ar na crainn. Tá a fhios againn gur chruthaigh Dia na rudaí seo go léir, agus go dtugann Dia aire dóibh uile i gcónaí, agus do gach rud a chruthaigh sé. Inniu guímis *Paidir na Maidine* agus *Paidir na hOíche*. Is féidir linn na paidreacha seo a rá ar maidin agus sa tráthnóna. Cabhraíonn siad linn cuimhneamh go dtugann Dia aire dúinn i gcónaí agus chun 'Go raibh maith agat' a rá le Dia as na rudaí go léir a thug sé dúinn.

**Paidir na Maidine**

A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

**Paidir na hOíche**

A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú dom.
I ndorchadas na hoíche cosain mé
Solas na maidine go bhfeice mé. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## SCÉAL

### 'Dúshlán earraigh Ruby Rook'

Iarr ar na páistí cuimhneamh ar na hathruithe a tharlaíonn sa domhan nádúrtha i rith an earraigh. Ansin léigh an scéal 'Dúshlán earraigh Ruby Rook'.

**'Dúshlán earraigh Ruby Rook'**

*Eilionóir Uí Garmaile*



Bhí sé go luath ar maidin. Bhí Ruby Rook suite ar bhrainse den chrann seiceamar ard. Bhí a sciatháin leata amach aici agus bhí radharc aici ar mhóinéir mhóir an fheirmeora de Búrca.

'Mmm, nach iontach é sin,' a shíl sí agus í ag análú an t-aer úr. 'Sin díreach mar a shíl mé! Tá an t-earrach anseo!'

Bhí an tuath go léir réidh don bheatha nua. Agus theastaigh ó Ruby Rook an nuacht a insint do gach duine!

'Dia dhaoibh! Dia dhaoibh!' a dúirt sí agus í ag cágaíl go binn. 'Tá an t-earrach anseo!'

Níor bhog duine ar bith. Mar sin, d'eitil sí go dtí barr an chrainn.


'Dia dhaoibh go léir!' a dúirt sí arís agus í ag cágaíl os ard. 'Tá an t-earrach tagtha!'

Ach níor bhog rud ar bith.

'Ó mo léan,' a dúirt sí go gearánach. 'Beidh orm an nuacht a insint dóibh duine i ndiaidh a chéile! A leithéid de núis!' ar sí go gearánach agus d'eitil sí anuas agud thurling sí ar chrann toll.

'Cnag, cnag, cnag.' Bhuail Ruby Rook lena gob leathan ar dhoras an Iora Rua.

'Dia dhuit a Iora!' arsa Ruby Rook go mall



soiléir toisc go raibh deacrachtaí éisteachta ag Iora Rua.

'Tá an t-E-A-R-R-A-C-H anseo!' D'fhógair sí le háthas. 'Agus tá raidhse de bhia úr álainn i ngach áit.'


'Ó,' agus tháinig freagra cancrach ó lár an chrainn.

'Tá sé go deas compordach anseo. Agus tá roinnt cnónna gheimhridh fós agam. Imigh uaim agus ná bí ag cur isteach orm.'

Bhí díomá ar Ruby Rook. D'eitil sí go hurlár na foraoise.

'Pioc, pioc, pioc,' phioc sí ar an ithir dhonn chrua lena gob leathan.

'Dia dhuit a Phlúirín Sneachta Bhán! Dia dhuit a Lus an Chromchinn Bhuí! Tá an t-earrach anseo.'



'Ó,' a d'fhreagair na bleibeanna le chéile. 'Is maith linn a bheith thíos anseo faoin talamh. Imigh uainn agus fág faoi shíocháin sinn.'

Ansin chuaigh Ruby Rook go dtí an tor cuileann. Cinnte, bheadh an Spideog Bhroinndearg ag éisteacht léi.

'An bhfuil tú sa bhaile, a Spideoig Bhroinndearg?' arsa Ruby Rook. 'Nach bhfuil tú ar bís?' ar sí. 'Tá an t-earrach anseo ar deireadh.'

Ach d'iompaigh Spideog Bhroinndearg ó Ruby Rook. 'Tá foscadh anseo agam ón ngaoth fhuar. Imigh uaim agus fág faoi shíocháin mé.'

Shín Ruby Rook a cleití dubha amach le frustrachas. Ach ní raibh sí chun misneach a chailliúint.

Mar sin, d'eitil sí thart timpeall agus thart timpeall móinéir an fheirmeora de Búrca ag insint do gach duine gur tháinig an t-earrach. Ach ba chuma cé chomh glórach agus a bhí sí, nó cé chomh minic is a ghlaoigh sí go raibh an t-earrach tagtha ní raibh suim ag aon duine inti.

Sar i bhfad d'éirigh sé dorcha. Bhí gach rud ciúin agus socair. Ach bhraith Ruby Rook tuirseach agus ainniseach. 'Cad a dhéanfaidh mé,' ar sí léi féin. 'Cad a dhéanfaidh mé chun go mbeadh gach



duine ag éisteacht liom.' Thit Ruby Rook ina codladh go mall. An mhaidin dár gcionn, dhúisigh Ruby Rook agus bhí lámh mhín na Gréine ag téamh a cleití dubha.

'Dia dhuit, Ruby Rook!' arsa an Ghrian. 'Nach bhfuil an mhaidin earraigh seo go hálainn?'

'Ach is cuma le gach duine,' a d'fhreagair Ruby

• • •

• • •

Rook.
'Céard atá á rá agat?' arsa an Ghrian.
'Ní theastaíonn ó éinne a fháil amach go bhfuil an t-earrach anseo!' arsa Ruby Rook go gearánach.
'Ó mo léan!' arsa an Ghrian, 'tá fadhb againn más ea.'
'Agus rinne mé iarracht chrua,' arsa Ruby Rook go brónach, ach bhí áthas uirthi gur thuig duine éigin í, 'agus níl ag éirí liom ar chor ar bith.'
Bhí trua ag an nGrian do Ruby Rook. 'Meas tú an mbeidh mé in ann cabhrú leat?' ar sí.
D'fhéach Ruby Rook in airde uirthi agus iontas ina súile aici. 'Cad a d'fhéadfá a dhéanamh?'
'Bhuel,' arsa an Ghrian, 'fan go bhfeice mé.'
Ansin smaoinigh sí ar feadh tamaill.
'D'fhéadfainn an domhan a théamh beagán níos mó.'
'Ansin, d'fhéadfadh le Plúirín Sneachta Bán agus le Lus an Chromchinn Buí a gcinn a bhrú aníos ón dtalamh!' Labhair Ruby Rook go háthasach. 'Cad eile a d'fhéadfá a dhéanamh?' ar sí.
'Bhuel ... d'fheadfainn bheith ag lonradh beagán níos faide gach lá.'
'Iontach!' a scairt Ruby Rook. 'Ansin, bheadh go leor ama ag Iora Rua teacht ar bhia earraigh úr!'



'Aon rud eile?' a smaoinigh Ruby Rook.
'Céard faoin nGaoth?'
'Is dócha go bhféadfainn a rá le Gaoth bheith ag séideadh níos boige,' a gháir an Ghrian. 'Go minic déanann sé dearmad ar a neart féin.'
Bhí Ruby Rook ag léim le háthas. 'Ansin thiocfadh Spideog Bhroinndearg amach agus dhéanfadh sí a nead.'
Agus mar sin ar an lá sin, agus i rith laethanta an earraigh, d'fhan an Ghrian amach níos faide agus théamh sí an domhan lena gathanna teo.
Agus rinne an Ghaoth mar a d'iarr an Ghrian uirthi agus shéid sí beagán níos boige – anois is arís ar aon nós!
D'fhéach Ruby Rook mar a tháinig Iora Rua amach chun bia a bhailiú. Thóg Spideog Bhroinndearg a nead sa bhfál le caonach agus le craobhóga – áit chun a uibheacha a chur.
Agus nuair a bhrú Plúirín Sneachta Bán agus Lus an Chromchinn Bhuí aníos i solas na gréine, thosaigh Ruby Rook ag cágaíl le gliondar.
Bhí móinéir an fheirmeora de Búrca beo leis an ngníomhaíocht. Bhí an t-earrach tagtha ar deireadh!

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cérbh í an chéad ainmhí a d'inis Ruby Rook faoin earrach?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a chaith gach ceann de na hainmhithe agus na bláthanna an geimhreadh? An gceapann tú go raibh Dia ag tabhairt aire do na n-ainmhithe i rith an ama sin?
- Rinne an ghrian an talamh a théamh, ag taitneamh beag níos faide gach lá chun a thaispeáint do gach duine go raibh an t-earrach ann. An bhfaca tú aon chomharthaí den earrach fós? Abair linn fúthu. N'fheadar ... cad a tharlódh dá mba an rud é gur bheartaigh an Ghrian gan a bheith ag taitneamh níos mó?
- An gceapann tú go dtugann Dia aire dúinn faoi mar a thugann sé aire do na hainmhithe agus plandaí san earrach? Conas atá a fhios agat?

## AG COMHRÁ

### Faoi chúram Dé don domhan

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh faoi na difríochtaí a bhíonn ann idir na crainn sa gheimhreadh agus san earrach. Mínigh do na páistí gur comhartha amháin iad na bachlóga agus na duilleoga ar na crainn go leanann Dia ar aghaidh ag tabhairt aire don domhan. Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar ... an gceapann tú go dtugann Dia aire dúinn díreach mar a thugann sé aire don chuid eile den domhan?
- Conas is féidir a fhios a bheith againn go dtugann Dia aire dúinn? Ní ullmhaíonn sé ár ndinnéar dúinn, nó ní chuidíonn sé linn nithe a fhoghlaim, nó ní chuireann sé sinn sa leaba istoíche, ach tugann Dia daoine dúinn i gcónaí chun cabhrú linn agus chun a ghrá a roinnt linn. Cé a roinneann grá Dé leat? Cé a thaispeánann duit go bhfuil grá agus cúram ag Dia duit?
- An bhfuil aon rud gur féidir leat a dhéanamh chun cabhrú le Dia aire a thabhairt don domhan mar a dhúisíonn sé ó chodladh an gheimhridh?

# GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

## Na Crainn san earrach

Taispeáin an teimpléad den chrann do na páistí agus déan comhrá leo ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad iad na focail a d'úsáidfeá chun cur síos a dhéanamh ar an gcrann seo? Cathain a bhreathnaíonn crainn mar seo?
- Cad iad na hathruithe a tharlóidh don chrann i rith an earraigh? An bhfuil tú cinnte go dtiocfaidh na hathruithe seo san earrach? Conas atá a fhios agat? Cé a thugann aire don domhan, agus a chinntíonn go dtagann an t-earrach?
- Cad a d'fhéadfaimis a chur leis an gcrann chun a thaispeáint gur an t-earrach atá ann?



Ansin inis do na páistí gur féidir leo na hathruithe seo a dhéanamh iad féin ag úsáid páipéar crèpe agus gliú. Taispeáin dóibh conas an páipéar crêpe a rolladh i liathróidí agus iad a ghreamú don chrann.

# LEABHAR NA BPÁISTÍ

## Ar Scoil

Lch. 32: An tseachtain seo d'fhoghlaim na páistí faoi na bealaí ina athraíonn an domhan nádúrtha i rith an earraigh. Ar an leathanach seo tarraingíonn siad na duilleoga a bhíonn le feiceáil ar na crainn san earrach, sa samhradh, san fhómhar agus sa gheimhreadh.

## Sa Bhaile

Lch. 33: Tugtar cuireadh do theaghlaigh comhrá a dhéanamh faoi chomharthaí an earraigh a fheiceann siad. Mínímid go léiríonn na comharthaí seo dúinn go dtugann Dia aire don domhan i gcónaí. Iarrtar ar na páistí agus ar na teaghlaigh comharthaí an earraigh a chiorclú le chéile agus an pictiúr ar an leathanach seo a dhathú.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

San earrach, tagann beocht nua sa domhan nádúrtha. Is féidir leis na hathruithe seo aire Dé don domhan a chur i gcuimhne dúinn. Is féidir leo a mheabhrú dúinn freisin, moladh a thabhairt do Dhia as an gcruthú go léir.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Ag cur síolta

Tosaigh trí a mheabhrú do na páistí, go bhfeicimid beatha nua sa domhan nádúrtha i rith an earraigh. Tá a fhios againn go dtugann Dia aire don chruthú go léir, i gcónaí. Cuidíonn Dia le gach rud ar domhan fás agus maireachtáil. Ag an am seo den bhliain áirítear na síolta atá curtha sa talamh sa mhéid sin. Mínigh gur féidir leis na páistí roinnt síolta a chur, aire a thabhairt dóibh, agus féachaint orthu ag fás, díreach mar a dhéanann Dia.

Ansin déan na hábhair a dháileadh ar na páistí. Inis dóibh a n-ainm a scríobh ar an lipéad agus é a ghreamú ar a gcoimeádán. Ansin is féidir leo an coimeádán a líonadh le holann chadáis. Cuir roinnt síolta i gcoimeádán gach páiste, agus lig dóibh uisce a chur ar a gcuid síolta.

Coinnigh na síolta sa seomra ranga go dtí go dtosaíonn siad ag fás. Déan comhrá leis na páistí faoi na hathruithe a tharlaíonn sna síolta gach lá. Ansin tabhair cuireadh do gach páiste a gcuid síolta a thabhairt abhaile leo, agus chun a inis dá dteaghlaigh faoi chomharthaí an earraigh atá timpeall orthu. Cuir i gcuimhne dóibh, trí gach ceann de na comharthaí seo, is féidir linn a rá go bhfuil Dia fós ag tabhairt aire don domhan.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: Naomh Bríd agus an t-Earrach

*Toisc go bhfuil rólimirt in úsáid sa tseirbhís urnaí seo, b'fhéidir gur fearr na cathaoireacha agus na binsí a bhogadh chun spás a dhéanamh le haghaidh na gluaiseachtaí atá léirithe.*

**Amhrán Tosaigh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.

**M:** Cuirimid tús lenár nguí ag baint úsáid as ainm Dé.

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** I rith na seachtaine bhíomar ag ceiliúradh teacht an earraigh. Scríobh Dáiví go leor sailm ag tabhairt buíochas agus moladh do Dhia as na rudaí iontacha a chruthaigh sé ar fud an domhain. Guímid ceann de na sailm sin anois (Salm 104). An freagra i ngach líne ná: 'A Dhia, is rómhór tú go dearfa!'

**M:** A Dhia, tá grá agam duit le mo chroí go hiomlán.
**P:** A Dhia, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Chruthaigh tú an domhan agus gach rud ann.
**P:** A Dhia, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Tugann tú uisce le hól do na hainmhithe.
**P:** A Dhia, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Tugann tú neadacha do na héin go léir.
**P:** A Dhia, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Seolann tú báisteach chun an domhan a chothú.
**P:** A Dhia, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Tugann tú tithe do na hainmhithe chun iad a choinneáil slán.
**P:** A Dhia, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Chruthaigh tú an ghealach, na réaltaí agus an ghrian.
**P:** A Dhia, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Tá an fharraige lán de na hainmhithe a chruthaigh tú.



**P:** A Dhia, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Tugann tú bia dúinn le nithe.
**P:** A Dhia, is rómhór tú go dearfa!

**M:** Tabharfaidh mé glóir duit i gcónaí.
**P:** A Dhia, is rómhór tú go dearfa!

An tseachtain seo chuireamar síolta. Fásfaidh na síolta seo go dtí go mbeidh siad mór agus láidir, díreach mar atá tusa ag fás mór agus láidir. Tá Dia ag breathnú ort agus tú ag fás, díreach mar atá sé ag breathnú ar na síolta, na crainn, agus gach rud ar fud an domhain. Glacaimid nóiméad anois chun labhairt le Dia, ag baint úsáid as ár n-guth istigh. Is féidir linn tosú trí bheith ciúin ionainn féin.

*Can nó seinn amhrán oiriúnach.*

**M:** Anois nuair atáimid ciúin, dúnaimid ár súile.
*(Sos)*

Samhlaigh síol beag bídeach síos faoin talamh.
*(Sos)*

Le linn an gheimhridh, bíonn an síol cluthar agus te thíos faoin chré. Ach anois ó tá an t-earrach ann, tosaíonn an ghrian ag lonradh, titeann an

bháisteach, agus bíonn buinneoga le feiceáil.
*(Sos)*

Fásann na buinneoga agus go luath ... pléascann siad aníos tríd an ithir! Ansin is féidir leo an spéir a fheiceáil.
*(Sos)*

Díreach cosúil leis na síolta, tá tusa ag fás chomh maith. Tá tú ag fás aníos. Tá Dia ag cabhrú leat fás. Tá Dia ag tabhairt aire duit díreach mar a thugann sé aire do na síolta sa talamh.
*(Sos)*

An bhfuil aon rud gur mian leat a rá le Dia inniu? Ar mhaith leat rud ar bith a insint le Dia? Ar mhaith leat buíochas a ghabháil le Dia as rud éigin? Is féidir leat do ghuth taobh istigh a úsáid chun aon rud is mian leat a rá.
*(Sos)*

Cuimhnigh gur féidir leat labhairt le Dia am ar bith is mian leat. Nuair atá tú réidh is féidir leat do shúile a oscailt.

**M:** Ar an chéad lá den earrach, 1ú Feabhra, déanaimid Lá Fhéile Naomh Bríd a cheiliúradh. An cuimhin leat aon rud faoi Naomh Bríd?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt, ag baint úsáid as Póstaer 7 mar spreagthach amhairc.*

**M:** Le chéile, guímid le Naomh Bríd, ag iarraidh uirthi cabhrú linn maireachtáil cosúil léi, agus grá Dé a roinnt le gach duine a mbuailimid leo.


**Gach Duine:** A Naomh Bríd, a Mhuire na nGael
Scar orainn do bhrat.
A Naomh Bríd, a chroí na féile
Stiúir sinn ar an mbóthar ceart.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.



# Is féidir liom a bheith cineálta, cosúil le Naomh Bríd, trí …



# Téama 6: Íosa

Ceacht 1: Éistimid le scéalta
Ceacht 2: Tugann Íosa bia do na daoine
Ceacht 3: Ciúnaíonn íosa an stoirm
Ceacht 4: Leigheasann Íosa an fear dall

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Thug Íosa cúnamh dóibh siúd a bhí tinn
- Bhí grá ag Íosa do na bochtáin agus thug sé aire dóibh

### The Briathar Dé

**An Bíobla**

- Múineann an Bíobla dúinn conas grá a thabhairt do Dhia agus conas maireachtáil mar a d'iarr Dia orainn
- Is leabhar luachmhar é an Bíobla toisc gurb é Briathar Dé é

**An Scrioptúr Naofa: Saol Poiblí Íosa**

- Mc 4:35-41/Mth 8:23-7. Ciúnú na stoirme
- Mc 10:13-16; Mth 19:13-15; Lúc 18:15-17. Íosa agus na leanaí
- Eoin 6:1-13. Ag beathú an cúig mhíle duine
- Mc 10:46-52. An fear dall (Bairtiméas)

### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí: Urnaí Fhoirmeálta**

- Altú roimh agus tar éis bia

### Móráltacht Chríostaí

**Dínit an Duine**

- Tá grá ag Dia dúinn ar fad

**OCG i gcomhthéacs Críostaí**

- D'fhás Íosa i mbroinn a mháthar. D'fhás mise i mbroinn mo mháthair

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ón mBonnchéim:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**

*d. Ministreacht Íosa.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi na nithe seo:

- Teagasc Íosa ar ghrá, ar mhaithiúnas agus ar umhlaíocht.

### Cuspóir Foghlama 3

**An Mhoráltacht**

1. *Féinmheas.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí lena aithint:

- Go bhfuil grá agus meas ag daoine eile orthu.

2. *Meas ar Dhia.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:

- Meas a fhorbairt ar Dhia agus ar an tábhacht a bhaineann leis an chéad dá Aithne: grá a thabhairt do Dhia agus do dhaoine eile - Matha 22:37-40.

# Ceacht 1: Éistimid le scéalta

## SULA DTOSAÍONN TÚ

D'inis daoine scéalta i gcónaí; i ndáiríre is scéalaithe iontacha iad na Gaeil, níos fearr ná a lán daoine eile. Is breá le páistí scéalta. Múineann scéalta do pháistí faoin domhan mórthimpeall orthu. Trí éisteacht le scéal an teaghlaigh, faigheann páistí amach faoina bhféiniúlacht féin agus a stair agus foghlaimíonn siad faoi luachanna agus mianta an teaghlaigh. Foghlaimíonn siad faoi dhaoine eile ar an domhan mór freisin trí éisteacht lena gcuid scéalta. Faigheann siad amach faoi chosúlachtaí agus difríochtaí idir dhaoine óna gcuid scéalta agus stair. Faigheann siad amach cad a thaithníonn le daoine, cad a chuireann faitíos orthu, na cúramaí a bhíonn acu, cad a chuireann náire orthu agus an méid atá ar intinn acu a dhéanamh sa todhchaí. Tugann siad faoi deara cad a chuireann áthas orthu, cloiseann siad faoi na botúin a rinne siad agus faoi na ceachtanna atá foghlamtha acu. Trí éisteacht le scéalta ón mBíobla, foghlaimíonn na páistí faoina bhféiniúlacht reiligiúnach agus faoina oidhreacht féin. Múnlaíonn sé seo a dtuiscint faoin domhan freisin.

An tseachtain seo inseoidh na páistí scéalta futhu féin agus faoina dteaghlaigh, agus cuimhneoidh siad ar an scéalta atá foghlamtha acu ón mBíobla. Tá súil againn go dtuigfidh siad gur bealach an-tábhachtach chun aithne a chur ar dhaoine, is ea scéalta.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Grianghraf a bhaineann le scéal ba mhaith leat a roinnt leis na páistí
- Grianghraf ó na páistí a bhaineann le scéal a theastaíonn uathu a roinnt leis an rang



# Féachaimis ...

## SCÉAL

### 'Is cuimhin liom ...'

Tosaigh trí scéal a insint do na páistí faoi rud a tharla nuair a bhí tú óg (*saoire a ndeachaigh tú air, cuimhne atá agat ón scoil, peata nó cara a bhí agat*). Tosaigh leis na focail, 'Lig dom scéal a insint daoibh. Is cuimhin liom ... '

Tar éis duit do scéal a insint, déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad atá ar eolas agaibh fúmsa anois nach raibh ar eolas agaibh roimhe seo?
- Cad iad na scéalta atá ar eolas agaibh ó bhí sibh níos óige?

Tabhair cuireadh do pháistí áirithe an scéal is fearr leo a insint faoi nuair a bhí siad an-óg. Ansin iarr ar an rang an cheist seo a fhreagairt: 'Cad atá ar eolas agaibh faoi (ainm an pháiste) anois nach raibh ar eolas agaibh roimhe seo?'

Tabhair cuireadh do na páistí ceisteanna a chur ar bhaill a dteaghlaigh faoi aon scéalta oiriúnacha a d'fhéadfadh a bheith acu, nuair a fhilleann siad abhaile tar éis na scoile. Más féidir, iarr ar na páistí grianghraf a bhaineann leis an scéal a thabhairt isteach ar scoil. Úsáidfear iad seo sa cheacht amach anseo. Mínigh do na páistí, trí éisteacht le scéalta faoi dhaoine eile, gur féidir linn aithne níos fearr a chur orthu. Is féidir linn rudaí a fhoghlaim faoi dhaoine freisin nach raibh ar cheana f



## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Tá a fhios againn go mbíonn Dia in éineacht linn i gcónaí. Tá aithne ag Dia orainn go léir agus tá grá aige dúinn uile. Inniu guímís le Dia ag úsáid ár nguthanna istigh.

Abair i mo dhiaidh: Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá*)

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Tá aithne ag Dia ar gach duine againn, agus tá grá ag Dia dúinn uile. Bhí aithne ag Dia ort ón nóiméad a thosaigh tú ag fás taobh istigh de do Mhamaí.

Tá na scéalta go léir fút féin agus faoi do theaghlach ar eolas ag Dia. Cuimhnigh ar cheann acu anois. B'fhéidir gur scéal faoi shaoire a ndeachaigh sibh air le chéile atá i gceist, nó béile speisialta a bhí agaibh le chéile, nó lá breithe a cheiliúir sibh le chéile. (*Sos*)

Ag baint úsáid as do ghuth istigh, gabh buíochas le Dia as na scéalta sona go léir atá agat faoi do theaghlach. (*Sos*)

Cuimhnigh, is féidir leat labhairt le Dia am ar bith is mian leat. Mar sin, nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

*Comhartha na Croise*


# Foghlaimímis …

## SCÉAL

### 'A Dhaideo, Inis Scéal Dúinn'

Tosaigh trí cheist a chur ar na páistí cé ina dteaghlaigh ar mhaith leo scéalta a insint dóibh. Ansin léigh an scéal, 'A Dhaideo, Inis Scéal Dúinn'.

**'A Dhaideo, Inis Scéal Dúinn'**



Bhí áthas ar Shaorla agus ar Mhéabh a bheith ag tabhairt cuairt ar Dhaideo. Bhí spórt acu leis i gcónaí. D'fhágfhadh Mamaí ag teach Dhaideo iad anois agus arís nuair a bheadh sí ag dul ag obair. Chomh luath agus a bhí siad taobh istigh den doras, sular bhain siad a gcuid cótaí díobh, chuir Saorla ceist ar Dhaideo.

'A Dhaideo,' ar sise. 'An inseoidh tú scéal dúinn faoi do óige?'

Gháir Daideo. 'Faoi mo óige?' ar seisean. 'Inseoidh mé cinnte! Téimis isteach sa seomra suí.'




Shuigh Saorla, Méabh agus Daideo ar an tolg. Thóg Daideo a sheanalbam grianghraf amach agus thosaigh sé ag féachaint ar roinnt de na leathanaigh. 'Bheul bheul!' ar seisean. 'Seo mé féin nuair a ghlac mé mo Chéad Chomaoineach!'

'Wow!' arsa Méabh, ag gáire. 'Is maith liom do chulaith!'

'Is cuimhin liom go maith í!' arsa Daideo. 'Is cuimhin liom fiú dul go dtí an siopa le mo mháthair chun í a cheannach. Chuamar ar an mbus go dtí an baile mór maidin Dé Sathairn. Bhí sceitimíní áthais orm! Is cuimhin liom go ndúirt an siopadóir liom: 'Seo ceann de laethanta móra do shaol, a mhic. Ceann de laethanta móra do shaol … '

Stop Daideo de bheith ag caint agus d'fhéach sé díreach ar aghaidh ar feadh nóiméid.



'Agus cad a tharla ansin?' arsa Méabh.

'Ansin thóg an fear amach a mhiosúr,' lean Daideo. 'Agus thomhas sé mo chosa agus thart ar mo choim. Ansin shín sé in airde agus thóg sé anuas mo chéad chulaith. Féach ansin í … ' agus shín Daideo a mhéar ar an ngrianghraf. 'Ba é an chéad rud a fuair mé riamh a cuireadh ar chrochadán.'

'Ar chuir tú ort í sa siopa?' arsa Saorla.

'Go deimhin chuir mé!' arsa Daideo. 'Bhí bród orm nuair a shiúil mé amach agus í á caitheamh agam sa siopa. Agus is cuimhin liom aghaidh mo mháthair fós … Choinnigh sí ag rá, "Féach ar an bhfear beag!"'

Thosaigh na cailíní ag scigireacht.

'Bheul' arsa Daideo. 'Bhí mé óg tráth, 'bhfuil a fhios agaibh!'

'Agus cad a tharla ina dhiaidh sin?' arsa Méabh arís.

'B'shin deireadh le cúrsaí!' arsa Daideo. 'Chuir an siopadóir mo chuid éadaí nua i mála donn dom, agus chuamar abhaile chun iad a thaispeáint do mo Dhaid.'

'Nach deas an scéal é sin,' a dúirt Saorla. 'An inseoidh tú scéal eile dúinn?'

'Inseoidh mé cinnte,' arsa Daideo, agus é sona sásta. 'Anois, fan go bhfeice mé …' Agus chas sé ar ais go dtí a albam grianghraf.

Le linn an scéil, seiceáil tuiscint na bpáistí ag baint úsáid as ceisteanna cosúil le: 'Cén lá a chuimhnigh Daideo air?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth, dar libh, ar theastaigh ó Mhéabh agus Saorla go n-inseodh Daideo scéal faoina óige dóibh? Ar thaitin an scéal leo? Cén fáth?
- Cad a d'fhoghlaim na cailíní faoi Dhaideo óna scéal? An gceapann sibh gur chabhraigh na pictiúir leo an scéal a thuiscint? Cén fáth? An gceapann sibh gur chuala siad an scéal roimhe seo?
- Ar inis do sheanathair, do sheanmháthair, do mham nó do dhaid riamh scéal daoibh faoina óige? Cad ar thaitin libh faoi na scéalta seo? Cad a d'fhoghlaim sibh uathu?

## DÁN

### 'Scéalta'

Cuir an dán 'Scéalta' in aithne do na páistí, agus spreag iad chun na línte a athrá i do dhiaidh. Úsáid gníomhartha mar is cuí.



**Scéalta**
Cuidíonn scéalta linn foghlaim,
Cuidíonn scéalta linn
An méid go léir a tharla,
thuiscint, blianta ó shin.

ig le scéalta a bheith greannmhar,
ig le scéalta a bheith brónach.
ig leo áthas a chur orainn,
ó muid a bheith feargach!

r mhaith leat a chloisteáil
céal maith fúmsa?
én scéal a bheadh ann?
thaithneodh leatsa ..?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 34: An tseachtain seo d'fhoghlaim na páistí go gcuidíonn scéalta linn muid féin agus daoine eile a thuiscint. Ar an leathanach seo cuimhníonn na páistí ar scéalta ón mBíobla atá ar eolas acu agus tarraingíonn siad pictiúr den scéal ón mBíobla is fearr leo.

### Sa Bhaile

Lch. 35: Iarrtar ar theaghlaigh scéal a insint dá bpáistí faoi rud a tharla nuair a bhí siad níos óige. Is féidir leis na páistí pictiúr a tharraingt nó grianghraf a ghreamú den leathanach seo, agus guí ar son na ndaoine atá ainmnithe sa scéal.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Is bealach tábhachtach iad scéalta chun aithne a chur ar dhaoine. Cuidíonn scéalta linn foghlaim faoin am atá thart freisin. Trí éisteacht agus insint le scéalta, is féidir linn rudaí a fhoghlaim faoi dhaoine eile agus is féidir leo rudaí a fhoghlaim fúinn freisin. Is féidir linn foghlaim faoi Dhia agus faoi Íosa ó na scéalta a chloisimid ón mBíobla.

## GNÍOMHAÍOCHT



### Taispeáin agus Inis

Tosaigh tríd an dán 'Scéalta' a rá leis na páistí. Ansin tabhair cuireadh do pháiste amháin ag an am, an grianghraf a thóg siad ar scoil leo, a thaispeáint don chuid eile den rang. Spreag na páistí chun an scéal a insint don chuid eile den rang faoin méid atá ag tarlú sa ghrianghraf.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** An tseachtain seo, bhíomar ag insint scéalta faoinár dteaghlaigh. Bhíomar ag cuimhneamh freisin ar scéalta ón mBíobla. Is leabhar luachmhar é an Bíobla toisc gurb é Briathar Dé é. Sa Bhíobla, foghlaimímid faoi Dhia agus faoi Íosa.

Dún do shúile ar feadh nóiméid. (*Sos*)

Smaoinigh ar an scéal is fearr leat ón mBíobla. (*Sos*)

Cé atá sa scéal sin? Cad a tharla? (Sos)

Ag baint úsáid as do ghuth istigh, gabh buíochas le Dia as na scéalta sa Bhíobla. Cuidíonn siad seo linn eolas agus grá a bheith againn do Dhia. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.

**M:** A Dhia ghrámhair,
Go raibh maith agat as an mBíobla,
Istigh ann, múineann tú dúinn conas grá a thabhairt do dhaoine eile agus conas grá a thabhairt duit.
Cuidigh linn grá agus meas a bheith againn ar an mBíobla i gcónaí.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Tugann Íosa bia do na daoine

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Taispeánann an scéal faoi bheathú slua mór daoine go raibh imní ar Íosa faoi dhaoine a bhí ocrach, agus insíonn sé dúinn faoi bhuachaill beag a roinn le hÍosa an bia a thug sé dó féin agus a chlann. Bhí na mílte daoine tagtha le chéile chun Íosa a chloisteáil agus chun bualadh leis. Nuair a thuig sé go raibh ocras ar na daoine, theastaigh uaidh cabhrú leo. Agus é seo á dhéanamh aige, bhí Íosa ag leanúint traidisiún Mhaois sa bhfásach agus ag ullmhú na slí don cheiliúradh ag an Suipéar Déanach agus do cheiliúradh na hEocairiste i saol na hEaglaise.

Is fiú a thabhairt faoi deara gur tharla an ócáid iontach seo trí chomhoibriú buachaill beag nár thug éinne faoi deara. Thug sé a bhia d'Íosa. Bhí Íosa in ann daoine eile a bheathú trí fhlaithiúlacht duine amháin. Trína ghníomhartha bhí Íosa ag taispeáint do dhaoine cén sort saol a bheadh ann dá mbeadh gach duine ag maireachtáil de réir phlean Dé don domhan. Tá neart bia ar domhan agus go leor ann chun gach duine a bheathú ach an deacracht atá againn ná nach bhfuil an toil againn é a roinnt ionas go mbíonn go leor ag gach duine.

An tseachtain seo cuirimid na páistí in aithne don scéal faoi Íosa ag beathú na ndaoine agus tarraingímid a n-aird ar ról an bhuachalla bhig. Ba trína fhlaithiúlacht go raibh Íosa in ann na daoine ocracha a bheathú. Níl mórán scéalta faoi leanaí sa Bhíobla, mar sin seo scéal an-tábhachtach, go háirithe do pháistí.


# Féachaimis ...

## AG COMHRÁ

### Faoin mBíobla

Tosaigh trí Bhíobla a thaispeáint do na páistí agus déan comhrá leo ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén t-ainm atá ar an leabhar seo? Cé a fhoghlaimímid futhu nuair a léimid é?
- Cé mhéad scéal, dar libh, atá ar eolas againn ón mBíobla? Déanaimis comhaireamh. Cad iad na scéalta is féidir libh a ainmniú?
- Cé hé an duine is tábhachtaí sa Bhíobla? Cén fáth gur duine tábhachtach é Íosa?



## PAIDIR

**NÓTA DON MHÚINTEOIR** Léiríonn an mórshiúl seo leis an mBíobla mórshiúl an tSoiscéil a fheiceann na páistí mar chuid den Aifreann.

### Deasghnáth: Mórshiúl an Bhíobla

*Comhartha na Croise*

**M:** Is leabhar naofa agus luachmhar é an Bíobla. Múineann sé dúinn conas grá a thabhairt do Dhia agus conas maireachtáil mar a theastaíonn ó Dhia. Léifidh mé scéal inniu faoi 'Íosa agus na Páistí' ón mBíobla.

*Tabhair cuireadh don pháiste a bhfuil an Bíobla aige/aici é a thabhairt chugat. Tá an sliocht tógtha ó Mhatha 19:13-15*

**Thug siad leanaí chuige ansin chun go gcuirfeadh sé a lámha orthu ag déanamh guí, ach chuir na deisceabail ceartú orthu. Dúirt Íosa: "Ligigí do na leanaí agus ná coiscigí iad ar theacht chugam, óir is lena leithéidí seo ríocht na bhflaitheas." Chuir sé a lámha orthu agus bhuail sé roimhe ón áit sin.**

*Cuir an Bíobla oscailte go sollúnta sa spás urnaí.*

**M:** A Dhia ghrámhair,
Go raibh maith agat as an mBíobla, leabhar naofa, do Bhriathar linn.
Cuidigh linn foghlaim uaidh, ionas go mbeimid in ann maireachtáil mar a d'iarr tú orainn.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Tugann Íosa bia do na daoine'

Begin by focusing on the Bible in your prayer space. Ask the children why this book is so precious. Then explain that you would like to tell them another story about Jesus. This story comes from the Bible too.

**'Tugann Íosa bia do na daoine'**
(*Curtha in oiriúint ó Eoin 6:1-13*)



Bhí Íosa agus a chairde amuigh ar bhád ar Mhuir na Gailíle, lá. Lean a lán daoine é i mbáid eile, mar theastaigh uathu bualadh leis agus éisteacht leis. Chuaigh Íosa i dtír agus suas ar chnoc lena dheisceabail. D'fhéach Íosa thart agus chonaic sé an slua mór a tháinig le héisteacht leis. Chaith siad an oiread sin ama ag éisteacht lena scéalta go ndearna siad dearmad iomlán ar an am! Bhí sé déanach, bhí siad i bhfad ó bhaile agus bhí ocras ar gach duine. D'fhiafraigh Íosa dá chara, Pilib, 'Cá bhfaighimid bia do na daoine seo ar fad?' Bhí a fhios ag Pilib nach bhfaigheadh siad bia in aon áit don slua mór.

Dúirt Aindrias, cara eile le hÍosa, 'Tá buachaill anseo a bhfuil cúig bhuilín aráin agus dhá iasc aige. Ach ní bheidh dóthain bia ann do na daoine go léir. D'fhéach Íosa ar an slua. Ní fhaca sé riamh slua chomh mór sin. Dúirt sé 'Abraigí leo suí síos.' Shuigh na daoine.

Ansin thóg sé an t-arán ón mbuachaill, ghabh sé buíochas le Dia agus thosaigh sé á roinnt ar na daoine. Rinne sé an rud céanna leis an dá iasc. Agus cé nach raibh ann ach cúig bhuilín aráin agus dhá iasc, bhí a dhóthain bia ag gach duine. Nuair a bhí a ndóthain ite acu, dúirt Íosa, 'Bailígí an bia atá fágtha; ná cuirimis amú é.' Bhailigh siad an bia a bhí fágtha agus líon siad dhá chiseán déag leis.

Bhí ionadh ar gach duine, cairde Íosa ina measc. Is ansin a thuig an slua go cinnte gur dhuine speisialta é Íosa.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cad a d'iarr Íosa óna chara Pilib?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid astu seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth, dar leat, a bhí Íosa ag iarraidh beatha a thabhairt do na daoine?
- N'fheadar … conas a mhothaigh cairde Íosa, dar leat nuair a thuig siad, ní amháin go raibh go leor ann le nithe, ach go raibh bia fágtha freisin?
- Cén fáth go bhfuil Íosa chomh speisialta sin?

  Cén fáth go raibh sé in ann rudaí a dhéanamh nach bhféadfadh le haon duine eile a dhéanamh?

Mínigh do na páistí go dtugaimid 'míorúilt' ar an rud a tharla an lá a chothaigh Íosa na daoine. Ní féidir linn a mhíniú conas ba leor cúig bhuilín aráin agus dhá iasc chun na daoine sin go léir a bheathú. Rud é nach bhféadfadh le héinne ach Íosa a dhéanamh.

**NÓTA DON MHÚINTEOIR** Ina mhíorúiltí léirigh Íosa an grá atá ag Dia do dhaoine atá tinn, ocras, bocht nó i dtrioblóid ar bhealach ar leith, agus mar is mian le Dia go mbeadh an domhan. Ba chomharthaí de Ríocht Dé iad na míorúiltí, an Ríocht a bhí Íosa ag iarraidh a thabhairt i gcrích, agus a bhí i láthair laistigh agus tríd.

# PAIDIR

## Altú roimh Bhia agus Altú tar éis Bia

Cuir i gcuimhne na bpáistí gur ghabh Íosa buíochas le Dia sular thug sé bia do na daoine. Bronntanas ó Dhia é bia agus mar sin gabhaimid buíochas le Dia as an mbia a ithimid. Iarr ar na páistí ainm na paidre a deirimid sula n-ithimid a thabhairt duit. Ansin abair an *Altú roimh Bhia* agus an *Altú tar éis Bia* leis na páistí.

*Comhartha na Croise*

**Altú roimh Bhia**

A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú dom.
I ndorchadas na hoíche cosain mé
Solas na maidine go bhfeice mé. Áiméan.

**Altú tar éis Bia**

Beannacht ó Dhia orainne atá ag suí
chun boird le chéile.
Beannacht ar an mbia a ithimid inniu.
Beannacht ar na lámha a d'ullmhaigh dúinn é.
Beannacht a Dhia dílis orainn féin. Áiméan.

*Comhartha na Croise*



# AN SCRIOPTÚR NAOFA

## 'Scéal an Bhuachalla Bhig'

Tosaigh tríd an scéal 'Tugann Íosa bia do na daoine' a chur i gcuimhne na bpáistí ag úsáid Póstaer 8. Ansin tarraing aird na bpáistí chuig an bhuachaill beag sa scéal. Inis do na páistí nach bhfuil ainm an bhuachalla bhig seo ar eolas againn - níl a ainm luaite sa Bhíobla. Iarr ar na páistí ainm a roghnú don bhuachaill iad féin. Ansin inis do na páistí go bhfuilimid chun scéal an bhuachalla bhig a shamhlú. Táimid chun an méid a chonaic sé an lá a chothaigh Íosa na daoine, a shamhlú.



**'Scéal an Bhuachalla Bhig'**



Bhí Iacób ina chónaí lena aintín agus uncail. Gach lá rinne a aintín arán agus gach lá chuaigh a uncail ag iascaireacht. Mar sin chuaigh Iacób gach lá ag díol roinnt den arán agus roinnt de na héisc ionas go mbeadh airgead acu.

Lá amháin, amach le Iacób lena chiseán lán le harán agus éisc agus chonaic sé slua mór daoine.

Bhí an slua ag leanúint fear darbh ainm dó Íosa. Cheap Iacób go mbeadh sé in ann cuid den bhia a bhí aige a dhíol dóibh, agus mar sin lean sé iad. Bhí go leor cloiste ag Iacób faoi Íosa. Chuala sé cuid de na scéalta a d'inis Íosa. Rinne Iacób iarracht dul go dtí barr an tslua ionas go mbeadh sé in ann an méid a bhí le rá ag Íosa a chloisteáil. Bhrúigh sé a bhealach isteach i measc na ndaoine agus ar deireadh tháinig sé ar áit chun suí síos. Ansin chuala Iacób Íosa ag rá, 'Cén áit ar féidir linn go leor bia a cheannach chun tabhairt do na daoine seo?'

Thug ceann de chairde Íosa faoi deara go raibh arán agus éisc ag Iacób. Agus go tobann thuig Iacób go raibh gach duine ag féachaint air féin agus ar a chiseán! Tháinig Íosa anonn go dtí an áit ina raibh Iacób ina shuí. Rinne sé miongháire le Iacób agus leag sé lámh ar an cheann. 'Buíochas le Dia go bhfuil tú anseo, a Iacóib!' ar seisean. Ansin d'iarr sé ar Iacób an

• • •

...

t-arán agus na héisc a roinnt leis na daoine.

Gháir Iacób mar bhí áthas air go raibh sé in ann cabhrú le hÍosa agus lena chairde. Shuigh sé agus d'fhéach sé mar a thóg Íosa píosa aráin as an gciseán agus mar a bheannaigh sé é. Ansin thug sé don slua ocrach é. Nuair a bhí a sáith ite acu bailíodh an fuilleach, agus bhí dhá chiseán déag iomlána fós ann!

Nuair a bhí Iacób ag dul abhaile, d'fhéach sé ar ais thar a ghualainn ag Íosa. Bhí a fhios ag Iacób nár bhuail sé le duine ar bith eile cosúil le hÍosa riamh roimhe sin.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cad a bhí ar intinn ag Iacób a dhéanamh leis an arán agus na héisc?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a mhothaigh Iacób nuair a thuig sé gur chothaigh a chuid aráin agus éisc na daoine go léir?
- N'fheadar ... cad a cheapann tú a dúirt a aintín agus a uncail le Iacób nuair a tháinig sé abhaile?
- An cuimhin leat ainm duine eile a roinn bia le daoine a raibh ocras orthu? (*Naomh Bríd, Máthair Treasa*)

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 36: An tseachtain seo chuala na páistí an scéal faoi conas a chothaigh Íosa slua mór daoine le cúig bhuilín aráin agus dhá iasc. Ar an leathanach seo tarraingíonn na páistí an bia a tugadh d'Íosa ón mbuachaill beag agus dathaíonn siad an pictiúr.

### Sa Bhaile

Lch. 37: Iarrtar ar theaghlaigh comhrá a dhéanamh faoi fhlaithiúlacht an bhuachalla bhig agus ócáidí ina raibh a bpáistí flaithiúil a thabhairt chun cuimhne. Iarrtar orthu freisin *Altú roimh Bhia* agus *Altú tar éis Bia* a ghuí le chéile. Críochnaíonn na páistí lúbra chun cabhrú leis an mbuachaill óg Íosa a shroicheadh.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Insíonn ceann de na scéalta ón mBíobla dúinn gur chothaigh Íosa slua mór daoine uair amháin agus gan aige ach cúig bhuilín aráin agus dhá iasc. Míorúilt a thugaimid air seo. Is comharthaí iad na míorúiltí ar an gcaoi a dteastaíonn ó Dhia go mbeadh an domhan.

## AG COMHRÁ

### Faoi a bheith Flaithiúil

Spreag na páistí chun an scéal, 'Tugann Íosa bia do na daoine' a insint. Dírigh ar an bhfíric go raibh Íosa ag brath, sa scéal seo, ar fhlaithiúlacht an bhuachalla d'fhonn na daoine go léir a bheathú. Déan comhrá faoin bpointe seo ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An féidir leat a insint dúinn faoi thréimhse nuair a bhí tú in ann an bia a bhí agat a roinnt le duine a raibh sé de dhíth orthu?
- An raibh am ann riamh nuair a bhí rud éigin ag teastáil uait le hithe agus gur roinn duine éigin leat? Conas a mhothaigh sé sin?
- N'fheadar ... cad a tharlódh muna dtabharfadh an buachaill beag a chuid aráin agus iasc d'Íosa?

Is é an gníomh follasach a éiríonn as an gcomhrá seo ná chun deis a thabhairt do na páistí a gcuid bia a roinnt leo siúd a bhfuil sé de dhíth orthu. Is féidir leat é seo a spreagadh in go leor bealaí, ag brath ar na toscaí i do sheomra ranga féin:

- Spreag na páistí a lón a roinnt i gcónaí leo siúd a dhéanann dearmad air
- Déan comhrá faoi na fáthanna a bhfuil sé tábhachtach gan bia a chur amú agus spreag na páistí chun cur amú bia a sheachaint
- Tabhair cuireadh do na páistí earraí bia neamh-meatacha a thabhairt isteach le roinnt le heagraíochtaí carthanachta cosúil le *Cumann Naomh Uinseann de Pól*
- Tabhair cuireadh do na páistí roinnt airgid a thabhairt isteach agus é a bhronnadh ar *Trócaire*, *Missio Ireland* nó eagraíocht den chineál céanna

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu Rachaimid ar ais go haimsir Íosa inár n-intinn. Labhraímís le hÍosa amhail is dá mbeimis ar ais ar an lá a thug sé bia do na daoine sin go léir. Cuirimis tús agus ár gcoirp a dhéanamh socair agus ciúin.

*Can/seinn píosa ceoil oiriúnach*

**M:** Anois ó tá ár gcoirp socair agus ciúin, dúnaimis ár súile. (*Sos*)

Samhlaigh tú féin ar ais in aimsir Íosa. (*Sos*)

Samhlaigh go bhfuil tú i lár an tslua mhóir sin in éineacht le Iacób. (*Sos*)

Féach mórthimpeall ort féin. An bhfeiceann tú Íosa? (*Sos*)

Tá sé ag caint lena chara Pilib. Is cosúil go bhfuil fadhb ann. (*Sos*)

Féach mar a thagann Íosa i dtreo tusa agus Iacób. (*Sos*)

Tugann sé mionghháire don bheirt agaibh. (*Sos*)

Fiafraíonn Íosa de Iacób an roinnfidh sé an bia sa ciseán. Aontaíonn Iacób.

Ansin tógann Íosa an t-arán agus na héisc ina lámha, agus beannaíonn sé iad. (*Sos*)

Roinneann a chairde an bia amach ar na daoine go léir. (*Sos*)

Siúil chuig Íosa, agus abair 'go raibh maith agat' leis as an mbia. (*Sos*)

Ansin éist agus féach an ndeir Íosa rud ar bith ar ais leat. (*Sos*)

Tá a fhios agat gur féidir leat labhairt le hÍosa am ar bith is mian leat. Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

**M:** A Íosa, ár gcara,
Cuidigh linn maireachtáil mar a rinne tú.
Cuidigh linn a bheith flaithiúil, agus an méid atá againn a roinnt le daoine eile.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Ciúnaíonn Íosa an stoirm

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Nuair a mhothaímid faoi bhagairt agus nuair a bhíonn eagla orainn mar gheall ar imeachtaí inár saol, is cosúil go bhfuil Dia ina chodladh. Uaireanta smaoinímid nach dtugann Dia ár dtrioblóidí faoi deara. Nuair a bhí Íosa agus a chairde ag bádóireacht ar Mhuir na Gailíle, thit Íosa ina chodladh. Ansin d'éirigh stoirm agus bhí eagla ar a chairde. Ghlaoigh siad ar Íosa dúiseacht agus iad a shábháil. D'éirigh sé agus d'ordaigh sé don fharraige a bheith ciúin agus bhí suaimhneas ann. Bhí iontas ar a chairde as a chumhacht. Toisc go raibh eagla orthu scairt siad amach chuig Íosa agus is ansin a d'fhoghlaim siad rud éigin nua faoi – bhí sé i gceannas na cruinne agus thug sé seo socair dóibh. Uaireanta nuair is cosúil go bhfuil Dia ina chodladh agus muid i lár stoirme, tá sé tábhachtach cabhair a iarraidh. Agus cosúil le cairde Íosa, b'fhéidir go mbuailfimid le Dia a thugann freagra ar ár n-eagla – agus a thugann suaimhneas dúinn go mbeidh gach rud go maith ar deireadh. Mar thoradh ar idirghabháil Íosa d'iarr a lucht leanúna 'Cé hé féin?', agus sin í an cheist a dhéanann na Soiscéil iarracht a fhreagairt.

An tseachtain seo éiríonn na páistí eolach ar scéal faoi conas a chiúnaigh Íosa an stoirm. Cabhraímid leo chun machnamh a dhéanamh ar a dtaithí féin faoi a bheith eaglach agus gur féidir leo glaoch ar Íosa chun cabhrú leo. Cabhróimid leo freisin focail *An Phaidir* a fhoghlaim.

# Féachaimis …

## PAIDIR

### An Phaidir

*Comhartha na Croise*

**M:** Tá a fhios againn go bhfuil Dia linn i gcónaí. Tá Dia linn is cuma an bhfuilimid sásta, brónach, corraithe nó scanraithe. Is féidir linn labhairt le Dia i gcónaí. Mhúin Íosa paidir speisialta dúinn gur féidir linn go léir a rá le chéile. Guímis an phaidir seo le chéile anois. Is féidir libh gach líne a athrá i mo dhiaidh.

Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Ciúnaíonn Íosa an stoirm'

Tosaigh agus an chéad líne den scéal, 'Tugann Íosa bia do na daoine' a léamh: 'Bhí Íosa agus a chairde amuigh ar bhád ar Mhuir na Gailíle, lá.' Mínigh do na páistí gur iascairí ba ea go leor de chairde Íosa, mar sin is minic a rachadh sé amach ina mbáid ar an bhfarraige. Déan comhrá leo faoin bpointe seo ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth, dar leat, ar thaitin le hÍosa agus a chairde dul amach i mbád ar Mhuir na Gailíle?
- An raibh tú riamh ar bhád? Inis dúinn cad a thaitin leat nó nár thaitin leat faoi.
- An raibh eagla ort riamh nuair a bhí tú ar bhád?

Ansin léigh an scéal 'Ciúnaíonn Íosa an stoirm' thíos. Mínigh gur ón mBíobla a thagann an scéal seo.

**'Ciúnaíonn Íosa an stoirm'**

(*Curtha in oiriúint ó Mharcas 4:35-41, Lúcás 8:22-25 agus Matha 8:23-27*)



Tráthnóna eile, dúirt Íosa lena chairde, 'Rachaimid trasna go dtí an taobh eile de Mhuir na Gailíle.' Isteach sa bhád leo. Luigh Íosa síos agus thit sé ina chodladh. Bhí an bád ag luascadh anonn is anall ar na tonnta.

Go tobann, d'éirigh stoirm mhór láidir ar Mhuir na Gailíle. Bhí an spéir dorcha agus thosaigh sé ag cur báistí. Shéid an ghaoth go láidir agus d'éirigh na tonnta níos airde agus níos airde arís. Leis sin, thosaigh uisce ag teacht isteach thar thaobh an bháid. Bhí a fhios ag cairde Íosa go raibh siad i mbaol. Dhúisigh siad Íosa agus dúirt siad, 'Tá an bád ag dul faoi! An cuma leat?'

Sheas Íosa suas agus d'ordaigh sé don stoirm stopadh. 'Bí ciúin!' a dúirt sé leis an ngaoth. 'Bígí socair!' a dúirt sé leis na tonnta. Agus láithreach, chiúnaigh an stoirm.

Bhí iontas ar chairde Íosa agus dúirt siad lena chéile, 'Cén sórt duine é Íosa? Déanann na gaotha féin agus an fharraige an rud a theastaíonn uaidh.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cá raibh Íosa agus a chairde ag dul?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a mhothaigh na deisceabail nuair a thosaigh an aimsir ag athrú? Cad a cheapann tú a dúirt siad lena chéile?
- N'fheadar ... cén fáth, dar leat, ar thit Íosa ina chodladh? An gceapann tú go raibh eagla ar Íosa nuair a dhúisigh sé? Cén fáth nó cén fáth nach raibh?
- Cad a dúirt cairde Íosa leis, meas sibh, nuair a chiúnaigh sé an ghaoth agus na tonnta?

## DÁN

### 'An Stoirm ar an bhFarraige'

Tabhair an scéal 'Ciúnaíonn Íosa an stoirm' chun cuimhne ag baint úsáid as Póstaer 9. Ansin cuir an dán thíos in aithne na bpáistí agus spreag iad chun na línte a athrá i do dhiaidh. Úsáid gníomhartha de réir mar is cuí.

**An Stoirm ar an bhFarraige**

Lá amháin dúirt Íosa,
'Amach linn ar na tonnta.'
Bhí áthas ar a chairde,
Mar bhí lá iontach rompu!

Isteach leo sa bhád,
Duine i ndiaidh a chéile,
Ag seoladh ar an uisce,
Faoi sholas deas na gréine.

'Tá mé ag dul a luí,'
Arsa Íosa lena chairde.
'Táim tuirseach i ndáiríre',
Dúirt sé is é ag gáire.

Ní fada ina dhiaidh sin,
Thosaigh na tonnta ag ardú,
Agus maidir leis an mbáisteach,
Dhoirtigh sé anuas!

Bhí eagla ar a chairde.
'A Íosa, cuidigh linn!'
'Tá an t-uisce istigh sa bhád,
Tá eagla an domhain orainn.'

Sheas Íosa in airde,
Agus d'fhéach i dtreo na spéire.
Bhí imní ar a chairde,
Agus iad ag gol le chéile!

'Bí socair is bí ciúin!'
Chuala siad é ag rá ... (*Sos*)
Agus d'éist an stoirm leis ... (*Sos*)
Nach iontach a bhí an lá!

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### An Stoirm ar an bhFarraige

Inis do na páistí go bhfuil tú chun an dán 'An Stoirm ar an bhFarraige' a léamh dóibh arís, ach an uair seo ba mhaith leat go gcuirfeadh siad gníomhartha leis. Roinn an rang ina dhá leath: is féidir le leath amháin ról Íosa a ghlacadh, agus leis an leath eile ról cairde Íosa a ghlacadh. Déan comhrá faoi na gníomhartha a bheadh oiriúnach ag pointí áirithe den scéal:

- Seasann 'Íosa' chun tosaigh agus cuireann 'sé' in iúl lena lámha go dteastaíonn uaidh go dtiocfadh a chairde leis. B'fhéidir gur mhaith leis na páistí an líne seo a rá: 'Amach linn ar na tonnta'.
- Ardaíonn a chairde a lámha in airde ag taispeáint go bhfuil áthas orthu.
- Téann gach duine isteach sa bhád, agus breathnaíonn siad ar an ngrian.
- Léiríonn 'Íosa' go bhfuil sé tuirseach agus luíonn 'sé' síos le linn an véarsa ag tosú, 'Tá mé ag dul a luí'.
- Déan comhrá leis na páistí faoi na fuaimeanna a d'fhéadfadh siad a dhéanamh chun an ghaoth, an bháisteach agus na tonnta a chur in iúl.
- Bíonn eagla ar chairde Íosa nuair a deir siad: 'A Íosa, cuidigh linn!'
- Seasann 'Íosa' in airde agus breathnaíonn sé ar an spéir. Ansin deir 'sé': 'Bí socair is bí ciúin!'
- Tá cuma iontais ar 'chairde Íosa' ag deireadh an dáin.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 38: An tseachtain seo chuala na páistí an scéal faoi conas a chiúnaigh Íosa an stoirm ar Mhuir na Gailíle. Ar an leathanach seo scríobhann siad na focail a dúirt Íosa leis an stoirm agus dathaíonn siad an pictiúr.

### Sa Bhaile

Lch. 39: Dathaíonn na páistí na haghaidheanna cearta chun a thaispeáint conas a bhraith cairde Íosa le linn na stoirme. Tugtar cuireadh do theaghlaigh comhrá a dhéanamh faoi amanna nuair a bhí eagla ar a bpáistí agus smaoineamh ar cé is féidir leo cabhair a iarraidh uaidh má bhíonn eagla orthu.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Lá amháin, shéid stoirm suas ar Mhuir na Gailíle, agus bhí Íosa agus a chairde i mbaol mór. Ghlaoigh a chairde air teacht i gcabhair orthu, agus chiúnaigh Íosa an stoirm.

## AG COMHRÁ

### Maidir le bheith eaglach

Téigh ar ais ar na freagraí a thug na páistí i do rang don cheist, 'An cuimhin leat am nuair a bhí eagla ort?' Ansin, déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad a rinne cairde Íosa nuair a bhí eagla orthu? An gceapann tú gur smaoineamh maith a bhí ann? Cén fáth?
- An bhfuil duine éigin agat ar féidir leat labhairt leo nuair a bhíonn eagla ort? Inis dúinn fúthu.
- Cé eile is féidir leat labhairt leo nuair a bhíonn eagla ort? Cé eile a éistigh leat i gcónaí, agus a bhíonn suim acu ionat i gcónaí sa mhéid a bhíonn le rá agat?

## PAIDIR

### An Phaidir

*Comhartha na Croise*

**M:** Is é Íosa ár gcara. Bíonn Íosa réidh i gcónaí chun éisteacht leis an méid atá le rá againn.

Abair i mo dhiaidh: Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá)*

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Samhlaigh duit féin go bhfuil tú in áit éigin a mbraitheann tú an-sábháilte. D'fhéadfadh sé sin a bheith sa bhaile, i do sheomra leapa, nó i do sheomra suí, nó b'fhéidir anseo ar scoil. (*Sos*)

Braitheann tú sásta san áit seo. Braitheann tú sábháilte. (*Sos*)

Tagann Íosa chugat san áit seo. Cad ba mhaith leat a rá le hÍosa? B'fhéidir gur mhaith leat a insint d'Íosa conas atá tú ag mothú. Is féidir leat rud ar bith is mian leat a rá leis. Éistfidh Íosa i gcónaí lena bhfuil le rá agat. (*Sos*)

Éist anois leis an méid a deir Íosa leat. (*Sos*)

Tá a fhios agat gur féidir leat labhairt le hÍosa áit ar bith agus ag am ar bith. Ach anois, tá sé in am do shúile a oscailt agus teacht ar ais isteach sa seomra ranga.

**M:** Guímis an chéad chuid den phaidir a mhúin Íosa dúinn.

**Gach duine:** Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 4: Leigheasann Íosa an fear dall

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Cloiseann Bairtiméas go bhfuil Íosa ag dul thart agus glaonn sé amach chuige. Tá sé ag iarraidh bualadh leis agus teastaíonn uaidh a iarraidh ar Íosa cuidiú leis. Creid nó ná creid é, nuair a chloiseann Íosa é ag glaoch, ní théann sé anall chuige, ach iarrann sé ar a chairde dul agus Bairtiméas a thabhairt ina láthair. I rith an tsaoil, cuireann go leor daoine Íosa in aithne dúinn: ár dtuismitheoirí, ár gcairde, ár sagairt, ár múinteoirí agus ár dteaghlaigh. Cé go raibh Bairtiméas ag iarraidh bualadh le hÍosa, bhí cúnamh ag teastáil uaidh chun teacht chuige. Tá sé seo fíor do go leor daoine sa lá atá inniu ann - teastaíonn cúnamh uainn chun bualadh le hÍosa, chun tarraingt gar dó. Agus nuair a bhímid gar dó, b'fhéidir go n-iarrfaidh sé orainn freisin, 'Cad ab áil leat mé a dhéanamh duit?' (Marcas 10:51). Bhí Bairtiméas ag iarraidh radharc na súl a bheith aige agus leigheas Íosa é. Mar thoradh air sin, níor shuigh Bairtiméas a thuilleadh ar imeall an bhóthair ach shiúil sé leis, le hÍosa. Taispeánann Íosa dúinn go raibh sé an-tógtha leis an gcreideamh a léirigh Bairtiméas.

An tseachtain seo beidh na páistí ag machnamh ar an tábhacht a bhaineann lena radharc agus foghlaimeoidh siad faoi leighis Bairtiméas.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- An teimpléad (thíos) fótachóipeáilte do gach páiste

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT

### ‘Feicim le mo shúile cinn’ nó ‘Ag siúl le dallóg orm’

Roghnaigh ceann de na cluichí seo a leanas le himirt leis na páistí:

**‘Feicim le mo shúile cinn’**
Roghnaigh páiste amháin chun ‘feicim le mo shúile cinn’ a imirt faoi rud éigin ag tosú le litir áirithe ón aibítir. Caithfidh na páistí eile buille faoi thuairim a thabhairt faoin méid atá i gceist.

**Ag siúl le dallóg**
Roghnaigh páiste amháin chun dallóg a chaitheamh agus páiste eile chun é/í a threorú. Inis don pháiste atá ag treorú an páiste leis an dallóg chun cabhrú leis/léi dul ó áit go chéile.

Tar éis duit an ghníomhaíocht a chríochnú, déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Caitheann daoine áirithe spéaclaí chun cabhrú leo féachaint níos soiléire. Úsáideann daoine eile madra treorach nó cána toisc nach bhfeiceann siad go han-mhaith nó toisc go bhfuil siad dall ar fad. An bhfuil aithne agat ar aon duine a dteastaíonn cabhair uathu de bharr radharc a súl?
- N’fheadar ... cén chuma a bheadh air muna mbeadh radharc na súl agat? Cad iad na rudaí a bheifeá in ann a dhéanamh? Cad iad na rudaí a bheadh níos deacra a dhéanamh?
- An raibh am ann riamh nuair nach bhféadfá a fheiceáil cá raibh tú ag dul? Cén chaoi a mhothaigh sé sin? An raibh sé contúirteach? Cén fáth?

## PAIDIR

### An Phaidir

*Comhartha na Croise*

**M:** Cuidíonn ár súile linn na rudaí iontacha go léir ar domhan a fheiceáil: an féar glas, an spéir ghorm, na bréagáin is fearr linn, ár bpeataí agus ach go háirithe muid féin. Go raibh maith agat, a Dhia, as ár súile.

Le chéile, guímis an chéad chuid den phaidir a mhúin Íosa dúinn.

**Gach duine:** Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d’ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.

**M:** Anois, foghlaimímis an dara cuid den phaidir. Is féidir libh gach líne a athrá i mo dhiaidh.

Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Cabhraíonn Íosa le fear dall'

Tosaigh trí a iarraidh ar na páistí an dá scéal a chuala siad faoi Íosa le déanaí a thabhairt chun cinn: na scéalta faoi 'Tugann Íosa bia do na daoine' agus 'Ciúnaíonn Íosa an stoirm'. Ansin tabhair isteach an scéal, 'Cabhraíonn Íosa le fear dall' thíos. Mínigh gur ón mBíobla a thagann an scéal seo.

**Cabhraíonn Íosa le fear dall**

(*Curtha in oiriúint ó Mharcas 10:46-52*)



Lá amháin, bhí Íosa agus a chairde ag siúl an bhóthair. Bhí slua mór daoine á leanúint. Chuala siad go bhféadfadh Íosa rudaí iontacha a dhéanamh. Chuala siad gur thug Íosa bia do shlua mór daoine agus gan aige ach cúig bhuilín aráin agus dhá iasc. Chuala siad gur chiúnaigh sé an stoirm ar Mhuir na Gailíle. Theastaigh uathu níos mó a fhoghlaim faoi.

Bhí fear dall ina shuí ar thaobh an bhóthair. Bairtiméas ab ainm dó. Chuala Bairtiméas an slua ag teacht agus chuala sé iad ag caint faoi Íosa. Bhí a fhios ag Bairtiméas gurbh fhear naofa é Íosa. Chuala sé faoi na rudaí a d'fhéadfadh sé a dhéanamh. Theastaigh uaidh bualadh le hÍosa. Bhéic sé, 'A Íosa! Cuidigh liom!'

Nuair a chuala Íosa Bairtiméas, stop sé agus dúirt sé, 'Glaoigí air.' Chuir a chairde fios ar Bhairtiméas. 'Éirigh!' a dúirt siad. 'Tá sé ag glaoch ort!'

Chaith Bairtiméas a chlóca de, léim sé suas agus chuaigh sé chuig Íosa.

'Cad ba mhaith leat go ndéanfainn duit?' a d'fhiafraigh Íosa de.

'A mhúinteoir,' a d'fhreagair an fear, 'Ba mhaith liom a bheith ábalta feiceáil arís.'

Go tobann, bhí radharc na súl ag Bairtiméas arís. Lean sé Íosa ansin.

Le linn an scéil, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cén fáth go raibh na daoine ag leanúint Íosa?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth ar iarr Bairtiméas ar Íosa cuidiú leis? An bhféadfadh le haon duine eile cuidiú le Bairtiméas faoi mar a rinne Íosa? Cén fáth nó cén fáth nach bhféadfadh?
- Cén fáth, dar leat, a shocraigh Íosa cabhrú le Bairtiméas? Cad a insíonn sé sin dúinn faoi Íosa?
- Conas a mhothaigh Bairtiméas nuair a thuig sé go bhféadfadh sé feiceáil arís? Cad a cheapann tú gur theastaigh uaidh breathnú air ar dtús? Cén fáth?
- N'fheadar ... cén fáth ar shocraigh Bairtiméas Íosa a leanúint síos an bhóthair? An raibh aon rud eile a d'fhéadfadh sé a rá le hÍosa? Cad? Cad a d'fhéadfadh Íosa a rá leis?

## GNÍOMHAÍOCHT DRÁMAÍOCHTA

### An múinteoir i ról Bhairtiméas

Iarr ar na páistí cad iad na ceisteanna a chuirfidís ar Bhairtiméas dá mbeadh sé ina seomra ranga anois. Ag baint úsáid as an teicníc Múinteoir i Ról, lig do na páistí tú a cheistiú in áit Bhairtiméas.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 40: Dathaíonn agus ciorclaíonn na páistí na rudaí is fearr leo breathnú orthu agus/nó scríobhann/tarraingíonn siad na rudaí is fearr leo sa spás atá curtha ar fáil.

### Sa Bhaile

Lch. 41: Tugtar cuireadh do theaghlaigh an scéal 'Cabhraíonn Íosa le fear dall' a léamh lena bpáistí. Tugtar cuireadh dóibh guí le buíochas as bronntanas an radhairc, agus guí ar son iad siúd nach bhfuil radharc na súl acu.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Bhí Bairtiméas dall. Bhí a fhios aige gur fear naofa ba ea Íosa agus d'iarr sé ar Íosa cuidiú leis radharc na súl a bheith aige arís. Rinne Íosa mar a d'iarr Bairtiméas. Nuair a fuair Bairtiméas radharc na súl arís, lean sé Íosa.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE




### Tá radharc na súl agam

Tosaigh trí a iarraidh ar na páistí na nithe is fearr leo breathnú orthu a ainmniú (a dteaghlach, a gcuid bréagán, teilifís, srl.). Cuir i gcuimhne dóibh gur bronntanas ó Dhia iad ár súile. Bainimid úsáid astu chun na rudaí áille timpeall orainn a fheiceáil. Leigheas Íosa Bairtiméas ionas go bhféadfadh sé taitneamh a bhaint as na rudaí seo go léir freisin. Tá a fhios againn nuair a thugann duine éigin bronntanas dúinn, a thaitníonn linn, gur maith an rud é, 'go raibh maith agat' a rá.

Ansin dáil amach an teimpléad thíos ar na páistí. Iarrtar orthu anseo na trí rudaí is fearr leo féachaint orthu a tharraingt. Nuair is cuí, is féidir leis na páistí na rudaí sa phictiúr a ainmniú. Nuair atá na páistí críochnaithe, tabhair cuireadh do chuid acu insint don rang faoi na rudaí is fearr leo.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: Íosa

*Más féidir, iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr orthu a  gcuid cathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.

**M:** Cuirimid tús lenár nguí ag baint úsáid as ainm Dé.

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Le seachtainí anuas, bhíomar ag éisteacht le scéalta agus ag féachaint ar phictiúir. Cé ba mhaith leo a ghrianghraf a thaispeáint dúinn chun scéal a theaghlaigh a chur i gcuimhne dúinn?

*Roghnaigh duine amháin nó beirt leanaí chun labhairt faoin ghrianghraf.*

**M:** Bhíomar ag éisteacht le scéalta faoi Íosa. Cé ar cuimhin leo cén áit ar féidir  linn scéalta a léamh faoi Íosa?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** Is é Íosa an duine is tábhachtaí sa Bhíobla. Cad is cúis le sin?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** Chualamar scéalta faoi na rudaí a d'fhéadfadh Íosa a dhéanamh. Ní raibh aon duine eile in ann na rudaí seo a dhéanamh. Cé is cuimhin leo cad a thugtar ar na rudaí seo?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** Éistimid le ceann de na scéalta míorúilteacha sin anois.

*Taispeáin Póstaer 7 in áit inar féidir leis na páistí é a fheiceáil. Is féidir leat an scéal seo a léamh i mBíobla Caitliceach do Leanaí (Eoin 6:1-3, 5, 7-13)*

Ina dhiaidh sin, chuaigh Íosa anonn thar Loch na Gailíle. Lean slua mór é, mar chonaic siad na míorúiltí leighis a rinne sé. Chuaigh Íosa suas cnoc agus shuigh sé síos in éineacht lena dheisceabail. Bhreathnaigh Íosa thart agus chonaic sé go raibh slua mór ag teacht chuige, agus mar sin d'iarr sé ar Philib, "Cá gceannóimid arán chun go mbeadh bia acu seo?" D'fhreagair Pilib é: "Níor leor luach dhá chéad boinn airgid d'arán chun go mbeadh greim an duine acu."



Dúirt duine eile dá dheisceabail leis, Aindrias, deartháir Shíomóin Peadar: "Tá buachaill óg anseo a bhfuil cúig builíní eorna agus dhá iasc aige. Ach ní leor an méid sin don slua seo."

Dúirt Íosa: "Cuirigí na daoine ina suí" (bhí a lán féir san áit). Shuigh na daoine síos mar sin, timpeall cúig mhíle duine. Thóg Íosa an t-arán, thug buíochas le Dia, agus dáileadh é do na daoine a bhí ina suí ann. Rinne sé mar an gcéanna leis na héisc, agus bhí go leor le nithe ag gach duine. Nuair a bhí siad lán sásta, dúirt sé lena dheisceabail: "Bailigh an brúscar chun nach rachadh aon ní amú." Mar sin, bhailigh siad an brúscar go léir agus líonadh dhá ciseáin déag leis na píosaí a bhí fágtha ón gcúig builíní eorna, a d'fhág na daoine a fuair an béile.

**M:** Cad a d'fhoghlaimíomar faoi Íosa ón scéal seo?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** Éistimid le scéalta faoi Íosa ionas gur féidir linn aithne níos fearr a chur air. Cé atá in ann an scéal seo a insint dúinn?

*Taispeáin Póstaer 8 in áit inar féidir leis na leanaí é a fheiceáil. Tabhair leid dóibh chun an scéal a insint ina bhfocail féin.*

**M:** Is é Íosa ár gcara. Teastaíonn ó Íosa labhairt linn faoi mar a labhair sé le Bairtiméas. Caithimid nóiméad anois ag caint le hÍosa, ag baint úsáid as ár n- guthanna taobh istigh. Tosóimid trí bheith ciúin agus socair.

*Can amhrán nó seinn píosa ceoil oiriúnach.*

**M:** Anois ó táimid ciúin agus socair, dún na súile. *(Sos)*

Samhlaigh Íosa. *(Sos)*

Tá sé ag siúl an bóthar lena chairde. *(Sos)*

Tá tú ag seasamh ar thaobh an bhóthair, ag fanacht leis. *(Sos)*

Tagann Íosa chugat agus tosaíonn sé ag caint leat. Tá aithne ag Íosa ort. Tá d'ainm ar eolas aige. *(Sos)*

Cad a theastaíonn uait a rá le hÍosa inniu? B'fhéidir gur mhaith leat scéal ón lá inniu a insint dó. Is féidir leat aon rud is mian leat a rá le hÍosa. Bíonn sé ag éisteacht i gcónaí. *(Sos)*

Anois éist leis an méid a bhfuil le rá ag Íosa leat inniu. *(Sos)*

Cuimhnigh, gur féidir leat labhairt le hÍosa am ar bith. Mar sin, nuair a bhíonn tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.

**M:** Anois, guímis le chéile an phaidir a mhúin Íosa dúinn.

**Gach Duine:** Ár nAthair atá ar Neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh;
Mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.

# Tá radharc na súl agam ...

# Téama 7: An tSeachtain Mhór agus An Cháisc

Ceacht 1: An Suipéar Déanach
Ceacht 2: Fuair Íosa bás ar an gCros
Ceacht 3: Tá Íosa beo!

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Íosa Críost**

- Rinne Íosa ceiliúradh lena chuid deisceabail ag an Suipéar Déanach ar Dhéardaoin na Comaoineach
- Fuair Íosa bás ar an gcros ar ár son ar Aoine an Chéasta
- D'aiséirigh Íosa ó na mairbh ar Dhomhnach Cásca
- Thaispeáin Íosa é féin dá chuid deisceabail tar éis a aiséirí ó mhairbh
- Chuaigh Íosa suas ar neamh

### Briathar Dé

**Scrioptúr Naofa: An Pháis, Bás agus an t-Aiséirí**

- Mth 26:26-29. An Suipéar Déanach
- Mc 15:25-37, 15:42-47. Bás agus adhlacadh Íosa
- Eoin 21:1-14. Taispeánann Íosa é féin (Tibirias)
-

### Liotúirge agus Urnaí

**An Bhliain Liotúirgeach**

- Fuair Íosa bás ar ár son ar Aoine an Chéasta
- Tráth den bhliain atá sa Cháisc nuair a smaoinímid gur aiséirigh Íosa ó mhairbh

**Urnaí: Paidreacha Breise**

- Guí ar son na marbh/ar a son siúd atá tinn nó i mbaol báis
-

### Móráltacht Chríostaí

**Dínit an Duine**

- Taispeánann Íosa dom conas grá a léiriú agus conas aire a thabhairt do dhaoine eile

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ón mBonnchéim:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**

*e. Bás agus aiséirí Íosa.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi
na himeachtaí is mó a bhaineann le bás agus le haiséirí Íosa:

- Bás agus adhlacadh Íosa - Marcas 15:25-37, 15:42-47.
- An t-aiséirí: an tuama folamh - Marcas 16:1-8.

# Ceacht 1: An Suipéar Déanach

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Is ceiliúradh Giúdach é Cáisc na nGiúdach a chuimhníonn ar an turas ó sclábhaíocht in Éigipt go saoirse sa Tír Tairngire, mar a dhéantar cur síos air i Leabhar Eacsadas. Gach bliain, bailíonn daoine Giúdacha ar fud an domhain go léir le chéile chun béile speisialta a ithe le cuimhneamh ar Ghníomh Dé ar a son agus chun buíochas a ghabháil as a saoirse. Ba é an Suipéar Déanach, a roinn Íosa lena dheisceabail, ná a gceiliúradh ar Bhéile Cháisc na nGiúdach. Ag an Suipéar Déanach bhí Íosa ag fágáil slán leo siúd a raibh grá aige dóibh, agus bhí deasghnáth á cur ar bun aige freisin ionas go mbeadh cuimhneamh air i bhfad tar éis dó a bheith curtha chun báis. Ag deireadh an bhéile, mar chuid de ghnás na nGiúdach, ghuigh sé paidir bhuíochais le Dia. Ansin, go neamhghnách, bheannaigh sé an t-arán agus an fíon, agus thug dá chairde iad. Dúirt sé, 'Is é seo mo chorp atá le tabhairt ar bhur son'(Lúcás 22:19); 'óir is í seo m'fhuilse … atá le doirteadh ar son mórán' (Matha 26:28). Agus d'iarr sé orthu an gníomh seo a dhéanamh arís agus cuimhneamh air nuair a bheadh sé ar siúl acu (Lúcás 22:19). Seo é bunús an Aifrinn, bunús na hEocairiste.

An tseachtain seo, cloisfidh na páistí an scéal faoin Suipéar Déanach agus sa chomhthéacs seo féachfaidh siad conas Íosa a thabhairt chun chuimhne. Cuireann sé seo leis an obair a rinneadh i Naíonáin Shóisearacha/B1.



# Féachaimis …

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### Béile Speisialta: Cóisir Lae Breithe

Déan comhrá leis na páistí faoin bpictiúr agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna den chineál céanna:

- Samhlaímid go bhfuilimid chun cóisir lae breithe a bheith againn inár seomra ranga … cad iad na rudaí a bheadh ag teastáil uainn? (*Cuirí, maisiúcháin, bia, cluichí, bronntanais, cáca, srl*.)
- Cén fáth a mbeadh cáca lae breithe ag teastáil uainn? An cuid thábhachtach é sin de chóisir lae breithe? An bhféadfaimis ceapaire a bheith againn ina áit agus coinneal a chur air? Cén fáth?
- An féidir leat smaoineamh ar aon cheiliúradh speisialta nó cóisirí a ndeachaigh tú chucu? An raibh maisiúcháin agus bia speisialta ann? Ar bhain tú taitneamh as? Cén fáth? Inis dúinn faoi.
- Cad iad na foirgnimh ina ndéanaimid ceiliúradh iontu? An bhfuil áiteanna speisialta ann ina dtéimid le haghaidh ceiliúrthaí?




## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, gabhaimid buíochas le Dia as na gceiliúrthaí ar fad a bhí againn le chéile, sa bhaile agus ar scoil. Tá a fhios againn go raibh Dia linn ar gach ceann de na laethanta sin. Le chéile, guímis 'Go raibh maith agat, a Dhia'.

**M:** As breithlaethanta agus comórthaí éagsúla, go raibh maith agat, a Dhia.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** As póstaí agus Baistí, go raibh maith agat, a Dhia.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** As ceiliúrthaí Chéad Chomaoineach agus Cóineartú, go raibh maith agat, a Dhia.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** As ceiliúrthaí ar scoil agus ceiliúrthaí sa bhaile, go raibh maith agat, a Dhia.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** A Dhia ghrámhair,
Go raibh maith agat as na béilí speisialta go léir a roinnimid
lenár dteaghlaigh agus lenár gcairde.
Go raibh maith agat as a bheith linn ar na laethanta sin, agus gach lá.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'An Suipéar Déanach'

Tosaigh trí a insint do na páistí gur tháinig Íosa agus a chairde le chéile gach bliain le haghaidh béile speisialta a dtugtar 'Cáisc na nGiúdach' air. Theastaigh uathu 'go raibh maith agat' a rá le Dia as a ghrá a roinnt le gach duine agus as an ngeallúint a rinne sé go dtabharfadh sé grá dúinn i gcónaí. Ansin inis do na páistí go léifidh tú scéal dóibh faoin bhéile is tábhachtaí a cheiliúir Íosa lena chairde. Ba é an Suipéar Déanach a bhí acu le chéile sula bhfuair Íosa bás.

Iarr ar na páistí an chuid sin den Bhíobla a thabhairt chun cuimhne ina bhfaighimid scéalta faoi Íosa. Ansin léigh 'An Suipéar Déanach' thíos.

**'An Suipéar Déanach'**

(*Curtha in oiriúint ó Mhatha 26:26-29, Marcas 14:12-17, 22-24, Lúcás 22:7-19*)



Níor thaitin Íosa le roinnt daoine. Níor theastaigh uathu éisteacht leis; níor theastaigh uathu grá Dé a roinnt le daoine eile. Rinne siad plean breith air agus é a thabhairt do na saighdiúirí.

Bhí a fhios ag Íosa go raibh sé chun bás a fháil agus shocraigh sé an béile déanach a ithe lena chairde. D'iarr sé ar a chairde, Peadar agus Eoin, cabhrú leis. 'Réitígí béile Cháisc na nGiúdach dúinn', a dúirt sé leo.

'Cá mbeidh an béile againn?' a d'fhiafraigh siad.

D'fhreagair Íosa, 'Ar an mbealach isteach go cathair Iarúsailéim, buailfidh sibh le fear. Beidh sé ag iompar próca uisce. Leanaigí isteach ina theach é. Ansin fiafraígí d'úinéir an tí cá bhfuil seomra an bhéile. Taispeánfaidh sé seomra thuas staighre daoibh. Ullmhaígí an béile ansin.'

D'imigh Peadar agus Eoin leo go cathair Iarúsailéim. Tharla gach rud díreach mar a dúirt Íosa. Réitigh siad gach rud - mhaisigh siad an seomra, d'ullmhaigh siad an bia, chóirigh siad an bord, rinne siad arán speisialta agus chuir siad cupán fíona ar an mbord do gach duine. Nuair a bhí gach rud ullamh, shuigh Íosa agus a chairde síos agus d'ith siad an béile le chéile.

D'fhéach Íosa thart ar a chairde uile. Bhí an-chion aige orthu. Dúirt sé leo, 'A chairde, tá an-áthas orm go bhfuilimid ar fad anseo le chéile. Theastaigh uaim an béile déanach seo a roinnt libh.' Ansin, bheannaigh sé an t-arán agus an fhíon agus roinn sé leo iad. Dúirt sé, 'Is é seo mo chorp, a thabharfar ar bhur son. Is í seo mo chuid fola, a dhoirtfear ar bhur son.' D'iarr Íosa ar a chairde cuimhneamh air nuair a bhaileoidís le chéile mar sin arís. Dúirt sé, 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cad a rinne na deisceabail le hullmhú don bhéile?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén fáth go raibh Béile na Cásca seo ina bhéile speisialta d'Íosa agus dá chairde? Conas a thaispeáin Peadar agus Eoin gur béile an-speisialta a bhí ann?
- Conas a mhothaigh Íosa agus a chairde, dar leat, le linn a mbéile Cháisc na nGiúdach? Cén fáth, dar leat, ar bhraith siad mar sin?
- Cathain a bhailíonn cairde Íosa le chéile sa lá atá inniu ann chun cuimhneamh air?

# GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

## Ag Féachaint agus Ag Freagairt

Taispeáin pictiúr ar líne den Suipéar Déanach. Mínigh nach raibh an t-ealaíontóir i láthair ag an Suipéar Déanach, ach seo mar a shamhlaigh sé é. Ansin labhair leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:



- An féidir leat cur síos a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú sa pictiúr?
- Cén chuid den phictiúr is fearr leat? Cén fáth?
- Samhlaigh go raibh tú sa phictiúr ... cá suífeá nó seasfá? Cad a bheifeá in ann a fheiceáil, a theagmháil, a chloisteáil, a bhlaiseadh agus a bholadh?
- N'fheadar ... an bhfuil aon duine eile ann a d'fhéadfadh a bheith i láthair ag an Suipéar Déanach nach bhfuil sa phictiúr seo?

# LEABHAR NA BPÁISTÍ

## Ar Scoil

Lch. 42: An tseachtain seo chuala na páistí an scéal 'An Suipéar Déanach'. Ar an leathanach seo dathaíonn agus ciorclaíonn siad na rudaí a bhí ag teastáil ó Íosa agus a chairde le haghaidh a mbéile.

## Sa Bhaile

Lch. 43: Iarrtar ar theaghlaigh comhrá a dhéanamh faoi na bealaí éagsúla inar féidir leo freagra a thabhairt ar chuireadh Íosa 'déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'. Tarraingíonn na páistí pictiúr d'Íosa agus a chuid cairde ag an Suipéar Déanach.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Bhí a fhios ag Íosa go raibh daoine áirithe ann nár thaitin leo na rudaí a bhí á rá agus á dhéanamh aige. Níor theastaigh uathu maireachtáil mar a d'iarr sé orthu. Bhí a fhios aige go raibh na daoine seo ag pleanáil é a mharú. Ar an oíche sula bhfuair sé bás bhailigh Íosa a chairde le chéile agus roinn siad béile speisialta le chéile. Glaoimid An Suipéar Déanach ar an mbéile seo mar bhí a fhios ag Íosa gurb é seo an uair dheireanach a íosfadh a chairde go léir le chéile. D'iarr Íosa ar a chairde cuimhneamh air nuair a bheadh siad cruinnithe mar seo arís.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, déanaimis cuimhneamh ar fhocail Íosa lena chairde, 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'. Agus sinn cairdiúil le hÍosa, iarrann sé orainn cuimhneamh air freisin. Is féidir linn cuimhneamh ar Íosa an t-am ar fad, in go leor bealaí éagsúla. Cuimhnímid ar Íosa inniu agus sinn ag guí.

Abair i mo dhiaidh: Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá)*

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Anois, le do ghuth istigh nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil, abair na focail a dúirt Íosa, 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'. (*Sos*)

Agus abair arís é, 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'. (*Sos*)

Tá a fhios agat go mbíonn Íosa ag éisteacht leat i gcónaí. Ag baint úsáid as do ghuth istigh, inis dó rud amháin gur féidir leat a dhéanamh chun cuimhneamh air. (*Sos*)

Anois abair a chuid focal arís: 'Déanaigí é seo i gcuimhne ormsa'. (*Sos*)

Nuair atá tú réidh, oscail do shúile.

**M:** A Íosa, ár gcara,
Cuidigh linn cuimhneamh ort,
Cuidigh linn cuimhneamh ar na rudaí a mhúin tú dúinn.
Cuidigh linn maireachtáil mar a mhair tusa.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Fuair Íosa bás ar an gCros

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Gníomh neamhghnách an ghrá a bhí i mbás Íosa ar an gcros. Tháinig sé chun grá neamhchoinníollach, dochreidte Dé a roinnt leis an gcine daonna. Ní fhéadfadh le rud ar bith é a bhogadh ón gcuspóir seo. Ní fhéadfadh le freasúra ó cheannairí reiligiúnacha nó ó cheannairí polaitiúla an lae nó le fuath agus ionsaí stop a chur leis, grá a thabhairt do dhaoine eile. Deir an Pápa Proinsias, 'Nuair a sheasaimid os comhair Íosa a céasadh, feicimid doimhneacht a ghrá a dhéanann sinn a chothú agus a ardú.' (Evangelii Gaudium, 268) Do na milliúin daoine ar fud an domhain, is siombail í an chros de ghrá, de dhílseacht agus de chreideamh. Tugann sé an tuiscint is doimhne dúinn ar nádúr Dé. Tá aithne ag ár nDia ar réaltacht na fulaingthe, na tréigthe agus an bháis, agus seasann sé linn inniu inár dtrioblóidí agus deacrachtaí féin.

An tseachtain seo déanann na páistí iniúchadh ar dhoimhneacht ghrá Dé do gach duine, mar a thaispeántar i mbás Íosa ó Nazarat.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- An teimpléad thíos fótachóipeáilte do gach páiste roimh ré
- Siosúr agus ábhair dhathúcháin do gach páiste


# Féachaimis ...

## SCÉAL

### 'Tabhair Buille faoi Thuairim ar Mhéad mo Ghrá Duit'

Tosaigh trí insint do na páistí gur mhaith leat scéal a insint dóibh faoi dhá ghiorria. B'fhéidir go mbeidh ort a mhíniú gur ainmhithe iad giorriacha a bhfuil cuma coiníní orthu. Ainmníodh na giorriacha seo Giorria Beag Cnódhonn agus Giorria Mór Cnódhonn.


**'Tabhair Buille faoi Thuairim ar Mhéad mo Ghrá Duit'**
*Sam McBeatney*



Bhí Giorria Beag Cnódhonn ag dul a chodladh, agus bhí greim daingean aige ar chluasa an-fhada Ghiorria Mór Cnódhonn.


Theastaigh uaidh a bheith cinnte go raibh Giorria Mór Cnódhonn ag éisteacht leis.

'Tabhair buille faoi thuairim ar mhéad mo ghrá duit?' ar sé.



'Ó, ní dóigh liom go mbeinn in ann é sin a dhéanamh,' arsa Giorria Mór Cnódhonn.

'An méid seo,' arsa Giorria Beag Cnódhonn, agus é ag síneadh amach a ghéaga láimhe chomh leathan agus a d'fhéadfadh sé.



Ach bhí géaga láimhe níos faide ag Giorria Mór Cnódhonn. 'Ach is é seo méid mo ghrá duit,' ar sé.

'Hmm, is mór an méid sin,' a shíl Giorria Beag Cnódhonn.

'Tá méid mo ghrá duit chomh hard agus is féidir liom a bhaint amach,' arsa Giorria Beag Cnódhonn.

'Tá méid mo ghrá duit chomh hard agus is féidir liom a bhaint amach freisin,' arsa Giorria Mór Cnódhonn.

'Hmm, tá sé sin an-ard' a shíl Giorria Beag Cnódhonn. 'Is trua nach bhfuil géaga láimhe chomh fada le sin agam'.

Ansin bhí smaoineamh ag Giorria Beag Cnódhonn. Léim sé bun os cionn agus chuir sé a chosa in airde sa chrann.

'Tá méid mo ghrá duit chomh hard le mo bharraicíní!' ar seisean.



'Agus tá méid mo ghrá duit chomh hard le do bharraicíní,' arsa Giorria Mór Cnódhonn, agus d'ardaigh sé é níos mó isteach sa chrann.


'Tá méid mo ghrá duit chomh hard agus is féidir liom preabadh!' a gháir Giorria Beag Cnódhonn, agus é ag preabadh suas agus síos.

'Ach tá méid mo ghrá duit chomh hard agus is féidir liom preabadh freisin,' a gháir Giorria Mór Cnódhonn, agus phreab sé chomh hard sin gur bhuail a chluasa leis na brainsí thuas.

'Nach iontach an preabadh sin,' a shíl Giorria Beag Cnódhonn leis féin. 'Ba bhreá liom a bheith in ann preabadh mar sin'.

'Leanann méid mo ghrá duit síos an lána chomh fada leis an abhainn,' a dúirt Giorria Beag Cnódhonn.

'Leanann méid mo ghrá duit trasna na habhann agus thar na cnoic,' arsa Giorria Mór Cnódhonn.



'Nach fada an méid sin,' a shíl Giorria Beag Cnódhonn. Bhí sé ag éirí tuirseach anois agus ba dheacair bheith ag smaoineamh níos mó.

Ansin bhreathnaigh sé thar na sceacha, amach ar an oíche mhór dhorcha. Ní fhéadfadh aon ní a bheith níos faide uaidh ná an spéir.

'Leanann méid mo ghrá duit suas go dtí an ghealach,' ar seisean, agus dhún sé a shúile.

'Ó, nach fada an méid sin,' a dúirt Giorria Mór Cnódhonn. 'Tá sé sin i bhfad i bhfad uainn.'

Shocraigh Giorria Mór Cnódhonn an Giorria Beag Cnódhonn isteach ina leaba déanta le duilleoga.

Thug sé póg dó agus bheannaigh sé é.

Ansin luigh sé in aice leis agus dúirt le gáire, 'Leanann méid mo ghrá duit suas go dtí an ghealach agus ar ais arís.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cén cheist a chuir Giorria Beag Cnódhonn ar Ghiorria Mór Cnódhonn?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An gceapann tú go raibh Giorria Beag Cnódhonn agus Giorria Mór Cnódhonn gaolta lena chéile? Cén saghas rudaí a cheapann tú a rinne Giorria Mór Cnódhonn chun a thaispeáint do Ghiorria Beag Cnódhonn go raibh grá aige dó?
- An bhfuil duine éigin ann a bhfuil grá acu chomh mór duit leis an ngrá atá ag Giorria Beag Cnódhonn do Ghiorria Mór Cnódhonn? Inis dúinn faoin duine sin. Cad iad na rudaí a dhéanann tú chun a thaispeáint don duine sin go bhfuil grá agat dóibh? Conas a léiríonn siad go bhfuil grá acu duit?
- N'fheadar ... an bhfuil aon duine eile ann a bhfuil grá acu chomh mór duit faoi mar a bhí ag Giorria Mór Cnódhonn do Ghiorria Beag Cnódhonn? An bhfuil grá chomh mór sin ag Dia duit? Conas atá a fhios agat?
- An gceapann tú go raibh grá ag Íosa dá theaghlach agus dá chairde? An gceapann tú go raibh grá aige do dhaoine eile freisin? Conas atá a fhios agat? An féidir leat a insint dúinn faoi thréimhse nuair a léirigh Íosa go raibh grá aige do dhuine éigin?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** A Dhia ghrámhair,
Tá a fhios againn go bhfuil grá agat dúinn.
Tá grá agat dúinn nuair a bhíonn brón orainn.
Tá grá agat dúinn nuair a bhíonn áthas orainn.
Tá grá agat dúinn nuair a bhíonn fearg orainn.
Tá grá agat dúinn nuair a bhíonn sceitimíní orainn.
Tá grá agat dúinn an t-am ar fad.
Cuidigh linn do ghrá a roinnt le daoine eile.
Áiméan.



*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## AN SCRIOPTÚR NAOFA


### 'Fuair Íosa bás ar an gCros'

Tosaigh trí a mheabhrú do na páistí go raibh grá ag Íosa do na daoine go léir ar bhuail sé leo – go mór mhór daoine a bhí bocht, tinn, agus iad siúd nár theastaigh ó éinne eile a bheith cairdiúil leo. Theastaigh uaidh grá Dé a roinnt le gach duine. Ach bhí daoine áirithe ann nár thaitin Íosa leo. Níor theastaigh uathu éisteacht leis na rudaí a dúirt sé faoi Dhia. Níor theastaigh uathu grá a roinnt le cách faoi mar a dúirt Íosa leo. Mar sin shocraigh siad fáil réidh le hÍosa. Rinne siad plean chun é a ghabháil agus é a thabhairt ar láimh do na saighdiúirí.

Taispeáin an Bíobla do na páistí agus mínigh dóibh go dtagann an scéal seo ón leabhar naofa seo. Ansin léigh 'Fuair Íosa bás ar an gCros'.

**'Fuair Íosa bás ar an gCros'**

(*Curtha in oiriúint ó Mharcas 15:25-37, 42-47, Eoin 19:18, 25, 30*)



Go luath tar éis d'Íosa agus a chairde an Suipéar Déanach a chríochnú, rug daoine ar Íosa agus thug siad é chuig fear darbh ainm Pointias Píoláit. Bhí Píoláit i bhfeighil ar an tír. Dhaor sé Íosa chun báis.

Thug na saighdiúirí cros mhór throm d'Íosa le hiompar. D'iompair sé an chros go barr an chnoic. Bhí an-tuirse air nuair a shroich sé barr an chnoic. Chroch na saighdiúirí Íosa ar an gcros ansin. Sheas Muire, a mháthair, agus mná eile ag bun na croise – theastaigh uathu fanacht leis.

D'éirigh Íosa an-tuirseach agus an-lag. Bhí a fhios aige go raibh sé chun bás a fháil. Ghuigh sé chun Dé. Ansin fuair sé bás.

Bhain a chairde a chorp anuas ón gcros agus d'fhill siad braillín línéadaigh thart air. Chuir siad an corp i dtuama agus chuir siad cloch mhór os comhair bhéal an tuama. Agus bhí an chosúlacht ar an scéal gurbh é sin deireadh an scéil ... ach arbh é?

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cé a bhí ag an gcros le hÍosa?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- N'fheadar ... cén fáth nár stop Íosa ag insint le daoine faoi Dhia? Cén fáth ar theastaigh uaidh grá Dé a roinnt le daoine eile?
- Conas a mhothaigh cairde Íosa, meas tú, nuair a fuair sé bás? Cad a cheapfá nach mbeadh acu nuair a bhí sé imithe?
- Cad a d'iarr Íosa ar a chairde a dhéanamh chun cuimhneamh air nuair a bheadh sé imithe? An gceapann tú gur chabhraigh sé sin leo mothú níos fearr? Cén fáth?
- 

## AG COMHRÁ

### Faoin méid atá le déanamh againn i rith an Charghais

Tarraing aird na bpáistí chuig 'Slabhra an Bhróin' atá acu i rith an Charghais. Cuir i gcuimhne dóibh go mbíonn deis againn i rith an Charghais chun brón a bheith orainn as na hamanna nár mhaireamar mar a d'iarr Íosa orainn. Déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Smaoinigh ar feadh nóiméid ... conas atá ag éirí leat le 'brón' a rá nuair nach maireann tú mar a d'iarr Íosa orainn?
- N'fheadar ... an gceapann tú go dtabharfadh Íosa maithiúnas dúinn as na hamanna nár mhaireamar mar a d'iarr sé orainn?
- An cuimhin leat am nuair a thug duine éigin maithiúnas duit? An cuimhin leat am nuair a thug tú maithiúnas do dhuine eile?

Cuir i gcuimhne na bpáistí gur thaispeáin Íosa dúinn conas grá agus cúram a thabhairt do dhaoine eile. Bhí sé ag iarraidh orainn maireachtáil mar a mhair sé. Uaireanta, ní mhairimid mar a d'iarr Íosa orainn. Ach is féidir linn a rá go bhfuil brón orainn. Am speisialta é an Carghas chun a rá go bhfuil brón orainn. Spreag na páistí le brón a rá le héinne a bhfuil sé ag teastáil uathu i rith na seachtaine seo chugainn.



## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 44: An tseachtain seo d'éist na páistí le scéal faoi fhulaingt agus bás Íosa. Ar an leathanach seo tarraingíonn na páistí pictiúr d'Íosa ar an gCros.

### Sa Bhaile

Lch. 45: Tugtar cuireadh do theaghlaigh comhrá a dhéanamh le chéile faoi áiteanna ina mbeadh cros nó cros chéasta le feiceáil acu, agus guí le chéile ag iarraidh cabhair ó Dhia chun grá Dé a roinnt lena chéile. Críochnaíonn na páistí lúbra chun cabhrú le cairde Íosa a mbealach a fháil go dtí an áit ina bhfuair Íosa bás.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Níor thaitin Íosa le daoine áirithe. Níor theastaigh uathu grá a thabhairt do gach duine mar a d'iarr sé orthu. Bhí siad ag iarraidh fáil réidh leis. Mar sin thug siad Íosa ar láimh do Phioláit, a dúirt gur chóir Íosa a chur chun báis ar chros. Bhí máthair Íosa agus cuid dá chairde ann nuair a d'éag sé. Lá an-bhrónach a bhí ann dóibh uile.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Ealaín na Cásca

Taispeáin cros nó cros chéasta do na páistí, agus déan comhrá leo ag úsáid na gceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cá bhfaca tú cros?
- N'fheadar ... cén fáth, dar leat, a bhfuil cros againn inár scoil/seomra ranga? Cén fáth a dhéanann daoine áirithe cros a chaitheamh ar bhiorán nó ar shlabhra? Cad a léiríonn sé seo?

Ansin inis do na páistí gur féidir leo crosa a dhéanamh dá dtithe féin, mar chomhartha gur cairde Íosa iad. Tabhair an teimpléad (thíos) amach, agus iarr ar na páistí é a dhathú. Is féidir leat a iarraidh orthu a gcuid crosa a ghearradh amach, nó b'fhéidir gur mhaith leatsa é sin a dhéanamh mar ullmhúchán do ghníomhaíocht ealaíne na seachtaine seo chugainn.



## PAIDIR

**M:** Gach uair a dhéanaimid *Comhartha na Croise*, cuimhnímid go bhfuair Íosa bás ar chros. Nuair a ghearraimid *Comhartha na Croise* orainn féin taispeánann sé gur cairde Íosa muid. Mar sin, tosaímid le *Comhartha na Croise*.

**M:** Cuimhnímid inniu ar an ngrá mór a bhí ag Íosa dá chairde, agus do na daoine go léir ar bhuail sé leo. Níor thaitin an méid a bhí le rá agus á dhéanamh ag Íosa le daoine áirithe, ach níor chuir sin stad air grá Dé a roinnt le gach duine, go háirithe le daoine nár theastaigh ó éinne eile a bheith cairdiúil leo. Inniu táimid chun cuimhneamh a dhéanamh ar Íosa agus ar dhaoine eile a fuair bás. Tá súil againn go mbeidh siad go suaimhneach ar neamh le hÍosa agus le Dia, agus mar sin deirimid, 'Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna. Áiméan.'
**P:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna. Áiméan.

**M:** Cuimhnímid ar na seanmháithreacha agus ar na seanaithreacha go léir a fuair bás.
**P:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna. Áiméan.

**M:** Cuimhnímid ar na máithreacha agus ar na haithreacha go léir a fuair bás.
**P:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna. Áiméan.

**M:** Cuimhnímid ar gach duine a bhíodh ina gcónaí linn agus a fuair bás.
**P:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna. Áiméan.

**M:** Cuimhnímid ar na comharsana go léir a fuair bás.
**P:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna. Áiméan.

**M:** Agus anois is féidir leat cuimhneamh ar dhuine atá speisialta leat.

*Tabhair cuireadh do na páistí ainm duine a rá os ard a bhfuil aithne acu orthu agus a fuair bás. B'fhéidir gur mhaith leat go bhfreagródh na páistí eile: 'Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna. Áiméan.'*

**Gach duine:** Suaimhneas síoraí tabhair dóibh, a Thiarna.
Agus tabhair ionad sosa faoi shíocháin dóibh.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 3: Tá Íosa beo!

## SULA DTOSAÍONN TÚ

D'ardaigh Dia Íosa ón mbás go beatha nua, ach ní raibh aon raidhse poiblíochta ann ná aon bhuaileam sciath. Thaispeáin Íosa Aiséirithe é féin do dhaoine áirithe. D'aithin cuid acu é mar an Tiarna agus daoine eile nár aithin é ar chor ar bith. Ach dóibh siúd a d'aithin é, ba rud iontach agus neamhghnách a bhí ann. Thuig siad go raibh grá Dé níos láidre ná an bás. Bhí gach rud a dúirt agus a rinne Íosa ina shaol fíor. Go deimhin ba é Mac Dé. Agus anois bhí sé beo!

An tseachtain seo déanfaidh na páistí machnamh ar Aiséirí Íosa agus ar an bhrí a bhí ann dá dheisceabail.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Na crosa a mhaisigh na páistí an tseachtain seo caite
- Pláta páipéir do gach páiste

# Féachaimis ...

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Ba é Íosa aon-mhac Dé. Chuir Dia ar domhan é ionas go mbeadh a fhios againn méid an ghrá atá ag Dia dúinn. Ach níor thaitin Íosa le daoine áirithe. Níor theastaigh uathu grá a thabhairt do dhaoine eile mar a d'iarr sé orthu. Theastaigh uathu fáil réidh leis.

Uaireanta ní bhíonn fonn orainn grá a roinnt le daoine eile. Iarraimid ar Íosa cabhrú linn maireachtáil cosúil leis, agus a ghrá a roinnt. Le chéile, guímis, 'Cuidigh linn maireachtáil mar Íosa'.

**M:** Lenár máithreacha agus ár nathaireacha ...
**P:** Cuidigh linn maireachtáil mar Íosa.

**M:** Lenár deartháireacha agus ár ndeirfiúracha ...
**P:** Cuidigh linn maireachtáil mar Íosa.

**M:** Lenár múinteoirí agus lenár gcairde ...
**P:** Cuidigh linn maireachtáil mar Íosa.

**M:** Le daoine atá tinn agus le daoine atá bocht ...
**P:** Cuidigh linn maireachtáil mar Íosa.

**M:** Le daoine atá deas linn agus le daoine nach bhfuil deas linn ...
**P:** Cuidigh linn maireachtáil mar Íosa.

*Comhartha na Croise*



# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Tá Íosa beo!'

Tosaigh trí insint do na páistí nach bhfuil deireadh an scéil cloiste acu. Ansin léigh 'Tá Íosa beo!', ag míniú gur scéal ón mBíobla é.

**'Tá Íosa beo!'**

(*Curtha in oiriúint ó Eoin 21:1-14*)



Nuair a fuair Íosa bás, cheap a chairde gurbh é sin deireadh an scéil. Cheap siad nach bhfeicfidís Íosa riamh arís. Ach trí lá tar éis dóibh corp Íosa a chur sa tuama, tháinig aingeal chuig Máire Mhaigdiléana, Ióanna agus Máire, máthair Shéamais. Dúirt an t-aingeal leo nach raibh Íosa sa tuama – go raibh sé beo!

Go luath ina dhiaidh sin, bhí cairde Íosa ina suí in aice Mhuir na Gailíle. Bhí siad ar fad ciúin, iad ag smaoineamh ar Íosa. Bhí roinnt díobh ag smaoineamh ar an lá a chiúnaigh sé an stoirm ar an bhfarraige. Bhí roinnt eile ag smaoineamh ar an lá a thug sé radharc na súl don fhear dall. Bhí daoine eile arís ag smaoineamh ar an lá a thug sé bia don slua, gan aige ach cúig bhuilín aráin agus dhá iasc.

Go tobann, léim Peadar ina sheasamh. 'Táim ag dul ag iascaireacht,' a dúirt sé. 'Rachaimid leat,' arsa a chairde. Isteach leo i mbád agus amach leo ar an bhfarraige. Chaith siad an oíche ag iascaireacht, ach níor rug siad ar iasc ar bith.

An mhaidin dar gcionn, bhí fear ag siúl cois farraige. Ghlaoigh sé orthu, 'A chairde, nár rug sibh ar iasc ar bith?' 'Níor rug', a d'fhreagair siad. Dúirt sé leo, 'Má chaitheann sibh amach na líonta ar thaobh na láimhe deise den bhád, béarfaidh sibh ar éisc.'

Rinne cairde Íosa mar a dúirt an fear. Go tobann, bhí na líonta lán le héisc. Bhí siad chomh lán sin nach raibh na fir in ann iad a tharraingt ar ais isteach sa bhád.

Thuig na cairde láithreach gurbh é Íosa an fear. Léim Peadar amach as an mbád agus shnámh sé i dtír. Lean na fir eile é sa bhád, ag tarraingt na líonta, a bhí lán le héisc, ina ndiaidh.

Bhí tine lasta ar an trá, agus éisc agus arán á gcócaireacht. 'Tagaigí agus ithigí', a dúirt sé agus roinn sé an t-arán leo. Rinne sé an rud céanna leis na héisc. Chuimhnigh a chairde ar an mbéile eile a roinn Íosa leo. Thuig siad go raibh sé aiséirithe ón mbás. D'fhan sé leo go ceann daichead lá, sula ndeachaigh sé ar ais go dtí a Athair, ar Neamh.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí trí cheisteanna a chur ar nós 'Cad a shocraigh Peadar le déanamh?' Ansin taispeáin Póstaer 10 do na páistí agus tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Conas a bhí cairde Íosa ag mothú, dar leat, agus iad ina suí ar an gcladach an lá sin? Cén fáth gur bhraith siad mar sin? An cuimhin leat am nuair a bhí tú brónach toisc gur chaill tú duine éigin? Inis dúinn faoi.
- Conas a mhothaigh a chairde nuair a thuig siad gurbh é Íosa an fear a bhí ag siúl ar an gcladach? Cad a dúirt siad lena chéile, dar leat? An cuimhin leat am nuair a chonaic tú duine nach raibh tú ag súil len iad a fheiceáil? Inis dúinn faoi.
- N'fheadar … cad a cheapann tú a rinne Peadar agus a chairde nuair a thuig siad go raibh Íosa beo? An gceapann tú gur choinnigh siad an nuacht dóibh féin, nó an gceapann tú gur inis siad é do chairde eile Íosa?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR** Insíonn an tAiséirí dúinn go raibh na héilimh a rinne Íosa faoina fhéiniúlacht fíor – cinnte ba Mac Dé é. Cé go raibh sé go hiomlán daonna, bhí sé diaga freisin.

# GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

## Ealaín na Cásca

Tosaigh trí chomhrá a dhéanamh arís faoi cé chomh sásta is a bhí Peadar agus a chairde nuair a d'fhoghlaim siad go raibh Íosa beo. Bhí siad ag iarraidh an Dea-Scéala seo a roinnt le cairde eile Íosa. Fiú sa lá atá inniu ann, roinneann daoine Dea-Scéal na Cásca fós le daoine eile, agus déanann siad an nuacht sin a cheiliúradh le lúcháir mhór. Téann siad ar Aifreann, canann siad 'Alleluia', agus tugann siad cártaí nó bronntanais Cásca, ar nós uibheacha Cásca, dá chéile. Is siombail de bheatha nua iad na huibheacha, agus cuireann siad i gcuimhne dúinn gur aiséirigh Íosa go beatha nua trí lá tar éis a bháis. Inis do na páistí gur féidir linn na rudaí seo a dhéanamh freisin, chun a thaispeáint gur cairde Íosa muid.

Déan pláta páipéir a dháileadh ar gach páiste agus cuidigh leo na focail 'Tá sé Aiséirithe' a scríobh ar a bharr. Ansin lig do na páistí na plátaí a mhaisiú le dathanna geala, ag úsáid cibé meán ar shocraigh tú air. Nuair atá siad críochnaithe, greamaigh an chros a dhathaigh gach páiste an tseachtain seo caite, i lár an phláta páipéir.



# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Cúpla lá tar éis d'Íosa bás a fháil, chuaigh a chairde ag iascaireacht ar Mhuir na Gailíle. Cé go raibh siad ag iascaireacht ar feadh na hoíche, níor rug siad ar iasc ar bith. An mhaidin ina dhiaidh sin, bhí fear le feiceáil ar bhruach an locha agus d'inis sé dóibh a líontán a chaitheamh ar an taobh eile den bhád. Nuair a rinne siad amhlaidh, thosaigh na líonta ag líonadh le héisc. Ag an nóiméad sin, thuig cairde Íosa nach raibh sé marbh níos mó. Bhí sé aiséirithe go beatha nua. Lean Íosa air ag láithriú dá chairde ar feadh daichead lá tar éis a Aiséirí, sula ndeachaigh sé abhaile chuig a Athair ar neamh.

## AG COMHRÁ

### Faoi Aiséirí Íosa

Déan comhrá leis na páistí faoin Aiséirí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An gceapann tú gur dea-scéala é aiséirí Íosa ó na mairbh? Cén fáth nó cén fáth nach gceapann tú?
- Má bhí tú ar dhuine de chairde Íosa a bhí ar an mbád an lá sin, cad a dhéanfá nuair a thuig tú go raibh Íosa beo?
- An ndéanann cairde Íosa a aiséirí a cheiliúradh fós sa lá atá inniu ann? Cathain? Conas?

Mínigh do na páistí go dtugaimid Domhnach Cásca ar an lá gur cuimhin linn gur aiséirigh Íosa ó mhairbh. Déan comhrá faoi na bealaí éagsúla ina cheiliúraimid an lá seo - mar shampla, le dul ar Aifreann, le 'Beannachtaí na Cásca' a rá agus trí Chártaí Cásca a sheoladh.



## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 46: An tseachtain seo chuala na páistí faoi conas a nocht Íosa é féin dá chairde ar an gcladach ag Muir na Gailíle tar éis dó bás a fháil. Ar an leathanach seo cuireann siad uimhreacha ar na pictiúir chun iad a chur san ord ceart agus ansin dathaíonn siad iad.

### Sa Bhaile

Lch. 47: Dathaíonn na páistí aghaidheanna éagsúla chun a thaispeáint conas a bhraith cairde Íosa nuair a chonaic siad go raibh sé aiséirithe. Tugtar cuireadh do theaghlaigh comhrá a dhéanamh faoin gcaoi a ndéanfaidh siad an Cháisc a cheiliúradh i mbliana, agus iarrtar orthu an phaidir 'Alleluia!' a ghuí le chéile.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: An tSeachtain Mhór agus An Cháisc

*Más féidir, iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr orthu a gcuid cathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.

**M:** Cuirimid tús lenár nguí ag baint úsáid as ainm Dé.

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Le seachtainí anuas, bhíomar ag éisteacht le scéalta faoi bhás Íosa. I dtosach, b'fhéidir gur cheapamar gur scéalta brónacha a bhí ina léithéid. Ach anois tá a fhios againn go bhfuil deireadh sona leis an scéal ... deireadh iontach, i ndáiríre! Thosaigh an scéal nuair a chaith Íosa an Suipéar Déanach lena chairde.

*Ansin taispeáin an chros chéasta ón spás urnaí do na páistí. Cabhraigh leo scéal báis Íosa a athinsint.*

**M:** Má ba é seo deireadh an scéil, scéal an-bhrónach a bheadh ann go deimhin. Ach níorbh é deireadh an scéil é, toisc go bhfuil a fhios againn gur tharla rud iontach trí lá ina dhiaidh, ar Dhomhnach Cásca! D'aiséirigh Íosa ón mbás! I rith na seachtaine seo chualamar faoi conas a thaispeáin Íosa é fein dá chairde ar bhruacha Farraige na Gailíle. Léimid inniu faoi conas a thaispeáin Íosa é féin do chuid eile dá chairde.

*Is féidir leat an scéal seo a léamh ón* mBíobla do Pháistí (Lúcás 24:1-6, 8-9):

Go luath maidin Dé Domhnaigh chuaigh na mná go dtí an tuama, ag iompar na spíosraí a bhí ullmhaithe acu. Fuair siad an chloch iompaithe siar ón tuama, agus mar sin chuaigh siad isteach; ach ní bhfuair siad corp an Tiarna Íosa. Bhí ceist orthu faoin méid seo, ach lena linn sin bhí beirt fhear ansiúd láimh leo agus éadach dealraitheach orthu. Bhí eagla ar na mná agus chrom siad a gceann chun na talún, agus dúirt siadsan leo: "Cén fáth a bhfuil sibh ag lorg an bheo i measc na marbh? Níl sé anseo; tá sé éirithe."

Ansin chuimhnigh na mná ar an méid a dúirt sé. Ar theacht ar ais dóibh ón tuama, d'inis siad an méid sin uile don aon duine déag agus don chuid eile go léir. Ba iad siúd, Máire Mhaigdiléana, agus Ióanna, agus Máire máthair Shéamais.

**M:** Nach mór an t-iontas a fuair na mná an mhaidin sin! Déanfaimid an lá iontach sin a cheiliúradh lenár dteaghlaigh agus cairde, Domhnach Cásca. Lá iontach atá ann. Tugaimid moladh do Dhia agus sinn ag rá 'Alleluia! Alleluia!' le chéile.
**P:** Alleluia! Alleluia!

**M:** Chuaigh na mná go dtí an tuama ...
**P:** Alleluia! Alleluia!

**M:** Ach ní raibh Íosa ann ...
**P:** Alleluia! Alleluia!

**M:** D'inis na mná dea-scéala dóibh ...
**P:** Alleluia! Alleluia!

**M:** Tá Íosa beo!
**P:** Alleluia! Alleluia!

**M:** Níos déanaí, bhuail Íosa le níos mó dá chairde ar chósta na farraige ...
**P:** Alleluia! Alleluia!



**M:** D'ullmhaigh sé bricfeasta dóibh ...
**P:** Alleluia! Alleluia!





**M:** Tá Íosa beo i gcónaí ...
**P:** Alleluia! Alleluia!

**M:** Tá sé fós linn ...
**P:** Alleluia! Alleluia!

*Chun críoch a chur leis an tseirbhís urnaí, dáil amach ealaín Cásca na bpáistí. Cuir i gcuimhne dóibh gur féidir leo é a úsáid chun a insint do gach duine go bhfuil Íosa beo, díreach mar a rinne na mná ag an tuama.*

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.

# Téama 8: An Séipéal

## Ceacht 1: Áit chun teacht le chéile
## Ceacht 2: Áit urnaí

**ÓN GCURACLAM** *Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### Liotúirge agus Urnaí

**Urnaí**
- Is é an séipéal teach Dé agus is ann a thagann a chlann le chéile
- Tagann clann Dé le chéile i séipéal an pharóiste chun ceiliúradh agus guí le chéile
- Is áit naofa í an séipéal ag a dtéann daoine chun guí agus chun labhairt le Dia
- Nithe sa séipéal: Coinneal na Cásca

**Urnaí: Gothaí Urnaí**
- Feacadh glúine

**An Bhliain Liotúirgeach**
- Cuireann coinneal na Cásca i gcuimhne dúinn go bhfuil Íosa beo

**An tAifreann**
- Tagann pobal an pharóiste le chéile ag an Aifreann chun ceiliúradh in éineacht le hÍosa agus lena chéile
- Tagaimid le chéile le héisteacht le scéalta faoi Íosa
- Tráthanna agus áiteanna speisialta a dtagann clann na hEaglaise le chéile chun urnaí a dhéanamh agus chun Aifreann a cheiliúradh
- Ar an Domhnach tagann Caitlicigh le chéile chun an tAifreann a cheiliúradh

**ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH** *Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ón mBonnchéim:

### Cuspóir Foghlama 2

**An Eaglais Chríostaí**
*b. Adhradh agus urnaí.*
Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí a thuiscint:
- Gurb ionann urnaí agus comhrá a dhéanamh le Dia le buíochas agus moladh a thabhairt dó, le leithscéal a gabháil agus le cuidiú a iarraidh.
- Go dtig le daoine adhradh a thabhairt do Dhia ar dhóigheanna éagsúla agus in áiteanna éagsúla.

# Ceacht 1: Áit chun teacht le chéile

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Feidhmíonn foirgneamh an tséipéil mar mheabhrúchán ar láithreacht Dé inár ndomhan agus inár saol féin. Is é foirgneamh an tséipéil an áit ina dtagann Críostaithe le chéile chun guí. Cuidíonn na cruinnithe seo dúinn a thuiscint nach bhfuilimid linn féin inár gcreideamh: Roinneann daoine eile ár gcreideamh agus ár muinín i nDia. Déanaimid ár gcreideamh a cheiliúradh i gcomaoineach lena chéile.

An tseachtain seo déanfaidh na páistí iniúchadh ar an séipéal mar áit chruinnithe.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Bileog de pháipéar nó cárta daite, clúdach litreach, roinnt bataí líreacáin agus roinnt gliú do gach páiste



# Féachaimis ...

## ÁR BPARÓISTE

Déan comhrá leis na páistí ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad iad na foirgnimh a bhíonn ag teastáil ó bhaile ar bith? Cén fáth go mbailíonn daoine le chéile i bhfoirgnimh éagsúla?
- Smaoinigh ar an áit ina gcónaíonn tú ... cad iad na foirgnimh ina mbailíonn daoine le chéile iontu? An dtéann daoine ann gach lá nó ar laethanta speisialta amháin?
- Cad í an áit is fearr leat le bailiú le daoine eile? Cén fáth gur maith leat an áit sin? Cad a dhéanann tú ansin?

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Is maith an rud é bailiú le daoine eile. Is féidir linn a bheith ag caint, ag gáire, ag imirt cluichí agus ag insint scéalta nuair a bhímid le chéile. Gabhaimid buíochas le Dia inniu as na háiteanna go léir inar féidir le daoine teacht le chéile. Ba mhaith liom tosú le buíochas a ghabháil le Dia as (*ainmnigh áit sa phobal a bheadh ar eolas ag na páistí*). Cén áit eile ar mhaith libh buíochas a ghabháil le Dia as?

*Lig do na páistí a gcuid paidreacha a ofráil.*

**M:** A Dhia ghrámhair,
Go raibh maith agat as na háiteanna go léir inar féidir linn bailiú le daoine eile.
Beannaigh sinn go léir, agus coinnigh sinn slán.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'An Teach Urnaí'

Inis do na páistí gur mhaith leat scéal a insint dóibh faoi fhear darb ainm dó Solamh, rí a mhair fadó, fadó ó shin. Ba é Rí Dháiví a athair. Fiafraigh de na páistí cad is cuimhin leo faoi Dháiví. Fir críonna, naofa araon a bhí an-ghar do Dhia ba ea Rí Dháiví agus Solamh Rí. Fiafraigh de na páistí buille faoi thuairim a thabhairt faoi ainm an leabhair áit ar féidir linn scéal Sholaimh a léamh. Ansin léigh an scéal 'An Teach Urnaí'.

**'An Teach Urnaí'**

(*Curtha in oiriúint ó 1 Ríthe 6*)



Fadó, fadó, bhí fear an-chríonna ann darbh ainm Solamh. Bhí grá ag Solamh do Dhia agus bhí a fhios aige go raibh Dia leis i gcónaí. Thuig sé go raibh grá ag Dia dó agus do na daoine ar fad sa tír.

Lá amháin, bhailigh Solamh na daoine ar fad le chéile. 'Tógfaidh mé teach mór millteach agus tiocfaidh daoine le chéile ann le guí. Beidh an teach níos deise ná pálás, níos mó ná caisleán. Beidh an chloch is fearr ann, beidh an díon adhmaid is fearr air, beidh an t-ór, an t-airgead, na diamaint is áille ann,' arsa Solamh.

Bhí gach duine an-sásta é seo a chloisteáil. Thóg sé a lán ama orthu na hábhair thógála ar fad a bhailiú —clocha den scoth, an t-adhmad ab fhearr, ór agus airgead agus diamaint áille.

Ar deireadh thiar thall, thosaigh an obair. Thóg siad na ballaí, cloch ar chloch, go dtí go raibh siad beagnach chomh hard leis an spéir. Ansin, rinne siad an díon álainn as cláir adhmaid. Mhaisigh siad na ballaí le hór, le hairgead agus le diamaint luachmhara.

Thóg sé seacht mbliana orthu an teach a thógáil. Nuair a bhí sé réidh, tháinig na daoine isteach. Sheinn na ceoltóirí amhráin mholta. D'ardaigh Solamh Rí a lámha. D'ardaigh na daoine a lámha. Ghuigh Solamh: 'A Dhia ghrámhair,

beannaigh gach duine a bhíonn ag guí sa teach seo. Guímid go mbeidh an teach lán le glórtha na ndaoine, ag moladh Dé.'

Ghuigh na daoine go hard, ag tabhairt glóire do Dhia agus ag rá, 'Áiméan!'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cén fáth go raibh Solamh ag iarraidh teach urnaí a thógáil?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- N'fheadar … cén fáth go raibh Solamh ag iarraidh an teach urnaí a bheith maisithe le rudaí áille ar nós ór, airgead agus diamaint?
- Cén fáth, dar leat, a raibh na daoine sásta dul isteach sa teach urnaí? Cad a cheapann tú a rinne siad ann?
- An raibh tú riamh in áit cosúil leis an teach urnaí? Inis dúinn faoi.

## AG COMHRÁ

### Faoinár bParóiste

Mínigh do na páistí go ndéanann an focal 'paróiste' cur síos ar réimse ar leith ina bhfuil teaghlach Dé beo ann. Tabhair samplaí áitiúla chun cabhrú leis na páistí é seo a thuiscint. Ansin cuir na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna orthu, de réir mar is cuí dod' cheantar féin:

- Cá bhfuil an séipéal sa pharóiste seo?
- Cé hé an sagart sa pharóiste seo?
- Cé anseo atá ina chónaí i bparóiste difriúil? An bhfuil ainm an tséipéil i do pharóiste ar eolas agat? An bhfuil ainm an tsagairt ar eolas agat?

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 48: An tseachtain seo chuala na páistí an scéal faoi conas a thóg Rí Solamh a theach urnaí. Ar an leathanach seo críochnaíonn agus dathaíonn siad an teach urnaí.

### Sa Bhaile

Lch. 49: Iarrtar ar theaghlaigh comhrá a dhéanamh le chéile faoina gcuid séipéal áitiúil, agus tarraingíonn na páistí pictiúr de. Le chéile, líonann siad isteach ainm an pharóiste ina bhfuil cónaí orthu, agus ainm an tsagairt/na sagart atá acu.



# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?


Bailíonn pobal Dé le chéile gach lá, agus go háirithe ar an Domhnach, sa séipéal. Áit naofa í an séipéal. Fadó, thóg Rí Solamh teach urnaí le go bhféadfadh na daoine go léir sa cheantar sin teacht le chéile chun guí a dhéanamh le Dia.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### An Séipéal

Tabhair na hábhair riachtanacha do gach páiste. Taispeáin do na páistí conas an clúdach a oscailt chun go mbeadh sé cosúil le spuaic. Taispeáin dóibh conas é seo a ghreamú leis an mbileog páipéir/cárta, conas cros a tharraingt ag barr na spuaice, agus conas doirse an tséipéil a tharraingt (mar a thaispeántar). Ansin iarr ar na páistí an bhfuil aithne acu ar éinne ar mhaith leo dul go dtí an séipéal in éineacht leo. Iarr orthu daoine a dhéanamh as líreacáin chun seasamh do na daoine seo. Is féidir iad seo a chur taobh istigh den chlúdach, agus iad a ghreamú le gliú.

Tabhair cuireadh do na páistí a saothar ealaíne a thaispeáint do cibé duine a bhfuil a fhios acu gur mhaith leo dul chuig an séipéal leo. Spreag iad chun cuairt a thabhairt ar an séipéal le cuid de na daoine seo.



## PAIDIR

### Glóir don Athair

*Comhartha na Croise*

**M:** Sa lá atá inniu ann, déanaimis ár nguthanna istigh a úsáid chun labhairt le Dia.

*Can amhrán nó seinn píosa ceoil oiriúnach.*

**M:** Anois ó tá ár gcoirp socair agus ciúin, dúnaimis ár súile. (*Sos*)

Samhlaigh tú féin taobh istigh den teach urnaí a rinne Solamh Rí. (*Sos*)

Is áit álainn í. (*Sos*)

Thóg Solamh an áit seo le go bhféadfadh daoine teacht agus labhairt le Dia. Cad ba mhaith leat a rá le Dia inniu? (*Sos*)

B'fhéidir go n-inseoidh tú le Dia conas atá tú ag mothú. (*Sos*)

Cén nuacht atá agat le roinnt le Dia? B'fhéidir gur tharla rud éigin sa bhaile nó ar scoil agus ba mhaith leat é a insint le Dia. (*Sos*)

Éist leis an méid atá le rá ag Dia leat. (*Sos*)

Tá a fhios agat gur féidir leat labhairt le Dia ag am ar bith. Tá Dia i gcónaí leat. Tá grá ag Dia duit i gcónaí. (*Sos*)

Nuair atá tú críochnaithe, is féidir leat do shúile a oscailt arís.

**M:** Nuair a tháinig Solamh agus na daoine isteach sa teach urnaí, thug siad glóir do Dhia. Guímis an *Glóir don Athair* le chéile inniu.

**Gach duine:** Glóir don Athair, agus don Mhac, agus don Spiorad Naomh. (*Lámha le chéile ag guí*)
Mar a bhí ó thús, (*Cas agus sín an lámh chlé ar chlé*)
Mar atá anois (*Sín na lámha i dtreo an urláir chun tosaigh*)
Mar a bheas go brách, (*Cas agus sín an lámh dheas ar dheis*)
Le saol na saol. (*Ardaigh an dá lámh agus rianaigh ciorcal leis na lámha*)
Áiméan. (*Lámha le chéile ag guí*)

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Áit urnaí

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Tá séipéal an pharóiste chomh tábhachtach sin inár dtraidisiún nach dtuigimid go minic cé chomh tábhachtach is atá sé i saol an phobail. Cruinníonn daoine sa séipéal chun na himeachtaí móra ina saol a cheiliúradh: breitheanna, póstaí, básanna, srl. Ní féidir linn a bheith ag súil an tábhacht iomlán a bhaineann leis an séipéal a mhíniú do pháistí óga, ach is féidir linn cabhrú leo tuiscint áirithe a bheith acu. Is féidir linn cabhrú leo freisin na nithe éagsúla sa séipéal a fheiceáil, agus an tábhacht a bhaineann leo a thuiscint. Tá gach ceann de na nithe seo siombalach. In éineacht le foirgneamh an tséipéil, cuireann na nithe seo Dia agus láithreacht Dé inár measc i gcuimhne dúinn. Is féidir linn na páistí a thabhairt isteach le gothaí agus cleachtais éagsúla freisin, mar shampla iad féin a bheannú le huisce coisricthe ag an doras, nó glúin a fheacadh taobh istigh. Cothaíonn na cleachtais shimplí seo creideamh na bpáistí agus déanann sé an dearcadh iontu a fhorbairt urraim a bheith acu d'fhoirgneamh an tséipéil.

An tseachtain seo, déanaimid athchleachtadh ar chuid de na rudaí sa séipéal a d'fhoghlaim na páistí futhu in *I nGrá Dé* do Naíonáin Shóisearacha/B1. Cuirimid coinneal na Cásca agus feacadh glúine in aithne dóibh freisin.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Uisce coisricthe
- Don tseirbhís urnaí ag deireadh an téama:
  - Pleanáil le haghaidh iompair nó maoirseachta más rud é go mbeidh sibh ag siúl go dtí an séipéal áitiúil
  - Seiceáil le séiplíneach na scoile/oifig an pharóiste chun a chur in iúl dóibh cén lá agus am ba mhaith leat cuairt a thabhairt ar an séipéal. Is féidir leat cuireadh a thabhairt do shéiplíneach scoile freisin a bheith leat ar an gcuairt
  - Soitheach folamh chun uisce coisricthe a bhailiú, más mian leat é sin a dhéanamh
  - Bíobla

Tabhair faoi deara gur féidir an tseirbhís urnaí seo a dhéanamh ar aon lá a oireann duit i rith na seachtaine seo: ní gá fanacht go dtí go mbeidh an t-ábhar ar fad clúdaithe.

# Féachaimis ...


**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is é an bealach is fearr chun na páistí a mhúineadh faoi gach ceann de na nithe seo ná iad a thabhairt go dtí an séipéal, áit ar féidir leatsa nó le séiplíneach na scoile labhairt fúthu.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Uisce coisricthe é seo, a chuireann an t-uisce a úsáidtear ag an mBaisteadh i gcuimhne dúinn. Inniu, déanaimid sinn féin a bheannú agus an t-uisce coisricthe seo á úsáid againn.

*Doirt roinnt uisce coisricthe isteach i mbabhla, agus cuir sa spás urnaí é. Taispeáin do na páistí conas iad féin a bheannú leis an uisce coisricthe ag tumadh a méara isteach sa bhabhla agus beannacht a thabhairt dóibh féin. Tabhair cuireadh dóibh teacht ar aghaidh ina n-aonair nó i ngrúpaí beaga.*



**M:** A Dhia ghrámhair,
Beannaigh gach duine againn.
Beannaigh ár dtithe agus ár dteaghlaigh.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

Déan comhrá le na páistí faoi gach ceann de na rudaí seo atá le feiceáil sa séipéal agus na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna á n-úsáid agat:

- **Fuinneoga gloine daite:** Cad é an difríocht atá ann idir na fuinneoga seo agus gnáthfhuinneoga? Cén fáth, dar leat, a úsáidtear fuinneoga gloine daite sa séipéal? Cad a insíonn na pictiúir dúinn?
- **Altóir:** Cad iad na rudaí atá ar an altóir?
- **Cros chéasta:** Cad a chuireann sé seo i gcuimhne dúinn? Cé is féidir leo cuimhneamh ar an méid a tharla trí lá tar éis d'Íosa bás a fháil ar an gcros?
- **Suíocháin:** Nuair a bhímid ag guí, suímid uaireanta, seasaimid uaireanta agus uaireanta bímid ar ár nglúine. Cén fáth go mbímid ar ár nglúine agus sinn ag guí?
- **Umar baiste:** An bhfuil a fhios ag éinne cén úsáid a bhaintear as an umar baiste? An raibh tú riamh i láthair ag Baisteadh? Cad a tharla?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Is bealach é chun meas a thaispeáint do Dhia nuair a théimid ar ár nglúine.

## GLÚIN A FHEACADH

Mínigh do na páistí gur bealach amháin atá againn chun ómós a thaispeáint sa séipéal ná trí a bheith ciúin. Bealach eile ná trí a bheith ag guí ar ár nglúine. Bealach eile fós ná trí glúin a fheacadh. Taispeáin do na páistí conas glúin a fheacadh. Déan é seo a chleachtadh ina n-aonair nó i ngrúpaí beaga. Mínigh dóibh go ndéanaimid glúin a fheacadh nuair a théimid isteach sa séipéal mar chomhartha go bhfuil Dia ann i mbealach an-speisialta. Déan comhrá faoin ngníomh seo agus na ceisteanna seo á n-úsáid agat nó ceisteanna den chineál céanna:

- An ndéanaimid glúin a fheacadh nuair a théimid isteach i bhfoirgneamh ar bith eile? Cad a insíonn sé seo dúinn faoin séipéal?

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Déantar feacadh glúine tríd an ghlúin dheas a lúbadh go talamh, chun adhradh a thaispeáint. Dá bhrí sin ní úsáidtear é ach amháin nuair atáimid i láthair na Sacraiminte Beannaithe. Déanaimid an ghlúin a fheacadh nuair a théimid isteach sa séipéal mar bhealach chun láithreacht Íosa sa tSacraimint Bheannaithe a admháil. Foghlaimeoidh na páistí níos mó faoi seo de réir mar a théann an tsraith *I nGrá Dé* chun cinn.

## COINNEAL NA CÁSCA

Déan comhrá leis na páistí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Tá go leor coinnle sa séipéal ... cad atá difriúil faoin gcoinneal seo?
- Cathain a lastar Coinneal na Cásca nua don chéad uair? An cuimhin leat scéal na Cásca? Inis dúinn é.
- Déantar Coinneal na Cásca a lasadh gach uair a bhaistear duine éigin freisin. An raibh tú riamh i láthair ag Baisteadh? Inis dúinn faoi.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá foirgneamh an tséipéil lán de rudaí a chuireann Dia, Íosa, Muire agus na naoimh i gcuimhne dúinn. Is féidir leis na nithe éagsúla sa séipéal cabhrú linn guí chun Dé, agus cabhrú linn cuimhneamh go bhfuil Dia in éineacht linn i gcónaí.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 50: An tseachtain seo d'fhoghlaim na páistí ainmneacha na nithe éagsúla atá sa séipéal. Ar an leathanach seo meaitseálann siad ainmneacha na nithe éagsúla leis na pictiúir.

### Sa Bhaile

Lch. 51: Tugtar cuireadh do theaghlaigh dul ar cuairt chuig an séipéal áitiúil, agus roinnt de na nithe a fheiceann siad ann a tharraingt. Iarrtar orthu comhrá a dhéanamh le chéile faoi conas is féidir leis na páistí ómós a thaispeáint sa séipéal, agus iarrtar orthu feacadh glúine a chleachtadh le chéile freisin.

# Seirbhís Urnaí

## Téama: An Séipéal

*Nuair is féidir, ba chóir an tseirbhís urnaí seo a chur ar siúl sa séipéal áitiúil. B'fhéidir gur gá dul i dteagmháil le séiplíneach na scoile nó oifig an pharóiste chun comhordú a dhéanamh maidir le ham oiriúnach a fháil do do chuairt. Is féidir leat cuireadh a thabhairt freisin do shéiplíneach na scoile a bheith in éineacht leat ar an chuairt, nó/agus a bheith i gceannas na seirbhíse. Beidh ort Bíobla a thabhairt leat.B'fhéidir gur mhaith leat freisin, soitheach oiriúnach a thabhairt leat chun uisce coisricthe a iompar ar ais go dtí an seomra ranga. Beidh sé seo in úsáid agat mar chuid de Théama 9: Baisteadh.*

Spreag na páistí chun iad féin a bheannú le huisce coisricthe nuair a théann siad isteach sa séipéal, agus feacadh glúine a dhéanamh nuair a thagann siad taobh istigh.

I dtús báire tabhair roinnt ama do na páistí amharc ar fud an tséipéil, agus na míreanna éagsúla a d'fhoghlaim siad futhu ar scoil a ainmniú. Is féidir leat iad a thabhairt ar thuras tú féin nó cead a thabhairt dóibh am a chaitheamh ag iniúchadh dóibh féin. B'fhéidir gur mhaith leat ansin an cluiche thíos a imirt leo chun aird na bpáistí a dhíriú ar nithe éagsúla sa séipéal, ach cuir i gcuimhne dóibh a bheith ciúin agus ómósach sa séipéal.

**Feicim le mo shúile cinn**
Roghnaigh páiste amháin chun 'Feicim le mo shúile cinn' a imirt, .i. rud éigin a thosaíonn le litir áirithe ón aibítir. Tá ar na páistí eile a mbuille faoi thuairim a thabhairt ar an rud atá i gceist. An duine a fhreagraíonn i gceart, faigheann sé/sí seans an chéad mhír eile a ainmniú.

Tar éis do na páistí iniúchadh ar an séipéal, iarr orthu suí sna suíocháin agus tús a chur leis an tseirbhís urnaí.

**Amhrán Tosaigh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.

**M:** Cuirimid tús lenár nguí ag baint úsáid as ainm Dé.
*Comhartha na Croise*

*Fanann na páistí ina seasamh*

**M:** Nuair a thagaimid go dtí an Aifreann sa séipéal ar an Domhnach, bailímid le daoine eile atá ina mbaill de theaghlach Dé. Éistimid le scéalta faoi Íosa. Tá na scéalta seo le fáil sa Bhíobla. Scéal faoi Íosa atá sa scéal seo a leanas. Chun a bheith réidh chun é a chloisteáil canaimid 'Alleluia'.
*Can 'Alleluia' má tá sé ar eolas ag na páistí.*

*Is féidir leat an scéal seo a léamh ón* mBíobla do Pháistí (Lúcás 8:22-25):

Lá amháin chuaigh Íosa isteach i mbád lena dheisceabail agus dúirt sé leo:
"Téimis trasna go dtí an taobh eile den loch." Mar sin, chuir siad chun farraige. Agus ag seoladh dóibh, thit Íosa ina chodladh. Go tobann shéid gaoth láidir síos ar an loch agus thosaigh an bád ag líonadh le huisce, ionas go raibh siad go léir i gcontúirt. Chuaigh na deisceabail chuig Íosa agus dhúisigh siad é, ag rá, "A Mháistir! A Mháistir! Táimid ar tí bás a fháil!"

D'éirigh Íosa agus d'ordaigh sé don ghaoth agus don uisce stoirmiúil a bheith ciúin; chiúnaigh siad, agus bhí calm iontach ann.

**M:** Is cuid de chlann Dé iad na daoine go léir a bhailíonn ag an Aifreann. Is cairde d'Íosa iad go léir. Mar sin, ag an Aifreann, deirimid an phaidir a mhúin Íosa dúinn. Deirimid an phaidir sin le chéile anois.

**Gach Duine:** Ár nAthair atá ar Neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh;
Mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.

# Téama 9: Baisteadh

Ceacht 1: Baisteadh linbh
Ceacht 2: Baisteann Eoin

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Dé**

- Baistítear Críostaithe in ainm an Athar, an Mhic agus an Spioraid Naoimh

**Rúndiamhair na hEaglaise**

- Cabhraíonn an sagart/an múinteoir linn le bheith inár gcairde ag Íosa

### Liotúirge agus Urnaí

**Na Sacraimintí**

- An Baisteadh: Déantar ball de chlann na hEaglaise de dhuine nuair a bhaistear é/í
- Doirtear uisce ar cheann an duine agus deir an sagart A (Ainm)…Baistim tú in ainm an Athar, an Mhic agus an Spioraid Naoimh
- Dúirt Íosa linn an comhartha seo a úsáid (Mth 28:19)
- Cuireann umar an bhaiste agus coinneal na Cásca an Baisteadh i gcuimhne dúinn
- Nuair a bheannaímid sinn féin leis an uisce coisricthe cuireann sé an Baisteadh i gcuimhne dúinn
- Siombail an Bhaiste: Ungadh le hOla Chriosma, uisce, solas, éadach bán

### Briathar Dé

**Scrioptúr Naofa: Saol Poiblí Íosa**

- Lúc 3:2-3; 15-18. Eoin Baiste

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ón mBonnchéim:

### Cuspóir Foghlama 2

**An Eaglais Chríostaí**

*b. Adhradh agus urnaí.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí a thuiscint:

- Go bhfuil ócáidí speisialta i saol an Chríostaí a bhaineann le hadhradh.

# Ceacht 1: Baisteadh linbh

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Sa Bhaisteadh déanann an t-easpag, an sagart nó an deagánach uisce coisricthe a dhoirteadh os cionn ceann an linbh nó an t-iarrthóir a thumadh in uisce, agus na focail seo a rá: '(Ainm), baistim tú in ainm an Athar, an Mhic agus an Spioraid Naoimh.' Cuireann an duine atá baiste tús le saol nua anois mar iníon nó mar mhac uchtaithe Dé an tAthair, iad anois mar bhall de Chorp Chríost agus mar theampall den Spiorad Naomh (ChEC, 1279). Is baill den Eaglais anois iad, baill de Chorp Chríost iad chomh maith agus páirt acu anois i sagartacht Chríost. Sa searmanas, ciallaíonn an t-éadach bán go ndéantar an duine atá á bhaisteadh 'clúdaithe i ngrá cosanta Chríost' (Deasghnáth an Bhaiste). Déantar an coinneal a lasadh ó choinneal na Cásca, a léiríonn Críost Aiséirithe agus meabhraíonn an solas don duine atá baiste 'solas Chríost atá faighte acu'.

An tseachtain seo déanfaidh na páistí iniúchadh ar roinnt de na mionsonraí a tharlaíonn ag an mBaisteadh, trí éisteacht le scéal agus staidéar a dhéanamh ar Bhaisteadh. Tá codanna áirithe den cheacht seo a bheadh oiriúnach amháin do leanaí a baisteadh.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Pictiúr de do Bhaisteadh féin, nó de Bhaisteadh linbh a bhfuil aithne agat air/uirthi, le taispeáint do na páistí



# Féachaimis …

## PAIDIR

### Paidir na Maidine

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, déanaimis smaoineamh ar gach a tharla ó bhí tú i do leanbh. Gabhaimid buíochas le Dia as gach rud a tharla duit ó shin. Guímis le chéile, 'Go raibh maith agat, a Dhia'.

**M:** Smaoinímid ar sinn ag fás aníos, agus deirimid 'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** Smaoinímid ar sinn ag tosú ar scoil, agus deirimid
'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** Smaoinímid ar chairde á dhéanamh againn, agus deirimid
'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** Smaoinímid ar chabhrú le daoine eile, agus deirimid
'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** Smaoinímid ar sinn ag foghlaim conas léamh agus scríobh, agus
deirimid 'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** Tá a fhios againn go bhfuil Dia in éineacht linn an t-am ar fad, oíche
agus lá. Cuireann *Paidir na Maidine* é seo i gcuimhne dúinn. Guímis an phaidir sin le chéile anois.

**Gach duine:** A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis …

## SCÉAL

### 'Baistear an Leanbh'

Abair do na páistí gur mhaith leat scéal a insint dóibh faoin gcéad uair a tógadh leanbh darb ainm di Eilís chuig an séipéal. Ansin léigh 'Baistear an Leanbh'.

**'Baistear an Leanbh'**



'An bhfuil an choinneal agat?' a scairt Mamaí ón seomra eile.

'Tá!' a d'fhreagair Daid ard go leor le go gcloisfeadh Mamaí é.

'Agus an seál bán?' arsa Mamaí arís.

Stop Daid agus smaoinigh sé ar feadh nóiméid. 'Nach bhfuil sé sa mhála?'

'Tá an ceart agat!' arsa Mamaí agus í ag siúl ar ais isteach sa seomra leapa.

'Anois, a bhean bheag,' ar sise leis an leanbh Eilís. 'Tá tú réidh chun dul go dtí an séipéal don chéad uair, agus nach bhfuil tú ag féachaint go hálainn! Agus céard fútsa, a Dheartháir Mhóir?' ar sise, ag casadh i dtreo Evan. 'An bhfuil tú réidh?'

'Tá mise i bhfad reidh!' a gháir Evan.

'Tá brón orm, tá brón orm!' arsa Mamaí. 'Tógann sé tamall gach rud a chur le chéile. Ceart go leor, ar aghaidh linn.'

Go gairid ina dhiaidh sin, bhí Mamaí, Daidí, Evan agus Eilís taobh amuigh den séipéal. Bhí an t-Athair Eoin Pól ina sheasamh ag an doras, ag caint leis na daoine fad is a bhí siad ag teacht isteach. 'Dia dhaoibh, a Theaghlaigh de Faoite!' ar seisean. 'Tá fáilte romhaibh go léir.'



Laistigh den séipéal, shuigh Evan i gceann de na suíocháin in éineacht le Mamaí, Daid, Uncail Nioclás agus Aintín Éabha. D'fhéach sé timpeall ag féachaint cé mhéad rudaí sa séipéal a d'fhéadfadh sé a ainmniú. Mhúin an múinteoir go leor ainmneacha dó ar scoil.

'Sin í an altóir,' a cheap sé,'agus feicim an chros chéasta. Is fuinneog dhaite í sin. Anois, cá bhfuil an umar baiste?'

Ach cuireadh isteach ar smaointe Evan. Bhí Mamaí agus Daidí ag caint. 'Eilís Cora de Faoite,' ar siad. Is cosúil gur iarr an t-Athair Eoin Pól ainm Eilíse orthu.

Lean Evan air ag breathnú ar fud an tséipéil. D'fhéadfadh sé dealbh na Maighdine a fheiceáil agus roinnt coinnle, ach ní fhaca sé an umar baiste fós!

Díreach ansin, sheas Mamaí agus Daidí in airde. Bhí greim ag Evan ar láimh Dhaidí, agus shiúil siad le chéile go dtí cúl an tséipéil. 'An bhfuilimid ag imeacht?' arsa Evan.

Thosaigh Daid ag gáire. 'Nílimid Evan! Táimid ag dul go dtí an umar baiste.'



Nach ionadh nach bhféadfadh le hEvan é a fheiceáil! Bhí sé taobh thiar dóibh an t-am ar fad.

'Eilís Cora de Faoite,' arsa an t-Athair Eoin Pól, mar a thóg sé crúiscín uisce ina láimh, agus é a dhoirteadh ar cheann Eilíse. 'Baistim thú in ainm an Athar, agus an Mhic, agus an Spioraid Naoimh.'

Bhí aoibh gáire ar gach duine, Eilís ina measc. Ina dhiaidh sin, thóg an t-Athair Eoin Pól buidéal mór amach, líonta le hola naofa, ar a dtugtar criosma. Chuir sé roinnt ola ar a mhéar agus bheannaigh sé Eilís arís, ag guí go mbeadh sí láidir agus í ag fás.

Ansin, thug Daidí an seál bán don Athair Eoin Pól. D'fhill an t-Athair Eoin Pól an seál thar Eilís go dtí go raibh sí go deas compordach i mbaclainn Mhamaí.

'Agus an choinneal?' arsa an t-Athair Eoin Pól. D'fhéach Mamaí ar Dhaid. D'fhéach Daid ar Mhamaí. 'An choinneal' dúirt Daidí. 'Sílim gur fhág mé í …'

'Seo dhuit!' arsa Aintín Éabha agus thug sí an choinneal do Dhaid. Gháir Daid. 'Go raibh maith agat, Éabha!' ar seisean.

Las Daid coinneal Eilíse ó choinneal na Cásca.

'Anois,' arsa an t-Athair Eoin Pól. 'Ní mór do Mhamaí agus do Dhaidí an choinneal seo a

• • •

• • •

choimeád do Eilís. Tá a fhios agam gur mian libh go mbeadh Eilís cairdiúil le hÍosa. Cabhróidh an choinneal seo libh cuimhneamh ar sin. Bainigí úsáid aisti chun guí léi, agus chun í a mhúineadh faoi Dhia agus faoi ghrá Dé di. An bhfuil sibh sásta an méid sin a dhéanamh?'

'Táimid,' arsa Mamaí agus Daidí.

'Nioclás agus Éabha, an gcabhróidh sibhse le

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cén dá rud a bhí ar Mhamaí agus Daidí a thabhairt leo chuig an séipéal?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- An raibh tú riamh i láthair ag Baisteadh? Inis dúinn faoi. Cé eile a bhí ann? Cad a chonaic tú?
- N'fheadar ... conas a chabhróidh Mamaí agus Daidí le hEilís foghlaim faoi Íosa, agus a bheith ina cara aige? Conas a chabhróidh Nioclás, Éabha agus Evan?
- Conas a thaispeánaimid gur cairde Íosa muid sa seomra ranga seo?

## GNÍOMHAÍOCHT

### Baisteadh

Taispeáin Postaer 12 do na páistí.



**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Baineann tábhacht ar leith le gach ceann de na siombailí a úsáidtear le linn searmanais an Bhaiste. Tugann an éide bhán le fios go bhfuil Críost curtha uirthi/air mar éide (Féach Gal. 3:27). Ciallaíonn an t-ungadh naofa bronntanas an Spioraid Naoimh agus is í an chiall a bhaineann leis an gcoinneal, a lastar ó Choinneal na Cásca, ná go bhfuil Críost tar éis an leanbh nua-bhaisteadh a shoilsiú.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 52: An tseachtain seo d'fhoghlaim na páistí faoi Shacraimint an Bhaiste. Ar an leathanach seo ciorclaíonn siad agus dathaíonn siad na rudaí atá ag teastáil do Bhaisteadh Eilíse.

### Sa Bhaile

Lch. 53: Tugtar cuireadh do theaghlaigh comhrá a dhéanamh le chéile faoi Bhaisteadh a linbh. Iarrtar orthu ainm an tsagairt a bhaist a leanbh, ainm an tséipéil inar baisteadh a bpáiste agus an t-ainm a roghnaigh siad dá leanbh, a scríobh.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Mar chuid de shearmanas an Bhaiste, déantar uisce coisricthe a dhoirteadh thar chloigeann an linbh, agus déantar é/í a ungadh le criosma. Cuirtear éide bhán ar an leanbh agus lastar coinneal ó Choinneal na Cásca. Taispeánann sé seo do gach duine gur cara le hÍosa é/í.

## AG COMHRÁ

**NÓTA DON MHÚINTEOIR:** Níl an ghníomhaíocht seo oiriúnach ach amháin do na páistí sin atá baiste cheana féin. Is fearr le múinteoirí a mheas conas a oibreoidh an ghníomhaíocht seo ina sheomra ranga féin.

### Maidir lenár mBaisteadh

Tosaigh trí insint do na páistí faoi do Bhaisteadh féin nó faoi Bhaisteadh duine a bhfuil aithne agat orthu agus, más féidir, taispeáin pictiúr den Bhaisteadh dóibh. Inis ainmneacha na ndaoine a bhí i láthair ar an lá sin, agus aon sonraí eile a mheasann tú a bheadh oiriúnach.

Ansin lig do na páistí, a mbaineann sé seo leo, chun comhrá a dhéanamh faoina mBaisteadh féin. Is féidir leat é seo a dhéanamh ar roinnt bealaí, ag brath ar líon na bpáistí i do rang:

- Dáil amach Leabhair na bPáistí, agus lig dóibh na grianghraif bhaiste a thaispeáint dá chéile
- Cuir na páistí ina suí i gciorcal, agus tabhair cuireadh do gach páiste labhairt faoina g(h)rianghraf
- Cuir íomhánna na ngrianghraf ar an gclár bán ag baint úsáid as amharcléitheoir. Fiafraigh de na páistí, a mbaineann grianghraf leo, seasamh agus labhairt faoina B(h)aisteadh

Críochnaigh an seisiún comhrá trí mheabhrú do na páistí, ar lá a mBaisteadh, go gcuirtear fáilte rompu isteach i dteaghlach Dé. Tá teaghlach Dé comhdhéanta de na milliúin agus na milliúin daoine, ar fud an domhain. Tá grá ag Dia do gach duine ina theaghlach agus tugann sé aire dóibh uile. Cuir i gcuimhne na bpáistí freisin go gcuidíonn an múinteoir agus an sagart leo a bheith cairdiúil le hÍosa.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Is uisce coisricthe é seo agus cuireann sé an t-uisce a úsáidtear ag an mBaisteadh i gcuimhne dúinn. Déanaimid sinn féin a bheannú inniu agus an t-uisce coisricthe seo in úsáid againn.

*Doirt roinnt uisce coisricthe i mbabhla, agus cuir sa spás urnaí é. Taispeáin do na páistí conas iad féin a bheannú leis an uisce coisricthe tríd a méara a thumadh isteach sa bhabhla agus beannacht a thabhairt dóibh féin. Tabhair cuireadh dóibh teacht ar aghaidh ina n-aonair nó i ngrúpaí beaga, faoi mar atá oiriúnach.*

**M:** Críochnaímid agus *Paidir na Maidine* a rá le chéile.

**Gach duine:** A Dhia, tá grá agat dom.
Bíonn tú liom de lá is d'oíche.
Ba mhaith liom grá a thabhairt duit
Gach nóiméad den lá.
Ba mhaith liom tú a shásamh.
A Athair, cabhraigh liom. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Ceacht 2: Baisteann Eoin

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Is é Eoin Baiste réamhtheachtaí Íosa (ChEC, 523), an té a d'ullmhaigh an bealach d'Íosa, agus mar thoradh ar sin do theacht ríocht Dé ar domhan. Déantar tagairt dó go minic mar an duine deireanach i líne fhada de fháithe an tSean-Tiomna, fáithe cosúil le hÍseáia, Éilias agus Irimia. Is cuimhin linn, agus é i mbroinn a mháthair, gur bhog sé 'laistigh di' (Lúc 1:41) nuair a d'aithin sé an Meisias. Ón gcéad nóiméad, bhí a fhios ag Eoin gurb é Íosa an duine a thabharfadh na daoine isteach i gcaidreamh nua difriúil le Dia. D'fhonn ullmhú dó seo, ghlaoigh Eoin ar na daoine baisteadh a fháil. Roimh Dheascabháil Íosa, dúirt sé lena dheisceabail an comhartha seo a úsáid freisin (féach Matha 28:19).

An tseachtain seo, cloisfidh na páistí faoi Eoin Baiste, col ceathrar Íosa, ag baisteadh daoine in Abhainn na hIordáine.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- Uisce coisricthe, ball éadaigh bán (blaincéad nó seálta) agus coinneal bhaiste (nó a mhacasamhail)
- An teimpléad (thíos) fótachóipeáilte roimh ré

# Féachaimis …

## GNÍOMHAÍOCHT

### Mála Tadhaill

Taispeáin an Mála Tadhaill do na páistí agus cuir i gcuimhne dóibh conas a oibríonn sé. Inis dóibh go mbaineann na rudaí go léir sa Mhála Tadhaill inniu le ceiliúradh ar leith, seachas rud amháin: Beidh buidéal uisce coisricthe ag teastáil uait, ball éadaigh bán (blaincéad nó seálta) agus coinneal bhaiste (nó coinneal cosúil leis), chomh maith le rud randamach amháin le cur sa Mhála Tadhaill. An ceann corr is ea an rud randamach. Tabhair cuireadh do pháiste amháin teacht in airde chun a lámh a chur isteach sa Mhála Tadhaill. De réir mar a aithnítear gach rud, cuir ar tábla é. Nuair a bheidh na rudaí go léir aitheanta, tabhair cuireadh do na páistí buille faoi thuairim a thabhairt chun an ceann corr a aithint, agus cad leis a mbaineann na nithe eile.

Ina dhiaidh sin, déan comhrá faoi na míreanna a bhaineann le Baisteadh ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna.

- **Uisce coisricthe**
  - Cad a thugtar ar an uisce seo? An mar an gcéanna é le gnáthuisce ón sconna? Cén fáth? Cé nó cad a bheannaíonn daoine le huisce coisricthe? Cá bhfuil uisce coisricthe le fáil?
- **Éide bhán**
  - Cé dó/di a bhfuil sé seo? An féidir leat smaoineamh ar chúis go mbeadh sé seo á caitheamh ag leanbh?
- **Coinneal**
  - Cathain a lasaimid coinneal inár seomra ranga? Cén fáth a lasaimid é? An bhfuil cuma speisialta ar an gcoinneal seo? Cén fáth?

Cuir i gcuimhne na bpáistí go n-úsáidtear ola coisricthe, a dtugtar criosma air, ag an mBaisteadh freisin.

## PAIDIR

### Paidir na hOíche

*Comhartha na Croise*

**M:** Cuimhnímid inniu ar ár mBaisteadh. Bhí Dia in éineacht linn ar an lá sin, tá Dia linn inniu, agus bhí Dia in éineacht linn gach lá idir eatarthu.

Cuirimis an t-uisce coisricthe sa spás urnaí. Cuireann sé seo i gcuimhne dúinn gur doirteadh uisce thar ár gcinn ar lá ár mBaisteadh.

*Tabhair cuireadh do pháiste uisce coisricthe a chur sa spás urnaí.*

**M:** Anois cuirimis an éide bhán sa spás urnaí. Cuireann sé seo i gcuimhne dúinn gur ar lá ár mBaisteadh, go rabhamar fillte i ngrá; i ngrá ár dteaghlaigh agus i ngrá Dé.

*Tabhair cuireadh do pháiste an éide bhán a chur sa spás urnaí.*

**M:** Anois cuirimis an choinneal sa spás urnaí. Cuireann coinnle i gcuimhne dúinn i gcónaí go bhfuil Dia linn. Bíonn Dia linn gach nóiméad de gach lá.

*Tabhair cuireadh do pháiste an choinneal a chur sa spás urnaí.*

**M:** Le chéile, gabhaimid buíochas le Dia as na rudaí go léir a thug sé dúinn. Is féidir linn é seo a dhéanamh trí Phaidir na hOíche a rá.

**Gach duine:** A Dhia, a Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú dom.
I ndorchadas na hoíche cosain mé
Solas na maidine go bhfeice mé. Áiméan.

*Comhartha na Croise*


# Foghlaimímis …

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Eoin Baiste'

Inis do na páistí gur mhaith leat iad a mhúineadh faoin gcaoi ar baisteadh daoine na blianta fada ó shin, timpeall an ama ar mhair Íosa. Mínigh nár baisteadh iad i séipéil le huisce coisricthe. Eoin ab ainm do fhear amháin a bhaist daoine. Ba é Eoin col ceathrar Íosa. Ansin léigh an scéal, 'Eoin Baiste'.

**'Eoin Baiste'**
(*Curtha in oiriúint ó Lúcás 3:2-3; 15-18*)



Thart ar an am sin, bhí fear darbh ainm Eoin ina chónaí san fhásach. B'áit an-uaigneach go deo í an fhásach. Níor fhás tada inti agus ní raibh cónaí ar aon duine eile inti. Chuaigh Eoin isteach san fhásach le labhairt le Dia agus le héisteacht le Dia. Chreid sé go seolfadh Dia duine éigin le hinsint do na daoine ar fad faoin ngrá a bhí aige dóibh. Bhí a fhios ag Eoin gur dhuine tábhachtach a bheadh ann. 'Tá sé i bhfad níos fearr ná mar atá mise,' a dúirt Eoin.

Ní fada gur chuala daoine eile faoi Eoin. Tháinig siad le labhairt leis, agus le héisteacht leis. D'iarr siad comhairle air. D'fhiafraigh siad de cad ba cheart dóibh a dhéanamh dá mbeadh rud éigin mícheart déanta acu. Dúirt Eoin leis na daoine a bheith cineálta agus macánta agus 'tá brón orm' a rá dá mbeadh rud éigin mícheart déanta acu.

Dúirt sé leo na rudaí a bhí acu a roinnt le daoine eile, agus guí chun Dé. Dúirt Eoin leis na daoine go mbaistfeadh sé iad dá dteastódh uathu grá a thaispeáint do Dhia agus grá Dé a roinnt le daoine eile. Bhí na daoine sásta é seo a chloisteáil. Lean siad Eoin go dtí abhainn na hIordáine. Bhaist sé san uisce iad. Thosaigh daoine ag glaoch 'Eoin Baiste' air.

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cá raibh cónaí ar Eoin?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cé a cheap tú a raibh Eoin ag caint faoi nuair dúirt sé 'Tá sé i bhfad níos fearr ná mar atá mise'? Cén fáth go ndúirt Eoin é seo?
- N'fheadar … cad a cheap tú a dúirt Eoin leis na daoine a dhéanamh má thuig siad go raibh rud éigin mícheart déanta acu? An féidir leat smaoineamh ar am nuair a rinne tú rud éigin mícheart? Inis dúinn faoi. Cad a rinne tú nuair a thuig tú go raibh rud éigin mícheart déanta agat?
- Cad atá difriúil faoin mbealach ina bhaistear daoine inniu agus an bealach inar bhaist Eoin Baiste daoine? Cad atá mar an gcéanna?

## GNÍOMHAÍOCHT IDIRGHNÍOMHACH

### Is féidir linn ár ngrá do Dhia a thaispeáint

Cuidigh leis na páistí na rudaí a dúirt Eoin a mheabhrú a d'fhéadfadh daoine a dhéanamh chun a ngrá do Dhia a thaispeáint: bí cineálta; an méid atá acu a roinnt; guí chun Dé; agus brón a bheith orthu nuair a rinne siad rud éigin mícheart. Dúirt sé leo baisteadh a fháil freisin. Úsáid an ghníomhaíocht seo chun cabhrú leis na páistí rudaí maithe a roghnú chun a ngrá do Dhia a thaispeáint.



## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 54: An tseachtain seo chuala na páistí an scéal faoi conas a bhaist Eoin Baiste na daoine a bhí ag iarraidh a ngrá do Dhia a thaispeáint. Ar an leathanach seo tarraingíonn na páistí na daoine a tháinig chuig Eoin chun baisteadh a fháil, agus dathaíonn siad an pictiúr.

### Sa Bhaile

Lch. 55: Léann teaghlaigh na rudaí a dúirt Eoin Baiste leis na daoine a dhéanamh chun a ngrá do Dhia a thaispeáint - a bheith cineálta, a roinnt, guí a dhéanamh agus 'tá brón orm' a rá nuair a bhíonn gá leis. Déanann teaghlaigh comhrá le chéile faoi conas is féidir lena bpáiste gach ceann de na rudaí seo a dhéanamh, agus dathaíonn na páistí na pictiúir. Tá paidir ann freisin gur féidir le teaghlaigh a rá le chéile.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Dúirt Eoin Baiste leis na daoine baisteadh a fháil. Dúirt sé leo a bheith maith agus cineálta agus macánta, agus cibé rud a bhí acu a roinnt lena chéile.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Is féidir liom mo ghrá do Dhia a thaispeáint trí ...

Tosaigh trí a mheabhrú do na páistí an méid a dúirt Eoin Baiste leis na daoine a dhéanamh chun a ngrá do Dhia a thaispeáint: a bheith go maith, cineálta, macánta, agus an méid a bhí acu a roinnt. Déan comhrá leo faoi roinnt de na bealaí inar féidir leo na rudaí sin a dhéanamh. Ansin tabhair an teimpléad (thíos) do gach páiste agus iarr orthu bealach amháin a tharraingt inar féidir leo a ngrá do Dhia a thaispeáint.



# Seirbhís Urnaí

## Téama: Baisteadh

*Más féidir, iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr orthu a gcuid cathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.

**M:** Cuirimid tús lenár nguí ag baint úsáid as ainm Dé.

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Le déanaí chualamar an scéal faoi conas ar bhaist Eoin daoine in Abhainn na Iordáine. Éistimid leis an scéal sin arís.

*Is féidir leat an scéal seo a léamh ón* mBíobla do Pháistí (Lúcás 3:2-3, 16, 18):

Ag an am sin tháinig briathar Dé chun Eoin san fhásach. Mar sin, chuaigh Eoin ar fud na tíre go léir timpeall Abhainn na Iordáine, ag fógairt, "Cas ó na peacaí agus bíodh baisteadh agaibh, agus tabharfaidh Dia maithiúnas daoibh." Dúirt sé leo go léir: "Táimse do bhur mbaisteadh le huisce, ach tá an té ag teacht atá níos treise ná mé, nach fiú mé iall a chuarán a scaoileadh." I go leor bealaí eile bhí Eoin ag fógairt an dea-scéil don phobal ag iarraidh orthu athrí a dhéanamh.

**M:** Ar feadh nóiméad, dúnaimid ár súile, agus ligimid orainn féin go bhfuilimid ar ais in aimsir Eoin Baiste.
*(Sos)*

Samhlaigh tú féin le hEoin. B'fhéidir go bhfuil tú ag seasamh in aice le hAbhainn na Iordáine. *(Sos)*

Féach ar Eoin, ag caint leis na daoine, agus ag insint dóibh go bhfuil grá ag Dia do gach duine acu, agus ag insint dóibh conas is féidir leo a gcuid grá do Dhia a thaispeáint. *(Sos)*

Anois, tagann Eoin in aice leat. Iarrann sé ort,



"Conas is féidir leat do ghrá do Dhia a léiriú?" *(Sos)*

Bain úsáid as do ghuth istigh, nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil,
agus tabhair freagra do 'Eoin'. *(Sos)*

B'fhéidir go bhféadfá focail dheasa a rá le duine nó spraoi le duine nach mbíonn tú ag imirt de ghnáth leo. Cuimhnigh ar rud amháin, agus inis do Eoin é. *(Sos)*

Ansin, nuair a bhíonn tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.

**M:** Bhaist Eoin na daoine le huisce. Inniu déanaimid sinn féin a bheannú le huisce coisricthe. Cuirfidh sé seo ár mBaisteadh i gcuimhne dúinn.

*Doirt uisce coisricthe isteach i mbabhla, agus cuir sa spás urnaí é. Taispeáin do na páistí conas iad féin a bheannú leis an uisce coisricthe trí mhéar a chur isteach san uisce agus comhartha na croise a ghearradh orthu féin. Tabhair cuireadh dóibh teacht ina n-aonar nó i ngrúpaí beaga, mar is cuí.*

**M:** Cad iad na rudaí eile a úsáidtear ag Baisteadh

linbh? An féidir leat aon cheann acu a fheiceáil sa Spás Urnaí?

*Lig do na páistí freagra a thabhairt.*

**M:** Chun críoch a chur leis an seirbhís urnaí deirimid *Paidir na hOíche* le chéile.

**Gach Duine:** A Dhia, A Athair, molaim thú
As ucht do chineáltais liom inniu.
As ucht mo chairde molaim thú,
Agus as an teaghlach a thug tú dom.
I ndorchadas na hoíche, cosain mé
Solas na maidine go bhfeice mé. Áiméan.

*Comhartha na Croise*

**Amhrán Deiridh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foghlamtha ag na páistí.



# Is féidir liom mo ghrá do Dhia a thaispeáint trí ...

# Téama 10: I nGrá Dé

Ceacht 1: Is féidir linn fás i ngrá
Ceacht 2: Fásaimid i nGrá Dé

## ÓN GCURACLAM

*Tógtha ón gCuraclam don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn* (2015).

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo:

### An Creideamh Críostaí

**Rúndiamhair Dé**
- Tá aithne ag Dia orainn agus tá grá aige dúinn
- Is é Dia mo chara
- Tá Dia linn i gcónaí

**Cruthú an Domhain**
- Tugann Dia aire don chruthú ar fad

### Móráltacht Chríostaí

**Teagasc Sóisialta na hEaglaise**
- Táim in ann a bheith ceart agus cóir
- Táim in ann a bheith cneasta, ionraic agus cineálta
- Táim in ann meas a bheith agam ar rudaí dhaoine eile
- Táim in ann glacadh le daoine eile agus iad a chuimsiú

**OCG i gcomhthéacs Críostaí**
- Tabhair onóir dod thuismitheoirí/dod thuismitheoirí baistí/dod chaomhnóirí (an ceathrú aithne)
- Cuir san áireamh: Scéalta faoi na naoimh, an mhaith in aghaidh an oilc, an difríocht idir ghníomhartha bídís ceart nó mícheart, scéalta a léiríonn luachanna na moráltachta Chríostaí ar nós comhroinnt, aire, grá, maithiúnas, cairdeas, tábhacht an teaghlaigh, aire don domhan

## ÓN GCROÍSHIOLLABAS DON OIDEACHAS REILIGIÚNACH

*Tógtha ón gCroíshiollabas don Oideachas Reiligiúnach ón Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann (2007).*

Beidh páistí san aoisghrúpa seo ag dul i ngleic leis an eolas agus na coincheapa seo ón mBonnchéim:

### Cuspóir Foghlama 1

**Foilsiú Dé**

*b. Cúram Dé don chruthú.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí foghlaim faoi
na nithe seo maidir le Críostaithe
- Gur cás le Dia an Chruinne, daoine agus ainmhithe.

### Cuspóir Foghlama 3

**An Mhoráltacht**

*b. Meas ar dhaoine eile.*

Ba chóir don mhúinteoir deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí:
- Meas ar réadmhaoin a léiriú.

# Ceacht 1: Is féidir linn fás i ngrá

## SULA DTOSAÍONN TÚ

Déanann páistí roghanna an t-am ar fad – uaireanta go comhfhiosach, agus go neamh-chomhfhiosach uaireanta eile, díreach mar a dhéanann daoine fásta. Ag an gcéim luath seo ina bhforbairt moráltachta ní dhéanaimid ach iad a chur ar an eolas faoin bhfíric go bhfuil an cumas acu, agus go deimhin an fhreagracht freisin, roghanna maithe a dhéanamh seachas droch-roghanna. Tá súil againn go bhfoghlaimeoidh siad conas stad agus smaoineamh a dhéanamh sula ngníomhaíonn siad agus go smaoineoidh siad ar na torthaí dóibh féin agus do dhaoine eile maidir leis na rudaí a dhéanfaidh siad. Tá sé seo go léir suite i gcomhthéacs Grá buan Dé dúinn agus aithne an ghrá a mhúin Íosa dá lucht leanúna.

An tseachtain seo, cuirimid aithne an ghrá i gcuimhne na bpáistí. D'fhoghlaim siad faoi aithne an ghrá i Naíonáin Shóisearacha/B1, agus tugaimid deis dóibh é a chur i bhfeidhm i gcásanna éagsúla.



# Féachaimis …

## SCÉAL

### 'Sandra agus Stiofán' – Cuid I

Tosaigh trí a fhiafraí de na páistí an raibh orthu rogha a dhéanamh riamh. B'fhéidir go raibh orthu cinneadh a dhéanamh cé acu bréagán a iarraidh nuair a bhí a lá breithe ann nó cad a theastaigh uathu a ithe nuair a bhí ocras orthu. Ansin inis dóibh go bhfuil scéal agat faoi dheartháir agus a dheirfiúr, Sandra agus Stiofán, a raibh rogha le déanamh acu. Léigh 'Sandra agus Stiofán' – Cuid a haon, thíos.

**'Sandra agus Stiofán' – Cuid I**



'Anois,' arsa Mam, agus í ag tógáil na brioscaí amach as an oigheann. 'Ná leagaigí lámh orthu, an bhfuil an bheirt agaibh ag éisteacht liom?'

Rinne Sandra agus Stiofán sméideadh cinn. 'Is do bhur gcol ceathracha iad nuair a thagann siad ar cuairt níos déanaí. Agus ar aon nós, tá siad ró-the anois.'

Rinne Sandra agus Stiofán sméideadh cinn arís. 'Bígí ag éisteacht liom!' arsa Mamaí. 'Má théann sibh gar do na …'

Díreach ansin, ghlaoigh fón Mhamaí. 'Anois, cár fhág mé é?' arsa Mamaí, agus í ag siúl isteach sa halla.

D'fhéach Sandra ar Stiofán.

'Nach deas an boladh é sin,' ar sise lena deartháir.

'Is deas cinnte é!' d'fhreagair Stiofán, 'agus féachann siad go deas freisin.'

'Bhfuil a fhios agat,' arsa Sandra, 'ní dóigh liom go gcuirfeadh sé isteach ar Mhamaí dá mbeadh ceann amháin ar iarraidh … féach ar an gceann beag sin ar an imeall … ní bheadh a fhios aici …'

D'fhéach sí ar a deartháir arís. 'Cad a cheapann tú?'

'Tá an ceart agat!' arsa Stiofán. 'Agus ar aon nós, tá neart eile ann do Philib agus do Bhairbre nuair a thagann siad níos déanaí.'

D'fhéach Stiofán agus Sandra ar a chéile, agus ansin d'fhéach siad ar na brioscaí, agus ansin d'fhéach siad ar a chéile arís. Ansin shocraigh siad … '

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cén fáth go ndúirt Mamaí le Stiofán agus Sandra gan na brioscaí a ithe?' Ansin tochail níos doimhne ag baint úsáid as na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cad a cheapann tú ba chóir do na páistí a dhéanamh? Cad a tharlódh dá dtógfaidís ceann de na brioscaí agus go mbeadh a fhios ag Mamaí? An mbeadh sé ceart go leor má thóg siad briosca amháin agus nár aimsigh Mamaí é in easnamh?
- N'fheadar … cad a cheapann tú gur shocraigh Stiofán agus Sandra le déanamh ar deireadh? Cad a dhéanfá?
- An cuimhin leat am nuair a bhí ort rogha mar sin a dhéanamh? Inis dúinn faoi.

## PAIDIR

### An Phaidir

*Comhartha na Croise*

**M:** Uaireanta ní mór dúinn roghanna deacra a dhéanamh. Bíonn orainn cinneadh a dhéanamh cad é an rud ceart ba cóir dúinn a dhéanamh. Nuair a bhíonn roghanna mar seo le déanamh againn, is féidir linn labhairt le Dia i gcónaí. Is féidir linn cabhair a iarraidh ar Dhia chun an rud ceart a dhéanamh. Guímis inniu le Dia ar an mbealach a mhúin Íosa dúinn.

**Gach duine:** Ár nAthair atá ar neamh,
Go naofar d'ainm,
Go dtaga do ríocht,
Go ndéantar do thoil ar an talamh
Mar a dhéantar ar neamh.
Ár n-arán laethúil tabhair dúinn inniu,
Agus maith dúinn ár bhfiacha,
Mar a mhaithimidne dár bhféichiúna féin,
Agus ná lig sinn i gcathú,
Ach saor sinn ó olc. Áiméan.

*Comhartha na Croise*


# Foghlaimímis ...

## SCÉAL

### 'Sandra agus Stiofán' – Cuid II

Cuidigh leis na páistí an rogha a bhí le déanamh ag Sandra agus Stiofán a thabhairt chun cuimhne. Ansin iarr orthu taispeántas láimhe a dhéanamh: cé a cheapann gur ith Sandra agus Stiofán an briosca, agus cé a cheapann nár ith siad é? Ansin léigh, 'Sandra agus Stiofán - Cuid II ', thíos.

**'Sandra agus Stiofán' – Cuid II**



'A haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig, a sé, a seacht, a hocht, a naoi, a deich, a haon déag ... Sandra! Stiofán! Tar anseo le bhur dtoil!' arsa Mamaí.

Shiúil na páistí ar ais isteach sa chistin as an seomra suí, áit a raibh siad ag breathnú ar an dteilifís nuair a bhí Mam ar an dteileafón. Bhí Mamaí ina seasamh in aice na mbrioscaí agus iad á gcomhaireamh arís aici. 'A haon, a dó, a trí, a ceathair, a cúig, a sé, a seacht, a hocht, a naoi, a deich, a haon déag ...' ar sise.

D'fhéach Sandra agus Stiofán ar a chéile.

'An bhfuil aon rud cearr, a Mham?' arsa Sandra.

'Níl' arsa Mamaí. 'Ach an gcuirfidh sibh ord ar na bréagáin seo sula dtagann bhur gcol ceathracha anseo, le bhur dtoil?'

Rinne Sandra agus Stiofán mar a d'iarr Mamaí orthu. Go gairid ina dhiaidh sin, tháinig a gcol ceathracha Pilib agus Barbara chun imirt leo. Tar éis tamaill, ghlaoigh Mamaí orthu chun sú a thabhairt dóibh.

'Pilib, Barbara,' arsa Mamaí, 'ar mhaith libh briosca?'

'Ba mhaith linn, le do thoil!' arsa Barbara.

'An dtabharfá dhá cheann dom?' arsa Pilib.

'Bíodh ceann amháin agat ar dtús,' arsa Mamaí, agus mionghháire uirthi, 'agus feicimid ansin!'

Ansin d'ofráil Mamaí an pláta do Sandra agus do Stiofán. 'Go raibh maith agaibh as cuidiú liom níos luaithe,' a dúirt sí. 'Is leanaí den scoth sibh!'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cén fáth ar ghlaoigh Mam ar Stiofán agus Sandra?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Dúirt Mam go raibh Stiofán agus Sandra 'den scoth'. An aontaíonn tú? Cén fáth nó cén fáth nach n-aontaíonn tú?
- An gceapann tú go ndearna Stiofán agus Sandra rogha maith gan briosca a thógáil nuair a bhí an seans acu?
- N'fheadar ... cad a tharlódh dá mba an rud é gur thóg Stiofán agus Sandra briosca nuair a dúradh leo gan é a dhéanamh?

## AN SCRIOPTÚR NAOFA

### 'Múineann Íosa Sinn'

Tosaigh trí rogha mhaith Stiofán agus Sandra a thabhairt chun cuimhne. Fiafraigh de na páistí cén fáth a gceapann siad a rinne na páistí an rogha sin. Ansin cuir i gcuimhne dóibh rud a dúirt Íosa uair amháin. Léigh 'Múineann Íosa Sinn'.

**'Múineann Íosa Sinn'**

*(Curtha in oiriúint ó Mhatha 22:34-40; Marcas 12:28-34; Lúcás 10:25-8)*



Tháinig go leor daoine chun bualadh le hÍosa agus chun ceisteanna a chur air. Labhair Íosa leo ar fad. Labhair sé leo faoi Dhia agus faoi ghrá Dé dóibh. I measc na ndaoine a tháinig chuige bhí iascairí, feirmeoirí, máithreacha, aithreacha, leanaí, sagairt agus múinteoirí.

Lá amháin, chuir múinteoir ceist ar Íosa. 'Cad é an rud is tábhachtaí gur mian le Dia go ndéanfaimis?' a d'fhiafraigh sé. Smaoinigh Íosa ar feadh nóiméid, ansin

• • •

d'fhreagair sé. 'Ba cheart duit grá a thabhairt do Dhia le do chroí go hiomlán, le d'anam go hiomlán, le d'intinn go hiomlán agus le do neart go hiomlán. Seo é an rud is tábhachtaí gur mian le Dia go ndéanfaimis. Ach tá rud eile nach mór duit a dhéanamh chomh maith: gráigh daoine eile mar a ghránn tú tú féin. Is iad seo na rudaí is tábhachtaí.' D'éist an múinteoir go cúramach le freagra Íosa agus nuair a bhí Íosa críochnaithe, d'fhreagair an múinteoir é. 'Go raibh maith agat, a Íosa,' ar sé. 'Is maith an chomhairle í sin – grá a bheith agam do Dhia agus do dhaoine eile.'

Tar éis duit an scéal a léamh, seiceáil tuiscint na bpáistí ag úsáid ceisteanna cosúil le: 'Cad a dúirt Íosa leis an bhfear a dhéanamh?' Ansin tochail níos doimhne ag úsáid na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- An gceapann sibh gur léirigh Stiofán agus Sandra a gcuid grá do Mham sa scéal a chualamar? Conas? Mar sin an gceapann sibh go raibh na páistí ag maireachtáil ar an mbealach a mhúin Íosa dúinn?
- Cad iad na rudaí a dhéanaimid sa seomra ranga seo le taispeáint go bhfuil grá againn do Dhia? An bhfuil aon rud ann a dhéanann sibh sa bhaile chun a thaispeáint go bhfuil grá agaibh do Dhia? Abair linn fúthu.
- Cad iad na rudaí a dhéanaimid chun grá a thaispeáint dá chéile sa seomra ranga seo? An ndéanann sibh rudaí sa bhaile chun grá a thaispeáint? Inis dúinn fúthu.

## GNÍOMHAÍOCHT

### Ordóga thuas, ordóga thíos

Léigh na cásanna seo do na páistí. Iarr orthu 'ordóga thuas' a thabhairt duit nuair a chloiseann siad rogha mhaith á dhéanamh ag duine, agus iad ag maireachtáil mar a mhúin Íosa dúinn. Iarr orthu 'ordóga thíos' a thabhairt duit nuair a cloiseann siad go ndearna duine éigin droch-rogha.

1. Tá an múinteoir ag caint leis na páistí, ach níl spéis ar bith ag Liam sa mhéid atá le rá aici, mar sin déanann sé iarracht a chara, Ciara, a cur ag gáire.
2. Tá máthair Zoe ag iarraidh an teach a ghlanadh, mar sin cuidíonn Zoe léi trí na bréagáin a bhailiú agus iad a chur ar na seilfeanna.
3. Tá go leor criáin ag Aisling, ach níl ach ceann amháin ag a deirfiúr. Thug Daid pictiúr nua dóibh le dathú. Deir Aisling lena deirfiúr gur féidir léi a criáin a úsáid.
4. Tugann Mamó agus Daideo bronntanas do Bhreandán dá bhreithlá. Tarraingíonn sé as a lámha é agus ritheann sé as go dtí a sheomra leapa chun é a oscailt.
5. Buaileann deartháir beag Joanna léi de thimpiste lena rothar. 'Tá sé ceart go leor,' a deir Joanna. 'Ach caithfidh tú a bheith cúramach amach anseo.'

Tar éis na gníomhaíochta, déan comhrá leis na páistí faoi na roghanna a rinne na páistí seo. Pléigh cad eile a d'fhéadfadh na páistí a dhéanamh i ngach cás. Ansin déan comhrá faoi na roghanna atá á ndéanamh ag na daoine i bPóstaer 13. Tabhair aire do na roghanna maithe agus do na roghanna olca.

## LEABHAR NA BPÁISTÍ

### Ar Scoil

Lch. 56: An tseachtain seo bhí na páistí ag caint faoi na bealaí ina dhéanann daoine roghanna maithe. Ar an leathanach seo cuireann siad ciorcal timpeall agus dathaíonn siad na páistí a rinne roghanna maithe.

### Sa Bhaile

Lch. 57: Tugtar cuireadh do thuismitheoirí comhrá a dhéanamh lena gcuid páistí faoi na hamanna ina rinne siad roghanna maithe. Iarrtar ar na páistí cinneadh a dhéanamh ar cé chomh maith agus a éisteann siad, a chuidíonn siad sa bhaile, a roinneann siad, a deir siad 'le do thoil' agus 'go raibh maith agat' agus ina dtugann siad maithiúnas trí na nithe seo a leanas a dhathú: ☺, 😐 nó ☹.

# Mairimis …

## CAD A MHÚIN TÚ?

Is féidir linn go léir roghanna maithe agus droch-roghanna a dhéanamh. Mhúin Íosa dúinn grá a thabhairt do Dhia agus grá a thabhairt do dhaoine eile. Nuair a mhairimid mar a mhúin Íosa dúinn, déanaimid roghanna maithe.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Caithimid beagán ama inniu ag caint le Dia agus ár nguthanna istigh á n-úsáid againn. Abair i mo dhiaidh: Cosa ar an urlár. (*Déanann na páistí athrá*)

Lámha ar do ghlúine (*Déanann na páistí athrá*)

Guaillí ar ais. (*Déanann na páistí athrá)*

(*I dtuin i bhfad níos boige*) Súile dúnta. (*Déanann na páistí athrá, i dtuin níos boige freisin*)

(*Sos*)

(*Go bog agus go mall*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Go bog agus go mall*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

(*Beagnach i gcogar nach mór*) Tóg anáil mhór isteach. (*Ionanálann na páistí*)

(*Cogar*) Lig anáil mhór amach. (*Easanálann na páistí*)

Tá do chorp socair. Tá gach rud ciúin. Agus má tá tú ag éisteacht go cúramach, b'fhéidir go mbeidh tú in ann do chroí a chloisteáil. (*Sos*)

Samhlaigh tú féin in áit a thaitníonn go mór leat. B'fhéidir gur sa bhaile i do sheomra leapa, nó i do gairdín, nó b'fhéidir anseo ar scoil, atá i gceist agat. (*Sos*)

Samhlaigh go bhfuil Íosa ann leat. (*Sos*)

Tá a fhios agat gur féidir leat labhairt le hÍosa faoi rud ar bith ar chor ar bith. Inis d'Íosa faoi am nuair a rinne tú rogha an-mhaith. (*Sos*)

An raibh am ann nuair a rinne tú droch-rogha? Is féidir leat é sin a insint d'Íosa freisin. (*Sos*)

Cuimhnigh, gur féidir leat labhairt le hÍosa am ar bith is mian leat. Bíonn sé ag éisteacht i gcónaí. Cabhróidh Íosa i gcónaí leat chun roghanna maithe a dhéanamh. (*Sos*)

Mar sin nuair a bhíonn tú réidh, oscail do shúile. (*Sos*)

A Íosa, ár gcara,
Cuidigh linn maireachtáil mar a mhúin tú dúinn.
Cuidigh linn roghanna maithe a dhéanamh anois agus i gcónaí.

Críochnóimid agus *An Phaidir*, a mhúin Íosa dúinn, a rá le chéile

**Gach duine:** Ár nAthair …

# Ceacht 2: Fásaimid i nGrá Dé

## SULA DTOSAÍONN TÚ

I mbliana, rinne na páistí iniúchadh ar na téamaí seo a leanas: An Cruthú, bheith mar bhall de theaghlach agus bheith mar bhall de theaghlach Dé. Chuala siad scéalta faoi Íosa, Muire agus an Teaghlach Naofa, agus rinne siad ceiliúradh, ina mbealaí féin, ar na séasúir liotúirgeacha seo a leanas: an Aidbhint, an Nollaig, an Carghas, an tSeachtain Mhór agus an Cháisc. Sna téamaí deiridh d'fhéach siad ar an séipéal mar áit speisialta ina mbailíonn cairde Íosa le chéile, agus d'fhoghlaim siad níos mó faoi Shacraimint an Bhaiste. Chomh maith le scéalta faoi chairde speisialta Dé, ar nós an Máthair Treasa agus Naomh Bríd a chloisteáil, d'fhoghlaim siad amhráin agus paidreacha, chomh maith le bealaí difriúla chun guí agus labhairt le Dia. Cé go bhfuil níos mó foghlamtha ag na páistí faoi Dhia, tá súil againn gur chuir siad aithne níos doimhne ar Dhia, agus go mbeadh a fhios acu go bhfuil Dia leo i gcónaí.

An tseachtain seo fillfidh na páistí ar chuid de na téamaí lárnacha a clúdaíodh le bliain anuas, agus tá deis ann chun aitheantas agus onóir a thabhairt don chaidreamh atá ag na páistí le Dia agus lena chéile.

## NITHE A BHEIDH AG TEASTÁIL UAIT

- An teimpléad 'Mo Leabhar Cuimhne' (thíos) fótachóipeáilte ó chúl go cúl ar chárta do gach páiste
- An cárta le 'Go raibh maith agat' fótachóipeáilte do gach páiste

# Féachaimis ...

## GNÍOMHAÍOCHT

### Tréimhse i gCiorcal

Tabhair cuireadh do na páistí suí i gciorcal, agus tóg an gléas labhartha leat. Cuir i gcuimhne na bpáistí go bhfuil go leor déanta acu i mbliana chun cabhrú leo 'fás i ngrá le Dia' agus 'fás i ngrá le gach duine'. B'fhéidir gur mhaith leat roinnt cásanna a lua cosúil le páistí ag guí, ag cabhrú lena chéile, ag tabhairt cuairt ar an séipéal, ag obair go maith le chéile, srl. Ansin, cuir an gléas labhartha timpeall, agus tabhair cuireadh do gach páiste páirt a ghlacadh trí chuid de na rudaí seo a leanas a roinnt le chéile:

- Babhta a haon: cad é an rud is fearr leat faoi a bheith sa rang seo i mbliana?
- Babhta a dó: abair rud éigin cineálta faoin duine atá ina s(h)uí in aice leat sa chiorcal (m.sh. 'Is maith liom do chuid gruaige', 'Cuireann tú gliondar orm', 'Tá tú go maith ag rith')

Críochnaigh trí a mheabhrú do na páistí go bhfuil go leor bealaí ann inar fhás siad i ngrá i mbliana, agus go leor bealaí inar féidir leo leanúint ar aghaidh le sin a dhéanamh.

## PAIDIR

*Comhartha na Croise*

**M:** Inniu, gabhaimid buíochas le Dia as na bealaí éagsúla go léir ina raibh bliain iontach againn go léir i mbliana. Le chéile, guímis, 'Go raibh maith agat, a Dhia'.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** Inniu, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Dia as (*abair cibé rud atá tú buíoch as*). Go raibh maith agat, a Dhia.
**P:** Go raibh maith agat, a Dhia.

**M:** Cé eile ar mhaith leo 'go raibh maith agat' a rá le Dia inniu?

*Lig do na páistí freagairt. Tar éis gach ceann, treoraigh an rang le rá, 'Go raibh maith agat, a Dhia'.*

**M:** A Dhia ghrámhair,
Go raibh maith agat as a bheith linn i mbliana. Go raibh maith agat as do mhac, Íosa, a chur chugainn chun a thaispeáint dúinn conas maireachtáil agus conas grá a roinnt. Cuidigh linn leanúint ar aghaidh ag fás i ngrá leat féin agus le gach duine eile.
Áiméan.

*Comhartha na Croise*

# Foghlaimímis ...

## GNÍOMHAÍOCHT


### Leabhar Cuimhne

Tabhair 'Leabhar Cuimhne' do gach páiste agus taispeáin dóibh an áit chun a n-ainmneacha agus ainm na scoile a scríobh (ar leathanach a haon). Mínigh dóibh go gcuideoidh an Leabhar Cuimhne seo leo taifead a dhéanamh ar chuid de na bealaí inar fhás siad i ngrá le Dia agus le daoine eile i mbliana.

**Leabhar Cuimhne, leathanach a dó: 'I mbliana, bhí go leor cairde agam ... '**

Iarrann an chéad chuid den leathanach seo ar na páistí ainmneacha de chuid dá gcairde a lua. B'fhéidir gur mhaith leat é seo a theorannú go liosta de na páistí atá ina suí ag an mbord in éineacht leo. D'fhéadfadh na páistí leabhair a chéile a shíniú, más oiriúnach.

Ansin iarr ar na páistí smaoineamh ar am nuair a léirigh duine sa rang grá dóibh, b'fhéidir trí rud a roinnt leo, nó a bheith cineálta leo, srl. Iarr ar na páistí pictiúr a tharraingt nó focal/abairt a scríobh faoin méid a tharla, ag bun an leathanaigh.




Ar an gcéad leathanach eile dá Leabhair Cuimhne, is féidir leis na páistí abairt a scríobh nó pictiúr a tharraingt den scéal is fearr leo ón mBíobla.

## AG COMHRÁ

### Faoi Urnaí

Cuir i gcuimhne do na páistí go bhfuil go leor paidreacha nua foghlamtha acu agus go leor bealaí chun guí, i mbliana. Uaireanta ghuigh siad amach os ard agus uaireanta eile ghuigh siad ag úsáid a gcuid guthanna istigh. Is cuma cén bealach a d'úsáid siad, trí labhairt agus éisteacht le Dia, chuir siad aithne níos fearr ar Dhia. Déan comhrá leis na páistí faoi urnaí ag úsáid na ceisteanna seo nó ceisteanna den chineál céanna:

- Cén bealach ab fhearr leat chun guí i mbliana? Cén fáth? Cén phaidir ab fhearr leat chun a rá os ard? Ar thaitin sé leat bheith ag guí le do ghuth istigh? Cén fáth nó cén fáth nár thaitin?
- An raibh Dia in éineacht linn gach lá i mbliana? An dóigh leat gur thaitin le Dia a bheith ag labhairt linn, agus ag éisteacht linn?
- An raibh am ar bith ann i mbliana nach raibh Dia in éineacht linn? Cad a insíonn sé sin dúinn faoi Dhia?

**Leabhar Cuimhne, leathanach a ceathair: 'Ba é an rud is fearr faoin mbliain seo ná ... '**

Déan comhrá leis na páistí faoi na nithe is mó a thaitin leat féin faoin mbliain seo (*gléasta d'Oíche Shamhna, ag déanamh cairde, Dráma/ceolchoirm na Nollag, a bheith cineálta lena chéile, turas samhraidh ...*). Iarr orthu an rud is fearr leo a tharla i rith na bliana a ainmniú. Spreag iad chun cuntas a dhéanamh ar seo le focail agus/nó pictiúir ar an leathanach deireanach dá Leabhair Cuimhne.

# Mairimis ...

## CAD A MHÚIN TÚ?

Tá go leor foghlamtha againn i mbliana. D'fhásamar i ngrá le daoine eile agus d'fhásamar i ngrá le Dia. Chabhraigh na scéalta ón mBíobla a chualamar agus na paidreacha a dúramar agus a d'fhoghlaimíomar é sin a dhéanamh.

## GNÍOMHAÍOCHT EALAÍNE

### Cártaí Buíochais

Tosaigh trí aird na bpáistí a dhíriú ar na rudaí go léir a tharla i mbliana ag baint úsáid as a gcuid Leabhair Cuimhne. Ansin déan comhrá leo ag úsáid na ceisteanna seo nó a leithéid de cheisteanna:

- Cé na daoine sa scoil a chuidigh leat foghlaim agus fás i mbliana?
- N'fheadar ... an bhfuil duine éigin eile ann a chuidigh linn i mbliana? Cé a bhí ag faire orainn, ag tabhairt aire dúinn, agus ag tabhairt grá dúinn?
- Uaireanta ní raibh na daoine a chuidigh linn sa scoil ... b'fhéidir go raibh siad tinn agus nárbh fhéidir leo teacht ar scoil. An gceapann sibh go raibh lá ar bith ann nach raibh Dia anseo? Conas atá a fhios agat?
- An mbeidh Dia fós leat i rith laethanta saoire an tsamhraidh? An féidir leat labhairt le Dia, agus éisteacht le Dia i rith na laethanta saoire? Conas? An bhfuil áit ar bith agat chun dul agus guí le daoine eile?

Iarr ar na páistí duine amháin sa scoil a roghnú chun 'go raibh maith agat' a rá leo ar bhealach speisialta (*rúnaí, airíoch, príomhoide, CRS*). Dáil an teimpléad amach agus tabhair cuireadh do na páistí cárta a dhéanamh don duine sin.



# Seirbhís Urnaí

Téama: I nGrá Dé

*Más féidir, iarr ar na páistí suí timpeall nó in aice leis an spás urnaí. Mura bhfuil sé seo indéanta, iarr orthu a gcuid cathaoireacha a chasadh i dtreo an spáis urnaí.*

**Amhrán Tosaigh**
Canaigí amhrán oiriúnach atá foglamtha ag na páistí.

*I rith an amhráin cuireann páistí éagsúla coinneal, Bíobla, cros chéasta agus uisce coisricthe sa spás urnaí.*

**M:** Cuirimid tús lenár nguí ag baint úsáid as ainm Dé.

*Comhartha na Croise*

**M:** Anois, lasaimid ár gcoinneal ranga. Cuireann ár gcoinneal i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia linn.

*Las an coinneal*

**M:** Inniu gabhaimid buíochas le Dia as na rudaí go léir a d'fhoghlaimíomar i mbliana. D'fhoghlaimíomar go leor faoi Dhia agus faoinár gcairde. Caithimid roinnt ama go ciúin le Dia anois. Tosóimid trí a bheith socair agus ciúin.

*Can amhrán, nó seinn píosa ceoil oiriúnach.*

**M:** Anois ó táimid socair agus ciúin, dún na súile. *(Sos)*

Cuimhnigh go bhfuil Dia leat anois. *(Sos)*

Bhí Dia leat inné, agus i rith na laethanta atá imithe. *(Sos)*

Beidh Dia leat amárach, agus i rith na laethanta atá le teacht. *(Sos)*

Bain úsáid as do ghuth istigh, nach féidir le duine ar bith eile a chloisteáil, agus inis le Dia go bhfuil a fhios agat go bhfuil sé leat. *(Sos)*

Abair arís é. *(Sos)*

Anois éist le Dia. Cad a deir Dia leat inniu? *(Sos)*

Tá Dia leat i gcónaí. Tá grá ag Dia duit.

Nuair atá tú réidh, is féidir leat do shúile a oscailt.



**M:** Cuireann ceann de na dánta a d'fhoghlaimíomar i mbliana i gcuimhne dúinn go bhfuil Dia i gcónaí linn. Guímís le chéile, 'Tá Dia liom'.

**M:** Má théim i bhfolach faoi chrann...
**P:** Tá Dia liom.

**M:** Má théim ag snámh san fharraige domhain gorm...
**P:** Tá Dia liom.

**M:** Má fhaighim cealg ó bheach feargach...
**P:** Ta Dia liom.

**M:** Má ghortaím mo ghlúin...
**P:** Tá Dia liom.


**M:** Má tá sceallóga agam don tae...
**P:** Tá Dia liom.

**M:** Aon am ar bith, an bhfuil a fhios agat...
**P:** Tá Dia liom.

**M:** A Dhia Ghrámhair, go raibh maith agat as an mbliain iontach i Naíonáin Mhóra/Bunscoil 2. Beannaigh ár gcairde i rith laethanta saoire an tsamhraidh.
Coinnigh sinn slán, sona agus sláintiúil, go dtí go gcasaimid ar a chéile arís i mí Meán Fómhair.
Áiméan.

**Amhrán Deiridh**
Rogha na bPáistí.

Ba é an rud is fearr
faoin mbliain seo ná



# Mo Leabhar Cuimhne

**Ainm** ______________________

**Scoil** ______________________

______________________

I mbliana, bhí go leor cairde agam

I mbliana, d'éisteamar le scéalta

Go raibh maith agat

